


# ervia

Tuarascáil Bhliantúil
agus Ráitis Airgeadais
2018

# Clár Ábhair


01 Tuairisc Straitéiseach

02 Réamhrá
03 Feidhmíocht Airgeadais
04 Buaicphointí
06 Tuarascáil an Chathaoirligh
09 Athbhreithniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa ar 2018
14 Creat Straitéiseach
16 Samhail Ghnó Ervia
18 Fachtóirí a théann i bhfeidhm ar Luach a Chruthú
20 Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara
22 Ár straitéis a chur i gcrích in 2018
30 Bainistíocht Riosca
34 An Fhoireann Feidhmiúcháin
35 Athbhreithniú Airgeadais
41 Uisce Éireann – Athbhreithniú Oibriúcháin
49 Líonraí Gáis Éireann – Athbhreithniú Oibriúcháin
56 Freagracht Chorparáideach

63 Tuairisc Rialachais

64 An Bord in 2018
66 Tuarascáil an Bhoird
78 Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

81 Ráitis Airgeadais

82 Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách
84 Ráiteas faoi Ioncam Grúpa
85 Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile
86 Clár Comhardaithe Grúpa
87 Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe sa Chothromas
88 Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid
89 Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa
134 Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta
135 Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Ioncam Cuimsitheach Eile
136 Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta
137 Ráiteas na Máthairchuideachta ar Athruithe sa Chothromas
138 Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Shreafaí Airgid
139 Nótaí le Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta

# Tuairisc Straitéiseach

# Réamhrá

Is comhlacht tráchtála leathstáit muid a sholáthraíonn na bonneagair agus seirbhísí gáis agus uisce straitéiseacha náisiúnta atá mar bhonn d'fhás gheilleagar na hÉireann.

Trínár ngnó rialaithe, *Líonraí Gáis Éireann*, tógaimid agus oibrímid ceann de na líonraí gáis is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan. Tá *Uisce Éireann*, ár ngnó rialaithe eile, freagrach as sócmhainní uisce agus fuíolluisce na hÉireann a oibriú agus a chothabháil. Soláthraíonn *Aurora Telecom*, ár tríú gnó, bonneagar leathanbhanda snáithín optúil dorcha d'ardcháilíocht.

Tá ról lárnach againn in Ervia feabhas a chur ar an gcomhshaol, a bheith mar chinnirí san aistriú go córas fuinnimh ísealcharbóin, acmhainní uisce luachmhara a chosaint agus in athléimneacht a mhéadú.

### Cur Chuige Tuairiscithe

Tá Uisce Éireann ina fhochuideachta de chuid Ervia faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Mar gheall ar a struchtúr scairúinéireachta, áfach (féach ar nóta F29 ar leathanach 130), ní réitíonn Uisce Éireann leis an sainmhíniú fochuideachta chun críocha na cuntasaíochta faoi IFRS agus mar sin ní féidir é a chomhdhlúthú leis na Ráitis Airgeadais iniúchta mar atá curtha san áireamh ó leathanach 81 go 147 den Tuarascáil Bhliantúil seo.


Mar sin féin, ó thaobh an rialachais de, tá freagracht ar Bhord agus ar Fhoireann Fheidhmiúcháin Ervia as feidhmíocht Uisce Éireann agus mar sin tugtar na torthaí airgeadais comhcheangailte thuas. Tugtar eolas airgeadais achoimrithe Ervia (Uisce Éireann san áireamh) san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanach 35.

# Feidhmíocht Airgeadais


| | UISCE ÉIREANN | LÍONRAÍ GÁIS ÉIREANN | SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA | IOMLÁN ERVIA |
|---|---|---|---|---|
| Ioncam | €982 m | €487 m | - | €1,469 m |
| Brabús roimh Cháin Ioncaim agus Míreanna Eisceachtúla | €157 m | €149 m | (€9 m) | €296 m |
| Caiteachas Caipitiúil | €683 m | €143 m | - | €826 m |
| Líon na bhFostaithe | 822 | 549 | 390 | 1,761 |

Rinneadh barrachas Uisce Éireann a athinfheistiú chun tionscadail ríthábhachtacha bhonneagair a mhaoiniú.


IONCAM €m




CAITEACHAS CAIPITIÚIL €m




FOSTAITHE (ag deireadh na bliana)




DÍBHINNÍ €m



# Buaicphointí

## Uisce Éireann



### Píblíne Fheartraí

Críochnaíodh an obair thógála ar phíblíne 4km chun aistriú uisce chóireáilte ó Fheartraí go dtí stáisiún caidéalúcháin Chollchoille a dhaingniú, ag tollán nua a chur in ionad tolláin 150 bliain d' aois Fheartraí, ag cur le slándáil agus soláthar uisce óil sábháilte inbhuanaithe do bhreis is 200,000 duine i mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

### Cumas agus Athléimneacht

Cuireadh an Fhoireann Bainistithe Géarchéime i bhfeidhm ar feadh tréimhsí fada leanúnacha i rith na bliana. D'oibrigh ár bhfoirne gan staonadh ar an láthair chun soláthairtí uisce a choimeád le linn an tsíobaidh sneachta agus na dteochtaí faoi bhun an reophointe a bhain le Stoirm Emma. Thugamar aghaidh freisin ar na dálaí triomaigh is measa in Éirinn ó thosaíodh taifid, agus rinneamar an soláthar a choimeád agus an cur isteach air a laghdú.



### Caomhnú Uisce

Mar thoradh ar triomach a tharla le linn an tsamhraidh, bhí ídiú ar sholáthairtí talún agus dromchla uisce nach bhfacthas riamh. I rith an tsamhraidh, chuireamar leis an bhfeasacht phoiblí ar an ról lárnach atá ag caomhnú i mbainistíocht eifeachtúil uisce mar acmhainn luachmhar.



### Tionscadal Soláthair Uisce – Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

D'fhoilsíomar ár dtuarascáil ar an measúnú roghanna don Tionscadal Soláthair Uisce agus chuireamar an Comhchoiste Oireachtais ar an eolas faoi.



### Córas Bainistíochta Sceite

Tá an ráta sceite doghlactha go fóill agus is ceist chasta í le réiteach. In 2018, d'fhorbraíomar Córas Bainistíochta Sceite nua chun go mbeimid in ann sonraí cruinne a bhailiú ar leibhéil sceite laethúla. Cabhróidh sé seo linn na háiteanna sceite is measa aimsiú agus a dheisiú, ionas go sábhálfar an méid is mó uisce agus is féidir.



### Plean Maoinithe Straitéiseach

D'fhaomhaigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Plean Maoinithe Straitéisigh €11.1 billiún de chuid Uisce Éireann.

### Cáilíocht Uisce a Fheabhsú

Táimid leathbhealach ann anois chun go mbeidh Cuan Chorcaí saor ó chamras (trí sceitheadh uisce amh a laghdú de réir choibhéis 20,000 araid rothaí in aghaidh an lae). Trí infheistíocht fhoriomlán de €144 milliún i dtionscadal Príomhdhraenála Chuan íochtaraigh Chorcaí, is é an sprioc atá againn ná é seo a laghdú faoi 20,000 araid rothaí breise faoi dheireadh 2021, le cinntiú go ndéantar cóireáil iomlán ar fhuíolluisce ó cheantair ar fud Chuan Íochtaraigh Chorcaí sula scaoiltear amach chun na farraige é.






### Ionad Cóireála Uisce nua i gCiarraí

Bhronn Innealtóirí Éireann Tionscadal Innealtóireachta na Bliana ar Scéim Soláthair Uisce Lár Chiarraí. Soláthróidh an scéim seo soláthar sábháilte agus slán uisce do bhreis is 62,000 duine i gCiarraí.

# Líonraí Gáis Éireann

## Gás Nádúrtha Comhbhrúite

Is teicneolaíocht chruthaithe í Gás Nádúrtha Comhbhrúite a úsáidtear mar bhreosla iompair i bhfeithiclí gáis nádúrtha. Leanamar de bheith ag forbairt ár líonra pleanáilte de stáisiúin breosla Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite, agus d'osclaíomar an chéad stáisiún ardthoilleadh líon tapa a bhfuil rochtain ag an bpobal air in Éirinn, i gCalafort Bhaile Átha Cliath.



## Mórinfheistíocht a Fháil

Fuaireamar maoiniú €100 m ón mBanc Eorpach Infheistíochta, chun tacu lenár straitéis chun soláthar fuinnimh slán agus iomaíoch a chur ar fáil d'Éirinn agus chun an córas fuinnimh a dhícharbónú. Beidh an tsaoráid seo mar bhonn taca d'infheistíocht iomlán €205 m atá ceaptha le cabhrú linn tuilleadh nuachóiriú a dhéanamh ar ár líonra agus é a leathú.

## Nasc Snáthoptaice

Thosaigh Aurora Telecom ag obair ar an gcuid dheireanach den dara céim den nasc snáthoptaice idir Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, mar chuid de phlean infheistíochta bonneagair sonraí ar fiú €35 m é.





## Gabháil agus Stóráil Carbóin

D'fhógraíomar go raibh staidéar féidearthachta á dhéanamh againn ar an bpoitéinseal atá ann úsáid a bhaint as gáscheantar laghdaithe Chion tSáile mar stór $CO_2$ chun astaíochtaí $CO_2$ na hÉireann a laghdú suas go dtí 2.5 milliún tona in aghaidh na bliana (4% d'astaíochtí iomlán na hÉireann).

## Ceangail Nua

D'éascaigh an tioscadal Gás go dtí Centre Parcs i gCo. an Longfoirt ceangail bhaile agus tráchtála le custaiméirí ar feadh bhealaigh 27km na píblíne.



## Idirnascaire Éire Albain

Críochnaíodh nascadh agus coimisiúnú iomlán na píblíne gáis nua 50km idir Cluden agus Cuan Brighouse in Albain. Treisíonn sé seo le slándáil soláthair ar fud oileán na hÉireann, agus cuireann sé le solúbthacht oibriúcháin líonra gáis na hÉireann, rud atá riachtanach chun cúltaca a sholáthar do ghiniúint leictreachais in-athnuaite eatramhach.

## Ár nDaoine

Chuireamar fáilte roimh phrintísigh nua ar ár gClár Printíseachta, a chuirtear i gcrích i gcomhar le SOLAS.



## Feachtas Abhcóideachta Gáis

Seoladh ár bhfeachtas fógraíochta "Dul Chun Cinn go Nádúrtha" thar na cainéil uile ar an 26ú Nollaig. Cuireann an feachtas an ról tábhachtach a bheidh ag gás nádúrtha, gás inathnuaite agus Líonraí Gáis Éireann i dtodhchaí an fhuinnimh níos glaine chun cinn.



## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Don tríú huair as a chéile, d'éirigh linn athdheimhniú i leith Mhairc Oibre Gnó Freagrachta ó Gnó sa Phobal in Éirinn a bhaint amach.

BUSINESS WORKING RESPONSIBLY
Collective Mark

## Dícharbónú

Coimisiúnaíodh an chéad phointe instealltа bithghás de chuid Líonraí Gáis Éireann sa Chois, Co. Chill Dara.

# Tuarascáil an Chathaoirligh

Bhí feidhmíocht láidir airgeadais ag Ervia i rith 2018, agus lean sé ag cur go mór le geilleagar na hÉireann trí phárolla, díbhinní, cánacha indíreacha agus earraí ceannaithe ó sholáthraithe Éireannacha.



**Tony Keohane**
*Cathaoirleach*

*...agus leis sin ba é iomlán na ndíbhinní a íocadh €1.7 billiún ó bunaíodh Bord Gáis Éireann.*



## Feidhmíocht Airgeadais

Mar Chathaoirleach an Bhoird tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Ervia don bhliain 2018 a chur i láthair.

Chuir Ervia feidhmíocht láidir airgeadais i bhfeidhm in 2018, le hioncam de €1.5 billiún. Lean Ervia ar aghaidh ag cur go mór le geilleagar na hÉireann trí phárolla, dhíbhinní, cánacha indíreacha agus earraí ceannaithe ó sholáthraithe Éireannacha. D'íoc Ervia díbhinn €139 milliún leis an Státchiste, arna mhaoiniú ag Líonraí Gáis Éireann in 2018, agus leis sin tógadh iomlán na ndíbhinní a íocadh go €1.7 billiún ó bunaíodh Bord Gáis Éireann.

## Seachadadh Caipitil

D'infheistigh Líonra Gáis Éireann €143 milliún i mbonneagar criticiúil in 2018 ar an líonra gáis agus leanadar le ceangail nua a chur leis agus a bheith go gníomhach ag moladh gáis nádúrtha, ag cur béime ar a ról san aistriú go geilleagar ísealcharbóin. In 2018 chuireamar cúpláil agus coimisiúnú na píblíne go hAlbain i gcrích. Cuirfidh an phíblíne le neart slándála soláthair agus méadóidh sé solúbthacht oibriúcháin an líonra.

I rith na bliana d'infheistigh Uisce Éireann €683 milliún chun féachaint chuige go seasfaidh an líonra an aimsir, chun dul i ngleic le ceisteanna comhlíontachta agus chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus spásúil. Mar shampla táimid ag infheistiú i dTionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chuirfidh saoráid chóireála nua fhuíolluisce réigiúnaigh agus an bonneagar a bhaineann leis ar fáil chun freastal ar dhaonra Bhaile Átha Cliath, Chill Dara agus na Mí. Is cuid lárnach d'ár gcuid infheistíochta i mbonneagar fuíolluisce i Mór-Réigiúin Bhaile Átha Cliath í agus éascófaidh sí fás sa réimse sin, chomh maith le sláinte an phobail agus an comhshaol a chosaint.

Táimid ag infheistiú fós i sceitheadh ón gcóras a laghdú freisin. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí laghdaithe uisce, laghdaíodh toirt an uisce óil a cailleadh i rith 2018 faoi thart ar 73.8 milliún lítear in aghaidh an lae (18 milliún lítear in aghaidh an lae den ligean custaiméara agus 55.8 milliún lítear in aghaidh an lae den ligean poiblí).

## Comhpháirtíocht

I rith 2018, lean Uisce Éireann ag obair lena chomhpháirtithe sna hÚdaráis Áitiúla chun seirbhísí uisce a sholáthar agus chun an tseirbhis a athrú ó bhonn go fóntas poiblí nua-aimseartha. Is tionscnamh athraithe casta é seo, a dtabharfaidh freagrachtaí, próisis agus soláthar foirne nua le chéile chun freastal ar na hathruithe i riachtanais an phobail i dtaobh séirbhísí uisce. Tuigim gur clár uaillmhianach é foirne seirbhísí uisce ó 31 Údarás Áitiúil a chomhtháthú isteach san eagraíocht Fhóntais Phoiblí Singil. Is céim thábhachtach í, áfach, chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce éifeachtúil éifeachtach a sholáthar.

## Sineirgí

Tá tairbhí agus éifeachtúlachtaí suntasacha á gcur ar fáil againn do mhuintir na hÉireann. Creidim go gcuireann ár dtaithí agus saineolas sna cuideachtaí oibriúchán ar ár gcumas na sineirgí seo a fhíorú agus leanacht le fás ár ngnólachtaí. Cuireadh ár eagraíocht Seirbhísí Gnó ar bhun in 2018, laistigh d'Ervia, chun cumas agus acmhainn roinnte sa gnólacht a ghiaráil. In 2019 táimid chun díriú ar tuilleadh éifeachtúlachtaí oibriúcháin a a chur i gcrích – an slabhra soláthair a bharrfheabhsú agus ár bpróisis a fheabhsú go leanúnach.

## Teagmhais Aimsire

Cuireadh Foireann Bainistithe Géarchéime Uisce Éireann i bhfeidhm ar feadh tréimhsí fada leanúnacha le linn 2018 chun roinnt imeachtaí aimsire náisiúnta a bhainistiú go réamhghníomhach, lena n-áirítear Stoirm Emma agus an triomach a tharla sa samhradh, agus teagmhais eile a chuir isteach ar an líonra. Chuir an iarracht a bhí ag teastáil chun déileáil leis seo brú mór ar an eagraíocht. D'oibrigh Uisce Éireann go dlúth agus go comhoibríoch leis na hÚdaráis Áitiúla,

## Ráiteas an Chathaoirligh (ar lean)

comhpháirtithe agus gníomhaireachtaí eile, chun a chinntiú go raibh an líonra uisce agus fuíolluisce ag feidhmiú i rith na dteagmhas sin agus chun na seirbhísí a thabhairt ar ais chuig teaghlaigh agus gnólachtaí chomh luath agus chomh héifeachtúil agus ab fhéidir.

Níor raibh na soláthairtí uisce sna taiscumair ag léibhéil shábháilte arís go dtí mí na Samhna i ndiaidh ídithe nach bhfacthas riamh ar na soláthairtí amhuisce a tharla i rith an tsamhraidh.

D'fheidhmigh an líonra gáis gan stró gan bhriseadh i rith na stoirmeacha geimhridh. Thug an samhradh te léibhéil gaoithe níos ísle leis mar sin thit an ghiniúint in-athnuaite agus bhí éileamh ar ghiniúint leictreachais ó ghás ag an léibhéal ba airde riamh.

### Rialachas Corparáideach

I rith na bliana lean an Bord le cur chun tosaigh an rialachas corparáideach ag teacht le dea-chleachtais, rialúchán atá ag teacht chun cinn agus treochtaí. Cloímid leis na forálacha is infheidhme den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar athbhreithniú agus monatóireacht ar rioscaí ar bhonn leanúnach le cinntiú go bhfuil na maoluithe agus rialuithe cuí i bhfeidhm. Mar Chathaoirleach, táim sásta go bhfuil na rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm agus go ndéantar bainistiú éifeachtach orthu chun ár riachtanais rialachais a bhaint amach.

Le Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) de chuid an AE, feictear an t-athrú is suntasaí ar rialachán príobháideachta sonraí le 20 bliain. Athraíonn an rialachán an chaoi a gcaitear le sonraí ó bhun. I rith an chéad chuid de 2018, d'ullmhaíomar le haghaidh teacht isteach RGCS i mí na Bealtaine, agus tá muinín agam go bhfuil na córais agus na próisis chuí i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.

Ar deireadh tá an Bord tiomanta do chinntiú go mbeidh spriocanna agus oibríochtaí straitéiseacha Ervia inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta. Leanfaimid ag nuáil in 2019 trí Líonra Gáis Éireann agus Uisce Éireann chun tacú leis na gealltanais sin, agus a dhéanamh cinnte de gur saoránaigh mhaithe chorparáideacha muid.

### Buíochas


Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hAirí agus na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, as a dtacaíocht i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hoifigigh NewERA freisin, a mbímid ag plé ceisteanna rialachais leo go rialta.

Gabhaim buíochas le Mike Quinn freisin, a d'éirigh as a ról mar POF ar Ervia ag tús 2019 agus le Jerry Grant, a d'éirigh as a phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Uisce Éireann i mí Mheán Fómhair 2018. Chuir siad beirt go mór le forbairt na heagraíochta. Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair le Cathal Marley a thagann isteach mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin idirlinne d'Ervia, agus cuirim fáilte roimh Eamon Gallen mar Stiúrthóir Bainistíochta Gníomhachh d'Uisce Éireann agus Denis O'Sullivan mar Stiúrthóir Bainistíochta Líonraí Gáis Éireann agus gabhaim gach rath orthu ina rólanna nua. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe ar an mBord agus leis an bhFoireann Feidhmiúcháin faoina dtiomantas leanúnach, a bpaisean agus a rialachas éifeachtach ar an ngnó in 2018.

Agus mé i mo Chathaoirleach aithním cúnamh mór agus díograis mhór na ndaoine a oibríonn in Ervia, Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann a sheachadann, mar aon lenár gcomhpháirtithe, seirbhísí gáis agus uisce go gnólachtaí agus teaghlaigh ar fud na hÉireann.

**Tony Keohane**
*Cathaoirleach*

*“Leanfaimid ag nuáil in 2019 trí Líonra Gáis Éireann agus Uisce Éireann chun tacú leis na gealltanais sin, agus a dhéanamh cinnte de gur saoránaigh mhaithe chorparáideacha muid.*



# Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin ar 2018



Bhain ár ndaoine agus ár bpáirtithe méid ollmhór amach in 2018. Tharchuireamar 74.4TWh de ghás nádúrtha go sábháilte agus go slán tríd an líonra, ag freastal ar 700,000 gnólacht agus teaghlaigh. D'oibríomar beagnach 7,000 sócmhainn uisce agus fuíolluisce, lena n-áirítear ionaid chóireála, stáisiúin chaidéalúcháin, taiscumair, agus 88,000km de líonraí píobáin chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar do 1.6 milliún teaghlach agus 172,000 gnólacht. Thugamar aghaidh ar stoirmeacha, sneachta agus triomach agus clár mór infheistíochta caipitil á chur i gcrích againn. D'éirigh linn mar gheall ar ár gcomhthiomantas do shláinte agus cáilíocht saoil ár bpobal a fheabhsú, ár dtimpeallacht a chosaint agus forbairt eacnamaíoch a chumasú.

**Mike Quinn**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa*

# Athbhreithniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa ar 2018 (ar lean)

> *In 2018, rinneamar infheistiú €826m i mbonneagar agus seirbhísí ríthábhachtacha líonra gáis agus uisce.*

## Luach a Chruthú do Mhuintir na hÉireann

Tá sé fíorthábhachtach dúinn go bhfuil ár bpolasaithe infheistíochta ag teacht leis na torthaí straitéiseacha náisiúnta leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta (2018–2027) agus polasaí bonneagair níos leithne an Rialtais.

Tá a fhios agam go maith an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht a aimsiú idir aidhmeanna eacnamaíocha, mar bhrabúsacht agus cruthú luacha, agus ag an am céanna aidhmeanna socheacnamaíocha agus timpeallachta, chun fás luacha fadthéarmaigh inbhuanaithe a chur chun cinn. In Ervia táimid dírithe ar chostais ghinearálta a laghdú agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach. Rinneamar seachadadh ar choigilteas oibríochta de €29.6 m in 2018.

Tá tionchar ag macrathreochtaí agus forbairtí sa gheilleagar i gcoitinne ar an mbealach a chruthaimid luach go fadtéarmach, agus tá roinnt díobh seo leagtha amach ar leathanaigh 18–19. Cruthaíonn siad éiginnteacht dúinne, dár gcustaiméirí agus dár ngeallsealbhóirí i gcoitinne. Tá sonraí maidir leis na príomhrioscaí agus gníomhartha maolaitheacha atá ar bun againn le fáil ar leathanaigh 30–32.

## Feidhmíocht in 2018

Tá áthas orm a rá go raibh feidhmíocht shábháilteachta den scoth againn in 2018. Tá ár gclár Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile ag cur dea-iompar agus cultúr na sábháilteachta chun cinn ar fud Ervia. Faigheann sé tacaíocht ó na córais bainistíochta sábháilteachta riachtanacha.

Ba bhuaicphointe domsa i mbliana foilsiú Phlean Maonithe Straitéisigh Uisce Éireann i Samhain 2018. Leagtar amach sa phlean an obair a dhéanfaidh Uisce Éireann idir seo agus 2024 chun an bonneagar uisce agus fuíolluisce a fheabhsú, chun cur le sláinte agus caighdeán beatha mhuintir na hÉireann, chun ár dtimpeallacht a chosaint agus chun forbairt eacnamaíoch a chumasú. I rith na bliana d'oibríomar chun comhlíonadh leis na caighdeáin sláinte phoiblí agus timpeallachta a fheabhsú, agus chun cur le cáilíocht an uisce go háirithe maidir leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann 2018–2021.

I measc éachtanna na bliana 2018, bhí:

- Infheistíocht de €826 m, lena n-áirítear píblíne Fheartraí agus feabhas a chur ar líonra theas Thionscadal Príomhdhraenála Chuan Iochtaraigh Chorcaí. Is féidir tuilleadh a léamh faoi na tionscadail seo ar leathanaigh 43-44.
- Cuir i gcrích Scéim Sholáthair Uisce Lár Chiarraí ag Loch Coiteáin i gCo. Chiarraí, a bhuaigh Tionscadal Innealtóireachta na Bliana de chuid Innealtóirí Éireann. Coimisiúnaíodh nó uasghrádaíodh naoi n-ionad uisce óil eile i rith na bliana.
- Coimisiúnaíodh 11 ionad cóireála fuíolluisce, agus iad ag freastal ar dhaonra atá coibhéiseach le 354,800, a raibh dramhaíl á scaoileadh amach ina n-uiscí áitiúla gan chóireáil roimhe seo.

Baineadh 22 sholáthar uisce poiblí ó Liosta Gníomhartha Ceartaitheacha GCC in 2018, rud a chiallaíonn go bhfuil 166,000 tomhaltóir anois ag fáil uisce ó scéimeanna atá ag teacht leis na caighdeáin chomhlíonta. Leanamar ag déanamh dul chun cinn i laghdú sceite uisce sa chóras. In 2018 críochnaíodh breis is 39,000 imscrúdú sceite agus rinneadh 22,500 deisiúchán sceite, ag sábháil 73.8 milliún lítear in aghaidh an lae (18 milliún lítear in aghaidh an lae den ligean custaiméara agus 55.8 milliún lítear in aghaidh an lae den ligean poiblí). Chomh maith leis sin, chuireamar i bhfeidhm Córas Bainistíochta Sceite go náisiúnta a dhéanfaidh an mhonatóireacht agus tuairisciú a chaighdeánú ar fud na tíre. Tá dúshláin fós ann, áfach, agus muid ag deisiú líonraí atá sean, casta agus bhfuil an iomarca brú orthu. Tá €0.6 bn breise á infheistiú againn go 2024 chun 171 milliún lítear eile a shábháil in aghaidh an lae.

Bhí feidhmíocht an-mhaith ag an líonra gáis. Ní raibh aon fhadhb leis an slándáil soláthair agus ní raibh aon éaradh seirbhíse le linn na drochaimsire sa

chéad leath den bhliain. Chríochnaíomar an obair thógála ar an dara Idirnascaire Gáis ó Albain go hÉirinn, ag cur i gcrích an 50km de phíblíne gáis ó Chuan Brighouse go Cluden in Albain agus cinnteoidh sé seo soláthairtí gáis leanúnacha, iontaofa agus sábháilte.

I rith 2018, rinneamar an chéad stáisiún Gáis Nádúrtha Comhbhrúite ardchumasach a choimisiúnú, stáisiúin a chuireann líonadh gasta ar fáil go poiblí, agus atá lonnaithe ag an Stáisiún Seirbhíse Circle K i gCalafort Átha Cliath. Fuair Líonraí Gáis Éireann faomhadh ó mhaoiniú an AE de €11.6 m faoin Mhaoiniú Iompair don Nasc Glan leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Maoineoidh sé seo forbairt na bpointí breosla Gáis Nádúrtha Comhbhrúite. Ina theannta sin, rinneamar an chéad shaoráid do gháis in-athnuaite in Éirinn a choimisiúnú ag An Chois, Contae Chill Dara i Nollaig 2018.

Thosaigh Aurora Telecom ag obair ar an gcuid nua 302km den líonra ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath. Táimid ag tnúth le héileamh láidir margaidh, rud atá léirithe i bhfeidhmíocht airgeadais Aurora in 2018. Tugann Líonraí Gáis Éireann agus Aurora Telecom le chéile rochtain ar bhonneagar chriticiúil fuinnimh agus teileachumarsáide do sholáthraithe seirbhíse atá dlúth ar shonraí.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha 2019

Leanfaimid ar aghaidh ag cruthú luachanna fiúntacha do mhuintir na hÉireann agus a bheith mar chinnirí san aistriú go córas fuinnimh ísealcharbóin, acmhainní uisce luachmhara a chosaint agus in athléimneacht a mhéadú.

Oibrímid go dlúth leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun a chinntiú go n-úsáidtear cumas iomlán an líonra gáis chun an t-aistriú go córas fuinnimh ísealcharbóin a bhaint amach. Táimid ag déanamh dul chun cinn lenár bplean le haghaidh líonra náisiúnta de 70 stáisiún athbhreoslaithe le Gáis Nádúrtha Comhbhrúite. Tá scrúduithe á dhéanamh againnn ar acmhainneacht líonra ionad díleáite anaeróbach a chur ar fáil.  Leanfaimid ar aghaidh ag obair go gníomhach chun tacú leis an mbeartas fuinnimh ginearálta atá leagtha amach i bpáipéar bán an Rialtais ar bheartais fuinnimh: 'Ireland's transition to a low carbon energy future 2015-2030' agus tacóimid le tionscnamh bheartais náisiúnta thábhachtacha nua eile, faoi réir chúiseanna tráchtála ar ndóigh. Chuige sin, tá sé ar intinn againn féidearthacht maidir le saoráid Gabhála agus Stórais Carbóin a mheasúnú.

Chuireamar tús le próiseas ceithre chéim in 2014 chun foinse oiriúnach nua soláthar uisce a aithint do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Beidh an Tionscnamh Soláthair Uisce molta ina chéad mór-uasghrádú cuimsitheach ar bhonneagar an réigiúin le níos mó ná 60 bliain. Ag gach aon chéim d'fhorbairt an tionscnaimh d'iarramar ar, d'éisteamar le agus d'fhreagraíomar aiseolas an phobail, ó mheasúnú an ghá go roghnú na scéime is dealtrathaí. Leanfaidh Uisce Éireann ar aghaidh le hullmhúchán iarratais phleanála le dul faoi bhráid An Bhoird Pleanála in 2019.

In Iúil, d'fhógair an Rialtas go mbeidh Uisce Éireann ina fhóntas neamhspleách, tráchtála agus rialaithe faoi úinéireacht phoiblí, deighilte ón ngrúpa Ervia i rith 2023. Mar sin, sa dara leath de 2018, díríomar ar fhorbairt plean deighilte, agus tá sé ar intinn againn é a chur faoi bhráid an Rialtais sa chéad leath de 2019. Tabharfaidh an plean faoi na ceisteanna dlíthiúla, airgeadais agus oibriúcháin tagtha chun cinn agus leagtar amach garspriocanna an deighilte agus na méadrachtaí chun dul chun cinn a thomhais.

Is gníomh ríthábhachtach é an t-athrú ó bhonn de na seirbhísí uisce poiblí go fóntas poiblí nua-aimseartha agus tá gá le clár suntasach athraithe chun a chinntiú go mbeidh córais nua-aimseartha agus éifeachtúla againn chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce a chur ar fáil in Éirinn. Táimid i mbun plé oscailte agus fiúntach leis na páirtithe leasmhara ar fad chun an clár athraithe ó bhonn a fhorbairt, chun a chinntiú go ndéantar machnamh ar na ceisteanna go léir. Tá tuilleadh eolais faoi fhobairt an Fhóntais Phoiblí Aonair ar leathanach 47.

## Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do sheirbhísí chomhaltaí an Bhoird. Soláthraíonn siad maoirseacht riachtanach, rialachas agus treoir agus táim an-bhuíoch as an méid a dhéanann siad ar mhaithe le Ervia. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisinle comhaltaí na foirne Feidhmiúcháin as a bhfuinneamh, a ngairmiúlacht agus a gceannaireacht i rith na bliana.

Ar dheireadh, agus níos tábhachtaí ná aon ní eile, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann go léir agus ár gcomhpháirtithe as a n-oibre chrua agus a dtiomantas. Tá go leor dúshlán os ár gcomhair lena n-áirítear feabhsú an bhonneagair uisce, aistriú go córas fuinnimh ísealcharbóin, ullmhú do dheighilt Uisce Éireann agus an tionscadail seirbhísí uisce a athrú ó bhonn. Tá muinín agam go bhfuil an tallann, an saineolas agus an cumas riachtanach againn na rudaí sin a bhaint amach.

**Mike Quinn**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*



Ionad Cóireála Uisce Réigiúnach Chiarraí nua a bhfuil duais buaite aige



# Ag Cruthú Luacha

# Creat Straitéiseach

## Cuspóir

Feabhas a chur ar shláinte agus ar cháilíocht bheatha mhuintir na hÉireann, ár dtimpeallacht a chosaint agus forbairt eacnamaíocha a chumasú trí bhonneagar agus seirbhísí uisce agus gáis d'ardchaighdeán a chur ar fáil atá sábháilte agus éifeachtach.

## Cuspóirí Straitéiseacha

Is é an straitéis atá againn ná bonneagar agus seirbhísí gáis, uisce agus fuíolluisce bunriachtanacha a chur ar fáil go héifeachtúil agus go sábháilte i gcomhréir lenár bplean fadtéarmach. Bainfear é seo amach trí:

1

### Eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a thógáil

eagraíocht a bhfuil an cumas, an tsolúbthacht agus an cultúr aici chun líonraí criticiúla na hÉireann a chothabháil agus a fhorbairt agus muinín ár scairshealbhóirí a thuilleamh.

2

### Seirbhísí uisce a athrú ó bhonn

cur ar fáil na seirbhísí uisce agus fuíolluisce a aistriú chuig an bhFóntas Poiblí Aonair agus Uisce Éireann a ullmhú chun go mbeidh sí ina fóntas neamhspleách, tráchtála agus rialaithe faoi úinéireacht phoiblí.

## Luachanna

Is iad na chúig luach sin a shainíonn carachtar na heagraíochta, a threoraíonn ár ngníomhartha agus ár gcinntí, agus a chuireann creat ar fáil don chaoi a ndéanann muid idirghníomhú agus cumarsáid lena chéile, lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara.



### Feidhmíocht

Déanaimid gach iarracht a bheith inár n-ilfhóntas ardfheidhmíochta, a sholáthraíonn seirbhísí agus bonneagar d'ardchaighdeáin an t-am ar fad.



### Ionracas

Bíonn muid oscailte agus macánta inár gcuid oibre go léir. Déileálann muid go measúil lenár gcustaiméirí, ár sócmhainní agus lenár n-acmhainní nádúrtha.

## Fís

# Le bheith inár gceannaire iontaofa i gcur ar fáil seirbhísí agus bonneagair in Éirinn.

3

### Ag socrú suíomh Líonraí Gáis Éireann don todhchaí.

Ról lárnach a bheith againn i ndícharbónú an chórais fuinnimh, agus muid a cur ar fáil seirbhísí gáis líonra sábháilte agus in-athnuaithe go héifeachtúil i gcónaí.

4

### Torthaí comhsheasmhacha a chur ar fáil do scairsealbhóirí.

de réir chleachtas piaraí fóntais, trí éifeachtúlachtaí agus sineirgí a thiomáint, agus meadarachtaí creidmheasa láidre a choimeád.



### Sábháilteacht

Cuireann muid an tsábháilteacht ag croílár ár gcuid oibre.



### Comhar

Oibríonn muid le chéile chun torthaí a bhaint amach, ag roinnt lena chéile agus ag foghlaim óna chéile.



### Seirbhísí do Chustaiméirí

Is í ár n-aidhm seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí. Éisteann muid leo chun a fháil amach cad atá uathu agus lena bheith níos fearr ná mar a shíleann siad a bheimis.

# Samhail Ghnó Ervia

## An bealach a chruthaíonn muid luach

Ag obair le chéile, déanann ár ndaoine agus ár bpáirtithe líonraí gáis, uisce, fuíolluisce agus snaithín a thógáil, a chothabháil agus a oibriú chun seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil d'ár gcustaiméirí, don phobal agus don gheilleagar.

### IONCHUIR

#### Airgeadas

Tuillimid ioncam ar mheascán sócmhainní rialáilte agus neamhrialáilte.

| SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA | |
|---|---|
| Uisce Éireann | **€3.0 bn** |
| Líonraí Gáis Éireann | **€2.8 bn** |
| Aurora Telecom | **€9.6 m** |

#### Líonraí

Clúdaíonn ár líonraí gáis uisce agus teileachumarsáide an tír ar fad.

| KM DE LÍONRAÍ | |
|---|---|
| Uisce Éireann | **88,000 km** |
| Líonraí Gáis Éireann | **14,390 km** |
| Aurora Telecom | **925 km** |

#### Daoine & Comhpháirtithe

Trí oibriú le chéile agus ár saineolas comhcheangailte a úsáid is féidir linn ár ngnó a bhuanaigh agus a fhás.

**1,761** fostaí i **20** láthair

chomh maith le **3,308** fostaí Údarás Áitiúil agus ár gcomhpháirtithe seachadta

#### Geallsealbhóirí

Téann muid i gcomhairle leis na pobail ina bhfuil muid ag obair iontu agus bíonn muid go gníomhach ag lorg a dtuairimí: ár gcustaiméirí, ár rialtóirí, an Rialtas agus infheisteoirí.

**€380 m** ranníocaíocht chaipitil

Deontas rialtais de **€720 m**

#### Acmhainní Nádúrtha

Cosnaíonn muid ár n-atmaisféar, ár n-aibhneacha, ár lochanna agus ár gcladaí.

déanaimid cóireáil ar **1,200** milliún lítear fuíolluisce gach lá

iompraíonn muid **74.4** TWh de Ghás Nádúrtha go bliantúil

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ GNÓ

#### Déanaimid **Forbairt** agus Maoiniú ar Phleananna le haghaidh an Todhchaí

- Plean gnó agus pleananna maoinithe
- Tosaíochtaí infheistíochta
- Fás agus nuálaíocht

#### Ag Cur **Feabhais** ar ár dTairiscint go Leanúnach

- Gás Nádúrtha Comhbhrúite
- Gabháil agus Stóráil Carbóin
- Éifeachtúlacht a fheabhsú

#### **Freastail** go maith ar ár gCustaiméirí

- Comhoibritheach
- Ceangail nua
- Fás

Aurora TELECOM · Gas Networks Ireland · UISCE ÉIREANN : IRISH WATER




## €826 m **a infheistiú** i Sócmhainní in 2018

- Fás
- Athfheistiú
- Acmhainn
- Slándáil Soláthair
- Caomhnú

## Bonn Sócmhainne €5.8 bn **a Chothabháil**

- Sceitheadh a laghdú
- Slándáil córais
- Straitéis sócmhainne

## Na córais **a Oibriú**

- Soláthar leanúnach ar ardchaighdeán
- Sábháilteacht
- Cóireáil uisce
- Cóireáil fuíolluisce
- Rialú eangaí
- Freagra a thabhairt ar thuairiscí faoi sceitheadh gáis
- An córas a choinneáil ceangailte

## ASCHUIR

Seirbhísí éifeachtúla, atá cost-éifeachtúil agus dírithe ar chustaiméirí

Bonneagar daingean seasmhach

## SOCHAIR

### Custaiméirí

- Ag freastail ar **1.8 m** custaiméir
- Soláthair leanúnach, sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil
- Seirbhísí atá ag éirí níos éifeachtaí i gcónaí a chur ar fáil

### Fostaithe

- Foghlaim agus Forbairt
- An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe

### Pobail

- Ag cosaint na timpeallachta agus ag tacú le bithéagsúlacht
- Ag tacú le pobail áitiúla

### Rialtóirí

- Ag cur feabhais ar fheidhmíocht vs. caighdeáin rialála

### Scairshealbhóir

- Íocaíocht díbhinne de **€139 m** a thabhairt
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Treoracha an AE a chomhlíonadh

### Geilleagar

- Ag cumasú forbairt gheilleagrach
- Ag tacú le tionscal
- **€826 m** a infheistiú i mbonneagar

# Fachtóirí a théann i bhfeidhm ar Luach a Chruthú

AN TREOCHT

## Dícharbónú

Tá Éire tiomanta do laghdú 30% ar astaíochtaí ó théamh, iompar agus talmhaíocht faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéil 2005). Táimid tiomanta freisin 27% dár bhfuinneamh a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030 agus chun 27% éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach (i gcomparáid le leibhéil 2005). Le chéile, is dúshláin ollmhóra iad seo a mbeidh tionchar acu ar gach saoránach sa tír.

### An tionchar

Chun tacú leis na gealltanais náisiúnta seo tá orainn, ag Ervia, ár ngnólachtaí a dhícharbonú go hiomlán faoi 2050. Beidh sé seo dúshlánach do Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann agus iad ina mórthomhaltóirí fuinnimh.

### Ár bhfreagairt

Is féidir an líonra gáis a úsáid chun suas le 17.5 milliún tonna de $CO_2$ per annum (beagnach aon trian d'astaíochtaí carbóin na hÉireann). Táimid ag cur chun cinn réimse tionscadal agus techneolaíochtaí uaillmhianacha chun gáis in-athnuaite a thabhairt isteach sa líonra gáis agus chun an líonra a dhícharbónú faoi 2050. Áirítear sna teicneolaíochtaí gáis in-athnuaite, Gáis Nádúrtha Comhbhrúite le haghaidh iompair agus Gábháil agus Stórais Carbóin.

Tá Uisce Éireann ag díriú ar choigilitis éifeachtúlachta fuinnimh sna seirbhísí uisce agus fuíolluisce. Tá féidearthacht ann chomh maith ag Uisce Éireann chun tuilleadh leictreachais a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite ar nós tuirbíní gaoithe ar an láthair agus painéil ghréine.

AN TREOCHT

## Tionscadal Éireann 2040

Táthar ag tuar go mbeidh milliún duine breise ina gcónaí in Éirinn faoi 2040. Leis seo beidh breis is leathmhilliún teach nua agus seirbhísí tacaíochta amhail bóithre, scoileanna agus ospidéil de dhíth. Is é Tionscadal Éireann 2040 beartas uileghabhálach an Rialtais a thugann tosaíocht do leas mhuintir na hÉireann don todhchaí. Áiríonn sé infheistíocht i mbonneagar de bheagnach €116 billiún faoi 2027 agus tá sé déanta suas den gCreat Forbartha Náisiúnta go 2040 agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2018–2027.

### An tionchar

Beidh infheistíocht shuntasach de dhíth ag Tionscadal Éireann 2040 don mbonneagar uisce, gáis agus teileachumarsáide. Caithfear na seirbhísí uisce agus fuíolluisce a leathnú amach chun freastail ar dhaonra atá ag dul i méid. Éascóidh infheistíocht sa líonra gáis táirgeacht leictreachais, téimh agus iompair ísealcharbóin. Caithfear feabhas a chur ar an líonra teileachumarsáide chun nascacht níos fearr a sholáthar.

### Ár bhfreagairt

Táimid ag forbairt agus ag seachadadh pleananna chun riachtanais uisce, fuíolluisce, fuinnimh agus teileachumarsáid amach anseo a sholáthar. Faoi réir a dhóthain maoinithe agus tacaíochta a bheith ar fáil, oibreoimid chun a chinntiú go bhfuil an bonneagar riachtanach againn chun freastail ar na riachtanais sin. Leanaimid linn ag forbairt lucht saothair atá saineolach, sofheagrúil agus tiomanta chun na pleananna sin a chur i bhfeidhm. Leanaimid ar aghaidh ag plé leis an bpobal agus lenár gcustaiméirí chun a riachtanais a thuiscint fad a bhíonn ár dtír á forbairt.



AN TREOCHT

## Ionchais Chustaiméirí sa Ré Digiteach

Tá digitiú mar chuid lárnach dár saol go léir. Gach lá, inár dtithe, inár gcarranna agus ag an obair, bíonn idirghníomhú againn le teicneolaíocht ar bhealaí nach dtiocfá a shamhlú riamh, fiú 20 bliain ó shin. Tá luas fhorbairt teicneolaíochtaí nua nasctha ag fás, agus táthar ag súil le céimeanna móra chun tosaigh a dhéanamh san Intleacht Shaorga sna blianta amach romhainn. Mar fhreagra ar chásanna sáraithe sonraí i gcuideachtaí domhanda, achtaíodh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i mBealtaine 2018. D'athraigh sé sin go bunúsach an bealach ina mbíonn sonraí á láimhseáil agus chinntigh sé go bhfuil próisis láidre bainistíochta toilithe i bhfeidhm.

### An tionchar

Tá ionchais chustaiméirí ag athrú ar fud an domhain de réir luais an athraithe dhigití. Déantar níos mó idirbheart ar líne ná riamh agus tá custaiméirí, soláthraithe, foirne agus sócmhainní ag athrú i dtreo nascacht fhíor-ama. Léiríonn taighde go dteastaíonn eolas níos praise agus níos cruinne, freagra agus gníomh tapa, ó chustaiméirí, leis an iarracht is lú uathu féin. Bíonn custaiméirí ag súil go gcosnóidh a soláthraithe seirbhíse príobháideachas a shonraí pearsanta ag an am céanna agus go gcomhlíonfaidh siad na caighdeáin náisiúnta agus Eorpacha maidir le cosaint sonraí.

### Ár bhfreagairt

Leanfaidh Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann le hinfheistíocht a dhéanamh in ardáin TF, eolas a dhigitiú chun freastail ar an gcruinneas eolais lena bhfuil na custaiméirí ag tnúth, agaí freagartha agus príobháideachas. Déanfaimid cinnte de go bhfuil córais láidre i bhfeidhm a chosnaíonn i gcoinne cibear-ionsaithe agus a chosnaíonn sonraí. Soláthróimid réitigh TF chun cur le táirgeacht ar fud oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann. Tá sé mar mhian againn bheith inár bhranda iontaofa de réir mar a chomhlíonaimid ár dtiomantais do shaoránaigh na tíre seo.


AN TREOCHT

## Comhlíonadh

Tá ar ghnólachtaí ar fud na hEorpa cloí le dualgais dhiana dhlíthiúla agus rialála fad atá siad ag leanúint de bheith ag comhlíonadh na n-oibleagáidí inbhuanaitheachta agus seirbhíse. Táimid faoi réir forálacha agus rialacháin reachtaíochta agus feidhmímid faoi chreataí diana beartas agus rialúcháin. Tá riachtanais ghnó maidir le cibearshlándáil nua agus breise, cearta daonna, córais faisnéise bainistíochta agus eitic chun teacht i bhfeidhm roimh i bhfad. Tá ár bhforbairtí móra bonneagair uisce, fuíolluisce agus gáis faoi réir rialú poiblí agus próisis pleanála poiblí agus comhairliúcháin. Tá Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann rialaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas. Ina theannta sin, caithfidh Uisce Éireann riachtanais a rialtóir comhshaoil, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a chomhlíonadh.

### An tionchar

Cruthaíonn comhlíonadh dúshláin ó thaobh costais agus cumais de, dúshláin a chaithfimid a aghaidh a thabhairt orthu



agus éilimh fáis agus éifeachtúlachta a chomhlíonadh ag an am céanna. Tá dúshláin comhlíonta ar leith roimh Uisce Éireann de bharr an easpa infheistíochta a rinneadh i sócmhainní uisce agus fuíolluisce roimhe seo.

### Ár bhfreagairt

Leanfaidh Líonra Gáis Éireann ag comhlíonadh a chuid riachtanas oibriúcháin agus sábháilteachta agus tabharfaidh sé isteach cóid agus beartais oibriúcháin níos solúbtha chun instealladh gás in-athnuaite inár n-eangach gáis a éascú. Oibreoidh Uisce Éireann chun rialúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh trína gclár le sceitheadh uisce a laghdú, cáilíocht an uisce a fheabhsú agus áiseanna cóireála fuíolluisce agus seirbhísí a uasghrádú chun go gcomhlíonfaidh siad ceangaltais náisiúnta agus ceangaltais an AE. Cinnteoimid go gcomhlíonfar na cóid a bhaineann le sonraí, slándáil agus eitic. Táimid tiomanta do fhreastail ar an riachtanach le níos mó trédhearcachta i soláthar seirbhísí poiblí a bhaint amach. Bíonn custaiméirí agus geallsealbhóirí ag tnúth leis go ndéanfaimid teagmháil agus comhairliúchán leis na pobail a dhéanaimid freastail orthu. Leanfaimid ag obair de réir ár riachtanais reachtúla, lena n-áirítear comhairliúcháin phleanála agus phoiblí, rialú praghsanna rialaithe agus pleananna gnó foilsithe. Glacfaimid páirt i gcónaí i gcumarsáid dhá bhealach réamhghníomhach leis na páirtithe leasmhara cuí.

# Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Ag Ervia, tugaimid an-aird ar nádúr agus cáilíocht ár gcaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Bímid ag obair go dlúth leo chun a dtuairimí agus a leasanna a thuiscint, chun ár dtionscadail a chur i gcrích i gcomhpháirt, agus chun freagairt dá leasanna de réir mar a dhéanaimid dul chun cinn maidir lenár gcuid bpleananna.

| | AR NA COMHLACHTAÍ IONADAÍOCHTA TÁ | TOSAÍOCHTAÍ |
|---|---|---|
| An Pobal i gCoitinne agus Pobail | Daoine aonair, grúpaí pobail agus comhshaoil, grúpaí tomhaltóirí, grúpaí le leas i ngnó, forais feirmeoireachta srl. | Soláthair slán agus iontaofa gáis nádúrtha agus uisce a chinntiú, agus baint amach agus coireáil fhuíolluisce a chinntiú.<br><br>Tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch. |
| Páirtithe | Údaráis Áitiúla agus soláthraithe seirbhísí tríú páirtí. | Oibriú go héifeachtúil le chéile chun seribhísí d'ardchaighdeán a sholáthar. |
| Rialtóirí | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Coimisiún um Rialáil Fóntas, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Údaráis Sábháilteachta agus Sláinte Utility Regulator (Tuaisceart Éireann), Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais. | Tionscaimh a chur i gcrích chun beartais maidir le seirbhísí fuinnimh, an aeráid agus uisce a chur i bhfeidhm.<br><br>Leanúint ar aghaidh le chur i bhfeidhm na bPleananna Gnó lena n-áirítear na Pleananna Infheistíochta Caipitil.<br><br>Oibriú go héifeachtúil agus costais a laghdú. |
| Ionadaithe tofa | Ionadaithe tofa ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach. | Beartais maidir le seirbhísí uisce poiblí, fuinneamh agus an aeráid a chur i bhfeidhm. |
| Scairshealbhóirí | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. | Polasaí Rialtais a chur i bhfeidhm.<br><br>Cumarsáid a dhéanamh go cruinn trédhearcach agus dul chun cinn maidir le pleananna a léiriú.<br><br>Uisce Éireann a bhunú mar eagraíocht neamhspleách. |

| FREAGRA | SUIRBHÉANNA | DUINE LE DUINE; | CRUINNITHE COMHCHÉIME | ÓCÁIDÍ EOLAIS | GRÚPAÍ OIBRE | SUÍOMH GRÉASÁIN | NA MEÁIN SHÓISIALTA | CRUINNITHE IL-PHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Díriú ar rannpháirtíocht a dhéanamh ag an leibhéal áitiúil agus ag leibhéal an phobail.<br>Feidhmíocht den scoth a chothabháil maidir le freagairt phras nuair a thuairiscítear gáis éalaithe.<br>Laghdú ar sceitheadh ón gcóras, custaiméirí a bhaint de na Fógraí Fiuchta Uisce chomh luath agus is féidir, agus deireadh a chur le sceitheadh camrais neamhchóireáilte.<br>Custaiméirí agus bailte nua, amhail Lios Tuathail, a cheangal leis an líonra gáis nádúrtha.<br>Ceangail agus bonneagar nua a sholáthar chun forbairt tithíochta nua agus fás tionsclaíoch a éascú. | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Athbhreithnithe feidhmíochta agus pléanna réamhphleanála tráthrialta a reáchtáil leis na hÚdaráis Áitiúla agus na páirtithe soláthair eile. | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● |
| Infheistíocht a dhéanamh in mBithghás agus tionscnaimh Gáis Nádúrtha Comhbhrúite, agus i gcláir náisiúnta ar nós na cláir laghdaithe sceite agus maolaithe luaidhe.<br>Leanacht le leathnú amach Pleananna Gnó Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann, lena n-áirítear tionscadail infheistíochta caipitil straitéiseacha a chur i gcrích, tionscadail ar nós an Tionscadal Soláthair Uisce, Draenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, Tionscadal Príomhdhraenála Chuan Íochtaraigh Chorcaí, Scéim Soláthair Uisce Fheartraí, Tionscadal Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne agus cúpláil an idirnascaire gáis idir Cluden agus Cuan Brighouse. | | ● | | | ● | | | |
| Eolas agus tacaíocht a thabhairt d'ionadaithe tofa ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta. | | ● | | ● | ● | ● | ● | ● |
| Pleananna gnó a fhorbairt agus a bhaint amach atá ag teacht le polasaithe Rialtais.<br>Déantar tuairiscí agus nuashonraithe feidhmíochta rialta a chur ar fáil d'fhorais monatóireachta agus maoirseachta.<br>Plean deighilte do 2023 a ullmhú chun dul faoi bhráid an gheallsealbhóra. | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |



# Ár Straitéis a Chomhlíonadh




**An chéad stáisiún athbhreoslaithe poiblí Gás Nádúrtha Comhbhrúite in Éirinn**

Mar bhreosla iompair eile, tabharfaidh Gás Nádúrtha Comhbhrúite an deis do ghnólachtaí costais agus astaíochtaí iompair a laghdú.

# Ár Straitéis a Chur i gcrích in 2018

## Uisce Éireann

An Chreat-Treoir Uisce

**Ráisteas Polasaí Seirbhísí Uisce**

Is comhlacht stáit, rialaithe é Uisce Éireann atá faoi úinéireacht phoiblí, le freagracht as oibriú agus cothabháil sócmhainní uisce agus fuíolluisce.

**Plean Straitéiseach do Sheirbhísí Uisce**

**Plean Maoinithe Straitéiseach**

Tá an tsamhail oibriúcháin d'Uisce Éireann leagtha amach i gcomhthéacs Chreat-treoir Uisce an Aontais Eorpaigh. Is ionann í agus an treoir uileghabhálach maidir le beartas uisce san Aontas Eorpach.

## Freastalaíonn 822 chomhalta foirne gairmiúil, teicniúil agus tacaíochta mar aon le 3,308 gcomhalta de chuid fhoireann Údaráis Áitiúil agus ár lárionad teagmhála custaiméara agus páirtithe seachadta seirbhíse ar ár 1.8 milliún custaiméir. In 2018 d' oibrigh muid 1,895 ionad uisce agus fuíolluisce chun 1.7 billiún lítear d'uisce óil a sholáthar gach lá agus cóireáil a dhéanamh ar an bhfuíolluisce a táirgeadh.

| | AG DÍRIÚ AR | IN 2018 D'ÉIRIGH LINN |
|---|---|---|
|  | Cáilíocht | ▸ 15,026 chustaiméir a bhaint ó na fógraí fiuchta uisce.<br>▸ Rinneadh 12,477 gcónasc seirbhísí luaidhe a athchur.<br>▸ Rinneadh os cionn 186,600 tástáil aonair ar sholáthairtí uisce óil. |
|  | Caomhnú | ▸ Rinneadh 73.8 milliún lítear uisce a shábháil in aghaidh an lae trí sceitheanna a dheisiú (18 milliún lítear in aghaidh an lae den ligean custaiméara agus 55.8 milliún lítear in aghaidh an lae den ligean poiblí).<br>▸ Níos mó ná 22,500 sceitheadh custaiméara deisithe.<br>▸ Rinneadh cothabháil ar os cionn 4,400 Limistéar Cheantar Méadair. |
|  | Ullmhú don Todhchaí | ▸ 10 n-ionad cóireála uisce uasghrádaithe nó tógtha as an nua.<br>▸ 11 ionad cóireála fuíolluisce uasghrádaithe nó tógtha as an nua.<br>▸ Rinneadh 416 km de phríomhlíonra uisce a leagan síos nó a athshlánú.<br>▸ Rinneadh €683m a infheistiú i mbonneagar straitéiseach chun tacú le fás eacnamaíoch agus sóisialta. |

# Ár Straitéis a Chur i gcrích in 2018

## Líonraí Gáis Éireann

An Coimisiún um Rialáil Praghasanna Fóntas 4 (2017–2022)

### Oibríochtaí Sábháilte

- S.I. Uimh. 145/2014 – An tAcht um Rialáil Gáis 2013 agus Creat Slándála CRU
- Ceadúnais Tarchurtha agus Dáileacháin Gáis


### An Todhchaí a Dhéanamh Slán

- An Treoir um Bonneagar Breoslaí Ionadúla agus Fuinneamh In-athnuaite
- An Creat Beartais Náisiúnta do Bhonneagar Breoslaí Ionadúla agus An tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (NMP & NAF)

### Slándáil Soláthair

- Rialachán an AE um Shlándáil an tSoláthair (Rialachán (AE) 2017/1938)
- Rialachán an AE um Shlándáil an tSoláthair a chomhlíonadh

Freastalaíonn 549 gcomhalta gairmiúil, teicniúil agus tacaíochta chomh maith lenár lárionad teagmhála custaiméara agus páirtithe seachadta seirbhíse ar ár 700,000 custaiméir. In 2018 d'iompraíomar 74.4 TWh gás trí 14,390 km de phíblíne gáis lena n-áiríear 2 idirnascaire fomhuirí. Oibrímid an líonra snáithín is nua-aimseartha in Éirinn chomh maith.


| | AG DÍRIÚ AR | IN 2018 D'ÉIRIGH LINN |
|---|---|---|
|  | Slándáil soláthair | ▸ Cúpláil an idirnascaire a bhaint amach<br>▸ Chuireamar i gcrích os cionn 38,000 ordú oibre cothabhála<br>▸ Rinneamar líonra snáthoptaice Aurora Telecom a leathnú amach |
|  | An Todhchaí a Dhéanamh Slán | ▸ 11,839 gcustaiméir nua ceangailte<br>▸ Rinneamar 790 GWh d'éileamh nua a chur ar chonradh<br>▸ An chéad phointe instealltа do ghás in-athnuaithe in Éirinn a choimisiúnú |
|  | Oibríochtaí sábháilte | ▸ Na seirbhísí éigeandála is fearr sa rang curtha ar fáil<br>▸ Rinneadh 16,883 tuairisc phoiblí maidir le gás éalaithe a imscrúdú le meánam freagartha de 32 nóiméad, agus freagraíodh 99.3% de na tuairscí sin laistigh d'uair amháin. |

# Ár Straitéis a Chur i gcrích in 2018

## Uisce Éireann – Feidhmíocht Oibriúcháin

### SÁBHÁILTEACHT

Iomlán RMTAC – Fostaithe (>1 lá)#/100k uair





Úsáidimid an Ráta Minicíochta Teagmhas Ama Caillte (RMTAC) chun rianú a dhéanamh ar # na dtimpistí a tharla d'fhostaithe in aghaidh gach 100,000 uair an chloig a oibrítear a bhfuil de thoradh air gur gá do bhall foirne > 1 lá a thógáil ón obair.

Tá an tsábháilteacht mar luach lárnach ag Ervia. Tá an clár cultúrtha sábháilteachta *Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile* i bhfeidhm ó 2015 agus leanann muid ar aghaidh ag cur feabhais ar ár bhfeidhmíocht sábháilteachta.

### UISCE A SÁBHÁLADH

Uisce a Sábháladh trí Sceitheadh a Dheisiú na Milliúin Lítear Carnacha in aghaidh an lae





Is é atá ansin ná tomhas ar an uisce a sábháladh mar thoradh ar ár gcuid iarrachtaí chun príomhlíonraí a athchóiriú agus sceitheadh a aimsiú agus a dheisiú.

In 2018 cailleadh 45% den uisce ar fad a rinneadh a chóireáil idir an ionad cóireála agus an sconna agus tá sé mar aidhm againn éifeachtúlacht agus athléimneacht ár líonra a mhéadú tríd an méid uisce a chailltear sa chóras a laghdú.

### FÓGRAÍ FIUCHTA UISCE (>30 LÁ)

# na gcustaiméirí fós ar Fhógraí Fiuchta





Líon na bhFógraí Fiuchta Uisce atá i bhfeidhm ar feadh níos mó ná tríocha lá.

Forchuirtear Fógra Fiuchta Uisce i ndiaidh dul i gcomhairle leis an FSS, áit a tharla éiliú don soláthar uisce óil.

### SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

Réiteach Céad Theagmhála – Oibriúcháin %





Déanaimid athbhreithniú ar shampla dár dteagmhálacha le custaiméirí gach mí thar réimse de chineálacha glao éagsúla. Déantar suirbhé neamhspleách ar rogha dár nglaonna chun na scóir a bhailíochtú. *(Níl sonraí ar fáil do 2014/15).*

Insíonn an tomhas seo dúinn cé chomh minic a bheidh muid in ann éileamh an chustaiméara a réiteach ar an gcéad theagmháil, gan gá le tuilleadh eolais a fháil, é a sheoladh chuig an oifig cúil, gearán a chruthú nó é a fhiosrú níos mó.

### CAITEACHAS CAIPITIÚIL

Caiteachas Caipitil €m





Cuimsímid caiteachas ar bhonneagar amhail gléasra, réadmhaoin, trealamh, agus sócmhainní doláimhsithe.

Tá cur i bhfeidhm chlár caipitiúil ag croílár ár gcumas líonraí a fhorbairt agus a chothabháil.

### ÉIFEACHTÚLACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN

Éifeachtúlachtaí Carnacha Opex €bn





Cuirimid chun cinn éifeachtúlachtaí sa chaoi a ndéanaimid ár seirbhísí a chur ar fáil ar bhonn leanúnach. Cuirfidh bunú an Fhóntais Phoiblí Aonair ar ár gcumas na héifeachtúlachtaí spriocdhírithe sin a bhaint amach.

Taispeánann an mhéadracht seo coigiltis carnacha de €1.74 bn thar an tréimhse 2014–2024. Baineadh amach coigilteas bliantúil de €142 m ó 2014. Táimid ar an mbóthar ceart chun na coigiltis réamh-mheastaithe de €310 m (per annum) faoi 2024 a bhaint amach.

# Líonraí Gáis Éireann – Feidhmíocht Oibriúcháin


## SÁBHÁILTEACHT
Iomlán RMTAC – Fostaithe (>1 lá)#/100k uair




Úsáidimid an Ráta Minicíochta Teagmhas Ama Caillte (RMTAC) chun rianú a dhéanamh ar # na dtimpistí a tharla d'fhostaithe in aghaidh gach 100,000 uair an chloig a oibrítear a bhfuil de thoradh air gur gá do bhall foirne > 1 lá a thógáil ón obair.

Tá an tsábháilteacht mar luach lárnach ag Ervia. Tá an clár cultúrtha sábháilteachta Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile i bhfeidhm ó 2015 agus leanaimid orainn ag cur feabhais ar ár bhfeidhmíocht sábháilteachta.


## SÁBHÁILTEACHT
Meán # nóiméad le freagairt ar Thuairiscí ón bPobal faoi Sceitheadh Gáis




Déanann an tomhas seo an meánam a thógann sé orainn freagairt ar thuairiscí ón bpobal faoi sceitheadh gáis a rianú. Is é an mhéadracht atá socraithe leis an CRU ná ráta freagartha 97% laistigh d'uair amháin, in 2018 baineadh amach ráta comhlíonta de 99.3%.

Is méadracht shábháilteachta an-tábhachtach í sin. Taispeánann sé cé chomh tábhachtach is atá sé dúinn na caighdeáin ardfheidhmíochta sin a choimeád go leanúnach thar am.


## SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ
Réiteach Céad Theagmhála




Déanaimid athbhreithniú ar shampla dár dteagmhálacha le custaiméirí gach mí thar réimse de chineálacha glao éagsúla. Déantar suirbhé neamhspleách ar rogha dár nglaonna chun na scóir a bhailíochtú.

Insíonn an tomhas seo dúinn cé chomh minic a bheidh muid in ann éileamh an chustaiméara a réiteach ar an gcéad theagmháil, gan gá le tuilleadh eolais a fháil, é a sheoladh chuig an oifig cúil, gearán a chruthú nó é a fhiosrú níos mó.


## FÁS
Ceangail Nua Carnacha 2014-2021




Tomhaiseann muid an méadú in úsáid an líonra de bharr cheangail nua.

Léiríonn sé seo fás láidir i gceangail nua thar an tréimhse, fás a bhfuiltear ag súil leis go leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 2021.


## CAITEACHAS CAIPITIÚIL
Caiteachas Caipitiúil €m




Cuimsímid caiteachas ar bhonneagar amhail gléasra, réadmhaoin, trealamh, agus sócmhainní doláimhsithe.

Tá cur i bhfeidhm chlár caipitiúil ag croílár ár gcumas líonraí a fhorbairt agus a chothabháil.

## ÉIFEACHTÚLACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN
Eifeachtúlachtaí Opex €m




Cuirimid chun cinn éifeachtúlachtaí sa chaoi a ndéanaimid ár seirbhísí a chur ar fáil ar bhonn leanúnach.

Tá sé mar sprioc againn coigilteas de €26.1 m thar an tréimhse 2016-2021 a bhaint amach.

# Bainistíocht Riosca

## Tá bainistíocht riosca réamhghníomhach ríthábhachtach inár gcumas chun freastail ar ár gcuspóirí straitéiseacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon.

Déanann Ervia bainistíocht, monatóireacht agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár gcumas ár n-uaillmhianta straitéiseacha a chur i gcrích. Tá an córas bainistithe riosca agus beartas comhsheasmhach agus soiléir ar fud na heagraíochta. Tá sé de chuspóir againn forbairt deacrachtaí a sheachaint agus ár dtorthaí gnó á uasmhéadú.

## Creat Bainistithe Riosca

Tá freagracht fhoriomlán ag an mBord as bainistíocht riosca agus córáis rialaithe inmheánacha. Leagann sé síos an chaoi a shainmhínítear ár gcultúr, ár luachanna agus an iompraíocht a mbeifeá ag súil leis san eagraíocht. Cuirtear structúir rialachais oiriúnacha i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil soiléireacht ann maidir le huinéireachta agus freagracht ó thaobh bhainistíochta riosa. Déantar inghlacthacht riosca a shocrú trí nádúr agus fairsinge na rioscaí atáimid sásta glacadh leo a dheimhniú. Tarmligtear údarás chuig an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú chun tacú leis an mBord maidir leis na dualgais seo agus tá fóraim rialachais éagsúla i bhfeidhm chun timpeallacht bainistithe riosca éifeachtúil a chothabháil. Táimid ag cur go leanúnach leis an gcultúr rialachais tríd ár ngíomhaíochtaí a chomhtháthú agus a uathoibriú thar ár gcórais bainistithe riosca, rialaithe inmhéanaigh agus iniúchóireachta inmhéanaigh.

Tá cuspóir fadtéarmach ag ár n-oibríochtaí gnó, agus mar sin bíonn an-chuid dár rioscaí buanseasmhach. Is féidir leis na rioscaí seo forbairt agus athrú le himeacht ama, de réir mar a athraíonn a dtionchar féidearthacht nó a n-athruithe dealraitheachta mar fhreagra ar theagmhais inmhéanacha agus seachtracha.

Ag an am céanna bíonn rioscaí nua de shíor ag teacht chun solais. Mar sin, tá creat bainistithe riosca riachtanach chun tacú le cur i gcrích ár gcuspóirí straitéiseacha agus oibriúcháin. Tugann bainistiocht éifeachtúil riosca an deis dúinn luach a chruthú dár ngeallsealbhóirí, dár gcustaiméirí agus don phobal i gcoitinne.

### Ár nGníomhaíochtaí Bainistithe Riosca

| Ó Lá go Lá | Ag comhtháthú le Straitéis & Próiseas | Rialáil |
|---|---|---|
| **Ceantair Oibriúcháin** | **Creat Riosca** | **Beartas** |
| Rioscaí a aithint, a bhainistiú agus a thuairisciú. | Tá measúnú riosca lárnach do phleanáil straitéise, cinntí caipitil agus meastóireacht tionscadal. | Tacaíonn Coistí Feidhmiúla agus Feidhmiúcháin Riosca leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. |

# Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Saigheada Treochta Reatha: = Seasmhach ↑ Ag méadú ↓ Ag laghdú

| | PRÍOMHRIOSCAÍ DO CHRUTHÚ LUACHA | COMHTHÉACS & PRÍOMH-MHAOLÚ | TREOCHT REATHA |
|---|---|---|---|
| **Sláinte agus Sábháilteacht** | | | |
| 1 | Teagmhas suntasach sábháilteachta a tharlaíonn don phobal, d'fostaí nó don chonraitheoir agus a mbíonn baol de gortú tromchúiseach/bás don fhoireann nó don phobal mar thoradh air. | Ní mór cloí leis an reachtaíocht agus na socruithe sláinte agus sábháilteachta ar fad chun an fhoireann, conraitheoirí agus an pobal a chosaint ó ghortú nó bás agus ionchúisimh fhéideartha, agus caillteanas airgeadais agus damáiste do chlú a sheachaint.<br>▸ Déanann an Príomhchoiste Sábháilteachta (atá ina Choiste Feidhmiúcháin) maoirseacht ar fheidhmíocht Sláinte & Sábháilteachta.<br>▸ Clár *Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile* ar fud an fhiontair. | = |
| **Slándáil Soláthair** | | | |
| 2 | Teip an t-éileamh uisce reatha agus todhchaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a chomhlíonadh mar gheall ar easpa spáis, spleáchais ar phríomhfhoinse uisce agus teip phointí aonair ríthábhachtacha sa seanbhonneagar uisce. | Gan acmhainn bhreise, d'fhéadfadh sé seo tionchar sóisialta agus eacnamaíocha mór a imirt agus teip ar éilimh fáis a chruthú amach anseo.<br>▸ Rinneadh an Tionscadal Soláthair Uisce – Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre a aithint mar an príomhréiteach straitéiseach fadtéarmach chun éilimh sa réigiún thoir a chomhlíonadh amach anseo.<br>▸ Monatóireacht leanúnach ar na leibhéil acmhainne go léir (aibhneacha, lochanna, poill tóraíochta, taiscumair gaibhnithe) le bearta gearrthéarmacha chun an méid uisce atá ar fáil a mhéadú. Uasghrádú á dhéanamh ar an acmhainn ionad cóireála ag príomhláithreáin. | = |
| 3 | Teip an coigilteas réamh-mheasta maidir le huisce sceite atá ag teastáil a chomhlíonadh de thoradh méadú i líon na dteagmhas sceite agus staid reatha an bhonneagair uisce. | D'fhéadfadh teip mar seo dul i bhfeidhm ar cháil agus ar chreidiúnacht Uisce Éireann agus d'fhéadfadh ardú ar chostais oibriúcháin agus éifeachtúlacht laghdaithe a bheith mar thoradh air.<br>▸ Tá Córas Bainistíochta Sceite nua á chur i bhfeidhm anois. Cumasóidh sé gníomhaíochtaí níos cliste agus níos éifeachtúla ar laghdú sceite fud an líonra uisce. Tá plean céimnithe i bhfeidhm do na hÚdaráis Áitiúla go léir faoi dheireadh 2019. | = |
| 4 | Tá iarmhairtí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ann do sholáthar seirbhísí gáis agus uisce de bharr minicíocht mhéadaithe agus déine eachtraí aimsire foircneacha (m.sh. Stoirmeacha mar Stoirm Ophelia nó Stoirm Emma). | Sheas oibriúcháin agus socmhainní Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann an drochaimsir le linn 2017 agus 2018. Tá, áfach, méadú i minicíocht agus donas na dteagmhas aimsire, agus is dócha go leanfaidh an treocht<br>▸ I gcás seachadadh seirbhísí uisce agus gáis ó lá go lá, tá pleananna cuimsitheacha athléimneachta i bhfeidhm.<br>▸ Tá meitheal ann don 'Phlean Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide don Earnáil Leictreachais agus Líonraí Gáis' bunaithe.<br>▸ Bhí measúnú ar thionchair fhéideartha na gcásanna athraithe aeráide ar shócmhainní bhonneagar Uisce Éireann déanta ag comhpháirtithe seachtracha. | = |
| **Na Seirbhísí Uisce a Athrú ó Bhonn** | | | |
| 5 | Teip an Chláir Athraithe ó Bhonn a bhaint amach, de thoradh easpa tacaíochta agus gan comhaontú riachtanach ó na príomhpháirtithe leasmhara. | Chúiseoidh teip i gcur i bhfeidhm an chláir sin tionchair shuntasacha maidir le seachadadh gealltanas sa phlean gnó, agus sna leibhéil seirbhíse atá de dhíth.<br>▸ Plé leanúnach leis na cumainn ionadaíocha tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre. | ↑ |
| **Athrú Aeráide & Dícharbónú Fuinnimh** | | | |
| 6 | Cliseadh an stráitéis fáis fadtéarmach de Líonraí Gáis Éireann a chur i bhfeidhm agus a sheachadadh, an t-éagumas na dualgaisí dícharbónaithe a chomhlíonadh agus an riachtanas go bhfuil Ervia chun an príomhghnó imbhuanaithe Éireannach a bhaint amach. | Is féidir le héileamh laghdaithe go suntasach ar an líonra gáis agus úsáid faoi bhun na socmhainní a tharla de thoradh éagumais seachadta.<br>▸ Tá forbairt leanúnach na físe agus na straitéise don "future role of gas and greener gas solutions" ann chun a chinntiú go bhfuil an líonra gáis lárnach i bpolasaí athraithe aeráide na hÉireann.<br>▸ Tá tionscnaimh inbhuanaitheachta aitheanta agus ar siúl ar fud na heagraíochta agus tá straitéisí fadtéarmacha á fhorbairt. | = |

# Bainistíocht Riosca (ar lean),

| | PRÍOMHRIOSCAÍ DO CHRUTHÚ LUACHA | COMHTHÉACS & PRÍOMH-MHAOLÚ | TREOCHT REATHA |
|---|---|---|---|
| **Infheistíocht Infreastruchtúir a Chur ar Fáil** | | | |
| 7 | Neamhábaltacht na bPleananna Infheistíochta Caipitiúla a chomhlíonadh go hiomlán mar gheall ar:<br>▸ Acmhainn theoranta an tslabhra soláthair laistigh den tionscal foirgníochta.<br>▸ costais ag méadú thar na buiséid chomhaontaithe (m.sh. brúnna foirgníochta boilscitheacha).<br>▸ Castachtaí agus moilleanna ar cheadú tionscadal. | Ar fud na hearnála leathstáit agus príobháideach in Éirinn, tá tionscadail chaipitil ilbhliantúla beartaithe le haghaidh na mblianta atá amach romhainn – ag cruthú srianta acmhainne agus an fhéidearthacht go mbeidh boilsciú méadaithe sna praghsanna foirgníochta.<br>▸ Tá pleanáil agus monatóireacht chaipitil ann go leanúnach le tuairisciú agus réamh-mheastacháin ráithiúla a cuireadh chuig Coiste Faomhadh Infheistíochta an Ghrúpa.<br>▸ Tá athstruchtúrú déanta ar an tslabhra soláthair i gcomhréir le dea-chleachtas tionscail.<br>▸ Clár Rannpháirtíochta an Chonraitheora Luaith - dearadh comhtháite, pleanáil forbartha & foirgníochta. | ↑ |
| **Custaiméir, Clú & Geallsealbhóir** | | | |
| 8 | Tá feasacht agus tuiscint ar na rólanna seirbhíse criticiúla a thugann Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann faoi an-tábhachtach. Caithfear muinín, iontaoibh agus tacaíocht a fháil ónar gcustaiméirí agus ár ngeallsealbhóirí. | D'fhéadfadh teip ar fheasacht agus tuiscint a fháil neamhábaltacht a chruthú maidir lenár gcuspóirí tábhachtacha eagraíochtúla á bhaint amach.<br>▸ Tá straitéisí ann chun ár gcustaiméirí agus geallsealbhóirí a chur ar an eolas agus chun rannpháirtíocht a dhéanamh leo - rannpháirtíocht chomhoibríoch an phobail ar chomhairliúchán poiblí do phríomhthionscadail. | = |
| **Soláthar Seirbhíse** | | | |
| 9 | Tá spleáchas ar roinnt príomhsholáthraithe chun ár gclár athruithe agus seirbhísí a chur i gcrích do chustaiméirí Gáis agus Uisce. | D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchair shuntasacha oibriúcháin ann dár gcustaiméirí má theipeann ar fheidhmíocht phríomhsholáthraí.<br>▸ Tá struchtúir rialachais agus straitéis bainistíochta conraitheoirí i bhfeidhm.<br>▸ Tá samhail Bainistíochta ar Chaidreamh i bhfeidhm do na príomhchinn. | = |
| **Ár nDaoine** | | | |
| 10 | Chun tacú le cur i bhfeidhm ár gcuspóirí gnó, ní mór don struchtúr eagraíochta iomchuí agus na daoine cearta agus an cultúr ceart a bheith ann. | Méadaíonn athrú ó bhonn suntasach eagraíochtúil an riosca ó strus eagraíochtúil.<br>▸ Tá Grúpa Stiúrtha Dearaidh Eagraíochta i bhfeidhm & rinneadh próiseas Pleanála Fórsa oibre a bhunú.<br>▸ Bíonn suirbhéanna rannpháirtíochta agus cultúir ar siúl, le próisis leanúnacha feabhsúcháin. | = |
| **Teicneolaíocht, Airgeadas agus Eacnamaíoch** | | | |
| 11 | D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag cailliúint thromchúiseach seirbhíse nó srianta ar sheirbhísí a bhaineann le Teicneolaíocht Eolais agus Oibriúcháin ar an tseirbhís sholáthair agus ar bhonneagar mar thoradh ar chibear-ionsaí seachtrach. | D'fhéadfadh cur isteach ar sholáthar gnó féideartha, ceisteanna sábháilteachta, dochar clú, nó fíneálacha rialála féideartha de thoradh teagmhais.<br>▸ Tá cosc cuimsitheach agus rialú réamhghníomhach i bhfeidhm ar fud na gcóras go léir.<br>▸ Bíonn measúnachtaí riosca leanúnacha agus athbhreithnithe ráthaíochta neamhspleácha seachtracha ar siúl. | = |
| 12 | D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag Breatimeacht 'No Deal' nó 'Disorderly' ar Ervia agus a fhochuideachtaí. | Is iad na príomhréimsí a d'fhéadfadh a bheith is mó an tionchar ná rialacháin, airgeadas, slabhra soláthair agus seachadadh oibriúcháin.<br>▸ Tá Grúpa Oibre ag ullmhú pleananna teagmhas. | = |
| 13 | Nochtann ár ngníomhaíochtaí roinnt rioscaí maicreacnamaíocha domhanda agus airgeadais dúinn - riosca creidmheasa, riosca a bhaineann le samhail maoinithe agus liúntas oibriúcháin, riosca leachtacha, rioscaí a bhaineann le hairgeadra agus ráta úis. | Leagtar amach sna Pleananna Gnó na riachtanais maoinithe agus liúntais do gach ghnó.<br>▸ Tá teorainneacha riosca sainithe, tarmligin údaráis agus monatóireacht ar nochtadh i bhfeidhm.<br>▸ Comhphlé leanúnach agus caidreamh láidir le Rialtas, lucht maoinithe agus infheisteoirí féideartha. | = |

# Feidhmíocht in 2018


# An Fhoireann Feidhmiúcháin



Mike Quinn
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Cathal Marley
Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa



Liam O'Sullivan
Príomhoifigeach Oibriúcháin



Orlaith Blaney
Príomhoifigeach Cumarsáide agus Margaíochta



Eamon Gallen
An Stiúrthóir Feidhmiúcháin Gníomhach, Uisce Éireann



Michael G. O'Sullivan
Stiúrthóir, Seirbhísí Gnó



Brendan Murphy
Stiúrthóir Rialála Gnó an Ghrúpa



Rory Williams
Príomhoifigeach Dlí an Ghrúpa



Dawn O'Driscoll
Stiúrthóir Straitéiseach AD an Ghrúpa



Denis O'Sullivan
Stiúrthóir Bainistíochta, Líonraí Gáis Éireann



Liam O'Riordan
An Rúnaí Cuideachta

# Athbhreithniú Airgeadais

Bhí feidhmíocht láidir airgeadais ag Ervia le linn 2018, ag éascú seachadadh infheistíocht caipitil de €826 m i mbonneagar tábhachtach uisce agus gáis.

Mhaoinigh Líonraí Gáis Éireann íocaíocht díbhinne de €139 m leis an Státchiste le linn 2018, a chuimsigh díbhinn speisialta de €90 m a bhain le díolachán ghnó Bhord Gáis Energy.



**Cathal Marley**
*Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa*

Príomh-Bhuaicphointí 2018

- Ioncam **€1,469 m**
- TRÚCDA **€543 m**
- Brabús roimh cháin ioncaim agus míreanna eisceachtúla **€296 m**
- Caiteachas Caipitil **€826 m**
- Díbhinní íoctha **€139 m**
- Stádas glanfhiachais seasmhach de **€1,859 m** ag deireadh bliana

Cé nach bhfuil torthaí Uisce Éireann comhdhlúite sna ráitis airgeadais iniúchta mar atá curtha san áireamh ar leathanach 81-147, tá torthaí foriomlána Ghrúpa Ervia (a léiríonn gach eintiteas de chuid Ervia, Uisce Éireann san áireamh) curtha san áireamh anseo mar eolas. Níl idirbhearta idir Uisce Éireann agus eintitis eile de chuid Ervia fágtha as an áireamh chun críocha an eolais sin (féach ar nóta 30 leis na ráitis airgeadais le haghaidh tuilleadh eolais).

Tá barrachas Uisce Éireann athinfheistithe chun tionscadail ríthábhachtacha bonneagair a mhaoiniú.

## Athbhreithniú Airgeadais (ar lean.)


### Ráiteas Ioncaim Achoimrithe (roimh mhíreanna eisceachtúla)

| | 2018 | | | | 2017 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | UISCE ÉIREANN €M | LÍONRAÍ GÁIS ÉIREANN1 €M | SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA €M | IOMLÁN ERVIA €M | UISCE ÉIREANN €M | LÍONRAÍ GÁIS ÉIREANN1 €M | SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA €M | IOMLÁN ERVIA €M |
| **Ioncam** | **982** | **487** | **-** | **1,469** | 1,013 | 473 | - | 1,486 |
| Ioncam tráchtála | **262** | **487** | **-** | **750** | 261 | 473 | - | 734 |
| Fóirdheontas rialtais | **720** | **-** | **-** | **720** | 752 | - | - | 752 |
| Costais oibriúcháin | **(734)** | **(186)** | **(6)** | **(927)** | (723) | (168) | (5) | (896) |
| **TRÚCDA** | **248** | **301** | **(6)** | **543** | 290 | 305 | (5) | 590 |
| Dímheas agus amúchadh | **(83)** | **(131)** | **-** | **(214)** | (69) | (133) | - | (203) |
| Costais airgeadais | **(9)** | **(21)** | **(3)** | **(33)** | (12) | (23) | (3) | (37) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | **157** | **149** | **(9)** | **296** | 209 | 150 | (8) | 351 |
| **Díbhinn a íocaíodh leis an Státchiste** | **-** | **-** | **139** | **139** | - | - | 148 | 148 |

1: Féach ar Ráiteis Airgeadais Nóta 2: Eolas rannóige chun tuilleadh sonraí a fháil ar Líonraí Gáis Éireann agus Seirbhísí Lárnacha (Máthairchuideachta Ervia).

#### IONCAM 2018

- Uisce Éireann – Tráchtáil (Rialaithe)
- Uisce Éireann – Rialtas Fóirdheontas (Rialaithe)
- Líonraí Gáis Éireann – Rialaithe
- Líonraí Gáis Éireann – Neamhrialaithe




### Ioncam

Bhí ioncam de €1,469 m don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2018, le laghdú €17 m i gcomparáid le 2017. Bhí ioncam fíordheontais ón Rialtas i leith bhilleáil uisce teaghlaigh Uisce Éireann €32 m níos ísle ná an bhliain roimhe. Bhí sé seo fritháirithe ag meadú de €14 m in ioncaim Líonraí Gáis Éireann, go príomha de thoradh an aimsir fhuar a bhí ann sa chéad leath de 2018 agus ioncam cónasc nua níos airde i gcomparáid le 2017.

### TRÚCDA

Is ionann an TRÚCDA de €543 m le haghaidh 2018 agus laghdú €47 m i gcomparáid le 2017 agus €590 m mar thoradh ar ioncam laghdaithe de €17m agus costais oibriúcháin méadaithe de €31 m. Bhí costais oibriúcháin de €734 m ag Uisce Éireann agus iad €11m níos airde ná an bhliain roimhe, mar thoradh ar na teagmhais aimsire a tharla le linn 2018. Taispeánann sé chomh maith forbairt leanúnach Uisce Éireann, agus tá sé fritháirithe ag seachadadh éifeachtúlachtaí costais oibriúcháin.

Léiríonn costais oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann de €186 m le linn 2018 méadú de €18 m i gcomparáid le 2017, go príomha de bharr méadú sna cláranna cothabhála líonra, agus méadaithe ó smacht i gcostais agus i rátaí sa tráchtearra gáis.

### Brabús roimh Cháin Ioncaim agus Míreanna Eisceachtúla

Tháinig laghdú ar bhrabús roimh chánachas de €55 m go €296 m do 2018 mar gheall ar:

- feidhmíocht níos ísle de €47 m ag TRÚCDA,
- muirir dímheasa níos airde de €11 m a tháinig ó infheistíocht mhéadaithe i mbonneagar,
- frithairithe i bpáirt ag costais airgeadais níos ísle de €4 m, go príomha mar gheall ar rátaí airgeadais buntáisteacha le linn 2018 i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Déantar aon bharrachas a thiocfaidh chun cinn in Uisce Éireann a athinfheistiú i mbonneagar uisce agus fuíolluisce.

## Míreanna Eisceachtúla

Le linn 2018, d'aithin Líonraí Gáis Éireann/Seirbhísí Lárnacha brabús glan eisceachtúil roimh cháin de €1 m maidir le brabúis ath-thomhais ar ionstraimí áirithe airgeadais. Tugtar níos mó sonraí i nóta 9.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Brabús roimh Cháin Ioncaim agus Míreanna Eisceachtúla** | | |
| Uisce Éireann | €157 m | €209 m |
| Líonraí Gáis Éireann | €149 m | €150 m |
| **Infheistíocht Chaipitiúil** | | |
| Uisce Éireann | €683 m | €526 m |
| Líonraí Gáis Éireann | €143 m | €147 m |


## Clár Comhardaithe Achomair

| | 2018 | | | | 2017 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | UISCE ÉIREANN €M | LÍONRAÍ GÁIS ÉIREANN1 €M | SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA €M | IOMLÁN ERVIA €M | UISCE ÉIREANN €M | LÍONRAÍ GÁIS ÉIREANN1 €M | SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA €M | IOMLÁN ERVIA €M |
| Sócmhainní bonneagair | **2,781** | **2,530** | **8** | **5,320** | 2,181 | 2,525 | 8 | 4,714 |
| Sócmhainní eile | **203** | **236** | **47** | **486** | 153 | 203 | 72 | 428 |
| **Sócmhainní iomlána** | **2,985** | **2,766** | **55** | **5,806** | 2,335 | 2,727 | 80 | 5,142 |
| Iasachtaí | **(885)** | **(1,192)** | **-** | **(2,077)** | (825) | (1,186) | - | (2,010) |
| Dliteanas pinsin (IAS 19) | **(27)** | **-** | **(98)** | **(126)** | (29) | - | (128) | (157) |
| Dliteanais eile | **(596)** | **(624)** | **133** | **(1,087)** | (523) | (665) | 199 | (989) |
| **Dliteanais iomlána** | **(1,508)** | **(1,816)** | **35** | **(3,289)** | (1,376) | (1,851) | 71 | (3,156) |
| **Glansócmhainní** | **1,477** | **951** | **90** | **2,517** | 958 | 877 | 151 | 1,986 |
| **Glanfhiachas** | **(823)** | **(1,051)** | **15** | **(1,859)** | (809) | (1,118) | 25 | (1,903) |


1: Féach ar Ráiteis Airgeadais Nóta 2: Eolas rannóige chun tuilleadh sonraí a fháil ar Líonraí Gáis Éireann agus Seirbhísí Lárnacha (Máthairchuideachta Ervia).

# Athbhreithniú Airgeadais (ar lean.)


## INFHEISTÍOCHTAÍ CAIPITIÚLA €m





## INFHEISTÍOCHTAÍ CAIPITIÚLA UISCE ÉIREANN 2018




## LÍONRAÍ GÁIS ÉIREANN INFHEISTÍOCHTAÍ CAIPITIÚLA 2018




## MAR A BAINEADH ÚSÁID AS AIRGEAD TIRIM IN 2018 €'m




## Sócmhainní Bonneagair agus Caiteachas Caipitiúil

Lean Ervia ag seachadadh infheistíochtaí caipitiúil sceidealaithe le hinfheistíochtaí iomlán de €826 m idir bhonneagar uisce, fhuíolluisce, gáis agus teileachumarsáide.

## Glanfhiachas agus Sreafaí Airgid

- D'fhan an ghlanfhiachas réasúnta seasmhach ag €1,859 m ar an 31 Nollaig 2018 i gcomparáid le €1,903 m an bhliain roimhe sin.
- Baineadh úsáid as costais oibriúcháin de €595 m i bpáirt chun infheistíochtaí criticiúla caiteachais caipitil i mbonneagar uisce, fuíolluisce agus gáis a mhaoiniú.
- B'ionann €742 m agus an caiteachas caipitiúil i dtéarmaí eisíocaíochtaí airgid thirim.
- Mhaoinigh Líonraí Gáis Éireann íocaíocht díbhinne de €139 m leis an Státchiste, a chuimsigh díbhinn speisialta €90 m a bhain le díolachán ghnó Bhord Gáis Energy.
- Fuair Uisce Éireann ranníocaíocht chaipitiúil de €380 m ón Rialtas.

## Glaneasnamh Pinsin

Tá easnamh cuntasaíochta pinsin (IAS 19) de €126 m ag Ervia amhail ar an 31 Nollaig 2018, laghdú de €31 m i gcomparáid le 2017. De réir riachtanais IAS 19, úsáidtear torthaí bhannaí corparáideacha mar bhonn chun ráta lascaine cuí a dheimhniú chun an luach reatha de dhliteanais fadtéarmacha scéim pinsin a chinntiú, is cuma cén nádúr atá ag sócmhainní na scéime nó a gcuid torthaí ionchais. Tá na rátaí lascaine a úsáidtear chun dliteanais pinsin a luacháil méadaithe de 0.35% (Ervia) / 0.40% (Uisce Éireann) i rith na bliana, ag laghdú luach dliteanais na scéime pinsin. Féach ar Ráitis Airgeadais Nóta 1 (d) agus nóta 21.

## Acmhainní Caipitiúla agus Rialachas Státchiste

### Acmhainní Caipitiúla – Líonraí Gáis Éireann

Bhí iasachtaí iomlána de €1,192 m ag Líonraí Gáis Éireann amhail ar an 31 Nollaig 2018 i ndiaidh ath-thomhais áirithe ag teacht ó chur i bhfeidhm IFRS 9 agus lena n-áirítear táillí iasachta caipitlithe. Bhí saoráidí neamhtharraingthe de €457 m agus €117m in airgead tirim nó coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig 2018.

Tá teorainn reachtúil iasachtaithe de €3 billiún ag Líonraí Gáis Éireann, agus socraíonn sé sin an uasteorainn le haghaidh saoráidí tarraingthe. In 2018, chomhlíon an Cuideachta sáoráid airgeadais de €100 m leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. Beidh an tsaoráid seo mar bhonn taca le hinfheistíocht leanúnach sa líonra gáis. Bhí 62% d'fhiachas Líonraí Gáis Éireann socraithe ag rátaí seasta amhail ar an 31 2018 Nollaig (62%: 31 Nollaig 2017).

Bhí an ráta úis ualaithe ar phunann Líonraí Gais Éireann d'iasachtaí amuigh, ag fágáil amach iasachtaí a bhfuil iontaofacht theoranta ag gabháil leo ag 1.60% (1.57%: An 31 Nollaig 2017) agus ba é meánaibíocht a chuid fiachais ná 5.95 bliain (6.95 bliain: 31 Nollaig 2017). In 2018, choimeád Líonraí Gáis Éireann rátáil fhadtéarmach chreidmheasa A le Standard & Poor' s agus A3 le Moody' s Investor Services.

### Acmhainní Caipitiúla – Uisce Éireann

Tá teorainn reachtúil iasachtaithe de €2 billiún ag an Uisce Éireann, agus socraíonn sé sin an uasteorainn le haghaidh saoráidí tarraingthe. Bhí iomlán na n-iasachtaí ag €885 m (lena n-áirítear táillí iasachtaí caipitilithe) agus bhí saoráidí neamhtharraingthe de €375 m agus €62 m in airgead tirim nó coibhéisí airgid thirim amhail ar an 31 Nollaig 2018.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí maidir le bainistíocht fiachas ar tugadh fúthu in 2018 bhí; tar-rolladh mhaoiniú €800 m trí mheán saoráidí déthaobhacha le roinnt bainc tráchtála agus athmhaoiniú an mhéid reatha maoinithe de €450 m ó Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann.

Lean Uisce Éireann ag rolladh a maoiniú fiachais ar feadh tréimhsí bliana, ar feitheamh leis an Rialtas moltaí an Chomhchoiste Oireachtais um Maoiniú ar Sheirbhísí Uisce Tí agus Ghrúpa Oibre ar An tSamhail Maoinithe sa Todhchaí ar Uisce Éireann faoi stiúir na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a chur i bhfeidhm. Cuireann an tsamhail maoinithe athbhreithnithe cinnteacht mhaoinithe ar fáil d'Uisce Éireann ar bhonn il-bhliantúil laistigh de shrianta phleanáil bhuiséid an Rialtais. Ba é an meánráta úis ualaithe ar phunann d'iasachtaí amuigh ar an 31 Nollaig 2018 ná 0.93 % (1.32%: An 31 Nollaig 2017) agus ba í meánaibíocht a chuid fiachais ná 0.42 bliain (0.55 bliain: 31 Nollaig 2017).


## Rialachas Ciste

Feidhmíonn Ervia feidhm láraithe cisteáin. Is é an Bord atá freagrach as gníomhaíocht an chiste agus a fheidhmíocht, agus comhlíonann sé a chuid freagrachta trí athbhreithniú rialta.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar oiriúnacht a pholasaí ciste agus a éifeachtaí atá córas na rialuithe inmheánacha.

Comhlíonann Ervia ceanglais an Aire Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992 agus faoi Shonraíocht an Aire Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní oibrítear feidhm chisteáin Ervia mar ionad brabúis agus déantar bainistíocht ar sheasaimh bhrabúis ar bhealach drogallach roimh rioscaí. Tá fáth gnó bailí taobh thiar de gach idirbheart ciste agus tá dianchosc ar sheasaimh amhantracha. Tá tuilleadh sonraí faoi bheartais Ervia i leith polasaithe bainistíochta riosca airgeadais rialachais ciste, leagtha amach sna ráitis airgeadais nóta 26.

PRÓIFÍL AIBÍOCHT FIACHAIS LÍONRAÍ GÁIS ÉIREANN €'m




UISCE
EANN : IRISH
ATER

# Uisce Éireann–Athbhreithniú Oibriúcháin

Le seal ama caite agam i ról an Bhainisteora Ghinearálta, tá sé mar phribhléid agam glacadh le cúram an Stiúrthóra Bainistíochta Ghníomhaigh ar Uisce Éireann tar éis do Jerry Grant dul ar scor i Meán Fómhair 2018. Tá go leor dúshlán roimh Uisce Éireann ach leanann an dul chun cinn maith ar aghaidh faoi chreat ár bplean gnó, agus muid ag déileáil le roinnt deacrachtaí ar leith i rith na bliana ag an am céanna. Cuimhneofar ar 2018 as na himeachtaí aimsire diana a bhí ann go rialta agus an brú a chuir siad ar ár soláthairtí uisce go háirithe. I ndiaidh stoirmeacha diana agus aimsir fhuar i mí Feabhra, bhí na dálaí triomaigh is measa ónar tosaíodh taifid i rith mhíonna an tsamhraidh. In aineoinn na drochaimsire sin lean foireann Uisce Éireann agus Údarás Áitiúil ag cur soláthair uisce ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí ar fud na tíre. Tá deisiú agus uasghrádú seirbhísí uisce agus fuíolluisce na tíre fós mar phríomhchúram againn. Leanfaimid linn ag cur ár gcinntí infheistíochta a chur chun tosaigh chun an tairbhe is mó a sheachadadh do phobail agus do ghnólachtaí, fad a dhéantar an timpeallacht a chosaint. Le foilsiú Ráiteas Polasaithe Seirbhísí 2018-2025 ón Rialtas i mBealtaine, agus ansin ár bPlean Maoinithe Straitéiseach, tá treochlár polasaithe soiléir againn don todhchaí.



**Eamon Gallen,**
*An Stiúrthóir Feidhmiúcháin Gníomhach, Uisce Éireann*

## Dul Chun Cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha

"

*... ag soláthar 1.7 billiún lítear uisce cóireáilte le hól do 1.6 milliún teaghlach agus beagnach 172,000 gnó gach lá.*

### Cáilíocht

Tá Uisce Éireann fós tiomanta ar ár straitéis caipitil agus bonneagair uaillmhianach a sholáthar chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce nua-aimseartha, éifeachtach agus iontaofa a sholáthar. Leanamar leis an bhfeidhmíocht láidir, ag bainistiú infheistíocht iomlán de €683 m in 2018. Tá aschur inláimhsithe ón gceart infheistíochta seo le feiceáil ar fud na tíre.

### Cáilíocht Uisce

Oibrímid 790 ionad cóireála uisce, cuid acu a thógann uisce ó fhoinsí bheaga atá i mbaol éilithe agus leochaileach ar thionchair athraithe aeráide. Níl cáilíocht an uisce i gcuid de scéimeanna uisce phoiblí na hÉireann ag comhlíonadh caighdeáin sainordaitheacha na hEorpa maidir le huisce le hól, agus meastar go bhfuil riosca cliste ag baint le cuid mhaith díobh i dtéarmaí pharaiméadair cáilíochta. Thionscain an Coimisiún Eorpach imeachtaí foirmiúla um shárú i gcoinne na hÉireann mar gheall ar neamhchomhlíonadh líomhnaithe teorainneacha paraiméadracha tríhalaimeatán (THM) le linn mhí Iúil 2018. D'oibríomar i gcomhpháirt leis an Roinn ar an bhfreagra a tugadh i R3 2018 agus táimid ag leanúint de thacú leis an Roinn, de réir mar is gá.

Tugaimid tús áite do na soláthairtí sin a bhfuil feabhsuithe suntasacha de dhíth orthu chun an riosca cliste a laghdú go leibhéil inghlactha. Laghdaíodh líon na scéimeanna uisce phoiblí ar Liosta Gníomhartha Ceartaitheacha na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil go 32 le linn 2018, ó bhunlíne de 121 in 2015. Le linn na bliana, baineadh 166,000 duine den Liosta Gníomhartha Ceartaitheacha.

Leanamar ag déanamh monatóireachta ar gach soláthar uisce poiblí le hól ar fud na tíre agus á dtuairisciú le linn na bliana, agus thógamar os cionn 8,800 sampla rialúcháin arb ionann iad agus 186,500 tástáil aonair. Foilseofar torthaí na samplála sin ar shuíomh gréasáin Uisce Éireann, rud a chiallaíonn go mbeidh teaghlaigh agus gnólachtaí in ann na tortaí a bhaineann lena solárhat uisce féin a fheiceáil. Leanamar dár gcláir oibre náisiúnta a chur i bhfeidhm agus san áireamh leo tá glanadh agus athchóiriú taiscumar, monatóiriú teiliméadrachta i gcomhair paraiméadar criticiúil oibriúcháin, athchóiriú scagairí agus cláir sábháilteachta. Faoinár gClár Náisiúnta Dífhabhtaithe, rinneadh



*Táimid ag forbairt Plean maidir le Foinsí Náisiúnta Uisce a leagfaidh amach, don chéad uair, faoi chonas atáimid chun an soláthar agus an t-éileamh d'uisce óil a choinniú go gearr-, meán- agus fadtéarmach le tionchar íosta ar an timpeallacht.*

measúnú ar 693 suíomh go dtí seo, as 819 príomhshuíomh cóireála uisce ar an iomlán, agus rinneadh oibreacha uasgrádaithe ar 80 suíomh, a rachaidh chun tairbhe do nach mór 240,000 duine.

Críochnaíodh obair ar dheich ionad coireála uisce in 2018 lena n-áirítear Loch Coiteáin, i gCiarraí a bhuaigh Tionscadal Innealtóireachta na Bliana ó Innealtóirí na hÉireann.

Rinneamar teagmháil dhíreach in 2018 le gach úsáideoir ar scéimeanna a bhí ar Liosta Gníomhartha Ceartaitheacha na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, le roinnt eisceachtaí a aontaíodh. D'eisíomar níos mó ná 165,000 litir le linn mhí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna chuig teaghlaigh agus gnólachtaí i 16 gcontae, ar 55 scéim soláthair uisce éagsúil, atá ag freastal ar 366,000 duine ar an iomlán. Leanfar leis an gcleachtas nua seo maidir le haon scéim a chuirfear leis an Liosta Gníomhartha Ceartaitheacha amach anseo.

Tá fás ag teacht ar thuiscint an phobail ar fhírinne athléimneachta soláthair uisce i mBaile Átha Cliath agus na ceantair máguaird. Tá Plean Acmhainní Uisce Náisiúnta á fhorbairt againn, a leagfaidh amach, don chéad uair, conas atá sé ar intinn againn cothromaíocht an éilimh soláthair maidir le soláthairtí uisce óil a choimeád go gearrthéarmach, go meántéarmach agus go fadtéarmach, anuas ar an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú. Foilseofar an dréachtphlean go luath le linn 2019. Beimid ag iarraidh ar an ngnáthphobail agus ar pháirtithe leasmhara a bheith páirteach sa phlean trí chomhairliúchán poiblí.

Táimid ag cur i gcrích tionscadal uisce óil a bhfuil tábhacht straitéiseach náisiúnta acu. Tá na tionscadail il-bhliantúil seo á bhforbairt faoi réir riachtanas casta timpeallachta, soláthair agus pleanála, reachaíochta agus rialacháin.

### Scéim Soláthair Uisce Fheartraí

Táimid ag déanamh infheisíocht shuntasach chun a chinntiú go bhfuil soláthar uisce sábháilte agus inbhuanaithe ag níos mó ná 200,000 duine i dTuaisceart Chill Mhantáin agus i nDeisceart Bhaile Átha Cliath. Áirítear sa scéim seo uasghrádú a dhéanamh ar ionaid coireála uisce Fheartraí, píblíne nua 4km a chur isteach ó Fheartraí go Collchoill agus 40km de phríomhlínte trunca a sheolann uisce go taiscumar stórais clúdaithe nua i Stigh Lorgan, Contae Bhaile Átha Cliath a chur isteach freisin. Tiocfaidh an t-uasghrádú seo in áit na scéime bunaidh a d'fhorbair Bardas Átha Cliath sna 1860idí. Rinneadh an phíblíne ó Fheartraí go Collchoill a choimisiúniú i Nollaig 2018 agus thosaigh an obair thógála ar uasghrádú Ionaid Coireála Uisce Fheartraí i nDeireadh Fómhair 2018.

Tá trí thaiscumar uisce oscailte le haghaidh uisce óil cóireáilte a stóráil ar an suíomh atá ann cheana féin i Stigh Lorcan. Seo é ceann de na suíomhanna deireanacha den chineál sin san Eoraip. Tosaíodh ar thaiscumar clúdaithe nua a thógáil le linn mhí na Samhna 2018.

### Tionscadal Soláthair Uisce – Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

Chun soláthar uisce náisiúnta inbhuanaithe diansheasmhach a sholáthar, is gá foinse nua soláthair do réigiún an Oirthir agus Lár Tíre a aithint. Cuirfidh sé sin 330 milliún lítear uisce sa bhreis ar fáil in aghaidh an lae faoi 2050. Níl an cumas ná an diansheasmhacht ag na foinsí soláthair uisce agus an bonneagar atá ann cheana féin don réigiún sin na riachtanais a chomhlíonadh ná ní féidir dul i ngleic leo trí sceitheadh a dheisiú amháin. Is ionann an tionscadal sin agus an chéad mórsholáthar cuimsitheach ar bhonneagar 'foinse nua' le níos mó ná 60 bliain.

Ghlac níos mó ná 1,000 geallsealbhóir páirt sa chéim comhairliúcháin is déanaí faoin scéim is dealrathaí agus faoin tuairisc scóipe measúnaithe timpeallachta a bhí ar siúl ar feadh ceithre seachtaine déag ón 8 Samhain 2016 go dtí an 14 Feabhra 2017. Sa Tuairisc ar Aighneachtaí Comhairliúcháin tugtar sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin agus leagtar amach achoimre den aiseolas a fuarthas ón

## Uisce Éireann – Athbhreithniú Oibriúcháin (ar lean)

gceathrú comhairliúchán, agus an freagra a thug an fhoireann tionscadail ar an aiseolas sin. Lean rannpháirtíocht le geallsealbhóirí an tionscadail ar aghaidh i rith 2018 agus tá tuilleadh rannpháirtíochta beartaithe don chéad bhliain seo chugainn. Tá sé ar intinn againn an Tuairisc faoi Nuashonrú an Tionscadail Soláthair Uisce a fhoilsiú sula gcuirfimid iarratas isteach ar phleanáil in 2019.

### Cáilíocht Fuíolluisce

Tá Uisce Éireann freagrach as seribhísí uisce a sholáthar agus a fhorbairt, lena n-áirítear fuíolluisce a bhailiú, a chóireáil agus a sceitheadh. Oibrímid 1,105 ionad cóireála uisce; 2,089 stáisiún caidéalúcháin fuíolluisce; 25,000km líonra séarachais salach/comhcheangailte agus 2,000 forsceitheadh uisce stoirme go náisiúnta.

Tagann ár n-infheistíocht i gcóireáil agus líonraí fuíolluisce leis na gealltanais a rinneadh i bPlean Bainistíocht Abhantraí na hÉireann (2018-2021) chun cáilíocht an uisce a fheabhsú. Áirítear leis na gealltanais sin infheistíocht beartaithe chun comhlíonadh na Treorach ar Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus na Rialachán um Scaradh Fuíolluisce (Údarú) a mhéadú. In 2018:

- Rinneadh uasghrádú ag 11 shuíomh ar fud na hÉireann atá ag freastal ar choibhéis daonra de 354,800, áit a raibh fuíolluisce neamhchóireáilte á sceitheadh sna huiscí áitiúla, agus anois tá cóireáil fuíolluisce phoiblí oiriúnach ann.
- Leagadh 74km de shéaraigh phoiblí agus rinneadh suirbhé ar 149km de shéaraigh phoiblí.

Leanamar de bheith ag obair ar roinnt mórthionscadal fuíolluisce, lena n-áirítear:



#### Tionscadal Draenála Phríomhphíobáin Chuan Íochtair Chorcaí

Tá laghdú 50% tagtha ar mhéid an chamrais neamhchóireáilte a scaoiltear isteach i gCuan Íochtair Chorcaí cheana féin mar gheall gur coimsiúnaíodh ionad cóireála fuíolluisce nua ag Seanbhaile in 2017 le freastal ar choibhéis de 65,000 duine agus mar gheall ar an deisiú agus an leathnú atá á dhéanamh ar an líonra séarachais i Rinn an Scidigh, Bun an Tábhairne, Carraig Uí Leighin, Seanbhaile agus An Chúil Mhor. Tá sé d'aidhm againn go mbeidh an cuan saor ó chamras faoi dheireadh 2021.

Beidh oibreacha tógála ar ghné an líonra ó dheas críochnaithe in 2019 agus cuirfear tús leis na hoibreacha ar thrasbhealach an inbhir idir An Cóbh agus Bhaile an Mhanaigh freisin. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha ar líonra an Chóibh i lár 2019.

#### Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Táimid ag forbairt saoráid réigiúnach choireála fuíolluisce nua agus ag forbairt an bhonneagair a bhaineann léi chun freastail ar dhaonra Bhaile Átha Cliath, Chill Dara agus na Mí. Cuireadh an t-iarratas pleanála isteach i Meitheamh 2018. Molann sé saoráid réigiúnach chóireála fuíolluisce nua a thógail i gCluain Seach i gContae Bhaile Átha Cliath mar aon leis an mbonneagar a bhaineann léi chun freastail ar dhaonra Bhaile Átha Cliath, Chill Dara agus na Mí. Tá sé réamh-mheasta go bhfuil méid an fhuíolluisce ginte i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath chun méadú os cionn 50% sa tréimhse go 2050. Tá an tionscadal seo ina phríomhchuid dár infheistíocht sa bhonneagar fuíolluisce le haghaidh Mhórceantar Bhaile Átha Cliath agus éascóidh sé an fás seo, mar aon le sláinte phoiblí agus an timpeallacht a chosaint.

#### Uasghrádú Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne

Ceapadh Ionad Coireála Fuíolluisce na Rinne chun coireáil a dhéanamh ar fhuíolluisce le haghaidh coibhéis de 1.6 milliún duine ach tá sé ag freastal ar níos mó ná sin faoi láthair, ar choibhéis de 1.9 milliún duine. Tá Uisce Éireann ag tabhairt faoi thionscadal chun an ionad cóireála fuíolluisce a mhéadú le freastal ar an éileamh méadaithe sin agus le bheith cinnte go gcomhlíonann an t-uisce cóireáilte arna scaoileadh isteach in inbhir íochtair na Life na caighdeáin atá éilithe.

Lorgaíomar cead pleanála i mí an Mheithimh 2018 maidir leis na hoibreacha atá de dhíth chun úsáid ardteicneolaíochta cóireála um laghnú cothaitheach ag an ionad a éascú. Ligfidh an teicneolaíocht sin, darb ainm Sloda

Gráinneach Aeróbach, do sceitheadh fuíolluisce cóireáilte fanacht san áit ina bhfuil sé faoi láthair, rud a sháróidh an riachtanais don tollán sceithe farraige fhada a ceadaíodh roimhe sin. Lorg an iarratas a cuireadh isteach i mí an Mheithimh cead le haghaidh na saoráidí coireála sloda ag an ionad a uasghrádú agus le haghaidh saoráid stórála bithsholaid réigiúnach sa Bhaile Nua i mBaile Átha Cliath freisin.

## Caomhnú

Tá sceitheadh mar cheann de na deacrachtaí is mó dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara. Bhí sé seo soiléir go háirithe tar éis Stoirm Emma i mí Feabhra nuair a chúisigh an leá méadú tobann i bpléascadh piobán sa líonra uisce soláthair poiblí. Cé go bhfuil an ráta sceite doghlactha go fóill, is ceist chasta í le réiteach. Tá €0.6 bn á infheistiú againn go 2024 chun sceitheadh breise de 171 milliún lítear eile in aghaidh an lae a laghdú.

Leanamar leis na hoibreacha faoin gClár Laghdaithe Sceite, a lainseáladh in 2017, le linn 2018. Deisíodh níos mó na 48,000 sceitheadh go dtí seo agus tá ár Scéim 'First Fix Free' fós i bhfeidhm do shealbhóirí tí. Rinneamar na rudaí seo a leanas i mbliana freisin:

- Cuireadh i bhfeidhm Córas Bainistíochta Sceite go náisiúnta a dhéanfaidh monatóireacht agus tuairisciú a chaighdeánú.
- Cuireadh níos mó ball foirne amach ar an láthair chun sceitheadh 'a Aimsiú agus a Dheisiú'.
- Críochnaíodh breis is 39,000 imscrúdú sceite agus rinneadh 22,500 deisiúchán sceite.
- Leagadh 416km de phríomhphíobáin uisce.

Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí laghdaithe sceite sin, laghdaíodh toirt an uisce óil a cailleadh le linn 2018 faoi nach mór 73.8 milliún lítear in aghaidh an lae(18 milliún lítear in aghaidh an lae den ligean custaiméara agus 55.8 milliún lítear in aghaidh an lae den ligean poiblí). Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta againn, beidh dúshlán ag baint le laghdú sceite fós agus líonraí atá sean, casta agus faoi róbhrú á dheisiú againn. Agus formhór na sceite faoin talamh, chun sceitheadh a dheisiún, tá orainn rochtain a fháil ar phíobaí atá faoi naisc seirbhísí eile (e.g. gás, leictreachas, teileachumarsáide) i limistéir thógtha. Bíonn gá le mionphleanáil cúramach i gcomhar le fóntais agus soláthraithe seirbhíse eile mar gheall air sin.

> *Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí laghdaithe ligin uisce seo le linn 2018, laghdaíodh líon uisce óil a chailleadh faoi nach mór 73.8 milliún lítear in aghaidh an lae (18 milliún lítear in aghaidh an lae den ligean custaiméara agus 55.8 milliún lítear in aghaidh an lae den ligean poiblí).*

## Ullmhú don Todhchaí

### Ag Tacú le Forbairt Eacnamaíoch agus Spásúil

Tá muid ag infheistiú i réimse clár a dhéanfaidh an geilleagar seasmhach don todhchaí agus a thabharfaidh tacaíocht d'fhás ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. I rith na bliana bhíomar ag obair le hÚdaráis Áitiúla chun tacú lena bpleananna réigiúnacha agus áitiúla, agus le gníomhaireachtaí eile chun todhchaí na seirbhísí agus an bhonneagair uisce a phleanáil. Leagtar amach sa Phlean Maoinithe Straitéiseach 2019-2024 na socruithe a bhfuil beartaithe ag Uisce Éireann a chur i bhfeidhm agus conas a dhéanfar an dul chun cinn a thomhas idir 2019 agus 2024 chun cuspóirí an Ráitis Bheartais um Sheirbhísí Uisce a chur i bhfeidhm.

Tá Clár Sínidh Líonra á fhorbairt againn ina dtabharfaidh Uisce Éireann tacaíocht do na hÚdaráis Áitiúla agus iad ag iarraidh talamh forbartha cónaithe tosaíochta a oscailt.

Áirítear lenár bPlean Infheistíochta Caipitiúla foráil chun gur féidir le hUisce Éireann staidéir a dhéanamh agus dearaidh coincheapa a fhorbairt maidir le tionscadail atreisithe le haghaidh líonraí áitiúla i gceantair tábhachtacha forabartha. Cabhróidh sé seo le cinntiú gur féidir le hUisce Éireann freagra tapa éifeachtach a thabhairt chun tacú le forbairt tithíochta sna ceantair is mó ina bhfuil gá leis.

## Uisce Éireann – Athbhreithniú Oibriúcháin (ar lean)



“

*Mhol ár bhfeachtas náisiúnta caomhnaithe uisce ar an teilifís, sna nuachtáin, ar an raidió agus sna meáin shóisialta do theaghlaigh agus do ghnólachtaí bearta breise caomhnaithe uisce a dhéanamh.*

## Cumas agus Athléimneacht

Cuireadh Foireann Bainistithe Géarchéime Uisce Éireann i bhfeidhm ar feadh tréimhsí fada leanúnacha le linn 2018 chun roinnt imeachtaí aimsire náisiúnta a bhainistiú go réamhghníomhach, lena n-áirítear Stoirm Emma agus an triomach a tharla sa samhradh, agus teagmhais eile a chuir isteach ar an líonra. D'oibrigh Uisce Éireann go dlúth agus go comhoibríoch leis na hÚdaráis Áitiúla, an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí do Dhrochaimsir, Ranna Rialtais, Met Éireann, agus comhpháirithe agus gníomhaireachtaí eile i rith na dteagmhas sin. I rith na dteagmhas, chuir Uisce Éireann béim ar an ról lárnach atá ag caomhnú i mbainistíocht éifeachtúil uisce mar fhoinse luachmhar.

### Triomach

I rith an tsamhraidh bhí an triomach is measa in Éirinn ónar tosaíodh taifid a choinneáil. Ag uasphointe an triomaigh bhí 20 ionad coireálá uisce ag léibhéal triomaigh éigeadála agus bhí 135 ionad breise i mbaol. Don chéad uair riamh, cuireadh amach Orduithe Caomhnaithe Uisce (ar a dtugtar “hosepipe bans”) go húsáideoirí soláthairtí poiblí uisce, i dtús báire ar bhonn áitiúil ar an 1 Iúil agus ansin ar bhonn náisiúnta ón 4 Iúil. Mar thoradh ar na dálaí leathnaithe tirime, bhí ídiú ar sholáthairtí uisce talún agus dromchla nach bhfacthas riamh.

Mar fhreagra don triomaigh cuireadh ar fáil soláthairtí malartacha uisce trí uisce a thabhairt i dtancaier chuig na taiscumair ídithe; aistríodh tionscadail agus cláir leanúnacha; neartaíodh gníomhachtaí aimsithe agus deisithe sceite; agus aithníodh agus tósaíodh foinsí uisce eile amhail poill tóraíochta. Mhol ár bhfeachtas náisiúnta caomhnaithe uisce ar an teilifís, sna nuachtáin, ar an raidió agus sna meáin shóisialta do theaghlaigh agus do ghnólachtaí bearta breise caomhnaithe uisce a dhéanamh. D'oibríomar chomh maith le custaiméirí agus éarnálacha áirithe chun comhairle agus tacaíocht ar leith a chur ar fáil.

### Teagmhasacht agus Pleanáil ar Aghaidh

Leanaimid dár bpróisis pleanála teagmhais a bheachtú chun níos mó feabhas a chur ar ár bhfreagra ar imeachta géarchéime. Déanaimid tástáil rialta ar ár bhfreagraí, lena n-áirítear ár bprótacail cumarsáide.

## Cumas a Fhorbairt

### Sábháilteacht

Táimid ag cur chun cinn go gníomhach ár gcultúr Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile go hinmhéanach agus trasna na hearnála. Bhí go leor ceardlann sábháilteachta agus comhdháil againn lenár gcomhghleacaithe Údaráis Áitiúla agus don tslabhra soláthair níos leithne. In 2018 thug Uisce Éireann urraíocht don tSeachtain um Shábháilteacht Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir lenár bhfeidhmíocht shábháilteachta féach ar leathanach 59.

## Díriú ar Chustaiméirí

Táimid tiomanta ar chur chuige ar an gcleachtadh is fearr ar sheirbhís agus ar oibriúcháin custaiméara, agus táimid dírithe ar ár rannpháirtíocht le custaiméirí a fheabhsú. In 2018 freagraíodh 381,803 glao ó chustaiméirí, eisíodh 69,153 ordú oibre agus rinneadh 15,714 glao amach chuig custaiméirí ar chlár custaiméara leochailigh Uisce Éireann. Táimid de shíor ag beachtú ár gcainéil seirbhíse chun rochtain níos fusa ar fhaisnéis agus seirbhísí a thabhairt do chustaiméirí, agus leathnaigh ár mbealaí teagmhála amach chun Facebook agus úsáid mhéadaithe teachtaireachtaí téacs SMS a chur san áireamh.

Leanamar ag plé le réimse leathan páirtithe leasmhara sheachtracha le linn 2018 chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse. Áirítear leis sin nuashonruithe seirbhíse uisce a chur ar fáil d'ionadaithe tofa thar ceann a gcuid toghthóirí agus eolas cothrom le dáta a leithdháileadh ar ghrúpaí pobail agus meáin áitiúla.

## Ag Athrú an Tionscal ó bhonn

Cuimsíonn *Ráiteas Polasaí um Sheirbhísí Uisce 2018-2025* an bunphrionsabal go mbeidh *"údarás seirbhísí náisiúnta uisce amháin atá faoi úinéireacht an phobail"*. Bunaithe ar an bprionsabal seo, fanfaidh an córas uisce poiblí faoi úinéireacht phoiblí le seirbhísí uisce poiblí á sheachadadh ag údarás poiblí seirbhísí uisce amháin atá éifeachtúil, rialaithe, agus freagrach don Oireachtas.

Ligfidh an Fóntas Poiblí Singil dúinn, nuair a bheidh sé curtha i bhfeidhm ina iomlána, oibríochtaí agus próisis a chaighdeánú, chun mórthairbhí feidhmíochta a bhaint amach. Táimid tiomanta de leanúint ag obair leis na páirtithe uile i mbealach oscailte cuiditheach chun an toradh is fearr do chustaiméirí a bhaint amach in 2019.

## Seirbhísí Uisce a Mhaoiniú

Chuir Uisce Éireann fáilte roimh cheadú an Rialtais dá Phlean Maoinithe Straitéiseach 2019–2024 i Samhain 2018. I ndiaidh seo, chuireamar ár n-aighneacht faoi Rialú Ioncaim don tréimhse 2020 – 2024 chuig an gCoimisiún um Rialáil Fóntas agus beidh comhairliúchán poiblí ar an aighneacht seo go luath in 2019 sula ndéanfar cinneadh deiridh.

Sa tréimhse idir 2014 agus 2018, tá éifeachtúlachtaí oibriúcháin carntha de €142 m bainte amach ag Uisce Éireann. Baineadh na héifeachtúlachtaí costais sin amach trí bhainistíocht soláthair, an tslabhra soláthair agus fuinnimh.

### Polasaí Luchtaithe Cónasctha

D'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fóntas a chinneadh deireanach i Nollaig 2018 maidir le muirir nasctha náisiúnta amháin le haghaidh seirbhísí uisce agus raon oibre caighdeánaithe do gach nasc. Beidh an polasaí nua i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2019. Go dtí seo, bhí 57 córas muirir ag na 31 Údarás Áitiúla fud na tíre le modhanna éagsúla acu chun na muirir nasctha a ríomh, lena n-áirítear struchtúir agus léibhéil sheirbhís do chustaméirí éagsúla. Déanann polasaí náisiúnta Uisce Éireann na muirir a shimpliú agus a shoiléiriú trí na modhanna seo a leanas:

- Caighdeán Taillí Cónasctha a leagan amach do thromlach na gcustaiméirí cónascadh.
- A chinntiú go bhfuil an táille i leith cónaisc bunaithe ar riachtanas seirbhíse agus ní ar achar urláir forbartha na réadmhaoine.
- Seirbhís um chónasc ó cheann ceann a sholáthar do chustaiméirí ar bhealach comhsheasmhach, sábháilte agus cuimsitheach.

### Soláthar

Is é an sprioc atá againn ná na réitigh soláthair is éifeachtaí ó thaobh an chostais de a bhaint amach chun na tairbhí dár gcuid custaiméirí a uasmhéadú. Déanaimid é sin trí phróisis fhoinsithe stráitéiseach iomaíocha a fhorbairt, caidrimh éifeachtach a thógáil lenár bpríomhsholáthraithe agus an slabhra soláthair a bharfheabhsú.




Gas
Networks
Ireland

# Líonraí Gáis Éireann – Athbhreithniú Oibriúcháin

Bhí feidhmíocht láidir airgeadais againn in 2018 ag coinneáil ár n-ardrátaí grádaithe infheistíochta le rátáil fhadtéarmach chreidmheasa A le Standard & Poor's agus A3 le Moody's Investor Services. Le sábháilteacht chun tosaigh againn maidir lenár socmhainní agus oibriúcháin, d'infheistíomar €143 m i mbonneagar líonraí gáis agus teileachumarsáide agus díríomar ar fhás a chur chun cinn agus naisc nua a mhéadú.

Agus muid ag dul i dtreo todhchaí fuinnimh ísealcharbóin, tá obair ullmhúcháin á déanamh againn ar ár líonra. Chríochnaíomar tástáil inghlacthachta suímh maidir leis an gcéad saoráid instealltа gáis in-athnuaite sa Chois, Contae Chill Dara, agus choimisiúnaíomar an chéad stáisiún in Éirinn le haghaidh Gáis Nádúrtha Comhbhrúite atá inrochtana ag an bpobal. Mar aitheantas dár gcleachtais fhreagracha agus inbhuanaithe ghnó, bhaineamar an Marc do Ghnóthas atá ag Obair go Freagrach den tríú huaire.

Trínár ngnó teileachumarsáide, Aurora Telecom, d'fhógraíomar pleananna chun nascacht dhigiteach na hÉireann a fheabhsú agus chuireamar tús leis an gcéim dheiridh don dara nasc snáthoptaice Bhaile Átha Cliath Chorcaí.



**Denis O'Sullivan**
*Stiúrthóir Feidhmiúcháin,*
*Líonraí Gáis Éireann*

## Forbhreathnú

Is le Líonraí Gáis Éireann an líonra gáis nádúrtha in Éirinn agus feidhmíonn sé an líonra. Is croílár ár gcuid oibre é gás nádúrtha a iompar ar bhealach sábháilte iontaofa agus seirbhís atá ar fheabhas agus cost-éifeachtúil i gcónaí a chur ar fáil, chun go mbainfidh ár gcustaiméirí go léir leas as. Faoi láthair baineann 700,000 teach agus gnó ar fud 21 contae úsáid as soláthar sábháilte éifeachtúil agus slán de ghás nádúrtha gach lá.

Tá 14,390 km de phíblíne gháis inár líonra gáis den chéad scoth, dhá idirnascaire fomhuirí san áireamh. In 2018, leanamar d'infheistíocht a dhéanamh chun an líonra a shíneadh chomh fada le Lios Tuathail i gContae Chiarraí, Baile Loch Garman agus an suíomh nua Center Parcs i gContae an Longfoirt.

Mar fhoinse fuinnimh, tá tábhacht straitéiseach ag an ngás nádúrtha d'Éirinn.  Is spreagadh tábhachtach maidir le cruthú post agus fás geilleagrach é an gás nádúrtha, a bhfuil sciar 30% de phríomh-mheascán fuinnimh na hÉireann aige. Gintear thart ar 52% dár leictreachas trí ghás nádúrtha a úsáid. Athraíonn an figiúr sin i rith na bliana agus de réir an tséasúir. I Meitheamh agus Iúil, chonaiceamar an t-éileamh is mó riamh ar ghás nádúrtha le haghaidh giniúint fuinnimh. Le linn na tréimhse sin, ba é an gás nádúrtha an fhoinse le haghaidh 90% de sholáthar leictreachais na tíre, mar níor sholáthair giniúint in-athnuaite ach 14% de, ar an meán, mar gheall ar an aimsir the. D'éirigh go maith leis an líonra gáis le linn Stoirm Emma go luath i Márta 2018 chomh maith, agus níor cuireadh isteach ar an tseirbhís dár gcustaiméirí ar chor ar bith.

Creidimid go bhfuil ról tábhachtach le himirt ag gás nádúrtha maidir le cuidiú le hÉirinn a spriocanna timpeallachta a bhaint amach. Is príomhthosaíocht dár ngnó é aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Táimid tiomanta do nuálaíocht i bhfuinneamh agus do phríomhpháirt a ghlacadh i dtodhchaí fuinnimh na hÉireann a dhícharbónú.

In 2018, choimisiúnaíomar an chéad stáisiún sa tír atá oscailte don phobal i gCalafort Bhaile Átha Cliath.  Thugamar faoi phlean uaillmhianach chun dramhaíl talmhaíochta agus bhia a thiontú ina foinse fuinnimh atá neodrach ó thaobh carbóin de, is é sin gás in-athnuaite.

Trínár ngnó teileachumarsáide, Aurora Telecom, gheallamar go méadóimid nascacht idirnáisiúnta agus cumas digiteach na hÉireann, agus d'fhógraíomar go gcuirfimid tús leis na hoibreacha ar an gcéim dheiridh don dara nasc snáthoptaice Bhaile Átha Cliath Chorcaí.  Cuirfidh an chuid sin den líonra, a fhreastalóidh ar Chorcaigh, Port Láirge, Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Cill Dara, deiseanna ar fáil le poist nua réigiúnacha a chruthú de bharr infheistíocht Éireannach agus idirnáisiúnta.

### Timpeallacht Oibriúcháin

In 2018, ba ionann toirt iomlán an gháis a iompraíodh tríd an líonra gáis d'Éirinn, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann agus thart ar 74.4TWh (a cuireadh ar fáil tríd an Idirnascaire Moffat agus trí gháscheantair na Coiribe agus Chionn tSáile), arb ionann é sin agus méadú 0.8% i gcomparáid le 2017. Seachadadh 78% den ghás sin go Poblacht na hÉireann fad is a seachadadh an 22% eile go hOileán Mhanann agus Tuaisceart Éireann lena úsáid.

Le linn na bliana, sholáthar gáscheantar na Coiribe 56% de riachtanais gháis Phoblacht na hÉireann, iompórtáladh 39% ón Ríocht Aontaithe agus tháinig an chuid eile den ghás ó gháscheantair Chionn tSáile.

### Rialúcháin agus Táillí

Lean an tAontas Eorpach le margadh aonair inmheánach fuinnimh a fhorbairt in 2018, agus tá tuilleadh staidéar pleanáilte in 2019 a dhéanfaidh eolas don phacáiste nua gáis a bhfuiltear ag súil leis go soláthrófar é in 2020. Tá an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis (2017/1938) á chur i bhfeidhm, agus tá Líonraí Gáis Éireann ag obair i gcomhar leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar an bplean ó thaobh na hÉireann de.

D'athbhunaigh an Coimisiún um Rialáil Fóntais an Grúpa Idirchaidrimh um Tharaif Líonra in 2018 le comhairle a fháil maidir le Cód Líonra an AE a chur i bhfeidhm i dtaca le struchtúir chomhchuibhithe do tharaifí tarchuir do ghás (2017/460).

I gcomhréir le Cód Líonra an AE maidir le Cothromú Gáis de Líonraí Tarchuir (2014/312), thosaigh Líonraí Gáis Éireann ag trádáil ar an Ardán Trádála Gáis de chuid Energy Broking Ireland i Meitheamh 2018 chun an gás atá de dhíth orainn leis an líonra a chothromú go fisiciúil (is é sin chun an brú a choinneáil laistigh de réimsí oibriúcháin) a fháil.

> *Is príomhthosaíocht dár ngnó é aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Táimid tiomanta do nuálaíocht i bhfuinneamh agus do phríomhpháirt a ghlacadh i dtodhchaí fuinnimh na hÉireann a dhícharbónú.*

Thugamar Tairseach Sonraí Trédhearcachta nua atá inrochtana ag an bpobal isteach chomh maith. Cuireann an tairseach an t-eolas is déanaí maidir le faisnéis thábhachtach chórais ar fáil d'earnáil na tionsclaíochta gach uair, lá agus mí.

D'fhorbair Líonraí Gáis Éireann socruithe margaidh le haghaidh gás nádúrtha a thabhairt isteach sa líonra den chéad uair, agus tá scéim um Theastas Gáis Ghlais á cur i bhfeidhm againn chomh maith lena chinntiú gur féidir gás in-athnuaite a dheimhniú agus a chur san áireamh i dtaca le spriocanna na hÉireann maidir leis an athrú aeráide.

### Breatimeacht

I rith na bliana 2018, lean Líonraí Gáis Éireann de bheith i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir in Éirinn, an Ríocht Aontaithe agus an Bhruiséil i dtaca leis an tionchar a d'fhéadfadh an Breatimeacht a bheith aige, oibreoirí píblíne eile i dTuaisceart Éireann, an Ríocht Aontaithe, an Bheilg agus an Ísiltír san áireamh. Díríodh go príomha i rith na bliana 2018 ar a chinntiú go rabhamar ullmhaithe do Bhreatimeacht 'gan socrú' agus go raibh na socruithe riachtanacha ar fad i bhfeidhm.

### Aistriú i measc Custaiméirí

Mar oibreoir den líonra gáis, déanaimid éascaíocht ar an bpróiseas trína n-aistríonn custaiméirí gáis ó sholáthraí amháin go soláthraí eile. In 2018, bhí naoi soláthraí iomaíochta gníomhach sa mhargadh. Le linn na tréimhse ó Eanáir 2018 go Nollaig 2018, d'athraigh os cionn 137,000 custaiméir gáis a soláthraí, an líon is airde riamh laistigh de thréimhse 12 mhí. Ó d'oscail an margadh gáis don iomaíocht in 2004, tugadh faoi os cionn 1 milliún aistriú soláthraí gáis in Éirinn.

## GNI (UK) Ltd



Is í fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid Líonraí Gáis Éireann, GNI (UK) Ltd, a ritheann agus ar leis í na píblínte ardbhrú a théann ó Moffat, in Albain, go hÉirinn agus go hOileán Mhanann, trí phíblínte fomhuirí a chuireann gás ar fáil do Phoblacht na hÉireann, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann.

Chomh maith leis sin, ritheann sí agus is léi dhá phíblíne i dTuaisceart Éireann, an píblíne Theas Thuaidh a théann ó Bhaile Mhic Gormáin, Contae na Mí, go Contae Aontroma agus an phíblíne Thuaidh Thiar a théann ó Charraig Fhearghais go cumhachtstáisiún Chúil Caorach.

Coimisiúnaíodh an nascadh de stráice 50 km de Chóras ar Tír Iardheisceart na hAlban ó Cluden go Brighouse Bay go déanach in 2018. Feabhsófar solúbthacht oibríochta líonra gáis na hÉireann nuair a chuirfear an tionscadal sin i gcrích, agus cuirfear feabhas ar shlándáil an tsoláthair chomh maith.

Is iad an Coimisiún um Rialáil Fóntais i gcás líonra Phoblacht na hÉireann agus an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann agus Ofgem, sa Ríocht Aontaithe, a rialaíonn GNI (UK) Ltd.

## Aurora Telecom




Le linn 2018, thosaigh Aurora Telecom ag obair ar an stráice dá líonra náisiúnta snáthoptaice ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath. Tá an stráice le cur i gcrích i R3 2019, agus freastalóidh an stráice nua 302 km den líonra ar Chorcaigh, Port Láirge, Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Cill Dara.

Nuair atá sé críochnaithe, beidh líonra náisiúnta snáithín fáinne an-ardtoillte atá os cionn 1,100 km ar fad ag Aurora Telecom. Nascfaidh sé a líonra an-mhór, Líonra Achar Cathrach Bhaile Átha Cliath, le lár na tíre, an tIarthar, an Deisceart agus an tOirthear. Ar an dóigh sin, cuirfear acmhainn atá seasmhach i leith na todhchaí ar fáil chun riachtanais fhadtéarmacha leathanbhanda na mbailte agus cathracha ar an mbealach sin a chomhlíonadh. Is dul chun cinn an-mhór é sin maidir le nascacht na hÉireann. Beidh deiseanna nua gnó ar fáil agus neartófar stádas na hÉireann mar mhórmhol idirnáisiúnta teicneolaíochta agus ionad le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach dá bharr.

Freastalaíonn Aurora Telecom ar riachtanais nascachta de roinnt de na cuideachtaí is mó teicneolaíochta ar domhan agus éascaíonn sé nascacht snáithín fomhuirí trasatlantach. Bhí feidhmíocht láidir airgeadais aige in 2018 nuair a bhí láimhdeachas de €4.7 milliún aige mar gheall ar roinnt tionscadal mór snáithín cosúil lena cheapachán mar phríomhsholáthraí aisiompair do chuideachtaí idirnáisiúnta cáblaí fomhuirí, lárionaid sonraí agus soláthraithe ábhair agus feidhmchlár. Tá éileamh láidir margaidh mar bhonn ag an rath sin, lena n-áirítear an fás ar líon na n-infheistíochtaí lárionad sonraí a rinneadh in Éirinn agus an t-éileamh ar nascacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ó sheirbhísí dian ar shonraí cosúil le néalríomhaireacht, stóráil agus sonraí móibíleacha.

I gcomhar le Líonraí Gáis Éireann, chumasaigh Aurora Telecom réiteach snáithín agus gáis d'Oibreoirí Lárionaid Sonraí. Éascaíonn cóngaracht Aurora Telecom do shaoráidí líonra gáis soláthar slán fuinnimh. Is spreagadh tábhachtach é sin, chomh maith le nascacht snáithín ardtoillte, ó thaobh lárionaid sonraí a lonnú.

# Dul chun Cinn de réir Cuspóirí Straitéiseacha in 2018

## Shocraigh roinnt príomhchuspóirí straitéiseacha an fócas gnó againn don bhliain 2018.

### Feabhas Oibriúcháin a Bhaint Amach

**Sábháilteacht**

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta do na caighdeáin sábháilteachta is airde ar fad agus le linn 2018, leanamar orainn ag bainistiú ghnéithe uile na n-oibriúchán ar bhealach sábháilte agus freagrach ó thaobh na timpeallachta de. Cinntíonn ár gCórais um Bainistíocht Sábháilteachta, Caighdeáin, Fuinnimh agus Sócmhainní, atá deimhnithe go neamhspleách ag ISO 45001, ISO 14001, ISO 9001, ISO 50001 agus ISO 55001, go ndéantar ár ngníomhaíochtaí a bhainistiú de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr ar fad. In 2018, bhíomar ar cheann de na chéad chuideachtaí in Éirinn a fuair deimhniú ag an gcaighdeán nua ISO 45001 i dtaca le bainistíocht sláinte ceirde agus sábháilteachta.

Cuirimid seirbhís práinnfhreagartha den chéad scoth ar fáil. In 2018, d'fhreagraíomar ar 16,883 sceitheadh gáis a thuairiscigh an pobal. Ba é 32 nóiméad an meánam freagartha agus comhlíonadh an spriocaga freagartha d'uair amháin 99.3% den am.

Chomh maith leis sin, lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag cur ardú feasachta poiblí chun cinn trí réimse feachtas, lena n-áirítear Seirbhís Éigeandála Gáis, Dial-Before-You-Dig, Baint do Mhéadair, Úsáid Suiteálaí Cláraithe Gáis agus Aonocsaíd Charbóin.

**Oibriúcháin**

Chlúdaigh ár gcaiteachas caipitiúil de €143 milliún cláir leanúnacha le cur le sábháilteacht agus le hiontaofacht an líonra in 2018.

I Meán Fómhair 2018, athdheimhníodh an Córas Bainistíochta Sócmhainní de chuid Líonraí Gáis Éireann ag ISO55001. Dearbhaíonn an deimhniú sin atá aitheanta go hidirnáisiúnta go bhfuil córas den chéad scoth ag Líonraí Gáis Éireann le haghaidh na gníomhaíochtaí cuí caipitiúla agus cothabhála ar an líonra a aithint, agus cuireann sé sin ar ár gcumas na cinntí sin a bharrfheabhsú chun leasa fhadtéarmaigh an líonra agus na gcustaiméirí gáis.

Anuas air sin, rinneamar thart ar 38,000 ordú oibre cothabhála pleanáilte a sholáthar ar fud na líonraí tarchurtha agus dáilte in 2018.

**Príomhthionscadail 2018 a chuireadh i gcrích:**

- Príomhphíblíne friothálach 40 km ar fad a thabharfaidh gás nádúrtha go Kerry Ingredients agus go Lios Tuathail.
- Príomhphíblíne friothálach 28 km ar fad a thabharfaidh gás nádúrtha go Center Parcs agus Baile Uí Mhatháin, Contae an Longfoirt.
- Oibreacha caipitiúla sna stáisiúin chomhbhrúiteora ag Brighouse Bay agus Beattock in Albain chun na córais fuaraithe gáis agus iontógáil aeir a athchóiriú.
- Tionscadal mór il-fóntais i mBaile Loch Garman chun bonneagar gáis agus uisce a uasghrádú.
- Tionscadal nasctha píblíne 50 km ar fad in Albain.
- Saoráid Gáis Nádúrtha Comhbhrúite a thógáil i gCalafort Bhaile Átha Cliath.

Chuireamar tús freisin le hobair ar an gcéad suíomh insteallta gáis in-athnuaite sa Chois, Contae Chill Dara, agus thacaíomar le seoladh an Oibreora Margaidh Gáis i dTuaisceart Éireann, rud a chuirfidh feabhas ar oibriúcháin tráchtála do gach seoltóir gáis Thuaisceart Éireann.

### Tús Áite a Thabhairt dár gCuid Custaiméirí

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta do sheirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí, agus in 2018 sholáthraíomar seirbhísí den chéad scoth do 700,000 custaiméir baile agus tráchtála. Le linn na tréimhse seo, rinneadh breis agus 83,710 coinne

> *...in 2018, chuireamar seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil do 700,000 custaiméir baile agus tráchtála. Le linn na tréimhse seo, rinneadh breis agus 83,710 coinne custaiméara agus bhí ráta comhlíonta 98.1% ann maidir le sásamh na gcoinní sin.*

Líonraí Gáis Éireann –
Athbhreithniú Oibriúcháin (ar lean)

“

*Tá dul chun cinn á dhéanamh againn ag Líonraí Gáis Éireann maidir lenár bplean chun líonra náisiúnta de 70 stáisiún athbhreoslaithe Gáis Nádúrtha Comhbhrúite, idir phoiblí agus phríobháideach, a bheith againn.*

custaiméara agus bhí ráta comhlíonta 98.1% ann maidir le sásamh na gcoinní sin.

Rinneadh breis agus 2.1 milliún léamh méadair le linn na bliana agus láimhseáil ár nIonad Teagmhála breis agus 500,000 teagmháil ó chustaiméirí. Freisin chomhlíonamar ár spriocanna maidir le scóir sástachta custaiméara ar fud gach gníomhaíochta a ndearnadh suirbhé uirthi.

Tá aitheantas á fháil againn go fóill ónár gcomhpháirtithe, agus ainmníodh muid sna Customer Experience Impact Awards as tionchar ár seirbhís do chustaiméirí i bhFóntais in Éirinn agus don chatagóir freagracht shóisialta chorporáideach sna Customer Contact Association Global Awards. Rinneamar cur i láthair maidir lenár bhfeidhmíocht um sheirbhís do chustaiméirí ag an gComhdháil Dhomhanda Gáis in Washington DC i Meitheamh.

Thacaíomar le custaiméirí a gcuid costas fuinnimh a bhainistiú trí aistriú soláthraí a éascú agus méadair réamhíocaíochta a shuiteáil. Is ionann na méadair sin anois agus 16.6% de líon iomlán méadar cónaithe.  In 2018, d'athraíomar breis agus 27,000 méadar faoinár gclár athsholáthair méadar cónaithe.

## Ár nDaoine

Le linn 2018, lean Líonraí Gáis Éireann de bheith tiomanta do scileanna agus inniúlachtaí foirne a fhorbairt, agus sholáthraíomar roinnt clár nua oiliúna. Chuireamar fáilte roimh 7 bprintíseach nua ar ár gClár Printíseachta, a sheachadtar i gcomhar le SOLAS. Thar thréimhse ceithre bliana, gheobhaidh siad oiliúint faoi threoir meantóirí i bPluiméireacht, Ionstraimíocht Leictreonach agus Uathoibriú Meicniúil agus Oirtheoireacht Chothabhála.

## Feidhmíocht Airgeadais a Chomhlíonadh

Ba ionann brabús roimh cháin agus míreanna eisceachtúla Líonraí Gáis Éireann do 2018 agus €149 milliún. Ba ionann caiteachas caipitiúil agus €143 milliún, arbh ionann é sin agus laghdú €4 milliún i gcomparáid le 2017.

Laghdaíodh an táille rialaithe tarchuir do 2018/2019 faoi 6%, bliain ar bhliain, agus laghdaíodh an táille dáilte faoi 3.7% i gcomparáid le 2017. Lean Líonraí Gáis Éireann de rochtain a bheith aige ar shaoráidí cuí creidmheasa thar thréimhse an rialaithe reatha praghsanna, agus tá saoráid chreidmheasa de €450 milliún aige go dtí 2022.  Fuaireamar cistiú de €100 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta i Nollaig mar chuid den infheistíocht i líonra fuinnimh na tíre. Cuireann an cistiú ar ár gcumas leanúint de líonra gáis na hÉireann a nuachóiriú agus a leathnú, an tionscadal idirnascaire Alban – Éireann a chur i gcrích san áireamh.

## An Todhchaí a Dhéanamh Slán

Leanadh de nasc nua a dhéanamh leis an líonra gáis in 2018 agus rinneadh conradh le 10,727 custaiméir nua tráchtála agus cónaithe. Cuirfidh sé sin 790GWh d'éileamh nua leis an líonra agus áirítear sin lárionad sonraí amháin a ndearnadh conradh dó agus an leathadh amach leanúnach den líonra gáis i Loch Garman agus Lios Tuathail.

Tá dul chun cinn á dhéanamh againn ag Líonraí Gáis Éireann maidir lenár bplean chun líonra náisiúnta de 70 stáisiún athbhreoslaithe Gáis Nádúrtha Comhbhrúite, idir phoiblí agus phríobháideach, a bheith againn. Le linn 2018, choimisiúnaíomar an chéad stáisiún ardtoillte líonta tapa Gáis Nádúrtha Comhbhrúite atá inrochtana ag an bpobal in Éirinn. Tá an stáisiún lonnaithe ag an Stáisiún Peitril Circle K i gCalafort Bhaile Átha Cliath. Tá dhá stáisiún sa chéim réamhthógála agus beartaítear go gcuirfear i gcrích iad in 2019. Tá ceithre stáisiún eile ag an gcéim dheiridh chonartha, chomh maith le suas go dtí 40 feithicil earraí troma ar tacaíodh leo tríd an scéim tacaíochta feithiclí Gáis Nádúrtha Comhbhrúite. Rinneadh Líonraí Gáis Éireann a chur ar ghearrliosta le haghaidh cistiú ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide a fháil ar mhaithe lena thionscadal gáis GRAZE. Soláthróidh an tionscadal sin an chéad saoráid Instealta sa Ghreille Lárnach, atá nasctha ó thaobh an tarchuir de, le haghaidh




*Sheolamar mórfheachtas nua fógraíochta dar teideal 'Progress Naturally' le haird a tharraingt ar conas atá todhchaí níos glaine fuinnimh d'Éirinn á forbairt ag Líonraí Gáis Éireann.*

gás in-athnuaite, oibriúchán lóistíochta maidir le gás in-athnuaite, dhá stáisiún Gáis Nádúrtha Comhbhrúite agus scéim tacaíochta feithiclí.

Le linn na bliana, fuair Líonraí Gáis Éireann ceadú do €11.6 milliún de chistiú AE ó Chiste Iompair na Saoráide um Chónascadh na hEorpa le haghaidh Green Connect. Is tionscadal é sin trína soláthrófar stáisiún Gáis Nádúrtha Comhbhrúite is fiche, 4 aonad mhóibíleacha athbhreoslaithe Gáis Nádúrtha Comhbhrúite, ceithre shaoráid instealltа gáis in-athnuaite agus scéim tacaíochta feithiclí Gáis Nádúrtha Comhbhrúite.

Cuirfear tús le tógáil na chéad saoráide instealltа gáis in-athnuaite in Éirinn sa Chois, Contae Chill Dara in Iúil agus coimisiúnaíodh é i Nollaig 2018. Tá an acmhainn aige le suas go dtí 130GWh de ghás in-athnuaite a instealladh sa ghreille gach bliain ó thart ar cheithre shaoráid díleá anaeróbaigh laistigh de raon 50 km. Ginfear an chéad ghás in-athnuaite ag an tsaoráid Green Generation san Urnaí, Contae Chill Dara. Chuir Líonraí Gáis Éireann tús le saoráid instealltа sa Ghreille Lárnach a dhearadh chomh maith, saoráid a mbeidh lonnaithe i gceantar Bhaile Mhistéala agus beidh an acmhainn aici le níos mó ná 560GWh a instealladh in aghaidh na bliana ó thart ar 20 saoráid Díleá Anaeróbaigh bunaithe ar fheirm laistigh de raon 50 km. Thar an gcéad chúig bliana eile, tá sé i gceist ag Líonraí Gáis Éireann ocht bpointe instealltа a thógáil a mbeidh comhacmhainn bhliantúil de 3,000Wh acu.

Le linn na bliana, leanamar de ghás nádúrtha a mholadh agus aird a tharraingt ar an ról criticiúil atá ag gás nádúrtha i mbeartas fuinnimh na hÉireann faoi láthair agus amach anseo. Thacaigh comhpháirtíochtaí leis na meáin náisiúnta lenár straitéis fáis, cosúil le hurraíocht de The Restaurant ar TV3 agus urraíochtaí raidió eile, agus áirítear leis freisin eispéireas feabhsaithe digiteach do chustaiméirí ar mian leo ceangal le gás nádúrtha. Sheolamar mórfheachtas nua fógraíochta dar teideal 'Progress Naturally' ag deireadh na bliana le haird a tharraingt ar conas atá todhchaí níos glaine fuinnimh á forbairt ag Líonraí Gáis Éireann, trí mheán gás nádúrtha agus nuálaíocht fuinnimh cosúil le gás in-athnuaite.

## Ag infheistiú i mBonneagar Straitéiseach

### Tionscadal Nasctha Gáis, Albain

Le linn 2018, chuireamar tógáil an dara Idirnascaire Gáis ó Albain go hÉirinn i gcrích, agus ar an mbealach sin sholáthraíomar an chuid eile den phíblíne gáis 50 km ó Brighouse Bay go Cluden in Albain. Is Tionscadal Eorpach Leasa Choitinn é agus is tionscadal tábhachtach é sin do gheilleagar na hÉireann. Neartóidh sé slándáil an tsoláthair fuinnimh ar fud na hÉireann, agus éascóidh sé freisin iompar soláthair bhreise gháis ó Beattock, in iardheisceart na hAlban, go Baile Mhic Gormáin i gContae na Mí.

Coimisiúnaíodh an phíblíne, a rithfear agus coinneofar de réir na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta is airde sábháilteachta, go déanach in 2018.

### Tionscadal Feabhsúcháin Oibreacha Gáis Luimnigh

- Leanadh den iarláthair oibreacha gáis ag Bóthar na nDuganna i Luimneach a fheabhsú le linn 2018. Leanadh de tharra guail a bhaint den iarláthair oibreacha gáis ag Bóthar na nDuganna i Luimneach le linn 2018. Ní hamháin go mbainfidh an comhshaol áitiúil leas as an tionscadal comhshaoil sin ach bainfidh an pobal i Luimneach i gcoitinne leas as chomh maith. Cuireadh tús le hoibreacha chun clúdach a chur ar an gcuid eile den talamh sa chéad ráithe de 2019.

# Freagracht Chorparáideach

Ag Ervia creidimid go bhfuil Freagracht Chorparáideach (FC) ina cuid ríthábhachtach dár modh oibre gnó. Tacaíonn ár ngníomhaíochtaí CR lenár dtiomantas le sláinte agus cáilíocht saoil mhuintir na hÉireann a fheabhsú, ár dtimpeallacht a chosaint agus forbairt eacnamaíochta agus sóisialta a chumasú.

Dírímid ár ngníomhaíochtaí CR ar na pobail a bhfreastalaímid orthu, ar ár margadh, ar ár láthair oibre agus ar an gcomhshaol a bhfuilimid ag dréim lena chosaint.

## Sa Phobal

Le linn 2018, tá comhpháirtíocht náisiúnta oibre deonaí á soláthar ag ár gclár Ervia in Action, agus tá tionscnamh bronnta deontais do phobail ar fud na hÉireann mar chuid de. Tríd an gclár sin, thacaíomar leis na pobail sin ar fud na tíre a fhorbairt agus a fheabhsú.

In 2018, den tríú huair as a chéile, bhain Líonraí Gáis Éireann athdheimhniú ó Ghnó sa Phobal in Éirinn amach maidir leis an Marc do Ghnóthas atá ag Obair go Freagrach, ar aon dul le ISO26000. Is é an Marc an t-aon chaighdeán Freagrachta Corparáidí atá iniúchta go neamhspleách, deimhníonn an Marc cleachtais fhreagracha agus inbhuanaithe ghnó, agus tá sé aitheanta ar fud an domhain. Tá Líonraí Gáis Éireann ar cheann de na 33 cuideachta in Éirinn a bhfuil an Marc sin aige.

Is bunchuid de straitéis Freagrachta Corparáidí Líonraí Gáis Éireann é ábhair STEM a chur chun cinn, chomh maith le staidéar eolaíochta, ag an dara leibhéal. Sheolamar clár STEM náisiúnta nua do bhunscoileanna in 2018, darb ainm Energize, agus ghlac os cionn 5,000 dalta rang 6 páirt ar fud na tíre. Clúdaíonn Energize cúig mhodúl ar bhunphrionsabail na heolaíochta, ó fheasacht ar fhuinneamh in-athnuaite go sábháilteacht aonocsaíd charbóin.




Anuas air sin, lean Líonra Gáis Éireann de thacaíocht a thabhairt do roinnt tionscnamh náisiúnta pobail, lena n-áirítear litearthacht a chur chun cinn leis an gclár 'Time to Read' i mbunscoileanna; infhostaitheacht a chur chun cinn le Scileanna don Obair i meánscoileanna; agus scileanna saoil a chur chun cinn tríd an Tionscadal Ceannaireachta Óige trasteorann le Co-operation Ireland a urrú. Chaith fostaithe de chuid Líonraí Gáis Éireann breis agus 1,265 uair an chloig ag déanamh obair dheonach, agus baineadh amach 45,000 uair tionchair ar dhaltaí dá bharr.

Le linn 2018 lean Uisce Éireann de chomhpháirtíochtaí agus cláir phobail a chistiú. Cuireann na cláir sin iompar dearfach chun cinn i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le huisce agus uisce fuíll i dtithe agus gnóthaí, agus ardaíonn siad feasacht ar cheisteanna a bhaineann le huisce agus na tairbhí a bhaineann le hathruithe simplí dearfacha a dhéanamh.

Lean Uisce Éireann ar aghaidh leis an tionscnamh Cóstaí Glana a sholáthar i gcomhar leis an Taisce. Áirítear leis sin 'Think Before You Flush' (Ná Sruthlaigh gan Smaoineamh) agus 'Think Before You Pour' (Ná Doirt gan Smaoineamh). Is é an aidhm ná feasacht phoiblí ar thionchar saille, ola agus gréisce, chomh maith le bruscair a bhaineann le camras cosúil le ceirtíní, baitíní cadáis agus táirgí sláintíochta, ar ár gcóras uisce fuíll a ardú. Cuireann na feachtais sin comhairle ar fáil freisin maidir le conas na míreanna sin a chur de láimh chun líonraí uisce fuíll agus an timpeallacht mhuirí a chosaint.

## Sa Mhargadh

Chuamar i gcomhpháirt le clár oideachais agus gradam na Scoileanna Glasa chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn freisin. Díríonn an Téama Uisce ar fheasacht a ardú maidir le chaomhnú uisce agus conas an achmainn tábhachtach sin a bhainistiú ar scoil agus sa bhaile. Spreagann sé scoileanna agus daltaí le scrúdú a dhéanamh ar an mbealach a úsáideann siad uisce, agus cuireann sé smaointí, gníomhartha agus freagraí praiticiúla ar fáil chun leibhéil ídithe a laghdú agus inbhuanaitheacht a mhéadú.

Reáchtáladh fiche fóram dáltaí il-scoileanna timpeall na tíre gach bliain ó thosaigh Uisce Éireann ag déanamh urraíocht ar chlár an Scoileanna Glasa. Cuireann na fóraim scoileanna ar a gcumas plé a dhéanamh lena chéile agus a gcuid eolas agus taithí le Téama Uisce de chuid na Scoileanna Glasa a roinnt.

Sa bhliain acadúil 2017/2018, ghlac 131,140 dalta in 533 scoil agus 10,471 múinteoir páirt sa Téama Uisce de chlár na Scoileanna Glasa. Bronnadh 141 Bratach Glas le haghaidh uisce agus shábháil na scoileanna rannpháirteacha 389 milliún lítear d'uisce.

Ó bhí mí na Samhna 2018 ann, tá Uisce Éireann ina pháirtí i gclár oideachais píolóteach nua in Ionchathrach Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil cuid mhaith d'fhoireann Uisce Éireann agus a gcuid oifigí lonnaithe. Cuimsíonn an tsamhail oideachais sé bliana, ar a dtugtar P-TECH (Pathways in Technology), modúil tríú leibhéal agus taithí áiteanna oibre in éineacht le scolaíocht dara leibhéal, agus é mar aidhm aici daltaí a chumasú cáilíocht tríú leibhéal agus na scileanna atá riachtanach chun dul isteach sa lucht saothair a bhaint amach. Seo é an chéad chlár dá leithéid in Éirinn agus tugann sé an deis d'Uisce Éireann tacu lenár bpobail áitiúla trí fhoghlaim struchtúrtha san áit oibre, meantóireacht, cuairteanna ar shuíomhanna oibre, cainteoirí, laethanta tionscadail agus intéirneachtaí bunaithe ar scileanna agus íoctha.

Ag Ervia táimid tiomanta do shástacht custaiméirí a chinntiú. Tá seirbhís do chustaiméirí ar cheann de na cúig croíluach atá againn mar chuideachta, agus mar sin oibrímid go dian le cumarsáid ar fheabhas a chur ar fáil. Tacaíonn ár gclár Tús Áite don Chustaiméir ('Customer First') le seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm aige seirbhís iontach a aithint agus a sholáthar taobh istigh de agus taobh amuigh den chuideachta. Mar chuid de, leagtar béim ach go háirithe ar:

- Seirbhís sheasmhach a chur ar fáil.
- A rogha bealach cumarsáide a chur ar fáil do chustaiméirí.
- An beart a dhéanamh i gceart an chéad uair.
- A bheith réamhghníomhach.
- Feabhas leanúnach a dhéanamh.

In 2018, chuir Líonraí Gáis Éireann tús le leathadh amach sraith treoirphrionsabal d'fhonn tacú le fostaithe i gcúnamh a thabhairt don chur chuige Tús Áite don Chustaiméir. Rinneadh é sin chun cur leis an gClár Meantóireachta Eispéiris Custaiméara, a bhfuil sé mar aidhm aige tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais custaiméirí agus feabhas leanúnach a dhéanamh trí chomhoibriú lenár gcomhpháirtithe, cosúil le hÚdaráis Áitiúla agus Registered Gas Installers of Ireland (an eagraíocht a chláraíonn suiteálaithe gáis).


Tá fócas, in Uisce Éireann, ar cháilíocht thaithí an chustaiméara a fheabhsú de shíor trí chumarsáid leanúnach. D'athraíomar an chaoi a théimid i dteagmháil le custaiméirí maidir le cáilíoht uisce óil in 2018. Chuireamar tús le teagmháil dhíreach le gach úsáideoir ar scéimeanna a bhí ar Liosta Gníomhartha Ceartaitheacha na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, le roinnt eisceachtaí a aontaíodh. Rinneadh an t-athrú seo chun tacú leis an Ráiteas Poalasaí um Sheirbhísí Uisce 2018-2025, a éilíonn plé níos fearr le húsáideoirí soláthairtí uisce poiblí, agus níos mó trédhearcachta dóibh.

Tá Uisce Éireann ag obair ar roinnt clár éifeachtachta agus éifeachtúlachta chun seirbhísí barr feabhais a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Táimid dírithe ar cháilíocht soláthair, ár bhfreagrúlacht agus ar an taithí a bhíonn ag custaiméirí nuair a dhéanann siad teagmháil linn a fheabhsú.


Táimid tiomanta do thrédhearcacht a mhéadú maidir le soláthar seirbhísí uisce phoiblí. Leanfaimid ag obair de réir ár riachtanais reachtúla, lena n-áirítear comhairliúcháin phleanála agus phoiblí, rialuithe praghsanna rialáilte, riachtanais chistithe agus pleananna agus straitéisí gnó. Taobh amuigh de sin, déanaimid teagmháil le agus téimid i gcomhairle le réimse leathan grúpaí sainleasa pobail, comhshaoil agus gnó, agus lena gcuid ionadaithe tofa, ar bhonn réamhghníomhach. Leanfaimid orainn le teagmháil dhá bhealach réamhghníomhach a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ar fad agus muid ag iarraidh a bheith chun tosaigh in Éirinn maidir le soláthar bonneagair agus seirbhísí.

Freagracht Chorparáideach
(ar lean.)


## MEÁNFHAD TRÉIMHSE SEIRBHÍSE – BLIANTA




## INSCNE – FOSTAITHE




## OILIÚINT CRÍOCHNAITHE – LAETHANTA



# San Ionad Oibre

Ag Ervia is é an mhian uileghabhálach atá againn ná go measfaidh na daoine a oibríonn inár gcuideachta gur áit iontach í seo le bheith ag obair inti, agus go mbaineann siad tairbhe agus saibhreas as teacht chun na hoibre gach lá. Déanann ár gcúig chroíluach de chomhoibriú, ionracas, seirbhís do chustaiméirí, sábháilteacht agus feidhmíocht eolas dár modhanna oibre, téann siad i bhfeidhm ar ár modhanna oibre, agus tá siad an-tábhachtach ó thaobh cultúr ár gcuideachta a chumasú.

Mar eagraíocht, táimid tiomanta do chluas éisteachta a thabhairt dár ndaoine i slite éagsúla. Áirítear leis seo suirbhéanna ar phlé, teagmháil a dhéanamh lenár ndaoine i ngrúpaí fócais ar ár mianta cultúir agus clár cumarsáide ceannaireachta dhá bhealach. Trí leanúint de bheith ag éisteacht agus aghaidh a thabhairt ar na gnéithe atá tábhachtach dár ndaoine, is féidir linn céimeanna an-dearfacha ar fad a thógáil chun ár gcultúr a mhúnlú, an chaoi a thugaimid faoi rudaí agus a thacaímid lenár ndaoine a fheabhsú agus, thar aon rud eile, chun a chinntiú gur áit den chéadscoth le hobair é Ervia.

Tá sé d'aidhm againn timpeallacht a chruthú ina gceapfaidh ár ndaoine go léir go bhfuil a ról sásúil, go pearsanta agus go gairmiúil. Seo sampla de roinnt de na tionscnaimh a bhaineann le fostaithe a chuireamar i bhfeidhm le bliain anuas:

- Oiliúnú Feidhmíochta agus Tionscnamh Aiseolais: Tá príomhthionscnaimh forbartha againn chun tacú lenár mbainisteoirí ar fud ár eagraíochta chun a chinntiú go bhfuil feidhmíocht fhiúntach agus ar ardchaighdeán ag tarlú le haghaidh ár ndaoine mar aon le comhráite gairme.
- Ceannaireacht Infheicthe: Tá muid dírithe ar shraith chuimsitheach de chláir chumarsáide inmheánacha a chur i bhfeidhm, ar nós Seónna Ceannaireachta ar Camchuairt agus tionscnaimh oscailte, chun a chinntiú go mbraitheann ár bhfoirne go léir mór le ceannaireacht agus cuspóir na heagraíochta.
- Folláine Fostaithe: Tá sé mar aidhm againn, mar eagraíocht, áit oibre shábháilte agus shláintiúil a chur ar fáil agus tá tacaíocht tugtha don uaillmhian seo trí chláir ar leith i réimsí na athléimneachta gairme, feasacht mheabhairshláinte agus tionscnaimh mhaireachtála fholláin.
- Obair Sofhreagrúil: Táimid tiomanta áit oibre a chur ar fáil a ligeann dár ndaoine go léir a saol gairmiúil a chothromú lena ngealltanais phearsanta thábhachtacha chun a chinntiú gur féidir cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach. Tá obair sofhreagrúil tugtha iseach againn in 2018 a dtabharfaidh solúbthacht bhreise dár bhfoirne maidir le ham oibre agus nó le suíomh oibre.

Mar eagraíocht, cuirtear de chúram orainn gach lá seirbhísí riachtanacha a sholáthar do mhuintir na hÉireann agus ní bhimid in ann é sin a dhéanamh ach amháin mar gheall ar ár ndaoine. Leanfaimid de bheith ag éisteacht leis na smointe iontacha atá ag ár ndaoine. Tógfaimid ar an obair a rinneadh cheanna féin le linn 2018 le cinntiú go mothaíonn ár ndaoine gur taithí sásúil atá ann a bheith rannpháirteach le Ervia, ní hamháin gur mó againn a rannpháirtíocht.


## Sábháilteacht

Ag Ervia, cuirimid an tsábháilteacht ag croílár ár gcuid oibre. Tharla 4 Dhíobháil Ama Caillte (DAC) d'fostaithe in 2018. Bhain déine íseal leis na heachtraí agus ó tharlaíonn 1,761 fhostaí a bheith ann, is ionann é seo agus feidhmiúchán iontach sábháilteachta. Ach bímid i gcónaí ag déanamh sáriarracht chun nach dtarlódh gortú ar bith. Ba ionann an Ráta Díobhála Ama Caillte* (RDAC) agus 0.19 agus ba ionann an ráta intuarascála agus 0.15. Leanann ár gclár Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile feabhsúcháin intomhaiste a sholáthar maidir lenár bhfeidhmíocht sábháilteachta, ár gcumarsáid, ceannaireacht agus cultúr.


In 2018 bhí feabhas le feiceáil i dtaca lenár dtáscairí réamhghníomhacha sábháilteachta, cosúil leis an líon tuarascálacha guaiseacha agus líon na gcomhráite sábháilteachta a bhí ar siúl i measc na ceannaireachta.

Bhí 103 DAC i measc conraitheoirí in 2018, i gcomparáid le 113 in 2017. Le linn 2018 lean Ervia de bheith ag obair go dlúth lenár slabhra soláthair le feabhas leanúnach a chur ar fheidhmíocht sábháilteachta agus obair i dtreo na sprice nach dtarlódh gortú ar bith. Beidh sé seo ar cheann de na príomhghnéithe a ndíreoidh Ervia orthu amach anseo.


DAC




DACanna Conraitheoirí




DACanna Fostaí




* Líon eachtraí in aghaidh gach 100,000 uair an chloig oibre

## Sa Timpeallacht



*Tá straitéis fuinnimh inbhuanaithe á chur i bhfeidhm againn ar fud ár ngnó, ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, chun bainistíocht inbhuanaithe seirbhísí uisce a chinntiú.*

Agus muid inár gcaomhnóirí ar shócmhainní gáis, uisce agus fuíolluisce na hÉireann, tá dualgas orainn an timpeallacht ina n-oibrímid a chosaint agus a bheith aireach ó thaobh ár gcuid gníomhaíochtaí de.

Chomh maith leis sin, creideann Ervia gur féidir linn oibriúcháin fhreagracha agus inbhuanaithe a chur ar fáil ach nasc a dhéanamh lenár soláthraithe agus le páirtithe ár slabhra soláthair, trínár bpróisis um sholáthar agus am bainistiú conarthaí ach go háirithe.

Éilíonn Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh) (I.R. Uimh. 426 de 2014) orainn ráiteas bliantúil a fhoilsiú ag cur síos ar na gníomhaíochtaí atá á dtógáil againn, nó atá tógtha againn, chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus measúnú a dhéanamh ar na coigiltis fuinnimh atá ann de bharr na n-iarrachtaí sin.

### Úsáid Fuinnimh Uisce Éireann

Tá Uisce Éireann freagrach as 21% de chaitheamh fuinnimh na hearnála poiblí agus is é an tomhaltóir is mó leitreachais san earnáil phoiblí go mór fada. Tá níos mó ná 1,000GWh d'fhuinneamh de dhíth gach bliain chun seirbhísí uisceagus fuíolluisce a sholáthar, is ionann sin agus 230,000 tona de dhé-oscaíd charbóin. Maidir le seribhísí fuíolluisce, úsáidtear an chuid is mó d'fhuinneamh le haghaidh caidéailaithe agus aeraithe sna próisis cóireála. Tá caidéalú soláthair uisce freagrach as an gcuid is mó go mór fada den fhuinneamh a úsáidtear. Tá riachtanas fuinnimh suntasach ag sloda a phróiseáil agus a iompar ó shaoráidí coireála uisce agus fuíolluisce freisin. Leanfaidh an méadú éilimh ar ár mbonn fuinnimh i gcomhréir le gníomhaíocht eacnamaíoch, fás daonra agus caighdeáin níos airde atá de dhíth chun an comhshaol a chosaint agus tacú le fás eacnamaíoch. Baineann gach plean, tionscadal agus clár úsáid as caighdeán Dhearadh Tíosach ar Fhuinneamh de chuid Uisce Éireann. Cintíonn sé seo go bhfeabhsaítear éifeachtúlacht fuinnimh seribhísí uisce agus fuíolluisce agus laghdaíonn sé costais saolré iomlána agus astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin.

Is croíthomhas maolaithe dár polasaí um athrú aeráide é feabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh, le cinntiú go bhfuil seirbhísí uiscea agus fuíolluisce diansheamhacht i gcoinne athrú aeráide. Tá straitéis fuinnimh inbhuanaithe á chur i bhfeidhm againn ar fud ár ngnó, ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, chun bainistíocht inbhuanaithe seirbhísí uisce a chinntiú. Is é is aidhm di ná úsáid fuinnimh a dhínascadh ó astaíochtaí trí fheabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh agus trí fhoinsí

fuinnimh a dhícharbónú. Leagann sé amach an bealach a bhfuil fúinn feabhas 33% a bhaint amach inár n-éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2021 in aghaidh 2009 mar bhonnbhliain.

I gcomhar lenár bpáirtithe, tá feabhsú éifeachtúlachta fuinnimh de níos mó ná 22% bainte amach againn go dtí seo, arb ionann é agus coigiltis de níos mó ná 50,000 tona de dhé-oscaíd charbóin nó an méid dé-oscaíde carbóin arna ionsú le linn na bliana ag beagnach 5 milliún crainn.

Ar na bearta a tógadh in 2018 chun éifeachtúlachtaí fuinnimh fadtéarmacha a bhaint amach bhí:

- Tá tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh á gcur chun cinn ar fud ár n-oibríochtaí, ina measc tá caidéalúchán, aerú, fuinneamh inathnuaite, soilsiú agus téamh.
- Táimid tiomanta do thionscnamh straitéiseach nua le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun éifeachtúlacht fuinnimh a neadú inár n-oibríochtaí.
- Táimid ar aon intinn maidir lenár spriocanna nua don straitéis fuinnimh inbhuanaithe thar roinnt mhaith sraitheanna, lena n-áirítear tionscadail fuinnimh, tionscadail nua, nuáil agus fuinneamh in-athnuaite.
- An Dearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh a dhaingniú níos faide ar aghaidh chun a chinntiú go mbeidh ardleibhéal feidhmíochta fuinnimh agus úsáid fuinnimh éifeachtach i gceist.

Ar na príomhaidhmeanna atá pleanáilte do 2019 tá:

- Cur chuige bainistíochta sócmhainní a neadú maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.
- Ár straitéis fuinnimh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm.
- Dícharbónú a dhéanamh ar ár dtomhaltas fuinnimh.
- Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú trí uasghrádú agus athchur a dhéanamh ar phróisis agus ionaid atá neamhéifeachtúil.
- Ár n-éileamh ar fhuinneamh a laghdú trí sceitheadh a laghdú.
- Scileanna nua a theagasc do fhoireann Dhearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh.
- Leanúint ar aghaidh le neadú Dearaidh Éifeachtúlachta Fuinnimh i ngníomhaíochtaí gnó.

## Úsáid Fuinnimh Líonraí Gáis Éireann

Ar an mbealach céanna, tuigeann Líonraí Gáis Éireann an tionchar atá aige ar an gcomhshaol agus an pobal. Mar chaomhnóirí bhonneagar gáis na hÉireann, tá sé mar aidhm againn ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe agus tairbhe a dhéanamh do chosaint an chomhshaoil.

In 2018, dhíríomar ar na réimsí bithéagsúlacht, an t-athrú aeráide agus bainistíocht dramhaíola. D'aistríomar go dtí an Córas Bainistíochta Comhshaoil ISO14001:2015 choinníomar ár ndeimhniúchán ag an leibhéal Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO50001:2011.

Glacaimid páirt ghníomhach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh, a bhfuil sé mar aidhm aige coigilteas 33% éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh san Earnáil Phoiblí faoi 2020. Cuirimid leis an scéim bhliantúil earnála poiblí um mhonatóireacht agus tuairisciú. Nochtaimid úsáid bhliantúil fuinnimh, chomh maith leis na tionscnaimh bhainteacha a tugadh faoi agus atá pleanáilte d'fhonn feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú a thuilleadh. Bunaithe ar bhonnlíne sa bhliain 2006, táimid tiomanta do leanúint d'fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus tá feabhsú os cionn 42% bainte amach againn ar éifeachtúlacht fuinnimh cheana féin.

In 2018, shíníomar an Mhóid Ísealcharbóin ('Low Carbon Pledge') de chuid Gnó sa Phobal in Éirinn, agus d'aontaíomar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoina leath faoi 2030. Chomh maith leis sin, déanaimid cathaoirleacht ar an nGrúpa um Aistriú chuig Geilleagar Ísealcharbóin, ar a bhfuil ionadaithe ó roinnt de na cuideachtaí a bhfuil an Marc do Ghnóthas atá ag Obair go Freagrach acu. Buaileann an Grúpa le chéile go rialta le gníomh comhoibríoch a aontú le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht na hearnála gnó in Éirinn.

> *In 2018, shíníomar an Mhóid Ísealcharbóin ('Low Carbon Pledge') de chuid Gnó sa Phobal in Éirinn, agus d'aontaíomar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoina leath faoi 2030.*

Déantar achoimre ar úsáid fuinnimh thar shócmhainní Líonraí Gáis Éireann thíos;

| ÚSÁID FUINNIMH – ÚSÁID DHÍREACH (SÓCMHAINNÍ PHOBLACHT NA HÉIREANN AMHÁIN) | 2017 (GWH TFC) | 2018 (GWH TFC) |
|---|---|---|
| Leictreachas | 6.56 | 6.04 |
| Gás Nádúrtha | 1.86 | 1.55 |
| Díosal | 2.13 | 2.39 |
| Peitreal | 0.01 | 0.01 |

*Glacann Líonraí Gáis Éireann páirt ghníomhach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh, a bhfuil sé mar aidhm aige coigilteas 33% éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach san Earnáil Phoiblí faoi 2020.*

In 2018 thug Líonraí Gáis Éireann faoi shraith tionscnamh chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh agus comhshaoil, lena n-áirítear:

- An mhóid charbóin a thabhairt mar chuid den Tionscnamh Gnó sa Phobal.
- Feabhas a chur ar an ngrúpa oibre comhshaoil agus fuinnimh, rud a chumasóidh cur chuige níos comhtháite agus níos straitéisí i leith úsáid fuinnimh agus comhshaoil.
- Aistriú chuig caighdeán an Chórais Bainistíochta Fuinnimh ISO 14001:2015 a bhaint amach agus deimhniúchán ag caighdeán an Chórais Bainistíochta Timpeallachta 50001:2011 a choinneáil.
- Leanúint ar aghaidh leis an gclár athnuachana flít chun barr feabhais a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, trí oiliúint do thiománaithe agus soláthar atá éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh de.
- Leanúint ar aghaidh le húsáid agus leathadh amach náisiúnta feithiclí agus bonneagar gáis nádúrtha chomhbhrúite.
- Athrú iompair ó thaobh fuinneamh a úsáid go héifeachtúil a chur chun cinn agus a spreagadh i measc fostaithe.
- Úsáid a bhaint as an gcéad saoráid instealltа gáis in-athnuaite in Éirinn.
- An Marc do Ghnóthas atá ag Obair go Freagrach a bhaint amach.
- Ár gcéad tuarascáil inbhuanaitheachta a chur le chéile.
- Tacaíocht a thabhairt don Phlean Uile-Éireann um Phailneoirí 2015-2020.
- Clár Feabhsúcháin Bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm trasna ár gcuid sócmhainní.
- Curtha ar ghearrliosta don duais Freagrachta Sóisialta Corparáidí de chuid Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann as ár gClár Bithéagsúlachta.
- Ceardlanna maidir le feasacht bhithéagsúlachta a reáchtáil le fostaithe le tábhacht na bithéagsúlachta a chur chun cinn.
- Comhoibriú le Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ar thionscadail bhithéagsúlachta.

Beartaíonn Líonraí Gáis Éireann tuilleadh feabhais a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil agus fuinnimh in 2019 trí:

- An caighdeán Chórais Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001:2011 agus an deimhniúchán Chóras Bainistíochta Comhshaoil ISO14001:2015 a choinneáil.
- Leanúint de chuspóirí a fhorbairt lenár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú.
- Cuspóirí maidir le hinbhuanaitheacht, an t-athrú aeráide agus bainistíocht dramhaíola a chur chun cinn.
- An grúpa oibre fuinnimh agus comhshaoil a leabú a thuilleadh.
- Tacaíocht a thabhairt don Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus leanúint de thionscnaimh Bhithéagsúlachta i leathadh amach.
- Feithiclí agus bonneagar gáis nádúrtha comhbhrúite a leathadh amach.
- Athrú iompraíochta a chur chun cinn agus a spreagadh i measc fostaithe ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht chomhshaoil de.

# Tuairisc Rialachais

# An Bord in 2018

## Tony Keohane

(Cathaoirleach)



Ceaptha: 5 Iúil 2016

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Luach Saothair, Tionscadal 23

Gairm: Céimí ó INSEAD, saineolaí i bhforbairt straitéiseach gnóthaí agus eagraíochtaí, Iar-Chathaoirleach ECR Ireland agus Iar-Chathaoirleach Tesco Ireland, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ó Fheabhra 2006 go dtí Iúil 2013.

Ceapacháin Seachtracha: Cathaoirleach Repack agus an Malone Group, Bord Phoitigéirí Sam McCauley agus An Bord Bia, comhairleoir straitéiseach ina ghnó comhairleoireachta féin.

## Mike Quinn

(Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa)



Ceaptha: 31 Deireadh Fómhair 2017

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Infheistíocht/Bonneagar, Tionscadal 23

Gairm: Thosaigh sé ag obair le Ervia i mí Dheireadh Fómhair 2017 ag aistriú ó Bhord na Móna, áit a raibh sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Ba sa bhliain 2015 a thosaigh sé ag obair le Bord na Móna, tar éis dó a bheith ina Leas-Uachtarán Grúpa in Precision Castparts (PCC), cuideachta aeraspáis dhomhanda, áit ar stiúir sé grúpa cúig chuideachta a bhí lonnaithe sna Stáit Aontaithe, san India, sa tSín, sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Sular thosaigh sé ag PCC, bhí poist éagsúla ardbhainistíochta ag Mike in Tellabs, Stryker agus Lufthansa Tecknik. Go luath ina ghairm, chaith sé am ag obair i róil innealtóireachta le Amdahl Ireland agus Apple Computers.

## Chris Banks



Ceaptha: 5 Iúil 2016

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Infheistíocht/Bonneagar, Fóntas Poiblí Singil

Gairm: Stiúrthóir Tráchtála le Scottish Water idir 2002 agus 2014 i rith a thréimhse mhúnlaitheach agus aistriú an ghnó chuig úinéireacht earnála poiblí. Bhí freagrachtaí aige as Soláthair lena n-áirítear comhpháirtíochtaí Soláthair Sócmhainní, bainistíocht Fuinnimh, Maoin & Saoráidí, Teicneolaíocht Faisnéise, Flít, gnóthaí Neamhrialáilte in Athnuatáin, Conraitheoireacht agus Sainchomhairleoireacht Idirnáisiúnta, agus Oscailt margaidh d'Iomaíocht Miondíola. Roimhe seo, d'oibrigh sé ag leibhéal bordbhainistíochta agus ardbhainistíochta i dTáirgí Tógála, Mianraí agus tionscnaimh Lastóra.

Ceapacháin Seachtracha: Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus comhairleoir straitéiseach do roinnt comhlachtaí fóntas uisce, comhairleoireachta, seirbhísí agus tacaíochta sa Ríocht Aontaithe.

## Fred Barry



Ceaptha: 5 Iúil 2016

Téarma oifige: 4 bliana

Coistí an Bhoird: Infheistíocht/Bonneagar, Fóntas Poiblí Singil, Tionscadal 23

Gairm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa de chuideachtaí éagsúla Jacobs.

Ceapacháin Seachtracha: Cathaoirleach an Údaráis Náisiúnta Iompair, Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin PM Group, Stiúrthóir Acadamh Innealtóireachta na hÉireann.

## Peter Cross



Ceaptha: 20 Eanáir 2015

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchadh agus Riosca

Gairm: Príomhoifigeach Airgeadais de chuid Eircom, Príomhoifigeach Airgeadais de chuid BT Openreach, Stiúrthóir Grúpa Airgeadais Chorparáidigh de chuid BT Group plc, Iontaobhaí de chuid Scéim Pinsin BT, Cathaoirleach de chuid Choiste Iniúchóireachta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chomh maith le poist éagsúla airgeadais chorparáidigh i Londain le Morgan Stanley agus Barings. Comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ceapacháin Seachtracha: Stiúrthóir Bainistíochta de chuid Trasna Corporate Finance, Comhalta Boird de chuid Cubic Telecom, Comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

## Celine Fitzgerald



Ceaptha: 20 Eanáir 2015

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Fóntas Poiblí Singil, Tionscadal 23

Gairm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin de chuid Rigney Dolphin idir 2007 agus 2012, Bainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí le Vodafone agus Eircell.

Ceapacháin Seachtracha: A gnó comhairleach féin (Integro Consulting), Oifigeach Neamhfheidhmiucháin VHI, Bainisteoir Ginearálta GOAL

## Keith Harris



Ceaptha: 5 Iúil 2016

Téarma oifige: 3 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchóireacht & Measúnú Riosca, Luach Saothair, Tionscadal 23

Gairm: Feidhmeannach Sinsearach agus poist Bhoird in Wessex Water, Ceann Rialála Domhanda in ENRON / AZURIX.

Ceapacháin Seachtracha: Stiúrthóir agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta in South Staffordshire Water, ball den Bhord Comhairleach sa chomhlacht príobháideach cothromais Buckthorn Partners, Comhpháirtí OXERA, úinéir an ghnó chomhairligh Lorraine House, páirtí Tionscail in AIP Asset Management.

## Sean Hogan



Ceaptha: 20 Eanáir 2015


Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchóireacht & Measúnú Riosca, Fóntas Poiblí Singil

Gairm: Cathaoirleach de chuid Uisce Thuaisceart Éireann Teoranta idir Márta 2011 agus Márta 2015.

Ceapacháin Seachtracha: Comhalta den Institiúid Ceannaireachta agus Bainistíochta agus den Institiúid Stiúrthóirí agus ball dá Coiste Gnó agus Comhshaoil.

## Mari Hurley



Ceaptha: Meitheamh 12, 2018 (ceaptha roimhe seo i Meitheamh 11, 2013)


Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchóireacht & Measúnú Riosca, Luach Saothair

Gairm: Príomhoifigeach Airgeadais Hostelworld Group plc, Stiúrthóir Airgeadais Sherry FitzGerald Group, Bear Stearns Bank plc.

Ceapacháin Seachtracha: Ceaptha ar Bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) in Aibreán 2014.

## Finbarr Kennelly



Ceaptha: 12 Nollaig 2017 (agus é ceaptha roimhe sin ar an 11 Nollaig 2012)

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchóireacht & Measúnú Riosca, Luach Saothair

Gairm: Poist shinsearacha leis an Gardiner Group, Rialtóir Airgeadais de chuid Alcatel Business Systems Ireland, Stiúrthóir Airgeadais agus Oibríochtaí Golf Vacations Ireland.

Ceapacháin Seachtracha: Iarchomhalta Boird de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe cpt, Comhairleoir le Plato Ireland.

## Joe O'Flynn



Ceaptha: 10 Iúil 2018 (ceaptha roimhe seo in Eanáir 2015, Samhain 2013 agus Samhain 2008)

Téarma oifige: 3 bliana

Coistí an Bhoird: Tionscadal 23

Gairm: Iar-Ard-Mhéara Chorcaí agus iarchomhairleoir cathrach.

Ceapacháin Seachtracha: Rúnaí ginearálta SIPTU, stiúrthóir 2 chomhlachta atá cleamhnaithe le SIPTU, Cisteoir Chomhdháil na gCeardchumann agus ball dá Chomhairle Feidhmiúcháin, Ball den Bhord Feidhmiúcháin den International Transport Federation.

# Tuarascáil an Bhoird

## Tuairisc an Bhoird maidir le Rialachas

Comhlacht reachtúil is ea Ervia arb ann dó faoi dhlíthe na hÉireann agus ar bunaíodh de bhun an Achta Gáis 1976 (arna leasú).

### Rialáil

Tá Bord Ervia ("an Bord") freagrach don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ("an tAire") as feidhmíocht fhoriomlán an Ghrúpa agus as a chinntiú go bhfuil dea-rialachas i bhfeidhm.

Aithníonn Ervia go bhfuil rialachas maith corparáideach ríthábhachtach chun go n-éireodh leis agus chuige sin, déanaimid athbhreithniú agus uasghrádú leanúnach ar ár mbeartais agus ar ár nósanna imeachta d'fhonn cloí leis na cleachtais is fearr. Déanann an tuarascáil seo cur síos ar conas a chuir Ervia agus a fhochuideachtaí, Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann, na prionsabail i bhfeidhm agus conas a comhlíonadh na forálacha atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"). Tá an Bord sásta gur chloígh Ervia le riachtanais infheidhme an Chóid le linn na bliana atá faoi athbhreithniú.

Mar chomhlacht reachtúil, níl Ervia faoi réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014, ach tá a fhochuideachtaí faoina réir. De réir mar a éilíonn alt 225(2) den Acht sin, ní mór do na Stiúrthóirí de gach fochuideachta glacadh leis go bhfuil siad freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí cuí an Achta. Dhréachtaigh Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann Ráitis um Bheartas Comhlíontachta, agus chuir siad socruithe agus struchtúir i bhfeidhm atá deartha, de réir thuairim na Stiúrthóra i gcás gach ceann acu, chun go ndéanfaidís na hoibleagáidí cuí a chomhlíonadh go hábhartha. Chun sonraí a fháil faoin bpríomhreachtaíocht faoina n-oibríonn Ervia agus a chuid fochuideachtaí agus chun féachaint ar na príomhcháipéisí atá mar bhonn ag struchtúr corparáideach Ervia, féach ar www.ervia.ie.

### Róil agus Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as gníomhaíochtaí Ervia, a chuirtear i bhfeidhm laistigh de chreat rialúcháin stuama agus éifeachtaigh a cheadaíonn measúnacht agus bainistíocht riosca, a threorú agus a stiúradh.

Glacann an Bord na cinntí suntasacha straitéiseacha ar fad, agus coinníonn sé rialú iomlán agus éifeachtach ar ghníomhaíochtaí an Ghrúpa aige, fad a dhéanann sé bainistíocht laethúil a tharmligean chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus a Fhoireann Feidhmiúcháin. Is faoin POF agus faoin bhFoireann Feidhmiúcháin atá sé an treoir straitéiseach a leagann an Bord síos a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag an mBord ar na príomhghníomhaíochtaí, na príomhchinntí agus príomhthorthaí feidhmíochta, chomh maith le aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir Bord agus bainistíocht Ervia.

Chuir an Bord struchtúr rialachais chorparáidigh i bhfeidhm a tharmligeann údarás dá Choistí le tascanna ar leith a chur i gcrích ar a shon ionas gur féidir leis an leibhéal ceart airde agus breithnithe a thabhairt ar na hábhair sin agus ábhair eile. Déantar cur síos níos cuimsithí ar Choistí Boird Ervia ar leathanach 70-71.

Pleanáiltear gníomhaíocht an Bhoird agus a chuid Coistí gach bliain chun déanamh cinnte go ndéantar gnó an Ghrúpa a mhaoirsiú agus a rialú go héifeachtach. Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird sa Chreat Rialachais Ervia, atá ar fáil ag www.ervia.ie. Áirítear leis an gcreat chomh maith ábhair atá coimeádta go sonrach don Bhord le cinneadh a dhéanamh, de réir mar a dhéantar achimre orthu thíos. Ar na míreanna seasta a mheasann an Bord ag gach cruinniú tá:

- Fógra maidir le haon choimhlint leasa.
- Tuarascálacha ó Choistí.
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta.

## Sceideal Foirmeálta Ábhair atá Forchoimeádta do Bhord Ervia

Áirítear leis an Sceideal Foirmiúil Ábhar atá coimeádta don Bhord amháin le haghaidh cinneadh a dhéanamh, de réir mar a leagtar amach sa Chreat Rialachais Ervia, i leith gach eintiteas Grúpa, faomhadh na nithe seo a leanas:

- Beartas sábháilteachta.
- Buiséid bhliantúla.
- Pleananna gnó ilbhlianta.
- Na conarthaí agus caiteachais ar fad a bhfuil a luach os cionn €10 milliún acu.
- Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- Ceapadh/baint iniúchóirí.
- Ábhair chiste.
- Athruithe suntasacha ar scéimeanna pinsin.
- Téarmaí fostaíochta na hardbhainistíochta.
- Cód Iompair Gnó.
- Beartas um Bhainistíocht Riosca Fiontair, Beartas Frith-Chalaoise, Beartas um Nochtadh Cosanta, agus Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta.

## Ábhair a Phléigh an Bord in 2018

| | |
|---|---|
| **Straitéis** | ▸ Treoir straitéiseach Ervia.<br>▸ Plé leanúnach le scairshealbhóir Ervia maidir le ceisteanna straitéiseacha. |
| **Sábháilteacht** | ▸ Méadrachtaí don eagraíocht maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.<br>▸ Nuashonruithe leathbhliantúla sábháilteachta. |
| **Oibriúcháin** | ▸ Tuarascáil Oibriúcháin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin lena n-áirítear Príomhtháscairí Feidhmíochta.<br>▸ Measúnuithe ar infheistíocht chaipitiúil. |
| **Rialachas Corparáideach** | ▸ Meastóireacht an bhoird.<br>▸ Leasuithe ar Théarmaí Tagartha Choiste an Bhoird.<br>▸ Coiste nua Boird a bhunú le maoirseacht a dhéanamh ar scaradh Uisce Éireann ó Ervia le linn 2023.<br>▸ Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.<br>▸ Cosaint Sonraí.<br>▸ Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann a Cheapadh. |
| **Airgeadas** | ▸ Torthaí bliantúla foilsithe.<br>▸ Torhtaí míosúla trádála, lena n-áirítear feidhmiúchán i gcomparáid le buiséid agus réamhaisnéis.<br>▸ Tuarascáil bhliantúil.<br>▸ Réamhaisnéis a dhéanamh arís go ráithiúil.<br>▸ Díbhinní.<br>▸ Maoiniú.<br>▸ Plean Maoinithe Straitéisigh Uisce Éireann. |

## Ráiteas Freagrachtaí Boird don Tuarascáil Bhliantúil agus do Ráitis Airgeadais

Tá an Bord freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú mar aon leis na Ráitis Airgeadais a ghabhann léi, a thugann, de réir an Bhoird, léargas fíorcheat ar staid chúrsaí agus bhrabús Ervia don bhliain. D'ullmhaigh an Bord na Ráitis Airgeadais de réir an dlí is infheidhme de chuid na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais. Coinníonn an Bord cuntas cuí cuntasaíochta de réir na n-oibleagáidí a leagtar síos san Acht Gáis 1976 (arna leasú).


Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht an chórais rialúcháin inmheánaigh lena n-áirítear rialúchán Airgeadais, Oibriúcháin, Comhlíonta agus Bainistíochta Riosca agus as sin a chur in iúl ansin don Aire. Ar deireadh, tá an Bord freagrach as cosaint sócmhainní uile Ervia agus as gníomhú mar is cuí le calaois agus neamhrialtachtaí eile a sheachaint agus a aimsiú.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá an Bord sásta:


- gur roghnaíodh beartais oiriúnacha chuntasaíochta agus gur cuireadh i bhfeidhm go seasta iad;
- go bhfuil breitheanna agus meastacháin a úsáideadh réasúnta agus stuama;
- go bhfuil ullmhúchán na ráiteas airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh oiriúnach;
- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach agus cothrom ar staid airgeadais Ervia an 31 Nollaig 2018 agus don bhliain sin atá díreach thart.

# An Bord in 2018


**INSCNE BOIRD**




**COMHALTAÍ FEIDMHIÚCHÁIN AGUS NEAMHFHEIDHMIÚCHÁIN AN BHOIRD COMHALTAÍ BOIRD**




**TIONÓNTACHT CHOMHALTA NEAMHFHEIDHMIÚCHÁIN AN BHOIRD**




Cuirtear síos ar Chomhaltaí Boird ar 64-65.

Ceapadh Mari Hurley don Bhord arís ar feadh téarma 5 bliana le héifeacht ó 12 Meitheamh 2018.

Ceapadh Joe O'Flynn don Bhord arís ar feadh téarma 3 bliana le héifeacht ó 10 Iúil 2018.

## Comhdhéanamh an Bhoird

Is faoin Aire atá ceist chomhdhéanta an Bhoird.

Déanann an tAire cinntí maidir le comhaltaí Boird a cheapadh agus a athcheapadh ar aon dul leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2014. Téann an Cathaoirleach i dteagmháil leis an Aire roimh cheapacháin ar an mBord maidir le haird a tharraingt ar na scileanna sonracha agus an taithí a theastaíonn ar an mBord.

Tá an meascán scileanna agus taithí agus an cumas riachtanach ag Comhaltaí Boird le tacú le cinnteoireacht éifeachtach. Is é an Cathaoirleach, Tony Keohane, atá i gceannas ar an mBord, agus is eisean atá freagrach as a éifeachtacht maidir le gnéithe uile a róil a chinntiú. Feidhmíonn an tArdstiúrthóir Neamhspleách, Mari Hurley, mar idirghabhálaí do na Comhaltaí Boird nuair is gá agus maidir le ceisteanna a bhfuil coinbhleacht leasa ag an gCathaoirleach leo nó nach bhfuil sé ábalta cinntí a dhéanamh orthu ar chúinsí eile. Is é Rúnaí na Cuideachta atá freagrach as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta an Bhoird agus as comhairle a chur ar an mBord tríd an gCathaoirleach ar cheisteanna rialachais go ginearálta.

## Ionduchtú agus Forbairt Chomhaltaí Nua Boird

Tá clár ionduchtaithe i bhfeidhm le heolas a thabhairt do chomhaltaí nua Boird maidir le hoibriúcháin Ervia. Príomhghnéithe de seo is ea bualadh leis an bhfoireann Feidhmiúcháin agus pacáiste faisnéise a fháil a chuireann síos ar eolas rialachais, airgeadais agus oibríochta.

Tá rochtain ag Comhaltaí Boird ar chláir oiliúna agus déantar athbhreithniú leanúnach ar a riachtanais forbartha.

## Neamhspleáchas

Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird saor ón mbainistíocht, ó thaobh carachtair agus breithiúnais de, agus saor ó chaidrimh nó ó chúinsí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu, nó a d'fhéadfadh go ndealródh sé go bhfuil tionchar acu, ar a mbreithiúnas agus a gcumas chun dul i ngleic le riachtanais an róil. Tugann gach comhalta Boird a bhreithiúnas neamhspleách féin ar cheisteanna straitéise, feidhmiúcháin, acmhainní agus caighdeán iompraíochta. Ní mór do chomhaltaí Boird aon leas nó caidreamh a fhógairt a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách.

## Luach Saothair, Tinreamh agus Costais Comhaltaí Boird

Is é an tAire a shocraíonn na táillí atá iníoctha le comhaltaí Boird. Leagtar sceideal tinrimh ag na cruinnithe Boird agus Coiste do 2018 amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a bhain le gach comhalta.

| COMHALTA BOIRD | LUACH SAOTHAIR (€) | COSTAIS (€) | BORD (I LÁTHAIR/ INCHÁILITHE) | INIÚCHADH AGUS RIOSCA (I LÁTHAIR/ INCHÁILITHE) | LUACH SAOTHAIR (I LÁTHAIR/ INCHÁILITHE) | FÓNTAS POIBLÍ SINGIL (I LÁTHAIR/ INCHÁILITHE) | INFHEISTÍOCHT/ BONNEAGAR (I LÁTHAIR/ INCHÁILITHE) | TIONSCADAL 23 (I LÁTHAIR/ INCHÁILITHE) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mike Quinn (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) | Nóta 1 | Nialas | 13/15 | - | - | - | 9/11 | 2/2 |
| Tony Keohane (Cathaoirleach an Bhoird, Coiste Luacha Saothair agus Tionscadal 23) | 31,500 | 246 | 14/15 | - | 8/8 | - | - | 2/2 |
| Joe O'Flynn | Nóta 2 | Nialas | 5/7 | - | - | - | - | 2/2 |
| Sean Hogan (Cathaoirleach SPU) | 15,750 | 3,423 | 14/15 | 5/5 | - | 4/4 | - | - |
| Peter Cross (Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca) | 15,750 | 218 | 14/15 | 5/5 | - | - | - | - |
| Celine Fitzgerald | 15,750 | 218 | 14/15 | - | - | 3/4 | - | 2/2 |
| Mari Hurley | 15,689 Nóta 3 | Nialas | 14/15 | 5/5 | 8/8 | - | - | - |
| Finbarr Kennelly | 15,750 | 116 | 13/15 | 5/5 | 7/8 | - | - | - |
| Keith Harris | 15,750 | 2,188 | 15/15 | 5/5 | 8/8 | - | - | 1/2 |
| Chris Banks | 15,750 | 624 | 15/15 | - | - | 4/4 | 11/11 | - |
| Fred Barry (Cathaoirleach, Infheistíocht/ Bonneagar) | 15,750 | 218 | 15/15 | - | - | 4/4 | 11/11 | 2/2 |

Nóta 1 – Ní bhfuarthas táille Boird de réir na dTreoirlínte maidir le Conarthaí, Íocaíocht agus Coinníollacha Eile Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Ardbhainistíocht Chomhlachtaí Tráchtála Stáit

Nóta 2 – Tarscaoileadh táille Boird ar bhonn lánroghnach

Nóta 3 – Deireadh le téarma oifige an 10 Meitheamh 2018, athcheaptha an 12 Meitheamh 2018

Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

## Éifeachtacht agus Measúnú an Bhoird agus Coistí

Déanann an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a gCoistí. Baineann an measúnú le feidhmíocht an Bhoird ina iomláine agus ní le feidhmíocht comhaltaí aonair den Bhord.

Is mar seo a leanas na modheolaíochtaí measúnaithe a chuireann an Bord i bhfeidhm chun a éifeachtacht a shocrú:

| | |
|---|---|
| Measúnú Inmheánach | Scaiptear an ceistneoir Féinmheasúnaithe Boird, mar a cuireadh ar fáil sa Chód, ar an mBord.<br>Tugtar ceistneoirí líonta, lena n-áirítear tuairimí maidir le feidhmiúchán agus moltaí maidir le feabhsúchán, díreach don Chathaoirleach;.<br>Déanann an Bord cinneadh foirmiúil maidir lena fheidhmíocht féin, ar fheidhmíocht na gcoistí, lena n-áirítear an Cathaoirleach. Cuireann an Cathaoirleach bearta a comhaontaíodh i bhfeidhm le linn na bliana. |
| Meastóireacht Sheachtrach | D'fhonn forálacha an Chóid a chomhlíonadh, tugtar faoi mheastóireacht sheachtrach feidhmíochta ar an mBord agus a Choistí gach 3 bliana. Éacaíodh meastóireacht sheachtrach in 2018 agus pléifear torthaí an athbhreithnithe le linn 2019. |
| Measúnú Comhalta Neamhfheidhmiúcháin Boird | Déanann comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird measúnú feidhmiúcháin ar an gCathaoirleach, ag cur tuairimí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin san áireamh. Déanann na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird measúnú feidhmiúcháin ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin freisin. |

## Comhdhéanamh Choistí an Bhoird

Tá struchtúr éifeachtach Coiste i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn cabhrú lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh, agus bunaítear "Coistí a bhaineann le feidhmeanna ar leith" breise chun dul i ngleic le ceisteanna a dteastaíonn aird ar leith ón mBord orthu.

Cabhraíonn trí Choiste de chuid an Bhoird le scaoileadh a fhreagrachtaí agus cuireann an Bord freagrachtaí ar leith orthu mar a leagadh amach ina dTéarmaí Tagartha. Anuas air sin, is Coistí a bhaineann le feidhmeanna ar leith iad an Coiste um Fhóntas Poiblí Singil agus an Coiste um Thionscadal 23 a bunaíodh le maoirseacht ar thionscadal áirithe a chur ar fáil, a ndearnadh cur síos orthu thíos.

## Coiste Iniúchta agus Riosca

Cuirtear síos ar a ndearna an Coiste Iniúchta agus Riosca in 2018 i dTuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca ar leathanach 78. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 5 uaire le linn na bliana.

## Coiste Infheistíochta/Bonneagair

Leagtar freagrachtaí an Choiste Infheistíochta/Infreastruchtúir amach ina Théarmaí Tagartha a bhfuil fáil orthu ar www.ervia.ie.

Bhí aon chruinniú déag ag an gCoiste Infheistíochta/Infreastruchtúir i rith na bliana.

**In 2018, rinne an Coiste Infheistíochta/ Infreastruchtúir athbhreithniú ar:**

- Measúnú ar thionscadal caipitil agus ar chur chuige infheistíochta.
- Mórthionscadail agus meastacháin chostais a bhaineann leo.
- Gach moladh caiteachais chaipitiúil a sháraíonn €10 milliún.
- Comhaontuithe um cheangal mór.
- Plean Infheistíochta Caipitiúla Uisce Éireann.
- Próiseas tairiscintí atá le teacht.
- Straitéis um bhainistíocht an tslabhra soláthair.
- Polasaithe agus nósanna imeachta infheistíochta.

## An Coiste Luach Saothair

Leagtar amach freagrachtaí an Choiste Luacha Saothair ina Théarmaí Tagartha a bhfuil fáil orthu ar www.ervia.ie.

Bhí ocht gcruinniú ag an gCoiste Luacha Saothair le linn na bliana.

**I measc phríomhghníomhaíochtaí an Choiste Luacha Saothair in 2018, bhí:**

- Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann a earcú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na foirne Feidhmiúcháin 2017.
- Spriocanna a leagan síos don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann Feidhmiúcháin do 2018.
- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar phlean comharbais con Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Feidhmiúcháin.
- Athbhreithniú ar an tsamhail phá Ervia.

## Coiste um Fhóntas Poiblí Singil (ar tugadh an Coiste um Chreat Oibriúcháin Thionscal an Uisce roimhe seo)

Leagtar amach freagrachtaí an Choiste um Fhóntas Poiblí Singil ina Théarmaí Tagartha a bhfuil fáil orthu ar www.ervia.ie.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste i rith 2018.

### Príomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste um Fhóntas Poiblí Singil fúthu in 2018:

- Athbhreithniú ar shamhail Fóntais Phoiblí Singil.
- Bainistíocht Geallsealbhóirí.
- Athbhreithniú ar an bplean Gnó don Fhóntas Poiblí Singil.

## Coiste um Thionscadal 23

Bhunaigh an Bord an Coiste um Thionscadal 23 i Lúnasa 2018 le maoirseacht a dhéanamh ar scaradh Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia le linn 2023 ionas go mbeidh Uisce Éireann ina fhóntas leithleach rialáilte tráchtála faoi úinéireacht phríobháideach.

Tháinig an Coiste um Thionscadal 23 le chéile dhá uair le linn 2018.

### Príomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste um Thionscadal 23 fúthu in 2018:

- Athbhreithniú ar Dhréachtphlean Scartha.
- Athbhreithniú ar an litir Ionchais Scairshealbhóirí.

## Nochtuithe atá Riachtanach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Is é an Bord atá freagrach as a chinntiú go ndéanann Ervia riachtanais agus nochtuithe an Chóid a chomhlíonadh. Ní mór cur síos ar na nochtuithe airgeadais seo a leanas sa Tuarascáil Bhliantúil de réir an Chóid. Baineann na nochtaí sin le Ervia agus Líonraí Gáis Éireann, ach ní chlúdaítear Uisce Éireann (agus tá figiúirí na mblianta roimhe seo luaite arís chun Uisce Éireann a chur as an áireamh). Déan tagairt don Tuarascáil Bhliantúil Uisce Éireann do na nochtaí ábhartha i dtaca le hUisce Éireann.

### Anailís ar Shochair Fhostaí

Tá sonraí ar líon na bhfostaithe a bhfuil a sochair fostaí iomlán (gan costais pinsin fhostóra agus sochair scoir a chur san áireamh) don bhliain do gach banna de €25,000 ó €50,000 in airde leagtha amach thíos.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| €50,000-€75,000 | **344** | 344 |
| €75,001-€100,000 | **192** | 179 |
| €100,001-€125,000 | **95** | 100 |
| €125,001-€150,000 | **40** | 38 |
| €150,001-€175,000 | **19** | 19 |
| €175,001 agus os a chionn | **27** | 27 |

Nóta: Tá gach sochar fostaí gearrthéarma maidir le seirbhísí a tugadh le linn an tréimhse tuairiscithe ináirithe sa nochtú thuas. Féach ar Nóta 5 de na Ráitis Airgeadais i gcomhair anailís bhreise ar na sochair éagsúla atá ináirithe.

### Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a thabhaítear díreach mar gheall ar chomhairle sheachtrach. Sainmhínítear iad mar cheapacháin saineolaithe chun seirbhísí intleachtúla nó eolasbhunaithe a sholáthar (m. sh. anailís agus comhairle ó shaineolaithe) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí srl. a chuireann le cinnteoireacht nó ceapadh beartas, agus é seo ar feadh tréimhse teoranta chun tasc ar leith a chur i gcrích. Ní áirítear leo gnáthfheidhmeanna oibre. Sa chás ina ndéanann Ervia conradh thar ceann a fhochuideachtaí (Uisce Éireann san áireamh) cuirtear an costas a bhaineann leis sin san áireamh anseo seachas i nochtadh na fochuideachta.

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | **357** | 1,222 |
| Comhairle airgeadais | **790** | 1,474 |
| Acmhainní Daonna | **17** | 771 |
| Feabhsú/forbairt gnó | **1,107** | 3,174 |
| Eile | **679** | 2,789 |
| **Costais iomlána sainchomhairleoireachta** | **2,950** | 9,430 |
| Caipitilithe | **229** | 63 |
| Ráiteas Ioncaim | **2,721** | 9,367 |
| **Costais iomlána sainchomhairleoireachta** | **2,950** | 9,430 |

Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

### Costais Dhlíthiúla agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlí, socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí, mar cuirtear san áireamh leis na costais sainchomhairliúcháin thuas iad.

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Táillí dlí – imeachtaí dlí | **529** | 1,159 |
| Idir-réiteach | **-** | 42 |
| Socraíochtaí | **603** | 263 |
| **Iomlán** | **1,132** | 1,464 |
| Líon Cásanna Dlí | **6** | 11 |

Nóta 1: Ní chlúdaíonn an nóta nochta seo íocaíochtaí a rinne ár gcuideachta árachais.

Nóta 2: Baineann an líon cásanna le cásanna ar chuir Ervia féin tús leo nó le himeachtaí dlí a tógadh ina aghaidh, agus ní áirítear leis imeachtaí árachais agus comhréitigh maidir le cead slí.

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| *Intíre* | | |
| Bord* | **18** | 21 |
| Fostaí | **2,614** | 2,915 |
| *Idirnáisiúnta* | | |
| Bord | **-** | - |
| Fostaí | **302** | 164 |
| **Iomlán** | **2,934** | 3,100 |

* tá costais taistil agus cothaithe de €7,250 san áireamh a íocadh go díreach le comhaltaí Boird in 2018 (2017: €8,437). Baineann an t-iarmhéid de €10,744 (2017: €12,797) le caiteachas a d'íoc Ervia ar son na gcomhaltaí Boird. Meastar go tabhaítear caiteachas taistil agus cothaithe a thabhaíonn comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird ina gcáilíocht mar fhostaithe.

### Fáilteachas

Cuimsíonn an ráiteas ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas na foirne | **161** | 190 |
| Fáilteachas na gcliant | **84** | 105 |
| **Iomlán** | **245** | 295 |

### Trédhearcacht

Eagraíocht oscailte is ea an comhlacht tráchtála stáit Ervia, a bhfuil sé mar aidhm aige a bheith freagrach agus trédhearcach os comhair an phobail. D'fhorbair Ervia Beartas Trédhearcachta le cur lenár bhfreagracht agus de bharr ár bhfreagrachtaí mar shaoránach freagrach corparáideach. Tá Ervia tiomanta do chur le tuiscint an phobail maidir leis an mbealach a bhfeidhmíonn an eagraíocht agus maidir lenár ról i soláthar infreastruchtúir thábhachtaigh agus seirbhísí tábhachtacha náisiúnta d'fhonn tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann.

| | |
|---|---|
| Nochtaí Cosanta agus Cúis Imní a Léiriú | Cuirtear síos ar an meicníocht is féidir le fostaithe agus bainistíocht Ervia a úsáid chun údair imní a ardú, nó chun nochtuithe a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, i mBeartas Ervia um Nochtadh Cosanta. Tá tuilleadh treorach don bhainistíocht agus fostaithe maidir le húdair imní a léiriú leagtha amach sa Chód Iompair Ghnó agus an Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta.<br><br>De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ceanglaítear ar Ervia Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú maidir le nochtadh cosanta arna dhéanamh faoin Acht. I gcomhréir leis an riachtanas seo, dearbhaíonn Ervia go raibh 2 nochtadh cosanta le tuairisciú le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018 maidir leis an ngnó líonraí gáis atá á fhiosrú faoi láthair. |
| Brústocaireacht a Rialáil | Tá Ervia agus a fhochuideachtaí (Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann) cláraithe ar an gclár brústocaireachta a choinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus rinne sé na haighneachtaí riachtanacha do na tréimhsí tuairisceáin in 2018, i gcomhréir le riachtanais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015. |
| Íocaíochtaí Prasa | Tá rialuithe airgeadais inmheánacha cuí i bhfeidhm in Ervia lena chinntiú go gcomhlíontar forálacha Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2012-2016. Áirítear leis na rialuithe róil agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir a shocrú, tuairisciú míosúil agus athbhreithniú ar chleachtais íocaíochta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí a aithint ar a dtagann sonraisc chun bheith dlite le haghaidh íocaíochta agus chun íocaíochtaí a dhéanamh ar na dátaí sin nó rompu. Soláthraíonn na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnta i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha na Rialachán. Níor íocadh aon ús i dtaobh íocaíochtaí deireanacha in 2018.<br><br>Shínigh Ervia an Cód um Íocaíocht Phras, a sheol an Rialtas in 2015, agus de bhun a fhorálacha, geallann sé soláthraithe a íoc in am, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus na soláthraithe a spreagadh glacadh leis an gcód laistigh dá slabhraí soláthair féin. |

### Sclábhaíocht Nua-aimseartha

Tá Ervia thar a bheith bródúil as a ghnó a dhéanamh ar bhealach eiticiúil agus freagrach. Cuireann an tAcht um Sclábhaíocht Nua-aimseartha 2015 de chuid na Ríochta Aontaithe oibleagáidí ar eagraíochtaí ar mhéid áirithe atá i mbun gnó sa Ríocht Aontaithe.

Tá feidhm ag an Acht um Sclábhaíocht Nua-aimseartha maidir le Líonraí Gáis Éireann agus GNI (UK) Limited (ar fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid Líonraí Gáis Éireann é), agus tacaíonn siad go hiomlán le haidhmeanna an Achta.

### Samhailscéimeanna Foilsithe

De réir Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, ní mór d'fhochuideachtaí Ervia, is iad sin Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann, cloí leis an tsamhailscéim foilsiúcháin a chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir na scéime, foilsíonn Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann a oiread eolais agus is féidir ar bhealach oscailte, a bhfuil fáil air ar bhonn gnáthrialta lasmuigh d'iarratais Saorála Faisnéise, ag cloí leis na prionsabail oscailteachta, trédhearcachta agus freagrachta a leagtar amach in Ailt 8(5) agus 11(3) den Acht.

Tá Scéimeanna Foilseacháin d'Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann ar fáil ar a suíomh gréasáin faoi seach, www.water.ie agus www.gasnetworks.ie.

Cé nach bhfuil Ervia féin faoi réir reachtaíocht an Achta um Shaoráil Faisnéise, féachann sé le prionsabal na trédhearcachta a chur i bhfeidhm maidir le gach rud a dhéanann sé agus mar sin cloíonn sé leis an scéim shamplach foilseacháin trí fhaisnéis ábhartha a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin, www.ervia.ie.

Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

# Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach

## Scóip na Freagrachta

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoinneofaí agus go ndéanfaí córas éifeachtach rialaithe inmheánach a chur i bhfeidhm. Tugann an fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingthe seachas fáil réidh leis agus níl ann ach cinnteacht réasúnta seachas iomlán go bhfuil na sócmhainní slán, idirbheartaíochtaí ceadaithe agus cuntas ceart coimeádta díobh agus go n-aithneofaí nó go stopfaí earráidí ábhartha i dtréimhse ghairid ama.

Tá an córas rialaithe inmheánach, atá de réir na treorach a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Ervia don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus go dtí dáta faofa na Ráitis Airgeadais.

## Bainistíocht Riosca

Tá na fostaithe Ervia ar fad freagrach as riosca a bhainistiú go héifeachtach agus áirítear leis sin córais rialaithe inmheánaigh a dhearadh, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa an feidhmeannach cuntasach a bhfuil an fhreagracht deireadh aige/aici. Tarmligeann Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa róil agus freagrachtaí soiléire maidir le bainistíocht éifeachtach riosca agus maidir lena chinntiú go bhfuil córais rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go héifeachtach chuig a Fhoireann Feidhmiúcháin agus na daoine a oibríonn faoina gcoimirce. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (an "CIR") ag Ervia ar a bhfuil cúigear comhalta neamhfheidhmiúcháin boird a bhfuil an taithí chuí acu don ról. Baineann na dualgais agus freagrachtaí den CIR i dtaca le bainistíocht riosca ar fud Ervia le tacaíocht a thabhairt don Bhord agus le moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le freagrachtaí an Bhoird a chomhlíonadh, faoi mar a bhaineann siad leis an réimse ábhartha.

Bhunaigh Ervia feidhm Iniúchta Inmheánaigh a bhfuil go leor acmhainní aici agus déanann sé clár oibre a shocraítear leis an CIR a chomhlíonadh. Tuairiscíonn Ceann Ghrúpa Iniúchadh Inmheánaigh díreach don ARC agus don PhríomhOifigeach Airgeadais Grúpa.

Chomh maith leis sin, bhunaigh Ervia Feidhm Bainistíochta Riosca a bhfuil dóthain acmhainní aige agus atá freagrach as Creat Riosca Fiontair a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, agus as a chinntiú gurb ann do na scileanna cuí agus don taithí chuí bainistíochta riosca san eagraíocht. Tuairiscíonn Ceann na Bainistíochta Riosca do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa agus freastalaíonn an duine sin ar gach cruinniú CIR.

Déanann an feidhmeannas Bainistithe Riosca na rudaí seo a leanas go háirithe:

- a chinntiú go mbíonn próisis agus maoirseacht imleor, chomhsheasmhach i bhfeidhm leis na rioscaí atá ann do Ervia a aithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus le monatóireacht a dhéanamh orthu.
- a chinntiú go leantar ar aghaidh leis an maoirseacht agus go ndéantar measúnú ar phróifíl riosca Ervia, lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus le feiceáil níos mó agus níos mó, agus rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach is beag an seans go dtarlóidís. Áirítear leis sin cur síos ar na rioscaí seo agus ar na bearta nó na straitéisí cuí maolaithe agus an éifeacht a bhíonn leo.
- Déanann sé cultúr oiriúnach bainistíocht riosca a dhaingniú.

Tá freagracht ag Ervia faoin gCód as a chinntiú go ndéantar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a oibriú agus go leantar ar aghaidh leo. Tá measúnú ar éifeachtacht na rialuithe sin ag teastáil gach bliain. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar an riachtanas sin, d'fhorbair Ervia an Fóram Dearbhaithe Comhtháite ("FDC") a thuairiscíonn do Phríomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa. Leathadh amach próiseas dearbhaithe comhtháite leasaithe ar fud Ervia in 2017 agus lean sé ag forbairt in 2018.

Tagann an FDC le chéile gach ráithe lena dheimhniú go gcomhordaítear gach gníomhaíocht dearbhaithe agus aontú riachtanach, agus go dtugtar fianaise maidir leo, ar bhealach struchtúrtha. Ag deireadh na bliana, dearbhaíonn an FDC don Bhord cé acu an bhfuil na rialuithe éifeachtach nó nach bhfuil. Tacaíonn an próiseas FDC, in éineacht le roinnt gníomhaíochtaí rialachais, riosca agus rialaithe eile ar fud Ervia, leis an mBord chun a shéala a chur leis an Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as a chinntiú go bhfuil córas bainistíochta riosca cuí i bhfeidhm ag an nGrúpa. I measc na mbealaí inar bhunaigh an Bord próisis rioscaí gnó a aithint agus le measúnú a dhéanamh orthu, tá:

- Nádúr, déine agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá ann do Ervia a aithint lena n-áirítear an déine agus na catagóirí a nglacann sé leo a bheith inghlactha.
- An dóchúlacht go dtarlódh na rioscaí a aithníodh a mheas.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas Ervia na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú trí phleananna agus straitéisí gaolmhara maolaithe.
- Clár oiliúna frithchalaoise a bhunú don fhoireann ar fad.

Déanann an CIR maoirseacht ar na gníomhaíochtaí sin thar ceann an Bhoird, agus tá sé as cabhrú leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh de réir mar a bhaineann siad leis an réimse sin. Ar bhonn ráithiúil, déanann an CIR athbhreithniú substaintiúil ar Chlár Riosca an Ghrúpa a ullmhaíonn an bhainistíocht, ag déanamh cinnte go ndéanfaí maoirseacht ar na príomhrioscaí agus ag déanamh athbhreithnithe ar a éifeachtaí is atá freagraí na bainistíochta maidir leis na príomhrioscaí atá roimh an gGrúpa. Chomh maith leis sin, déanann an CIR athbhreithniú ar shláine iomlán

an chórais bainistíochta riosca lena n-áirítear éifeacht na feidhme riosca.

Coinníonn an Grúpa sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta foirmeálta, le cinntiú go gcuirfí na cleachtais chuí tarmligin i bhfeidhm i measc an Ghrúpa. Áirítear i measc na mbeartas agus na nósanna imeachta suíomh agus cothabháil teorainneacha cuí údaráis, leithscaradh cuí ó thaobh dualgas de a dhearbhú agus doiciméadú na nósanna imeachta agus na rialúcháin atá dírithe ar chalaois a sheachaint agus a aithint.

Deimhníonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, agus go bhfuil na gnéithe seo a leanas ann:

- Freagracht na bainistíochta ag gach aon leibhéal as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca thar a bhfeidhmeanna gnó faoi seach.
- Struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir, ina bhfuil teorainneacha sainithe údaráis agus meicníochtaí um thuairisciú chuig leibhéil níos airde den bhainistíocht agus den Bhord.
- Córais chuimsitheacha bhuiséadaithe agus buiséad bliantúil faoi réir fhaomhadh an Bhoird mar chuid díobh.
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais. Tugtar tuairisc ar thorthaí iarbhír míosúla carnacha de réir an bhuiséid agus déanann an Bord breithniú orthu ar bhonn míosúil. Ceistíonn an Bord difríochtaí agus tugtar faoi bheart feabhsúcháin más cuí.
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitiúil san áireamh. Teastaíonn faomhadh an Bhoird le haghaidh tionscadal mór caipitiúil, agus déanann Coiste Infheistíochta/ Bonneagair dlúthmhonatóireacht orthu ar bhonn leanúnach.
- Déantar sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis bhainistíochta agus táscairí feidhmíochta a chur le chéile gach ráithe, agus ar an mbealach sin is féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca le cuspóirí fadtéarmacha agus buiséid bhliantúla, treochtaí a mheasúnú agus gníomh a ghlacadh i gcás difríochtaí.
- Próiseas bainistíochta riosca a chumasaíonn rioscaí a aithint agus a mheas a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhaint amach cuspóirí comhaontaithe don ghnó agus déanamh cinnte go bhfuil bearta agus rialuithe cuí um maolú curtha i bhfeidhm.
- Coiste Bainisitíochta Riosca don Ghrúpa a ndéanann an Príomhoifigeach Feidhmeannach cathaoirleacht air agus a thuairiscíonn don Choiste Iniúchta agus Riosca.
- Cód Iompair a cheanglaíonn ar gach fostaí cloí leis na caighdeáin eitice is airde.
- Clár cuimsitheach frithchalaoise a chuimsíonn beartas frithchalaoise, oiliúint agus cumarsáid agus plean um fhreagairt do chalaois.
- Polasaí Frithbhreabaireachta agus Frithéillitheachta a chur i bhfeidhm le hoiliúint ghaolmhar do gach ball foirne.
- Creat um Rialachas Corparáideach a chuimsíonn rialú airgeadais agus measúnú riosca.
- Déanann na feidhmeanna Iniúchta agus Bainistíochta Riosca athbhreithniú córasach ar rialuithe airgeadais agus oibriúcháin inmheánacha. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear ag measúnú riosca.
- Cuimsíonn an creat don bhFóram um Dhearbhú Comhtháite gníomhaíochtaí agus déanann sé comhdhlúthú agus comhordú breise ar bhealach struchtúrtha gach gníomhaíocht dhearbhaithe san eagraíocht thar an múnla "Trí Líne Cosanta". Cinntíonn sé sin go n-uasmhéadaíonn Ervia maoirseacht riosca agus rialachais ó thaobh rialaithe de chun athléimneacht eagraíochtúil a chothú agus go leanann sé na príomhchleachais riachtanacha faoi ghníomhaíochtaí reachtúla d'fhonn oibleagáidí comhlíonta agus riachtanais rialachais ar fad a chomhlíonadh.
- Measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ina dtugtar faoi mheasúnú riosca leathan, déantar athbhreithniú ar oibriúchán agus éifeachtúlacht phriomhpholasaithe agus phróisis, déantar tuairisciú féinmheasúnaithe maidir le rialú inmheánach, tuairisciú míosúil ar fheidhmíocht, agus tacaíonn gníomhaíochtaí ráthaíochta agus de chuid Riosca, Iniúchta Inmheánaigh agus Sheachtraigh leis sin.

Níor tarraingíodh aird ar aon saincheist ábhartha inár dtimpeallacht rialaithe inmheánaigh in 2018.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Leagadh nósanna imeachta foirmeálta amach maidir le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhú mar is cuí agus do bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, go pras. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta ag Ervia chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíocht riosca agus rialaithe.

Deimhníonn an Bord go bhfuil an mhonatóireacht leanúnach seo a leanas ar siúl ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca:

- Athbhreithniú agus breithniú ar an gclár um Iniúchadh Inmheánach agus breithniú ar a thuarascálacha agus a dtorthaí.
- Athbhreithniú ar thuairisciú rialta ón Iniúchadh Inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe sin ina dtuarascálacha féin.
- Athbhreithniú ar Thuarascálacha ráithiúla Bainistíochta Riosca an Choiste Bainistíochta Riosca Grúpa ar rioscaí, rialuithe agus stádas feidhmithe na bpleananna gnímh.
- Athbhreithniú agus breithniú ar an tuarascáil ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa ar a éifeachtaí is atá na córais um rialú inmheánach, idir rialú airgeadais agus oibriúcháin.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó iniúchóirí seachtracha, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheisteanna ábhartha maidir le rialú airgeadais inmheánach.

Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

- Tugann an Fóram um Athbhreithniú ar Dhearbhú Comhtháite tuairisc ar dhearbhú an Aonaid Ghnó maidir leis an gcóras um rialú inmheánach.

Tá creat láidir ag Ervia d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá siad, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus bainistíochta riosca. Tá an Bord sásta go n-oireann an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm don ghnó.

## Soláthar

Tá an Bord sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear le rialacha agus treoracha soláthair agus gur forbraíodh agus gur foilsíodh beartais agus nósanna imeachta soláthair don fhoireann ar fad. Le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2018, chomhlíon Ervia na forálacha ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.

## An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Tháinig RGCS i bhfeidhm ar fud na hEorpa le linn mhí na Bealtaine 2018. Is croíriachtanas faoi RGCS é go gceaptar Oifigeach um Chosaint Sonraí. Thosaigh Oifigeach um Chosaint Sonraí Ghrúpa Ervia ina ról i mí na Bealtaine 2018 sular tháinig an dlí nua i bhfeidhm. Níl aon ábhar imní léirithe ag Oifigeach um Chosaint Sonraí Ghrúpa Ervia maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le riachtanais reachtacha faoi RGCS.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaíonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta ag Ervia chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíocht riosca agus rialaithe. Is é an ardbhainistíocht laistigh de Ervia atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh, obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, agus an CIR a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, a dhéanann eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú Ervia ar éifeachtúlacht a bhainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialaithe.

Deimhníonn an Bord go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais, lena n-áirítear rialú airgeadais, oibríochtúil agus comhlíonta agus córais bainistíochta riosca do 2018 agus go ndéanfaidh sé athbhreithniú den chineál céanna in 2019. Rinne an CIR athbhreithniú cuimsitheach agus thuairiscigh sé a chuid torthaí don Bhord.

## Tuairisciú ar Rialú Inmheánach

Leanann Uisce Éireann le líon mór sócmhainní a bhainistiú agus tá bonneagar aige atá ag dul in aois agus a dteastaíonn infheistíocht mhór uaidh. Bíonn dúshláin leanúnacha roimhe ar a bhealach chun spriocanna an phlean gnó a sheachadadh. Lean na príomhnósanna imeachta rialaithe, oibríocht phrótacail na nÚdarás Áitiúil faoi Chomhaontuithe Leibhéal Seirbhíse a dhéanann bainistiú ar na próisis idirghníomhaíochta idir Uisce Éireann agus Údaráis Áitiúla, ag forbairt in 2018. Tá Uisce Éireann ag leanúint leis na córais, na próisis agus na nósanna imeachta atá riachtanach chun rialuithe airgeadais inmheánaigh daingne a chinntiú trí pholasaithe agus creat rialaithe inmheánaigh Ervia a chur i bhfeidhm.

Mar chuid dá chreat rialaithe, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil Uisce Éireann ag brath fós ar rialuithe áirithe a chuireann Údaráis Áitiúla i bhfeidhm ar a shon.

Níor aithníodh aon laigí ábhartha sa timpeallacht rialaithe inmheánaigh fad is a bhí an t-iniúchadh inmheánach á dhéanamh in 2018, ar laigí iad sin nár tugadh aghaidh orthu nó nach bhfuil aghaidh á tabhairt orthu agus nár cuireadh faoi bhráid Ervia agus an Choiste Iniúchta agus Riosca.

## Athbhreithniú an Iniúchóra Sheachtraigh

Tá tuiscint faighte ag na hiniúchóirí seachtracha, Deloitte, ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na cúinsí.

# Conclúid

## Bainistíocht Riosca

Rinne an Bord measúnú forleathan ar na príomhrioscaí a bheidh ann don eagraíocht i rith 2018. Leagtar amach na rioscaí agus an rialúchán maolaithe seo ar leathanach 30.

## Caidreamh leis an Scairshealbhóir

Feidhmíonn Ervia go neamhspleách óna Mháthair-Roinn (an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil) agus glacann sé páirt i gcomhairliúchán leanúnach agus gníomhach lena Máthair-Roinn de réir mar a éilíonn reachtaíocht agus an Cód.

## Ráiteas Comhlíontachta

Agus a Bheartas Rialachais Chorparáidigh á fhorbairt ag an mBord chun déanamh cinnte go gcomhlíonann sé a ról go héifeachtach, tá an Bord ag iarraidh feidhm a thabhairt don Chód. Bhí an Cathaoirleach freagrach don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le comhlíonadh an Chóid le linn na bliana airgeadais.

## Leasanna comhaltaí boird

Ní raibh aon leas ag na Comhaltaí Boird in Ervia ná a chuid fochuideachtaí i rith na bliana. Tá an Rúnaí Cuideachta ina thairbhí de chuid an Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe.

Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí saor ó aon chaidrimh ghnó nó eile a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ábhartha acu, nó a d'fhéadfadh go mba chosúil go mbeadh tionchar ábhartha acu, ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách. Féadfaidh comhaltaí Boird poist stiúrthóireachta nó feidhmiúcháin a bheith acu nó spéis a chur i gcuideachtaí tríú páirtí, lena n-áirítear bainc agus institiúidí airgeadais, a bhféadfadh go ndéanfadh cuid acu (nó a bhfochuideachtaí), mar chuid de ghnáthchúrsaí gnó, idirbhearta a dhéanamh go neamhspleách le Ervia. Scaoileann na comhaltaí Boird uile le haon spéis nó gabhann siad a leithscéal agus fágann siad pléanna agus cinntí Boird sa chás go mbíonn siad faoi choimhlint nó go mbíonn spéis dhíreach nó indíreach de réir an Chóid acu. I gcásanna den sórt sin, coimeádtar taifead ar leithligh (nach bhfuil Rochtain ag an gComhalta Boird) air. Nochtar, de réir mar a éilítear, i nóta 30 Páirtithe Gaolmhara leis na Ráitis Airgeadais, idirbhearta páirtí ghaolmhair áit a bhfuil leas ábhartha ag an gComhalta Boird san eintiteas ábhartha.

## Measúnú Feidhmiúcháin

Faomhann an Bord buiséad bliantúil a thacaíonn leis na Pleananna Corparáideacha. Déantar measúnú bliantúil ar fheidhmiúchán iarbhír i gcomparáid leis an bplean buiséad. Tugtar breithniúchán cuimsitheach sna hAthbhreithniúcháin Oibriúcháin ar leathanaigh 41-55.

## Taifid Chuntasaíochta

Creideann na comhaltaí Boird gur chuir siad córais agus acmhainní cuí ar fáil lena n-áirítear pearsanra oiriúnach cáilithe cuntasaíochta a cheapadh le taithí oiriúnach chun na cuntais chuí chuntasaíochta a choinneáil ar fud na heagraíochta d'fhonn oibleagáid Ervia cuntais chuí chuntasaíochta a chomhlíonadh. Tá leabhair chuntas Ervia ag Webworks, Sráid Eglinton, Corcaigh.

## Iniúchóir Seachtrach

Ceapadh Deloitte mar iniúchóir seachtrach in 2014 ar feadh tréimhse trí bliana agus rogha ann é a shíneadh ar feadh dhá bhliain eile.

In 2018, thug Ervia faoi phróiseas tairisceana ar a ndearnadh an Coiste Iniúchta agus Riosca maoirseacht chun an chéad iniúchóir eile a roghnú don Ghrúpa. I ndiaidh an próiseas tairisceana a chur i gcrích, fuarthas cead ón Aire an 25 Márta 2019 le Deloitte a cheapadh mar iniúchóir seachtrach don Ghrúpa don bhliain 2019, 2020 agus 2021.

## Gnóthas Leantach

Ullmhaítear ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh fad is a bhíonn an Bord, tar éis dó na fiosrúcháin chuí a dhéanamh, sásta go bhfuil na hacmhainní cuí ag Ervia leanúint ar aghaidh i bhfeidhm go ceann tamall fada.

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

**Tony Keohane**
*Cathaoirleach*

**Peter Cross**
*Ball den Bhord*

# Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Mar chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, is mór agam tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 a chur faoi bhur mbráid.

**Peter Cross**
*Cathaoirleach an Choiste*



De réir an struchtúir boird aonadaigh atá i bhfeidhm in Ervia, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ('an Coiste') bunaithe ag leibhéal Ghrúpa Ervia agus feidhmíonn sé ar son Ervia agus a fhochuideachtaí ('an Grúpa'). Tugann an tuarascáil seo léargas ar obair an Choiste thar an dá mhí dhéag seo caite agus tugann sí mionsonrú ar an mbealach ar chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí faoina Théarmaí Tagartha agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód").

Tá go leor ama caite ag an gCoiste i gcaitheamh na bliana chun a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh. Chuaigh sé i dteagmháil leis an ardbhainistíocht, Iniúchadh Inmheánach, Bainistíocht Riosca agus iniúchóir reachtúil an Ghrúpa ar bhonn rialta, agus thug sé faoi chlár iomlán athbhreithnithe i gcaitheamh a gcruinnithe le linn na bliana d'fhonn a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach.  Buaileann Cathaoirleach an Choiste leis an ardbhainistíocht, Iniúchadh Inmheánach, Bainistíocht Riosca agus iniúchóir reachtúil an Ghrúpa as féin ar bhonn rialta, d'fhonn cur leis an bpróiseas sin.

## Ról agus freagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste ná tacú le Ervia i ndáil lena fhreagrachtaí i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Tuairisciú airgeadais,
- Bainistíocht riosca,
- Rialuithe Inmheánacha,
- Iniúchadh inmheánach,
- Iniúchadh Seachtrach,
- Gníomhaíochtaí gaolmhara eile, lena n-áirítear polasaithe agus nósanna imeachta maidir le nochtadh cosanta, frithchalaois agus frithbhreabaireacht agus frithéilliú.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste le Bord Ervia maidir le hábhair a phléitear ag gach cruinniú Coiste, agus faigheann an Bord miontuairiscí an Choiste ar fad.

Leagtar amach go mion i dTéarmaí Tagartha an Choiste róil agus freagrachtaí an Choiste agus tá fáil orthu ar shuíomh gréasáin Ervia (www.ervia.ie). Déantar athbhreithniú orthu gach bliain.

## Comhaltaí an Choiste

Tá cúigear Comhalta neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin Boird ar an gCoiste. Ceapann Bord Ervia, i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste, comhaltaí an Choiste. Féach Tuarascáil an Bhoird ar leathanach 66 le haghaidh sonraí maidir le comhaltaí an bhoird agus le tinreamh ag cruinnithe. Tá an Coiste neamhspleách ó bhainistíocht an Ghrúpa.

## Tuairisciú Airgeadais

Tá an Coiste freagrach, thar ceann Bhord Ervia, as monatóireacht a dhéanamh ar iontaofacht Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus as athbhreithniú a dhéanamh ar na breithiúnais tuairiscithe airgeadais atá iontu. Ullmhaíonn foireann airgeadais a bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas cuí acu na Ráitis Airgeadais thar ceann an Bhoird.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú ar na Dréachtráitis Airgeadais sular mhol siad go ndéanfadh an Bord iad a fhaomhadh. Scrúdaigh an Coiste oiriúnacht na mbeartas suntasach cuntasaíochta, na meastachán agus na mbreithiúnas a úsáideadh agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, mar aon le ceisteanna a bhain le cur i láthair agus le nochtadh, agus phléigh an Coiste na nithe sin leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa agus iniúchóirí seachtracha.

## Bainistíocht Riosca

Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistithe riosca an Ghrúpa, forbairtí ó thaobh príomhrioscaí de agus dul chun cinn ó thaobh soláthar na spriocphróifíle riosca, thar ceann Bhord Ervia, rud a ligeann do Bhord Ervia a dheimhniú gach bliain go ndearna sé measúnú ar phríomhrioscaí an Ghrúpa.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú, i gcomhpháirt leis an ardbhainistíocht, ar phróifíl riosca an Ghrúpa, a bheartais um bhainistiú riosca, a neamhchosaintí ar rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach is beag an seans go dtarlóidís, agus a fhonn riosca is a spriocphróifíl, agus rinneadh seo chun go bhfaomhfadh Bord Ervia é. Cuireadh an Coiste ar an eolas chomh maith maidir le stádas chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ar fud an Ghrúpa le linn na bliana.

Pléadh bunú na mbeartas nua Fritbhreabaireachta agus Frithéillitheachta le linn na bliana freisin, agus d'fhaomh an Bord iad in Iúil 2018, chomh maith le feachtais bhainteacha feasachta ar fud an Ghrúpa a tharraingíonn aird ar thiomantas Ervia do bheith ina eagraíocht oscailte agus trédhearcach. Tá na beartais sin ar fáil lena mbreathnú ar ár suíomh gréasáin www.ervia.ie.

## Rialuithe Inmheánacha

Tá an Coiste freagrach, thar ceann Bhord Ervia, as athbhreithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí agus a iomláine is atá córas rialaithe inmheánaigh agus comhlíontachta an Ghrúpa, agus as athbhreithniú a dhéanamh ar cibé acu ar cuireadh an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe nó nár cuireadh agus cibé acu an dtugann sé réamhrabhadh cuí maidir le haon chliseadh agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Tá freagracht ag Ervia faoin gCód as a chinntiú go gcoinnítear agus go gcuirtear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm. Déanann Ervia an fhreagracht seo a bhainistiú ar fud an ghnó tríd an ardbhainistíocht agus "an Fóram Dearbhaithe Comhtháite", ar grúpa bainistíochta é sin a bhailíonn fianaise ó na gníomhaíochtaí éagsúla rialaithe a dhéantar sa Ghrúpa d'fhonn íomhá chuimsitheach a chruthú de rialú agus riosca inmheánach. Tuairiscíonn an Fóram Dearbhaithe Comhtháite do Phríomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa. Cuireann sé tuiscint níos fearr ar fáil ar na gníomhaíochtaí dearbhaithe atá i bhfeidhm agus déanann sé moltaí maidir le feabhas a chur orthu, d'fhonn riosca a mhaolú agus maoirseacht rialachais a uasmhéadú, agus chomh maith leis sin tacaíonn sé le haon bhearna dearbhaithe a aithint agus a réiteach.

## Iniúchadh Inmheánach

Tá an Coiste, thar ceann an Bhoird, freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus scóip na feidhme iniúchta inmheánaigh, lena n-áirítear a phleananna, gníomhaíochtaí agus acmhainní d'fhonn a chinntiú gur féidir leis athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar oibriúchán rialuithe an Ghrúpa maidir le rioscaí suntasacha laistigh den Ghrúpa.

Le linn 2018, rinne an Coiste athbhreithniú ar na pleananna agus ar an obair a rinne Iniúchadh Inmheánach le linn na bliana agus ar an ngníomhú a theastaíonn ón mbainistíocht dá bharr. Cuir an Ceann Iniúchta Inmheánaigh an Coiste ar an eolas go minic faoi thorthaí na n-athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh. Chomh maith leis sin, chíor an Coiste dul chun cinn na bainistíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna ábhartha, lena n-áirítear nádúr, réim agus tráthúlacht a cuid freagraí. Rinne an Coiste athbhreithniú agus d'aontaigh siad ar phlean bliantúil bunaithe ar riosca um iniúchadh inmheánach do 2019, a chuimsíonn na hacmhainní a theastaíonn agus rinneadh breithniú ar fhócas an iniúchta inmheánaigh a ailíniú leis na réimsí is mó riosca a bhfuil an Grúpa ag tabhairt aghaidhe orthu.

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste ar mheasúnú seachtrach cáilíochta ar Iniúchadh Inmheánach le linn na bliana, chomh maith lena mheasúnú bliantúil féin a dhéanamh ar fheidhmíocht an iniúchta inmheánaigh.

# Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ar lean.)

## Iniúchadh Seachtrach

Is é an Coiste atá freagrach, thar ceann Bhord Ervia, as an bpróiseas iniúchta sheachtraigh a mhonatóiriú.

Rinne an Coiste monatóireacht ar shláine ráitis airgeadais an Ghrúpa agus rinne sé athbhreithniú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta agus ar na saincheisteanna tuairiscithe airgeadais atá iontu, agus aird á thabhairt ar ábhair a chuireann an t-iniúchóir seachtrach in iúl dó. Rinne an Coiste athbhreithniú ar phleananna iniúchta, tuarascálacha agus torthaí an iniúchóra sheachtraigh maidir leis an iniúchadh, agus phléigh sé iad leis an iniúchóir.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar litir iar-iniúchta an iniúchóra sheachtraigh don bhainistíocht agus freagairtí na bainistíochta.

Tá an Coiste freagrach freisin, thar ceann Bhord Ervia, as glacadh isteach na dtairiscintí iniúchta agus as an bpróiseas roghnúcháin don iniúchóir seachtrach agus as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus luach saothair an iniúchóra sheachtraigh.

Ghlac an Coiste céimeanna cuí chun a chinntiú go gcoimeádfaí caidreamh oibiachtúil agus gairmiúil leis an iniúchóir seachtrach. Rinne an Coiste measúnú ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúchóra ar a raibh athbhreithniú a dhéanamh ar:

- Nádúr agus fairsinge na seirbhísí arna soláthar, agus na táillí arna dtuilleamh, as obair iniúchóireachta agus obair neamhiniúchóireachta arna ndéanamh ag an iniúchóir seachtrach.
- Cloí le polasaí an Ghrúpa a rialaíonn soláthar sheirbhísí neamhiniúchóireachta don Ghrúpa trína bhfuil rialacha agus teorannacha soiléire i bhfeidhm, a cheadaíonn seirbhísí neamhiniúchóireachta nach bhfuil aon choimhlint leasa ag baint leo.
- Dearbhuithe soláthartha ag an iniúchóir seachtrach maidir leis sin.

Leagtar amach táillí seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad i Nóta 4 de na Ráitis Airgeadais. Níor tharla sé gur fostaíodh an t-iniúchóir chun seirbhísí a chur ar fáil a measadh go dtiocfadh coimhlint leasa dá mbarr i rith na bliana. Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chloí an iniúchóra sheachtraigh leis an treoir ábhartha rialála, eitice agus ghairmiúil, agus freisin rinne sé measúnú gach bliain ar a neamhspleáchas, chuid cáilíochtaí, saineolas, acmhainní agus ar éifeachtacht an phróisis iniúchta. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta go bhfuil Deloitte neamhspleách agus oibiachtúil chomh maith.

Déantar éifeachtacht an iniúchóra sheachtraigh a athbhreithniú gach bliain. Díríonn an measúnú ar ábhair cosúil le stóinseacht an phróisis iniúchta, an fhoireann iniúchta, cumarsáid agus rialachas. Bhí an t-athbhreithniú sásúil ar an iomlán. I rith na bliana, bhuail na hiniúchóirí seachtracha go príobháideach leis an gCoiste, gan aon chomhaltaí bainistíochta a bheith i láthair.

D'fhonn neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúchóirí reachtúla a chinntiú, déanann an Coiste athbhreithniú ar sholáthar seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad tríd an iniúchóir seachtrach. Is Eintiteas Leasa Phoiblí (PIE) í fochuideachta de chuid Ervia, Líonraí Gáis Éireann, toisc go bhfuil fiach atá liostáilte ar mhargadh rialáilte aici. Mar thoradh air seo, ní fhéadfadh a iniúchóir ach na seirbhísí sin nach seirbhísí iniúchta a chur ar fáil a cheadaítear d'Eintitis Leasa Phoiblí i gcomhréir le Treoir AE (2006/43/EC arna leasú le Treoir 2014/56 AE). Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh na rialach sin le linn na bliana. Cloíonn an Coiste go beacht leis an teorainn táille 70% do sheirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad a leagtar síos in Alt 4 de Rialachán (AE) Uimhir 537/2014.

## Próiseas Tairisceana agus Ceapachán Iniúchta

Is é An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhreithníonn athcheapachán tréimhsiúil an iniúchóra sheachtraigh, agus bíonn an próiseas sin faoi réir tairisceana poiblí. Ceapadh Deloitte mar iniúchóir seachtrach in 2014 ar feadh tréimhse trí bliana agus rogha ann é a shíneadh ar feadh dhá bhliain eile.

I rith na bliana, thug Ervia faoi phróiseas tairisceana ar a ndearnadh an Coiste maoirseacht chun an chéad iniúchóir eile a roghnú d'Ervia. I ndiaidh an próiseas tairisceana a chur i gcrích, fuarthas cead ón Aire an 25 Márta 2019 le Deloitte a cheapadh mar iniúchóir seachtrach do Ghrúpa Ervia don bhliain 2019, 2020 agus 2021.

## Éifeachtúlacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Déanann an Coiste athbhreithniú bliantúil ar a chuid éifeachtúlachta féin. Rinneadh an t-athbhreithniú go hinmheánach trí chomórtas ceistneoirí féinmheasúnaithe do 2018 agus bhí an t-athbhreithniú iomlán sásúil.

Thar ceann an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:



**Peter Cross**
*Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca*
26 Márta 2019

# Ráitis Airgeadais

# Tuairisc an iniúchóra neamhspleách do chomhaltaí Ervia

## Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim ar ráitis airgeadais Ervia

Inár dtuairim tugann ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta:

- léargas ceart agus cóir, i gcomhréir le IFRSanna de réir mar a ghlac an tAontas Eorpach leo, ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta ar an 31 Nollaig 2018 agus ar bhrabús an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta don bhliain dar críoch an dáta sin; agus
- tá siad ullmhaithe i gceart de réir riachtanais na nAchtanna Gáis, 1976 go 2009.

Is éard atá sna ráitis airgeadais ná:

**Ráitis airgeadais an Ghrúpa:**

- Ráiteas faoi Ioncam Grúpa;
- Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile;
- Clár Comhardaithe an Ghrúpa;
- Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe ar Chothromas;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go dtí 31, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1(c).

**Ráitis airgeadais na Máthairchuideachta:**

- Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta;
- Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Ioncam Cuimsitheach Eile;
- Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta;
- Ráiteas na Máthairchuideachta ar Athruithe ar Chothromas;
- Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go dtí 18.

### Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (CIlanna (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán sin sa chuid "Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais" dár dtuarascáil.

Táimid neamhspleách ón nGrúpa agus ón Mháthairchuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eiticiúla atá ábhartha lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar dár dtuairim.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas áit a éilíonn na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) orainn tuairisciú a dhéanamh duit:

- níl úsáid chuí á bhaint ag an mBord as bunús gnóthais leantaigh cuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a ullmhú; nó
- níor nocht an Bord aon éiginnteachtaí aitheanta ábhartha sna ráitis airgeadais a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Ghrúpa nó na Máthairchuideachta maidir le bunús gnóthais leantaigh cuntasaíochta a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta lena n-údaraítear na ráitis airgeadais ionas go bhféadfaí iad a eisiúint.

### Eolas eile

Tá an Bord freagrach as an eolas eile. Is éard atá san eolas eile ná eolas a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra ina thaobh. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe air.

I gceangal leis an iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais, tá sé mar fhreagracht orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, machnamh a dhéanamh ar an gceist cibé an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas nó nuair is léir gur tugadh míráiteas ábhartha den fhaisnéis eile. Má aithníonn muid neamhréireachtaí nó míráitis ábhartha den chineál sin, tá sé de cheangal orainn a chinntiú cibé an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an bhfuil míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go gcinneann muid gur tugadh míráiteas ábhartha den fhaisnéis eile seo, caithfimid é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

### Freagrachtaí an Bhoird

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird, tá an Bord freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugtar léargas fíor agus cóir iontu, agus tá sé freagrach as aon rialú inmheánach a chinneann an Bord a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú a bheidh saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é.

Trí na ráitis airgeadais a ullmhú, tá an Bord freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus tá sé freagrach as cúrsaí a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, mar is infheidhme, agus úsáid á bhaint as an mbunús gnóthais leantaigh cuntasaíochta mura bhfuil sé ar intinn ag an mBord an Grúpa nó an Mháthairchuideachta a leachtú nó stop a chur le gnóthaí, nó mura bhfuil aon rogha eile aige ach é sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an Iniúchóra maidir leis na ráitis airgeadais a iniúchadh

Is iad ár gcuspóirí ná cinnteacht réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráitis ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim san áireamh ann. Is leibhéal ard cinnteacha é cinnteacht réasúnta, ach ní bhíonn ráthaíocht ann i gcónaí go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) míráiteas ábhartha nuair atá a leithéid ann. Is féidir le míráitis eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir bheith ag súil leis go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éireann), úsáidimid breithiúnas gairmiúil agus cothabháilimid sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus:

- Aithnímid agus déanaimid measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt de na ráiteas airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é, agus ceapaimid agus feidhmeoimid nósanna imeachta iniúchta atá freagrúil do na rioscaí sin, agus gheobhaimid fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur faoinár dtuairim. Tá an riosca a bhaineann le teip chun míráiteas ábhartha a eascraíonn as calaois a bhrath níos airde ná an riosca a bhaineann le teip chun míráiteas a eascraionn ó earráid a bhrath, mar is féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Tuiscint a fháil ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a cheapadh atá cuí sna himthosca, ach ní chun críocha tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht rialú inmheánach an Ghrúpa nó na Máthairchuideachta.
- Déanaimid oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtadh na Stiúrthóirí atá bainteach leo sin a mheas.
- Cinnimid ar a oiriúnaí is atá úsáid an Bhoird den bhunús gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cibé an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann leis na himeachtaí nó na himthosca a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnimid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, caithfimid na nochtuithe a bhaineann léi sna ráitis airgeadais a léiriú inár dtuarascáil iniúchta nó, má tá na nochtuithe sin neamhdhóthanach, caithfimid ár dtuairim a athrú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchta a fhaightear suas go dtí dáta thuarascáil an iniúchóra. D'fhéadfadh imeachtaí nó imthosca sa todhchaí stop a chur leis an eintiteas (nó i gcás inar cuí, an Grúpa) leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, áfach.
- Measúnú a dhéanamh ar léiriú, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ina iomláine, lena n-áirítear na nochtuithe, agus ar cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta bunúsacha agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann amach léiriú cothrom.
- Fianaise iniúchta chuí agus dhóthanach a fháil maidir leis na gníomhaíochtaí gnó laistigh den Ghrúpa chun tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Tá iniúchóir an Ghrúpa freagrach as treoir, maoirseacht agus feidhmíocht iniúchta an Ghrúpa. Is ar iniúchóir an Ghrúpa amháin atá an fhreagracht maidir leis an tuairim iniúchta.

Téimid i dteagmháil leis na daoine atá faoi chúram rialachais maidir le, i measc rudaí eile, raon feidhme agus am na hiniúchta agus torthaí suntasacha na iniúchta, lena n-áirítear aon easpa suntasach sa rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir i rith na hiniúchta.

Is do chomhaltaí Ervia amháin, mar chomhlacht amháin, a dhéantar an tuarascáil seo, i gcomhréir le hAlt 15 den Acht Gáis 1976. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta ionas gur féidir linn na hábhair sin is gá dúinn a chur in iúl do chomhaltaí na Máthairchuideachta i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críocha sin amháin a rinneadh é. Chomh fada agus is féidir de réir dlí, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith seachas Ervia agus a chuid comhaltaí mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá meáite againn.

## Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

### Nithe ar gá dúinn iad a thuairisciú

Bunaithe ar an obair a rinneadh i rith na hiniúchta amháin, tuairiscímid an méid seo a leanas:

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha an iniúchta.
- Inár dtuairim, choimeád an Mháthairchuideachta taifid chuntasaíochta chuí.
- Aontaíonn Ráiteas Ioncaim agus Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta leis na taifid chuntasaíochta
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil an Bhoird i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

### Nithe nach mór dúinn a thuairisciú mar eisceacht

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn a thuairisciú duit mura léiríonn an ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach i dTuarascáil an Bhoird, go bhfuil an Grúpa ag cloí le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó nach bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.



**Gerard Fitzpatrick**
Do agus thar ceann Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Deloitte & Touche House, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2
Dáta:

Nótaí: Ní chuireann iniúchadh cinnteacht ar fáil maidir le cothabháil ná ionracas an láithreáin ghréasáin, lena n-áirítear rialuithe a úsáideadh chun é sin a bhaint amach, agus go háirithe cibé acu go bhféadfadh gur tháinig aon athruithe ar na ráitis airgeadais ó foilsíodh ar dtús iad nó nár tháinig. Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as na hábhair sin ach ní féidir le haon nós imeachta rialaithe cinnteacht iomlán a thabhairt sa réimse sin.

Tá reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhúchán agus scaipeadh na ráiteas airgeadais difriúil le reachtaíocht dlínsí eile.

# Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018**

| | NÓTAÍ | ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA 2018 €'000 | MÍREANNA EISCEACHTÚLA (LENA N-ÁIRÍTEAR ATOMHAIS ÁIRITHE) NÓTA 9 2018 €'000 | TAR ÉIS MÍREANNA EISCEACHTÚLA 2018 €'000 | ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA 2017 €'000 | MÍREANNA EISCEACHTÚLA (LENA N-ÁIRÍTEAR ATOMHAIS ÁIRITHE) NÓTA 9 2017 €'000 | TAR ÉIS MÍREANNA EISCEACHTÚLA 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oibríochtaí leanúnacha | | | | | | | |
| Ioncam | 3 | **487,183** | **-** | **487,183** | 473,175 | - | 473,175 |
| Costais oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) | 4 | **(192,470)** | **-** | **(192,470)** | (173,309) | - | (173,309) |
| **Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (TRÚCDA)** | | **294,713** | **-** | **294,713** | 299,866 | - | 299,866 |
| Dímheas agus amúchadh | 8 | **(131,067)** | **-** | **(131,067)** | (133,249) | - | (133,249) |
| **Brabús oibriúcháin** | | **163,646** | **-** | **163,646** | 166,617 | - | 166,617 |
| Ioncam Airgeadais | 9 | **-** | **1,397** | **1,397** | - | 7,330 | 7,330 |
| Costais airgeadais | 9 | **(23,964)** | **(79)** | **(24,043)** | (25,297) | - | (25,297) |
| Glan(chostais)/ioncam airgeadais | 9 | **(23,964)** | **1,318** | **(22,646)** | (25,297) | 7,330 | (17,967) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | | **139,682** | **1,318** | **141,000** | 141,320 | 7,330 | 148,650 |
| Costas cáin ioncaim | 10 | **(18,785)** | **(165)** | **(18,950)** | (20,900) | (385) | (21,285) |
| **Brabús don bhliain** | | **120,897** | **1,153** | **122,050** | 120,420 | 6,945 | 127,365 |
| **Brabús inchurtha i leith:** | | | | | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | **120,897** | **1,153** | **122,050** | 120,420 | 6,945 | 127,365 |
| **Brabús don bhliain** | | **120,897** | **1,153** | **122,050** | 120,420 | 6,945 | 127,365 |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | 26 Márta 2019<br>Dáta Faofa |
|---|---|---|

**Nóta:**
Mar a mhínítear i nóta 29, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa. Féach nóta 1(a) le haghaidh sainmhínithe ar mhíreanna eisceachtúla (lena n-áirítear atomhas áirithe).

# Ráiteas an Ghrúpa maidir le hIoncam Cuimsitheach Eile

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain** | | **122,050** | 127,365 |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | |
| **Earraí nach mbeidh athaicmithe chuig an gcuntas brabúis ná caillteanais:** | | | |
| Gnóthachain achtúireacha ón bplean sochair sainithe | 21 | **39,147** | 10,023 |
| Costas cánach iarchurtha maidir le hoibleagáidí sochair sainithe | 10 | **(4,893)** | (1,253) |
| **Iomlán na n-earraí nach mbeidh athaicmithe chuig an gcuntas brabúis ná caillteanais** | | **34,254** | 8,770 |
| **Earraí a d'fhéadfadh a bheith athaicmithe chuig an gcuntas brabúis nó caillteanais ina dhiaidh sin:** | | | |
| Difríochtaí aistrithe nuair a dhéantar fochuideachtaí eachtracha a chomhdhlúthú | | **(418)** | (1,070) |
| Glanathrú ar luach cóir fhálta sreafa airgid | 10 | **917** | (1,909) |
| Cáin iarchurtha ar ghluaiseacht fhálta sreafa airgid | | **(115)** | 239 |
| **Iomlán na n-earraí a d'fhéadfadh a bheith athaicmithe chuig an gcuntas brabúis nó caillteanais ina dhiaidh sin** | | **384** | (2,740) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim** | | **34,638** | 6,030 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **156,688** | 133,395 |
| **Ioncam Cuimsitheach iomlán inchurtha le:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | **156,688** | 133,395 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **156,688** | 133,395 |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | 26 Márta 2019<br>Dáta Faofa |
|---|---|---|

**Nóta:**
Mar a mhínítear i nóta 29, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Clár Comhardaithe an Ghrúpa

amhail ar an 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Acmhainní Neamh-Reatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 11 | **2,516,656** | 2,514,229 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | **21,614** | 18,836 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | **13,242** | 16,058 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **2,551,512** | 2,549,123 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | 14 | **97,458** | 148,309 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | 15 | **131,826** | 76,226 |
| Taiscí srianta | 16 | **26,700** | 32,594 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | **12,172** | 134 |
| Fardail | 13 | **1,675** | 1,059 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **269,831** | 258,322 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **2,821,343** | 2,807,445 |
| **Gnáthscaireanna agus dliteanais** | | | |
| **Gnáthscaireanna** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | **(1,041,186)** | (1,029,071) |
| Cúlchiste aistrithe | | **(673)** | (1,091) |
| Cúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid | | **1,381** | 2,183 |
| **Iomlán na ngnáthscaireanna inchurtha i leith shealbhóirí ghnáthscaireanna na Máthairchuideachta** | | **(1,040,478)** | (1,027,979) |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais Neamh-reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 18 | **(745,127)** | (1,084,213) |
| Oibleagáidí leasa scoir | 21 | **(98,381)** | (127,828) |
| Ioncam iarchurtha | 22 | **(9,716)** | (12,801) |
| Deontais rialtais | 23 | **(81,554)** | (72,073) |
| Soláthairtí | 24 | **(7,201)** | (7,116) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha eile | 25 | **(6,916)** | (5,354) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | **(3,957)** | (5,292) |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 10 | **(196,130)** | (194,669) |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **(1,148,982)** | (1,509,346) |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 18 | **(446,699)** | (101,288) |
| Ioncam iarchurtha | 22 | **(8,391)** | (7,951) |
| Deontais rialtais | 23 | **(6,458)** | (5,632) |
| Soláthairtí | 24 | **(5,758)** | (5,676) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | **(26)** | (294) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha eile | 25 | **(162,049)** | (145,088) |
| Dliteanais chánach reatha | 10 | **(2,502)** | (4,191) |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(631,833)** | (270,120) |
| **Dliteanais iomlána** | | **(1,780,865)** | (1,779,466) |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **(2,821,343)** | (2,807,445) |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | 26 Márta 2019<br>Dáta Faofa |
|---|---|---|

**Nóta:**
Mar a mhínítear i nóta 29, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe sa Chothromas

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | TUILLEAMH COINNITHE €'000 | CÚLCHISTE AISTRITHE €'000 | CÚLCHISTE FÁLAITHE AR AN SREABHADH AIRGID €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2017** | (1,041,376) | (2,161) | 513 | (1,043,024) |
| Brabús don bhliain | (127,365) | - | - | (127,365) |
| (ioncam)/costas cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim | (8,770) | 1,070 | 1,670 | (6,030) |
| **Iomlán an (ioncaim)/chostais chuimsithigh don bhliain** | (136,135) | 1,070 | 1,670 | (133,395) |
| Díbhinní (nóta 20) | 148,440 | - | - | 148,440 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2017** | (1,029,071) | (1,091) | 2,183 | (1,027,979) |
| Brabús don bhliain | **(122,050)** | **-** | **-** | **(122,050)** |
| (ioncam)/costas cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim | **(34,254)** | **418** | **(802)** | **(34,638)** |
| **Iomlán an (ioncaim)/chostais chuimsithigh don bhliain** | **(156,304)** | **418** | **(802)** | **(156,688)** |
| Díbhinní (nóta 20) | **144,189** | **-** | **-** | **144,189** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2018** | **(1,041,186)** | **(673)** | **1,381** | **(1,040,478)** |

Iomlán inchurtha i leith shealbhóirí gnáthscaireanna na Máthairchuideachta.

**Nóta:**
Mar a mhínítear i nóta 29, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Ráiteas an Ghrúpa maidir le Sreafaí Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 17 | **301,807** | 224,273 |
| **Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Fáltas/(íocaíocht) a bhaineann le díol na rannóige Fuinnimh | | **20,172** | (1,614) |
| Íocaíochtaí do réadmhaoin, fearas agus trealamh | | **(121,602)** | (141,147) |
| Íocaíochtaí do shócmhainní doláimhsithe | | **(5,494)** | (2,378) |
| Deontais faighte | 23 | **9,256** | 13,274 |
| **Airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(97,668)** | (131,865) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | | |
| Fuascailt nótaí gealltanais | | **(6,874)** | (9,001) |
| Fáltais ó iasachtaí | | **99,662** | 99,350 |
| Aisíocaíocht iasachtaí | | **(102,249)** | (42,249) |
| Socruithe tacaíochta creidmheasa | | **-** | (3,630) |
| Díbhinní íoctha | 20 | **(139,089)** | (148,440) |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **(148,550)** | (103,970) |
| **Méadú glan/(laghdú) in airgead tirim agus coibhéisí airgid** | 15 | **55,589** | (11,562) |
| Airgead agus coibhéis airgid amhail an 1 Eanáir | 15 | **76,226** | 87,915 |
| Éifeacht luaineachtaí sna rátaí malairte ar airgead tirim arna shealbhú | 15 | **11** | (127) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim amhail an 31 Nollaig** | 15 | **131,826** | 76,226 |

**Nóta:**
Mar a mhínítear i nóta 29, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa

| | |
|---|---|
| 1. | Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta |
| 2. | Faisnéis Rannóige |
| 3. | Ioncam |
| 4. | Costais Oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) |
| 5. | Sochair Fostaithe |
| 6. | Cúiteamh na bPríomhbhainisteoirí |
| 7. | Míreanna eisceachtúla |
| 8. | Dímheas agus Amúchadh |
| 9. | Glanchostais Airgeadais |
| 10. | Cáin |
| 11. | Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh |
| 12. | Sócmhainní doláimhsithe |
| 13. | Fardal |
| 14. | Trádáil agus Infháltais Eile |
| 15. | Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid |
| 16. | Taiscí Srianta |
| 17. | Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí |
| 18. | Iasachtaí agus Fiachas Eile |
| 19. | Anailís ar Ghlanfhiachas |
| 20. | Díbhinní |
| 21. | Oibleagáidí leasa scoir |
| 22. | Ioncam Iarchurtha |
| 23. | Deontais Rialtais |
| 24. | Soláthairtí |
| 25. | Trádáil agus Suimeanna Iníoctha eile |
| 26. | Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais |
| 27. | Tomhas Luach Cóir |
| 28. | Léasanna Oibriúcháin |
| 29. | Fochuideachtaí |
| 30. | Páirtithe Gaolmhara |
| 31. | Iartheagmhais |

# Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa

## 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta

### (a) Bunús an Ullmhúcháin

Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976 agus a bhfuil sainchónaí air in Éirinn.

I ráitis airgeadais an Ghrúpa cuirtear le chéile ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus a cuid fochomhlachtaí (a dtagraítear dóibh i dteannta a chéile mar 'an Grúpa'), suas go dtí an 31 Nollaig gach bliain. I gcomhréir le IFRS, ní dhéantar comhdhlúthú ar ghnóthais neamhrialaithe (lean n-áirítear Uisce Éireann), mar atá leagtha amach i nóta 29.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta i gcomhréir leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) agus le léirmhínithe Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, mar a dtacaíonn an tAE leo, agus atá i bhfeidhm do na tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 31 Nollaig 2018.

Tá polasaithe cuntasaíochta suntasacha an Ghrúpa leagtha amach i gcuid c den nóta seo. Tá na beartais seo curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach sna blianta go léir atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais sin. Féach ar chuid b den nóta seo le haghaidh measúnú tionchair ar aistriú chuig IFRS 15 agus IFRS 9 ón dáta éifeachtach, 1 Eanáir 2018. Agus na polasaithe cuntasaíochta sin á gcur i bhfeidhm is gá breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna n-aithint sna ráitis airgeadais. Féach ar chuid d den nóta seo chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na meastacháin agus breithiúnais chriticiúla chuntasaíochta arna gcur i bhfeidhm.

Measann na Comhaltaí Boird go bhfuil go leor acmhainní ag an nGrúpa agus ag an Máthairchuideachta chun leanúint ag oibriú go ceann i bhfad. Dá réir sin tá na ráitis airgeadais sin ullmhaithe ar bhonn ghnóthais leantaigh.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais sin ar bhonn an chostais stairiúil, ach amháin sócmhainní agus dliteanais áirithe a dhéantar a thomhas ar luach cóir. Sainítear luach cóir mar an bpraghas a gheofaí as sócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ar dháta an tomhais.

Athshocraíodh iarmhéideanna comparáideacha áirithe sna ráitis airgeadais chun iad a ailíniú le cur i láthair na bliana reatha, go háirithe nóta 4 Costais oibriúcháin, áit a gcuirtear costais fochonraitheora i láthair faoin bhfotheideal speansais "costais ábhar, cothabhála agus fochonraitheora", i gcomparáid lena gcur i láthair roimhe seo faoin bhfotheideal speansas "seirbhísí fruilithe agus conraithe", agus nóta 28 Léasanna Oibriúcháin a thagann chun cinn go príomha ó athmheasúnú ar théarmaí na léasaí ata fágtha. Chomh maith leis sin, rinneadh iarmhéideanna comparáideacha i nóta 3 Ioncam a athshocrú i gcomhréir le riachtanais IFRS 15 chun nochtadh breise dí-chomhbhailithe ioncaim a chur ar fáil.

Mar atá ceadaithe ag IAS 1 Cur i láthair Ráiteas Airgeadais, nocht an Grúpa faisnéis bhreise i dtaobh atomhas áirithe agus míreanna eisceachtúla ar éadan an ráitis ioncaim, chun cabhrú le tuiscint ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa. Cuirtear iad sin i láthair sa cholún "Míreanna Eisceachtúla".

Maidir le hatomhais áirithe a thagann chun cinn ar ionstraimí airgeadais, tugtar cuntas ina leith amhail is dá mbeidís á gcoimeád le haghaidh trádála nó mar fháluithe chóirluacha i gcomhréir le polasaí cuntasaíochta an Ghrúpa. Ní bhaineann an Grúpa úsáid as díorthaigh chun críocha na hamhantraíochta. Tá tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a thagann laistigh de raon feidhme IFRS 9 leagtha amach i bpolasaí cuntasaíochta (xi) thíos.

Déileáiltear mar mhír eisceachtúil le mír a mheastar a bheith neamhghnách ó thaobh nádúir agus scála agus atá suntasach go leor gur gá nochtadh ar leithligh a dhéanamh chun go dtuigfí i gceart na ráitis airgeadais, lena n-áirítear atomhais áirithe a thagann chun cinn ar ionstraimí airgeadais mar atá leagtha amach thuas.

### (b) Caighdeáin Chuntasaíochta Nua agus Léirmhínithe

#### *(i) Tionchar IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí a ghlacadh.*

Sa bhliain reatha, tá IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí (mar a leasaíodh in Aibreán 2016), a bhfuil éifeacht aige ar feadh tréimhse bliantúla a thosaíonn ar an 1 Eanáir 2018 nó dá éis sin, curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa agus ag an Máthairchuideachta. Le IFRS 15, tugtar isteach cur chuige cúig chéime maidir le haithint ioncaim. Cuireadh treoir i bhfad níos forordaithí le IFRS 15 chun déileáil le cásanna sonracha. Tá sonraí na riachtanas nua chomh maith lena dtionchar ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa leagtha amach thíos.

Tá IFRS 15 curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa i gcomhréir leis an gcur chuige idirthréimhseach cúlghabhálach athraithe, ag baint úsáide as na seifteanna praiticiúla le haghaidh conarthaí críochnaithe in IFRS 15:C5(a), agus (b), agus le haghaidh conarthaí athraithe in IFRS 15:C5(c).

# 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

Úsáideann IFRS 15 na téarmaí 'sócmhainn chonartha' agus 'dliteanas conartha' chun cur síos a dhéanamh ar na nithe a bhféadfaí 'ioncam fabhraithe' agus 'ioncam iarchurtha' a thabhairt orthu de ghnáth, ach ní chuireann an Caighdeán cosc ar eintiteas cur síos malartach a úsáid ar an gclár comhardaithe agus úsáideann an Grúpa téarmaíocht atá níos coitianta fós chun cur síos a dhéanamh ar iarmhéideanna den chineál sin (féach ar nóta 22 le haghaidh sonraí maidir le hioncam iarchurtha).

Nochtar polasaithe cuntasaíochta an Ghrúpa maidir le sruthanna ioncaim go mionsonrach i nóta 1 (c) (vi) thíos. Seachas nochtadh níos cuimsithí ar idirbhearta ioncaim an Ghrúpa a chur ar fáil, ní raibh tionchar ag IFRS 15 a chur i bhfeidhm ar staid airgeadais agus/nó ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa, mar a dhéantar cur síos níos mionsonraí orthu thíos.

Ní raibh tionchar ag IFRS 15 a ghlacadh ar thráth ná ar mhéid an ioncaim a aithnítear i ndáil le conarthaí acmhainne iompair a aithnítear i gcomhréir leis an gconradh bunúsach, agus aithnítear aon ioncam a bhaineann le tráchtearraí ar bhonn an tréchuir don tréimhse le haghaidh gach custaiméir. Chomh maith leis sin, ní raibh aon tionchar ag IFRS 15 a ghlacadh ar thráth ná ar mhéid an ioncaim a aithnítear i ndáil le conarthaí ceangail nua, i gcás go bhfuil an oibleagáid feidhmíochta éagsúil ó na hoibreacha ceangail agus go n-aithnítear an t-ioncam thar am de réir mar a chríochnaítear na hoibreacha sin.

Tar éis measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar chonarthaí ioncaim eile an Ghrúpa le custaiméirí, níor aithníodh aon choigeartú sna ráitis airgeadais maidir le IFRS 15 a ghlacadh.

***(ii) Tionchar IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais a ghlacadh***

Sa bhliain reatha, tá IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais (mar a athbhreithníodh i mí Iúil 2014) agus na leasuithe iarmhartacha a bhaineann leis ar Chaighdeáin IFRS eile, atá éifeachtach le haghaidh tréimhse bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2018 nó dá éis sin, curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa agus ag an Máthairchuideachta. Ceadaíonn forálacha idirthréimhseacha IFRS 9 d'aonán gan comparáidí a athshonrú. Ina theannta sin, ghlac an Grúpa leasuithe iarmhartacha ar IFRS 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtuithe a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na nochtuithe le haghaidh 2018 agus leis an tréimhse chomparáideach.

Thug IFRS 9 ceanglais nua isteach maidir leis na rudaí seo a leanas:

- Aicmiú agus tomhas sócmhainní agus dliteanas airgeadais,
- Lagú sócmhainní airgeadais, agus
- Cuntasaíocht fhálaithe ghinearálta.

Tá sonraí na gceanglas nua seo chomh maith lena dtionchar ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa leagtha amach thíos.

Chuir an Grúpa IFRS 9 i bhfeidhm i gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha a leagtar amach in IFRS 9.

**(a) Sócmhainní airgeadais a aicmiú agus a thomhas**

Is é an 1 Eanáir 2018 dáta an iarratais thosaigh (i.e. an dáta ar a bhfuil measúnú déanta ag an nGrúpa ar a shócmhainní airgeadais agus ar a dhliteanais airgeadais i dtéarmaí cheanglais IFRS 9). Dá réir sin, tá ceanglais IFRS 9 curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa ar ionstraimí a aithnítear fós amhail an 1 Eanáir 2018 agus níl na ceanglais curtha i bhfeidhm ar na hionstraimí a dí-aithníodh cheana féin amhail an 1 Eanáir 2018.

Ní mór gach sócmhainn airgeadais aitheanta atá faoi raon IFRS 9 a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta nó ar luach cóir ar bhonn mhúnla gnó an eintitis chun sócmhainní airgeadais agus saintréithe sreafa airgid conarthacha na sócmhainní airgeadais a bhainistiú.

Rinne an Grúpa athbhreithniú agus measúnú ar shócmhainní airgeadais an Ghrúpa amhail an 1 Eanáir 2018, bunaithe ar na fíricí agus na cúinsí a bhí ann ar an dáta sin agus thángthas ar an gconclúid nach raibh tionchar ar bith ag cur i bhfeidhm tosaigh IFRS 9 ar shócmhainní airgeadais an Ghrúpa maidir lena n-aicmiú agus a dtomhas.

**(b) Lagú sócmhainní airgeadais**

Maidir le lagú sócmhainní airgeadais, éilíonn IFRS 9 samhail caillteanais ionchais creidmheasa i gcomparáid le samhail caillteanais creidmheasa tabhaithe faoi IAS 39. Éilíonn an tsamhail caillteanais ionchais creidmheasa go gcuireann an Grúpa caillteanais ionchais chreidmheasa agus athruithe ar na caillteanais ionchais chreidmheasa sin ar gach dáta tuairiscithe san áireamh chun athruithe ar riosca creidmheasa ó aithint tosaigh na sócmhainní airgeadais a léiriú. I bhfocail eile, ní gá a thuilleadh go dtarlódh imeacht creidmheasa sula n-aithneofaí caillteanais chreidmheasa. Ag féachaint do chineál agus riosca creidmheasa a shócmhainní airgeadais, níl aon athrú aistrithe i leith an liúntas caillteanais mar a leagtar amach i nóta 14 an Ghrúpa (Nóta 9 na Máthairchuideachta), ag eascairt as IFRS 9 a ghlacadh, aitheanta ag an nGrúpa.

# 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

**(c) Dliteanais airgeadais a aicmiú agus a thomhas**

Tugann IFRS 9 isteach athrú ar aicmiú agus ar thomhas dhliteanas airgeadais a bhaineann leis an gcuntasaíocht i leith athruithe ar luach cóir dliteanais airgeadais sainithe amhail FVTPL mar inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa an eisitheora.

Go sonrach, éilíonn IFRS 9 go gcuirfí na hathruithe ar luach cóir an dliteanais airgeadais atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa an dliteanais sin i láthair in ioncam cuimsitheach eile, ach amháin dá gcruthófaí nó dá méadófaí neamhréir chuntasaíochta sa bhrabús nó sa chaillteanas dá n-aithneofaí éifeachtaí athruithe ar riosca creidmheasa an dliteanais in ioncam cuimsitheach eile. Ní dhéantar athruithe ar luach cóir atá inchurtha i leith riosca creidmheasa dliteanais airgeadais a athaicmiú ina dhiaidh sin chun brabúis ná caillteanais, ach, ina ionad sin, aistrítear iad chuig tuilleamh coinnithe nuair a dhí-aithnítear an dliteanas airgeadais.

**(d) Cuntasaíocht fhálaithe ghinearálta**

Coinníonn na ceanglais ghinearálta nua don chuntasaíocht fhálaithe na trí chineál cuntasaíochta fálaithe. Mar sin féin, tá breis solúbthachta tugtha isteach do na cineálacha idirbheart atá incháilithe le haghaidh cuntasaíochta fálaithe, go háirithe leathnú a dhéanamh ar na cineálacha ionstraimí atá incháilithe mar ionstraimí fálaithe agus cineálacha comhpháirteanna riosca na míreanna neamhairgeadais atá incháilithe le haghaidh cuntasaíochta fálaithe. Ina theannta sin, tá prionsabal an 'caidreamh eacnamaíoch' curtha in ionad na tástála éifeachtúlachta. Ní gá measúnú cúlghabhálach ar éifeachtacht fhálaithe a thuilleadh. Tá ceanglais fheabhsaithe nochta maidir le gníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Ghrúpa tugtha isteach freisin. Ní raibh tionchar ag na ceanglais nua seo a ghlacadh ar chaidrimh fhálaithe an Ghrúpa.

**(e) Nochtuithe i ndáil le cur i bhfeidhm tosaigh IFRS 9**

Mar thoradh ar IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais a ghlacadh ón 1 Eanáir 2018, níor tháinig aon choigeartú ar thomhas sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais arna dtomhas roimhe sin faoi IAS 39. Ní raibh tionchar ag IFRS 9 a chur i bhfeidhm ar shreafaí airgid an Ghrúpa ná na Máthairchuideachta. Tá na polasaithe cuntasaíochta nuashonraithe leagtha amach i gcuid (c) den nóta seo.

***(iii) Caighdeáin eile arna gcéadghlacadh ag an nGrúpa i Ráitis Airgeadais 2018***

Sa bhliain reatha, tá an IFRS nua/athbhreithnithe curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa, mar atá leagtha amach i dtábla 1, a bhfuil feidhm acu go héigeantach faoi IFRS, de réir mar atá formhuinithe ag an AE, do na tréimhsí cuntasaíochta a thosaíonn ar nó tar éis an 1 Eanáir 2018. Ní raibh tionchar ábhartha ag cur i bhfeidhm na leasuithe ar na caighdeáin sin ar ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh 2018.

**Tábla 1: Caighdeáin nua, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe**

| CAIGHDEÁN/LEASÚ | DÁTA THOSACH FEIDHME AN AE | FORMHUINITHE AG AN AE |
|---|---|---|
| IFRIC 22 Idirbhearta Airgeadra Eachtraigh agus Comaoin Roimh Ré | 1 Eanáir 2018 | Márta 2018 |
| Leasuithe ar IAS 40: Aistrithe Réadmhaoine Infheistíochta | 1 Eanáir 2018 | Márta 2018 |
| Leasuithe ar IFRS 2: Íocaíochta bunaithe ar Scaireanna a Aicmiú agus a Thomhas | 1 Eanáir 2018 | Feabhra 2018 |
| Feabhsúcháin Bhliantúla ar Chaighdeáin IFRS Timthriall 2014-2016 | 1 Eanáir 2018 | Feabhra 2018 |
| Leasuithe ar IFRS 4: IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais a chur i bhfeidhm le IFRS 4 Árachas | 1 Eanáir 2018 | Samhain 2017 |
| Soiléirithe maidir le IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí | 1 Eanáir 2018 | Deireadh Fómhair 2017 |

***(iv) Caighdeáin arna n-eisiúint ach nach bhfuil i bhfeidhm go fóill***

I dTábla 2 leagtar amach na caighdeáin, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe atá eisithe ach nach bhfuil éifeachtach go fóill faoi IFRS, de réir mar atá formhuinithe ag an AE, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 agus mar sin nár cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú.

# 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

**Tábla 2: Caighdeáin nua, leasuithe ar chaighdeáin, agus léirmhínithe atá eisithe ach nach bhfuil i bhfeidhm go fóill**

| CAIGHDEÁN/LEASÚ | DÁTA THOSACH FEIDHME AN AE[1] | FORMHUINITHE AG AN AE |
|---|---|---|
| Léasaí IFRS 16 | 1 Eanáir 2019 | Deireadh Fómhair 2017 |
| IFRIC 23 Éiginnteacht maidir le Cáin Ioncaim | 1 Eanáir 2019 | Deireadh Fómhair 2018 |
| Leasuithe ar IFRS 9: Gnéithe Réamhíocaíochta le Cúiteamh Diúltach | 1 Eanáir 2019 | Márta 2018 |
| Conarthaí Árachais IFRS 17 | 1 Eanáir 2021[2] | (Amuigh) |
| Leasuithe ar IAS 28: Leasanna Fadtéarmacha i gComhpháirtithe agus Comhfhiontair | 1 Eanáir 2019 | Feabhra 2019 |
| Feabhsúcháin Bhliantúla ar Chaighdeáin IFRS Timthriall 2015-2017 | 1 Eanáir 2019 | Márta 2019 |
| Leasuithe ar IAS 19: Leasú ar Phlean, Ciorrúchán nó Réiteach | 1 Eanáir 2019 | Márta 2019 |
| Leasuithe ar Thagairtí don Chreat Coincheapúil i gCaighdeáin IFRS | 1 Eanáir 2020 | (Amuigh) |
| Leasú ar Chomhcheangail Ghnó IFRS 3 | 1 Eanáir 2020 | (Amuigh) |
| Leasuithe ar IAS 1 agus ar IAS 8: Sainmhíniú ar Ábhar | 1 Eanáir 2020 | (Amuigh) |

1 Dáta IASB curtha ar fáil mura bhfuil formhuinithe ag an AE go fóill

2 Tá cinneadh sealadach déanta ag an IASB an dáta óna mbeidh éifeacht ag IFRS 17 Árachas a chur siar go dtí tréimhsí dar tús an 1 Eanáir 2022 nó dá éis.

Eisíodh IFRS 16 Léasanna ar an 13 Eanáir 2016 agus beidh an 1 Eanáir 2019 mar dháta feidhme aige. Ta an caighdeán nua sin curtha in ionad IAS 17 Léasanna (agus treoir léirmhínitheach bhainteach), agus tairgtear leis samhail chuimsitheach nua chun socruithe léasa a aithint chomh maith leis an gcaoi a ndéileáiltear leo i ráitis airgeadais léasaithe agus léasóirí araon. Is ar chuntasaíocht an léasa atá an t-athrú is suntasaí, áit a gcuirfear deireadh leis an deighilt idir léasanna oibriúcháin agus airgeadais, agus mar sin de, tógtar an chuntasaíocht i gcomhair sócmhainní agus dliteanas a bhaineann leis na léasanna oibriúcháin chuig an gclár comhardaithe. Aithneofar muirear dímheasa agus muirear úis léasa sa ráiteas ioncaim, agus iad ag dul in ionad an chostais oibriúcháin cíosa a aithnítí roimhe seo. Tá sé i gceist againn IFRS 16 a chur i bhfeidhm, agus an cur chuige cúlghabhálach athraithe á úsáid; tríd an gcur chuige sin ní athshonrófar comparáidí agus an caighdeán nua á ghlacadh. Ní bheidh aon choigeartú carnach ar thuilleamh coinnithe ar dháta an aistrithe. Ní bheidh tionchar ábhartha ag tionchar an caighdeán nua a ghlacadh ar bhrabúis tuairiscithe an Ghrúpa, ach tiocfaidh miontionchar aicmithe chun cinn idir costais oibriúcháin tuairiscithe, costais dímheasa agus costais airgeadais, a bheidh neodrach ar an iomlán ó thaobh an chomhiomláin de. Aithneofar sócmhainní breise agus dliteanais bhreise an chláir chomhardaithe i leith shocruithe léasa oibriúcháin an Ghrúpa, arb ionann iad agus luach reatha na ngealltanas léasa oibriúcháin amach anseo de €16.3 milliún amhail an 31 Nollaig 2018, mar a leagtar amach i nóta 28, a chuirfear i láthair ar an gclár comhardaithe é mar dhliteanas léasa, chomh maith le sócmhainn chomhfhreagrach cheart úsáide (coigeartaithe le haghaidh cíosa réamhfhabhraithe/cíosa fabhraithe ar dháta an aistrithe). Glacfaidh an Grúpa an tseift phraiticiúil a thairgeann IFRS 16, rud a chiallaíonn nach gá d'aonán athmheasúnú a dhéanamh cibé acu an léas ar dháta an iarratais thosaigh é conradh nó nach é, nó an bhfuil léas ar dháta an iarratais thosaigh ann, agus ina ionad sin, ceadaítear d'aonán IFRS 16 a chur i bhfeidhm ar chonarthaí a aithníodh roimhe seo ar léasanna iad a chur IAS 17 agus IFRIC 4 i bhfeidhm agus gan IFRS 16 a chur i bhfeidhm ar chonarthaí nár aithníodh roimhe seo ar chonarthaí iad a raibh léas a chur IAS 17 i bhfeidhm iontu.

Táthar ag súil leis go mbeidh tionchar mór ag cur i bhfeidhm na bhfeabhsuithe/leasuithe IFRS eile atá fágtha, a eisíodh faoin 31 Nollaig 2018 ach nach raibh feidhm acu go fóill, ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

### (c) Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

#### *(i) Bunús an Chomhdhlúthaithe*

#### i. Fochuideachtaí

Is aonáin iad fochuideachtaí atá faoi rialú an Ghrúpa. I gcomhréir le IFRS, tá rialú i gceist nuair atá an Grúpa neamhchosanta ar, nó nuair atá cearta aige maidir le, torthaí inathraitheacha de bharr na bainte atá aige leis an eintiteas agus nuair atá sé de chumas ag an nGrúpa dul i bhfeidhm ar na torthaí sin trína chumhacht thar an eintiteas. Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí i ráitis airgeadais an Ghrúpa ón dáta ar a dtosaítear smacht go dtí an dáta ar a dtagann deireadh le smacht.

I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, cuirtear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar aghaidh mar chostas lúide aon mhuirir bhearnúcháin.

# 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

### ii. Idirbhearta a chuirtear as an áireamh i ndiaidh chomhdhlúthaithe

Déantar iarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa agus ioncam/speansais neamhréadaithe ar bith ó idirbhearta inghrúpa a dhíchur in ullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa. Déantar gnóthachain néamhréadaithe a thagann chun cinn ó idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu a dhíbirt i gcoinne na hinfheistíochta sa mhéid is atá leas ag an nGrúpa san institiúid infheistiúcháin. Déantar caillteanais neamhréadaithe a dhíbirt ar an gcaoi chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ag díreach sa mhéid is nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnú.

### iii. Comhcheangail ghnó

Déantar cuntas ar chomhcheangail ghnó tríd an modh éadála amhail ar an dáta éadála (.i. nuair a aistrítear rialú chuig an nGrúpa).

Déantar dea-thoil a thomhas ar an dáta éadála mar:

- luach cóir na comaoine arna haistriú, móide
- méid aitheanta aon leasanna neamhrialaitheacha san eintiteas arna fháil, móide
- má bhaintear amach an comhcheangal gnó i gcéimeanna, luach cóir leas reatha gnáthscaireanna an eintitis san eintiteas arna fháil, lúide
- glanmhéid aitheanta na sócmhainní inaitheanta arna bhfáil agus na ndliteanas arna nglacadh.

Nuair a bhíonn an barrachas diúltach, aithnítear gnóthachan ceannach sladmhargaidh láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Ní chuimsíonn an chomaoin aistrithe méideanna a bhaineann le socrú gaolmhaireachtaí a bhí ann cheana féin. Aithnítear méideanna den sórt sin sa chuntas brabúis nó sa caillteanais. Cláraítear mar chaiteachas costais a bhaineann leis an éadáil, seachas iad siúd a bhaineann le ceist na n-urrús fiachais nó gnáthscaire, a thabhaíonn an Grúpa i ndáil leis an gcomhcheangal gnó de réir mar a thabhaítear iad.

### iv. Cailliúint rialaithe

Nuair a chailltear smacht, dí-aithníonn an Grúpa sócmhainní agus dliteanais na fochuideachta agus aon ghnéithe de ghnáthscaireanna a bhaineann leis an bhfochuideachta. Aithnítear i mbrabús nó caillteanas aon bharrachas nó easnamh a thagann chun cinn nuair a chailltear smacht.

### *(ii) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh*

### i. Aithint

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a thomhas ag costas lúide dímheas carntha agus caillteanais charntha bhearnúcháin air sin. Cuimsítear i gcostais costais díreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostais), costais díchoimisiúnaithe nó athchóirithe agus ús arna thabhú chun tógáil na sócmhainne a mhaoiniú nuair a thógann tógáil tréimhse ama nach beag le críochnú.

Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu.

### ii. Dímheas

Déantar dímheas ar mhíreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ón uair a bhíonn siad ar fáil le húsáid.

Ríomhtar an muirear as dímheas go príomha chun costas na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíscríobh, lúide costas iarmharach measta, ar bhonn líne dírí thar a saol úsáideach measta. Déantar dímheas ar shócmhainní léasaithe thar téarma an léasa nó a saol úsáideach, cibé acu is giorra. Is iad na haicmithe móra sócmhainne agus a saol úsáideach measta ná:

| | |
|---|---|
| ▸ Foirgnimh | 40 bliain |
| ▸ Fearas, píblíne agus innealra | 2–60 bliain |

Ní ghearrtar dímheas ar thalamh ná sócmhainní arna dtógáil.

Déantar an modh dímheasa, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

# 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

**iii. Caiteachais ina dhiaidh sin**

Aithnítear caiteachas ina dhiaidh sin, mar shampla, an costas as cuid nó mír réadmhaoine, fearais agus trealaimh a athsholáthar, i suim ghlanluacha na míre más dócha go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ag baint leis an mír sa todhchaí chuig an nGrúpa, agus más féidir a costas a thomhas go hiontaofa. Déantar suim ghlanluacha na coda athsholáthraithe a dhí-aithint. Aithnítear na costais as seirbhísiú laethúil ar réadmhaoin, fhearas agus threalamh sa chuntas brabúis nó caillteanais de réir mar a aithnítear iad.

**iv. Costais iasachta**

Déantar costais iasachta a chaipitliú mar chostas sócmhainne má tá siad inchurtha go díreach i leith éadáil, thógáil nó tháirgeadh sócmhainne cáilithí. Is é atá i sócmhainn cháilitheach ná sócmhainn ar gá tréimhse shubstaintiúil ama a chaitheamh chun é a ullmhú dá n-úsáid bheartaithe nó le haghaidh díolacháin. Tagann deireadh le caipitliú úis nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó áit ar cuireadh isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fada ama.

Aithnítear gach costas iasachta eile sa chuntas brabúis nó caillteanais sa bhliain ina thabhaítear iad.

***(iii) Sócmhainní doláimhsithe***

**i. Bogearraí agus bogearraí arna bhforbairt**

Cuimsíonn costais as bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go hinmheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach.

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go hinmheánach a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúla bogearraí atá rialaithe ag an nGrúpa. Aithnítear na costais sin mar shócmhainní doláimhsithe má mheastar gur dóchúil go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ag baint leis na táirgí sin a sháróidh na costais. Ní dhéantar na costais sin a chaipitliú ach má chomhlíontar na critéir atá leagtha amach in IAS 38. Cuimsíonn an caiteachas a dhéantar a chaipitliú an costas as ábhair, saothar díreach, forchostais atá inchurtha go díreach i leith ullmhú na sócmhainne dá n-úsáid bheartaithe, agus costais iasachta ar shócmhainní cáilitheacha.

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire faighte a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu, ar chuntar go gcomhlíonann na costais na critéir in IAS 38 i gcomhair caipitliú.

**ii. Taighde agus forbairt**

Déantar caiteachas taighde agus forbartha a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim mar chaiteachas fulaingthe, ach amháin caiteachas áirithe forbartha a dhéantar a chaipitliú laistigh de shócmhainní doláimhsithe nuair a chomhlíontar na critéir atá leagtha amach in IAS 38 Sócmhainní Doláimhsithe.

**iii. Dea-mhéin**

Cuirtear dea-mhéin a thagann chun cinn ar éadáil fochuideachtaí laistigh de shócmhainní doláimhsithe. Féach ar pholasaí cuntasaíochta (i) iii le haghaidh tomhais ar dhea-mhéin ag an aithint thosaigh. Ina dhiaidh sin, déantar dea-mhéin ag costas tar éis costas bearnúcháin. Féach ar pholasaí cuntasaíochta (iv) thíos le haghaidh pholasaí cuntasaíochta an Ghrúpa maidir le bearnú.

**iv. Amúchadh sócmhainní doláimhsithe**

Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh de réir méid chothroimí sa chuntas brabúis agus caillteanais thar a saol úsáideach measta, ón dáta a bhfuil siad ar fáil le húsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe a amúchadh, de réir méid chothroim, thar a saol úsáideach measta de suas go seacht mbliana.

Athbhreithnítear modhanna amúchta, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

**v. Costais iasachta**

Féach ar pholasaí cuntasaíochta (ii) iv.

***(iv) Bearnú Sócmhainní***

**i. Sócmhainní atá faoi réir amúchta**

Déantar sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saol úsáideach éiginnte acu nó nach bhfuil réidh le húsáid fós, a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin.

## 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

**ii. Sócmhainní atá faoi réir dímheasa/amúchta**

Déantar suimeanna glanluacha na sócmhainní sin a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe chun socrú cibé acu an bhfuil aon chomhartha de bhearnúchán ann nó nach bhfuil. Má tá comhartha ann go bhfuil bearnú i gceist, déantar méid in-aisghabhála na sócmhainne a mheas.

**iii. Caillteanas bearnúcháin a aithint**

Chun críocha bearnúchán a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpaí ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ar féidir a aithint astu féin (aonaid giniúna airgid nó AGAnna). Aithnítear caillteanas bearnúcháin le haghaidh na méide ag a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a méid in-aisghabhála. Is é atá sa mhéid in-aisghabhála ná luach cóir sócmhainne lúide costas as diúscairt nó luach úsáide sócmhainne, cibé acu is airde. Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtaobh AGAnna a leithdháileadh ar dtús chun an tsuim ghlanluacha d'aon dea-thoil dáilte ar an AGA a laghdú, agus ina dhiaidh sin leithdháiltear iad chun laghdú a dhéanamh ar shuim ghlanluacha na sócmhainní eile san AGA ar bhonn pro rata.

**iv. Caillteanas bearnúcháin a aisiompú**

Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a fhreaschur maidir le dea-thoil. I dtaobh sócmhainní eile, déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtréimhsí roimhe sin a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe le haghaidh aon chomharthaí gur tháinig laghdú ar an gcaillteanas nó nach ann dó a thuilleadh. Ní fhreaschuirtear caillteanas bearnúcháin ach amháin chomh fada is nach sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne an méid a shocrófaí, glan ó dhímheas nó amúchadh, dá mba rud é nár aithníodh caillteanas bearnúcháin sa chéad áit.

Déanfar freaschur chaillteanas bearnúcháin do AGA a leithdháileadh ar shócmhainní an aonaid, ach amháin dea-thoil, pro rata le suimeanna glanluacha na sócmhainní sin. Aithnítear an freaschur láithreach sa chuntas brabúis nó caillteanais, ach amháin má thugtar an tsócmhainn anonn de réir méid chothroim, agus sa chás sin déileálfar leis an bhfreaschur mar mhéadú ar athluacháil. Agus úsáid á baint as suim ghlanluacha athbhreithnithe na sócmhainne déantar soláthar do dhímheas/amúchadh de réir méid chothroim thar an saol úsáideach fágtha atá measta don tsócmhainn.

***(v) Airgeadra Eachtrach***

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta agus airgeadra chur i láthair an Ghrúpa chomh maith.

**i. Idirbhearta airgeadra eachtraigh**

Aistrítear idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha ag an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Tá sócmhainní agus dliteanais airgid arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha aistrithe go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag na rátaí atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe. Aithnítear sa chuntas brabúis nó caillteanais an gnóthachan nó caillteanas airgeadra eachtraigh a thagann chun cinn tar éis an aistrithe a dhéanamh. Déantar na sócmhainní neamhairgeadaíochta a thomhaistear ar chostas stairiúil in airgeadra eachtrach a aistriú agus úsáid á baint as an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt, agus ní aistrítear arís iad ina dhiaidh sin.

**ii. Oibríochtaí eachtracha**

Aistrítear go euro, ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe, sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadáil. Aistrítear torthaí na n-oibríochtaí eachtracha go euro ar mheánrátaí malairte don tréimhse, nuair is ionann iad agus meastúchán réasúnta ar na rátaí iarbhír arna dtabhú. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de ghnáthscaireanna (cúlchiste aistrithe).

***(vi) Ioncam***

Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha, i margaí rialaithe agus neamhrialaithe, a thagann ioncaim an Ghrúpa. Forbraíonn, oibríonn agus cothabhálann na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann siad seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Freisin oibríonn an Grúpa agus tá siad ina n-úinéirí ar an dá phíbline idirnascaire gáis idir Albain agus Éire agus tá sócmhainní bonneagair líonra acu i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Cuimsíonn ioncam an Ghrúpa ioncam ó léasa oibriúcháin, a aithnítear i gcomhréir le IFRIC 4 (féach polasaí cuntasaíochta (vii) thíos) freisin.

Déantar ioncam a thomhas bunaithe ar an gcomaoin a measann an Grúpa a bheith i dteideal i gconradh le custaiméir, agus ní áirítear méideanna arna mbailiú ar son tríú páirtithe. Aithníonn an Grúpa ioncam nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí

# 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

feidhmíochta, mar a leagtar amach iad sa chonradh, nó de réir mar a chomhlíontar iad. Aithnítear ioncam ó acmhainn iompair (billeáilte agus neambhilleáilte) thar am de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid fheidhmíochta arb é acmhann líonra a sholáthar, agus aithnítear aon ioncam a bhaineann le tráchtearraí ar bhonn an tréchuir don tréimhse le haghaidh gach custaiméara. Aithnítear ranníocaíochtaí custaiméara in ioncam iarchurtha nuair a fhaightear iad, agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad i gcomhréir le comhlíonadh na n-oibleagáidí feidhmíochta. Tá an oibleagáid feidhmíochta éagsúil ó na hoibreacha ceangail agus aithnítear ioncam thar am de réir mar a chríochnaítear na hoibreacha ceangail.

Má mheastar nach gcomhlíontar na critéir um aithint ioncaim le haghaidh idirbhirt, cuirtear moill le haithint ioncaim go dtí go meastar gur dócúil inbhailitheacht. Áit is gá, déantar ioncam agus infháltais a lascainiú chun gné mhaoinithe an idirbhirt a léiriú agus cuirtear an foirceannadh úis i láthair go bliantúil mar chreidmheas don ráiteas ioncaim.

Braitheann roinnt foinsí ioncaim de chuid an Ghrúpa ar fhaomhadh a fháil ón rialaitheoir tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRU). D'fhéadfadh in imthosca áirithe go mbeadh an t-ioncam atá "ceadaithe" de réir na rialachán róghnóthaithe nó tearc-ghnóthaithe sa bhliain airgeadais. Is féidir aon róghnóthú nó tearcghnóthú a chuimsiú, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Ní dhéantar aon choigeartú um róghnóthú nó tearcghnóthú sa bhliain ina dtagann siad chun cinn.

***(vii) Léasanna***

Aicmítear mar léasanna airgeadais léasanna a nglacann an Grúpa cuid mhór de na rioscaí agus na luachanna saothair a bhaineann lena n-úinéireacht. Déantar an luach cóir, nó más ísle é, luach reatha na sócmhainní arna bhfáil faoi léasanna airgeadais, a chuimsiú faoi réadmhaoin, ghléasra agus trealamh agus déantar é a dhíscríobh thar téarma an léasa nó saol úsáideach measta na sócmhainne, cibé acu is giorra. Cuimsítear mar dhliteanais na gnéithe caipitil a bhaineann le hoibleagáidí sa todhchaí. Déantar ús ar an oibleagáid léasa atá fágtha a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim thar tréimhse an léasa. Ríomhtar an muirear sin ionas go gcruthaítear ráta tréimhsiúil síoraí de mhuirearú ar an iarmhéid de na oibleagáidí atá fágtha le haghaidh gach tréimhse cuntasaíochta.

Aithnítear íocaíochtaí léasa oibriúcháin mar chostas de réir méid chothroim thar téarma an léasa, ach amháin i gcás go bhfuil bonn córasach eile a fhreagraíonn níos fearr do na pátrúin ama a mbaintear leas as na tairbhí eacnamaíocha ó na sócmhainní léasaithe lena linn. Aithnítear mar chostas sa tréimhse ina thabhaítear iad cíosanna teagmhasacha a thagann chun cinn faoi léasanna oibriúcháin. I gcás go bhfaightear dreasachtaí léasaí chun dul i mbun léasanna oibriúcháin, aithnítear na dreasachtaí sin mar dhliteanas. Aithnítear tairbhe comhiomlán dreasachtaí mar laghdú ar chostais chíosa de réir méid chothroim, ach amháin i gcás go bhfuil bonn córasach eile níos ionadaí ar an bpátrún ama a mbaintear leas as na tairbhí eacnamaíocha ón tsócmhainn léasaithe lena linn.

**Cuntasaíocht i gcomhair socruithe a bhfuil léas ag gabháil leo**

Bíonn an deimhniú faoi cibé an gcuimsíonn socrú léas nó nach gcuimsíonn ag brath ar cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann an socrú le húsáid agus rialú sócmhainne ar leith. Meastar gur tuilleadh gach fáltas ó na socruithe sin, laistigh de raon feidhme IFRIC 4, mar chuid d'oibríochtaí lárnacha an Ghrúpa agus dá réir sin aithnítear an t-ioncam léasa mar ioncam sa ráiteas ioncaim. Aicmítear léasaí mar léasanna airgeadais má aistrítear den chuid is mó na rioscaí agus na luachanna saothair a bhaineann le húinéireacht agus an socrú á dhéanamh. Déantar gach léas eile a chatagóiriú mar léasanna oibriúcháin.

***(viii)Deontais***

Aithnítear deontas rialtais mar dhliteanas ar dtús ar an gclár comhardaithe nuair atá dearbhú réasúnta tugtha go bhfaighfear é agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a ghabhann leis. Aithnítear na deontais ioncaim atá mar chúiteamh don Ghrúpa as speansais arna dtabhú sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sna blianta céanna ina dtabhaítear na speansais. Déantar deontais a chúitíonn an Grúpa as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaol úsáideach na sócmhainne chun an muirear dímheasa a mheaitseáil.

***(ix) Soláthairtí agus Dliteanais Theagmhasacha***

Aithnítear soláthar más amhlaidh, mar thoradh ar imeacht san am atá thart go bhfuil oibleagáid dlí nó inchiallaithe reatha ar an nGrúpa ar féidir a mheas go hiontaofa, agus más dócha go mbeidh eis-sreabhadh tairbhí eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh. San áit a bhfuil an éifeacht ábhartha, déantar na soláthairtí a shocrú trí na sreafaí tuartha airgid amach anseo a asbhaint ag úsáid ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha margaidh ar an luach ama airgid agus na rioscaí ar leith a bhaineann leis an dliteanas. Aithnítear an muirear maoinithe bainteach i gcostais airgeadais. Aithnítear soláthar um athstruchtúrú nuair atá plean sonrach agus foirmiúil athstruchtúraithe faofa ag an nGrúpa, agus nuair atá athstruchtúrú tosaithe nó fógartha go poiblí. Ní dhéantar soláthar i gcomhair léasanna oibriúcháin amach anseo. Déantar soláthar freisin i gcomhair

## 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

costas measta as dí-éilliú láithreán oidhreachta Oibreacha Gáis, oibleagáidí as leasú láithreán agus costais le tabhú agus rialacháin chomhshaoil chomh maith le hoibleagáidí inchiallaithe á gcomhlíonadh.

D'fhéadfadh go dtiocfadh dliteanais teagmhasacha chun cinn i dtaobh comhaontuithe conarthacha a bhfuil eintiteas de chuid an Ghrúpa ina pháirtí iontu. Déantar iad siúd a mheas (más féidir) ar bhonn an eolais atá ar fáil maidir leis an gcostas féideartha a bhainfeadh le táirgeacht ó aon imeachtaí den sórt sin atá i gceist ar an dáta tuairiscithe. Is dliteanais iad siúd, le cois iad siúd a ndéantar soláthar dóibh sna ráitis airgeadais, a d'fhéadfadh a theacht chun cinn mar thoradh ar tharlú nó neamhtharlú ceann amháin nó níos mó d'imeachtaí éiginnte sa todhchaí ach mar gheall ar nádúr na dteagmhas, ní féidir soláthar a dhéanamh dóibh sna ráitis airgeadais (i gcomhréir le IFRS).

### *(x) Oibleagáidí leasa scoir*

Oibríonn an Grúpa scéimeanna pinsin sochair sainithe agus ranníocaíochta sainithe araon.

#### i. Scéim pinsin sochair sainithe

Is scéim sochair iarfhostaíochta í scéim sochair sainithe seachas plean ranníocaíochta sainithe, rud a dtugtar sonraí faoi thíos.

I gcás scéimeanna sochair sainithe, déantar an costas as sochair a chur ar fáil a mheas agus úsáid á baint as Modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa agus déantar athbhreithnithe achtúireacha ar gach lá tuairiscithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a aithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Aithnítear lasmuigh den chuntas brabúis nó caillteanais iad agus cuirtear i láthair iad in ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear an costas iar-sheirbhíse láithreach. Déantar an costas seirbhíse reatha agus gnóthachain agus caillteanais ar réitigh agus ciorrúcháin a mhuirearú ar chostais oibriúcháin, nó ar sholáthairtí i gcásanna ina ndearnadh soláthar ar dtús i gcomhar na gcostas bainteach mar chuid de sholáthar athstruchtúraithe a aithint. Déantar an glanchostas úis as pinsean a ríomh tríd an ráta lascaine ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm ar an nglandliteanas nó ar an nglansócmhainn shainithe.

Is ionann an oibleagáid sochair scoir arna aithint sa chlár comhardaithe luach reatha an oibleagáid sochair sainithe le haghaidh na scéime agus luach cóir shócmhainní na scéime.

#### ii. Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe

Is ionann scéim ranníocaíochta sainithe agus scéim sochair iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh, agus ní bheidh aon oibleagáid dlí ná inchiallaithe ar bith air méideanna breise a íoc. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar bhrabús nó chaillteanas sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.

### *(xi) Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais*

#### i. Ionstraimí airgeadais díorthacha

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun ráta úis agus nochtadh airgeadra a fhálú. Déantar gach díorthach den sórt sin a aithint ag luach cóir agus déantar iad a atomhas go luach cóir ar an dáta tuairiscithe.

Socraítear sainiú na gaolmhaireachta fálaithe nuair a thionscnaítear an conradh agus cuirtear nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an díorthach an-éifeachtach ó thaobh a chuspóir a chomhlíonadh agus gur féidir éifeachtacht an fhálaithe a thomhas go hiontaofa. Braitheann an chaoi a ndéileáiltear le gnóthachain agus caillteanais ar atomhas ar aicmiú an fhálaithe agus ar cibé acu an bhfuil an gaol fálaithe sainithe mar fhálú 'luach cóir' nó mar fhálú ar 'sreabhadh airgid'.

Déileáiltear le díorthaigh nach bhfuil mar chuid de ghaolta fálaithe éifeachtacha amhail is dá mbeidís á gcoimeád i gcomhair trádála, agus déantar gach gluaiseacht luach cóir a thaifeadadh tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais.

#### *(a) Fáluithe ar an sreabhadh airgid*

Áit a sainítear ionstraim airgeadais dhíorthach mar fhálú don éagsúlacht ar shreafaí airgid de chuid dliteanais aitheanta, gealltanais daingin, nó idirbheart tuartha ar mór an dóchúlacht go ndéanfar é, aithnítear an chuid éifeachtach d'aon ghnóthachan nó caillteanas ar an ionstraim airgeadais dhíorthach go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a aithnítear sócmhainn nó dliteanas mar thoradh ar an ngealltanas daingean nó an idirbheart tuartha, baintear an gnóthachan nó caillteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus cuimsítear é sa tomhas tosaigh ar an tsócmhainn nó an dliteanas. Mura ndéantar sin baintear an gnóthachan nó caillteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é sa chuntas brabúis nó caillteanais ag an am céanna leis an idirbheart fálaithe. Aithnítear an chuid neamhéifeachtach d'aon ghnóthachan nó caillteanas sa ráiteas ioncaim láithreach.

## 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

Nuair a chuirtear deireadh le hionstraim nó gaol fálaithe ach nuair a mheastar go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe fós, fanann an gnóthachan nó caillteanas carnach ag an bpointe sin in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é i gcomhréir leis an bpolasaí thuas nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Murar dóchúil a thuilleadh go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe, maidir leis an ngnóthachan carnach neamhréadaithe atá aitheanta in ioncam cuimsitheach eile, aithnítear sa chuntas brabúis nó caillteanais é láithreach.

***(b) Fáluithe ar luach cóir***

Áit a bhfuil ionstraim airgeadais dhíorthach sainithe mar fhálú luach cóir, aithnítear athruithe ar luach cóir an díorthaigh sa chuntas brabúis nó caillteanais. Freisin sonraítear an mhír fhálaithe ag luach cóir i dtaobh an riosca arna fhálú; aithnítear an gnóthachan nó caillteanas atá inchurtha i leith an riosca fhálaithe sa chuntas brabúis nó caillteanais agus coigeartú déanta ar shuim ghlanluacha na míre fálaithe.

**ii. Iasachtaí**

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. I ndiaidh a n-aitheantais tosaigh, sonraítear na hiasachtaí nach bhfuil i ngaol fálaithe luach chóir ag an gcostas amúchta le húsáid mhodh an ghlanráta úis. Déantar iasachtaí a ainmnítear ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas (FVTPL) a thomhas ag luach cóir le haghaidh rioscaí fálaithe, agus aithnítear aon ghnóthachain nó caillteanais a eascraíonn as athruithe ar luach cóir sa chuntas brabúis nó caillteanais.

**iii. Sócmhainní agus dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha**

***Trádáil agus infháltais eile***

Aithnítear infháltais trádála agus infháltais eile ar dtús ag cóirluach na comaoine atá infhála agus iompraítear iad ag an luach seo ina dhiaidh sin lúide liúntas cuí do chaillteanais bhearnúcháin. Déantar soláthar i gcomhair chaillteanais bhearnúcháin le samhail caillteanais ionchais creidmheasa a úsáid, agus aithnítear an bearnú ionchais mar chostas i gcostais oibriúcháin. Ríomhtar méid ionchais an chaillteanais creidmheasa trí rátaí caillteanais ionchais a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an bhfeidhmíocht iarbhír stairiúil maidir le bailiú airgid, ar phróifíl an fhiacha aosaithe le tosca maicreacnamaíocha agus fachtóirí amach anseo a bhaineann go sonrach leis na féichiúnaithe curtha san áireamh.

Polasaí is infheidhme roimh an 1 Eanáir 2018: Tugtar liúntais ar leith sa chás go bhfuil fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán, mar shampla áit nach féidir íoc. Déantar soláthar breise ar bhonn punainne chun caillteanais tabhaithe breise a chlúdach bunaithe ar anailís ar an taithí roimhe sin ar chaillteanas agus é tugtha suas chun dáta chun coinníollacha reatha an mhargaidh a léiriú.

***Airgead tirim agus coibhéis airgid***

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéis airgid, airgead ar láimh, taiscí inaisíoctha ar éileamh agus infheistíochtaí gearrthéarmacha eile atá an-leachtach a bhfuil aibíochtaí bunaidh acu de thrí mhí nó níos lú, lúide rótharraingtí inaisíoctha ar éileamh.

***Trádáil agus suimeanna iníoctha eile***

Déantar infháltais thrádála agus suimeanna iníoctha eile a thaifeadadh ar dtús ag luach cóir, arb é sin an bhunsuim a sonraíodh móide aon chostas idirbhirt atá inchurtha go díreach, agus iompraítear iad ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáide as modh an úis ghlain.

***Sócmhainní airgeadais ar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais (FVTPL)***

Aicmítear sócmhainní airgeadais mar FVTPL nuair (i) atá an tsócmhainn airgeadais á coimeád le haghaidh trádála, (ii) nuair atá sé sainithe mar FVTPL nó (iii) mar chomaoin theagmhasach a d’fhéadfadh éadálaí a íoc mar chuid de chomhcheangal gnó lena mbaineann IFRS 3.

Sonraítear sócmhainní airgeadais ag FVTPL ag luach cóir agus gan aon ghnóthachain ná caillteanais ag teacht chun cinn ar atomhas aitheanta sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar luach cóir a shocrú sa bhealach mar a shainítear i nóta 27.

***(xii) Glanchostais Airgeadais***

Tá ioncam airgeadais déanta suas d’ioncam úis ar chistí infheistithe agus ioncam ó dhíbhinní. Aithnítear ioncam úis de réir mar a thabhaítear é sa chuntas brabúis nó caillteanais, agus úsáid á baint as modh an úis ghlain. Aithnítear ioncam ó dhíbhinní sa chuntas brabúis nó caillteanas ar an dáta a shocraítear ceart an Ghrúpa chun íocaíocht a fháil.

Cuimsíonn costais airgeadais ús iníoctha ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthairtí, gluaiseachtaí luach cóir ar shócmhainní airgeadais a aicmítear mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais agus glanchostais úis pinsin. Maidir le costais iasachta nach bhfuil inchurtha go díreach i leith éadáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí, aithnítear iad sa chuntas brabúis nó

## 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

caillteanais ag úsáid mhodh an úis ghlain. Déantar an glanchostas úis as pinsean a ríomh tríd an ráta lascaine ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm ar an nglandliteanas nó ar an nglansócmhainn shainithe.

Cuirtear i láthair coigeartuithe luach cóir ar ionstraimí maoinithe a aithníodh sa chuntas brabúis nó caillteanais, mar ioncam airgeadais nó costais airgeadais, de réir mar is cuí (féach ar nóta 1 (a) le haghaidh níos mó sonraí).

***(xiii) Cáin Ioncaim***

Cuimsíonn costas cánach ioncaim cáin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid agus a bhfuil sé bainteach le comhcheangail ghnó, nó le míreanna a aithnítear go díreach mar chothromas nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó caillteanas inchánach don bhliain, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na mblianta roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear cáin iarchurtha maidir le gach difríocht shealadach idir suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánachais. Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánacha a bhfuiltear ag súil leo sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil le freaschur na ndifríochtaí sealadacha i bhfianaise rátaí cánacha agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh sa tsubstaint faoin dáta tuairiscithe.

Féachtar ar shócmhainn chánach iarchurtha mar cháin in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í ach, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, nuair is dóchúil go mbeidh brabúis oiriúnacha inchánach ann ónar féidir freaschur na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha amach anseo a asbhaint.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

***(xiv) Fardail***

***i. Fardail***

Déantar fardail a thomhas agus úsáid á baint as costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, agus úsáid á baint as an bhfoirmle costais is túisce isteach is túisce amach (FIFO) i gcomhréir le Fardail IAS 2. Tá costas déanta suas de phraghas ceannaigh agus gach costas díreach a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt chuig a n-ionad reatha agus a riocht reatha. Is é atá i nglanluach inréadaithe ná an costas díola iarbhír nó measta lúide gach costas atá le tabhú roimh dhiúscairt. Déantar soláthar sonrach le haghaidh nithe a bhfuil dochar déanta dóibh, atá imithe as feidhm nó nach féidir a úsáid, nuair is cuí sin.

***ii. Stoc gáis***

Coinnítear stoic gáis chun na brúnna atá riachtanach laistigh den chóras Líonra a choimeád. Ní choinnítear na stoic seo le hathdhíol agus déantar iad a thomhas ar chostas (arb é an luach is ísle de chostas agus glanluach inréadaithe é).

***(xv) Brabús oibriúcháin***

Sonraítear brabús oibriúcháin roimh ghlanchostais airgeadais agus chánachas.

***(xvi) Bearta Neamh-GAAP***

Sainítear TRÚCDA mar thuillimh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iomlán na n-iasachtaí agus é coigeartaithe do thionchar fháluithe chóirluacha lúide taiscí airgid. Baineann an Grúpa úsáid as na bearta neamh-GAAP sin chun faisnéis úsáideach faoi fheidhmíocht agus mhaoiniú a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do stocshealbhóirí agus pháirtithe leasmhara seachtracha.

### (d) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Éilítear ar an nGrúpa, agus é ag cur na bpolasaithe cuntasaíochta sin i bhfeidhm, meastacháin, boinn tuisceana agus breithiúnais áirithe a dhéanamh a chreideann sé a bheith réasúnach bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Bíonn tionchar ag na meastacháin, na boinn tuisceana agus na breithiúnais sin ar na méideanna sócmhainní agus dliteanais ar dháta na ráitis airgeadais agus na méideanna ioncaim agus costais a aithnítear i rith na dtréimhsí tuairiscithe a chuirtear i láthair. D'fhéadfadh éifeacht ábhartha a bheith ag athruithe ar na meastacháin sin ar na ráitis airgeadais.

## 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

Déanann an Grúpa a mheastacháin a mheas ar bhonn leantach ag baint úsáide as taithí stairiúil, comhairliúchán le saineolaithe agus modhanna eile a cheaptar a bheith réasúnach in imthosca áirithe. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin, agus bíonn a thionchar le haithint sa tréimhse ina bhfaightear amach faoi na fíorais as a dtagann an t-athbhreithniú.

***(i) Breithiúnais chriticiúla le polasaithe cuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm***

Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla seachas iad sin a bhaineann le meastacháin (a ndéileáiltear leo astu féin thíos) atá déanta ag an nGrúpa agus na polasaithe cuntasaíochta sin á gcur i bhfeidhm agus a bhfuil an éifeacht is mó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**(a) Rangú ar chostas idir caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitil**

Teastaíonn breithiúnais shuntasacha le caiteachas a rangú mar chaiteachas caipitil nó oibriúcháin, go háirithe i gcásanna a mbíonn eilimintí de ghníomhaíochtaí feabhsúcháin (caipiteal) agus cothabháil (oibriúchán) araon ann. Tá polasaithe, rialúcháin agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag an nGrúpa leis na rioscaí a mhaolú ar chaiteachas neamh-incháilithe a chaipitliú.

***(ii) Neamhchinnteacht meastacháin***

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana maidir leis an todhchaí agus le príomhfhoinsí eile as a dtagann neamhchinnteacht meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe a bhféadfadh riosca suntasach a bheith ann go mbeadh coigeartú ábhartha dá mbarr ar na suimeanna glanluacha sócmhainní agus caiteachais i rith na bliana seo chugainn.

**(a) Sócmhainní bonneagair agus na sócmhainní a úsáidimid inár ngnó**

Amhail an 31 Nollaig 2018, ba ionann comhiomlán réadmhaoin, gléasra agus trealamh (RG&T) an Ghrúpa agus €2,538.3 milliún. Ba ionann é sin agus formhór shócmhainní an Ghrúpa. Dá réir sin tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a rinneadh le luach anonn a dheimhniú criticiúil do na ráitis airgeadais mar gheall go bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag in-aisghabhálacht na méideanna, nó a n-easnamh, ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an Ghrúpa amach anseo.

***Dímheas agus saol úsáideach***

Aithníonn an Grúpa muirir dímheasa agus amúchta go bliantúil (2018: €131.1 milliún) a ríomhtar go príomha chun costas RF&T agus sócmhainní doláimhsithe a laghdú thar a saol eacnamaíoch úsáideach ionchais. Tá an cinneadh maidir le saol úsáideach measta acmhainní bunaithe ar thaithí, ar ionchais i dtaobh na todhchaí agus ar fhachtóirí eile. Tá an saol úsáideach measta do shócmhainní móra leagtha amach sna polasaithe cuntasaíochta sin (cuid c). Déanann an Grúpa athbhreithniú ar shaol úsáideach shócmhainní go bliantúil agus déantar aon athrú riachtanach a choigeartú go hionchasach. Mar gheall ar a thábhachtaí is atá infheistíocht sócmhainne don Ghrúpa, d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag éagsúlachtaí idir saol eacnamaíoch iarbhír agus measta ar thorthaí sa todhchaí, torthaí dearfacha nó diúltacha. Níor aithin an Grúpa aon athruithe go stairiúil ar shaol úsáideach a raibh tionchar ábhartha acu ar thorthaí oibriúcháin.

**(b) Oibleagáidí leasa scoir**

Tugtar lascaine ar shreafaí airgid sochair réamh-mheasta an Ghrúpa atá ina mbonn taca lena oibleagáid leasa scoir ag ráta a shocraítear trí thagairt do thorthaí margaidh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ar bhannaí corparáide d'ardcháilíocht. Tá gá le breithiúnas suntasach nuair atáthar ag socrú critéar do bhannaí a bheadh ináirithe don phobal óna dtagann an cuar toraidh. Is iad na critéir is tábhachtaí a mheastar le bannaí a roghnú ná méid eisithe na mbannaí corparáide, cáilíocht na mbannaí agus aitheantas na n-asluiteach atá fágtha amach. Tá gá le breithiúnas suntasach chomh maith nuair a bhíonn an cuar toraidh á dhíorthú ag téarmaí níos faide, ós rud é go bhfuil líon na mbannaí corparáide ardcháilíochta fadreathacha tearc ag faid níos faide. I rith 2018, ar chomhairle achtúire an Ghrúpa ar an Scéim, rinne an Grúpa athscagadh ar a mhodheolaíocht chun an cuar toraidh a dhíorthú agus tá modh malartach eachtarshuímh glactha leis aige. Faoin modh malartach sin, déantar torthaí banna corparáide ardchaighdeáin a eachtarshuí ag faid níos faide nuair a éiríonn bannaí corparáide tearc, tríd an difreálach toraidh idir an cuar bannaí corparáide agus cuar bannaí ilchodaigh rátáil AA rialtas Euro a chothabháil, in áit tagairt a dhéanamh do chuar babhtála, a úsáideadh mar chur chuige roimhe sin.

Ríomhadh oibleagáid sochair sainithe Ervia amhail an 31 Nollaig 2018 agus ráta lascaine de 2.1% á úsáid, mar a ríomhadh agus úsáid á baint as an modheolaíocht athbhreithnithe a thuairiscítear thuas. Ba é an ráta lascaine faoin modh eachtarshuímh roimhe seo ná 1.85%. D'aithin an Chuideachta gnóthachan achtúireach de €42m le linn 2018 mar gheall ar an athrú ar an ráta lascaine ó 1.75% amhail an 31 Nollaig 2017 go dtí 2.1% ar an 31 Nollaig 2018. D'eascair €28m den ghnóthachan seo as beachtú ar an gcaoi a ndéantar an cuar toraidh a eachtarshuí ar théarmaí níos faide mar a thuairiscítear thuas, agus d'eascair €14m de as gluaiseachtaí margaidh sna torthaí ar bhannaí corparáide ardchaighdeáin i rith na bliana.

# 1. Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

### (c) Foráil do dhliteanais agus mhuirir eile

Bíonn neamhchinnteacht meastacháin ag baint le measúnachtaí ar thoradh airgeadais do staideanna neamhchinnte tráchtála agus dlíthiúla agus bíonn gá le breithiúnas, meastachán agus boinn tuisceana a úsáid. Is ionann na méideanna atá aitheanta mar sholáthar agus meastachán is fearr an Ghrúpa ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Agus an toradh dóchúil á mheas, bunaíonn an Grúpa a mheasúnú ar fhíorais atá ar fáil, ar thaithí stairiúil, ar chomhairle ó chomhairleoirí dlí agus saineolaithe eile agus ar fhachtóirí cuí breise eile a mheastar a bheith réasúnta sna himthosca. Mar sin tagtar ar mheastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe chun déanamh cinnte go bhfreagraíonn na méideanna arna bhfabhrú don mheastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Grúpa sa deireadh. B'fhéidir go n-athródh an fhoráil riachtanach amach anseo de bharr forbairtí nua agus de réir mar a bhíonn faisnéis nua ar fáil. Féach ar nóta 24 le tuilleadh sonraí a fháil.

### (d) Cánachas

Tá an Grúpa faoi réir cánacha ioncaim i ndlínsí difriúla. Ceanglaíonn na forálacha le haghaidh dliteanas cánach ar an nGrúpa meastacháin a dhéanamh maidir le ríomhaireachtaí cánach. Tá na méideanna a chuirtear ar fáil bunaithe ar léirmhíniú an Ghrúpa ar dhlíthe cánach atá sonrach do thíortha agus is ionann iad agus meastachán is fearr an Ghrúpa ar mhéideanna chánacha ioncaim iníoctha i dtréimhsí amach anseo. Áit a mbeidh an toradh deireanach cánach difriúil leis na méideanna a taifeadadh ar dtús, beidh tionchar ag na difríochtaí sin ar na soláthairtí um cháin reatha agus cháin iarchurtha sa tréimhse ina shocraítear an méid sin.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid go bhfuil dóchúlacht ann go mbeidh fáil ar bhrabúis inchánach sa todhchaí a d’fhéadfaí na caillteanais chánach neamhúsáidte agus na creidmheasa cánach neamhúsáidte a úsáid ina gcoinne. Measann an Grúpa an méid is dóchúla do bhrabúis inchánach sa todhchaí, agus úsáid á baint as toimhdí a thagann leo siúd a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ag tógáil san áireamh an reachtaíocht chánach is infheidhme sa dlínse ábhartha. Is gá meastacháin a úsáid chun na ríomhaireachtaí sin a dhéanamh. Féach ar nóta 10.

## 2. Faisnéis Rannóige

I rith 2015, d'aistrigh an Mháthairchuideachta a cuid fiachas go léir chuig a fochomhlacht nuachorpraithe, Líonraí Gáis Éireann. Dá bharr sin, níl an Grúpa laistigh de raon feidhme IFRS 8 Deighleoga Oibriúcháin, ach roghnaigh sé an fhaisnéis rannóige seo a leanas a chur i láthair.

| RANNÓG | SUÍOMH GEOGRAFACH | CUR SÍOS AR THÁIRGÍ AGUS SHEIRBHÍSÍ |
|---|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | Éire agus an RA | Forbraíonn, oibríonn agus cothabhálann gnó Líonraí Gáis Éireann na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann siad seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Oibríonn rannóg gnó Líonraí Gáis Éireann, agus tá sí ina húinéir ar, dhá phíbline Idirnascaire gáis idir Albain agus Éirinn freisin, agus tá sócmhainní bonneagair líonra aici i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha a thagann ioncam an Ghrúpa.<br><br>Áirítear an gnó Aurora Telecom, a sholáthraíonn bonneagar um leathanbhanda snáithín optúil dorcha ar chaighdeán ard, sa rannóg seo freisin. |
| Máthairchuideachta Ervia | Éire | Cuimsíonn oibríochtaí Mháthairchuideachta Ervia réimsí nach dtagann laistigh de rannóg gnó Líonraí Gáis Éireann, a bhfuil ina measc;<br><br>▸ Seirbhísí Gnó, a chuireann seirbhísí tacaíochta idirbhirt sna réimsí Airgeadais, Cuntais Iníoctha, Soláthar, Párolla, Acmhainní Daonna, Áiseanna agus tacaíocht TF ar fáil don Ghrúpa,<br>▸ Lárionad an Ghrúpa ina bhfuil oifig Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa, Airgeadas an Ghrúpa, Acmhainní Daonna an Ghrúpa, Cúrsaí Dlí, Straitéis agus Rialáil Tráchtála, agus<br>▸ Tionscadail Mhóra, lárionad feabhais chun príomhthionscadail straitéiseacha um bonneagar gáis agus uisce a chur i gcrích.<br><br>Déantar costais i dtaobh Ervia a athmhuirearú ar rannóga gnó Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann. Tá costais oibriúcháin na rannóige seo leagtha amach thíos glan ó na hathmhuirir agus is é atá iontu go príomha ná costais phinsin nach costais airgid thirim iad. |

I gcomhréir le IFRS 10, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa (mar a mhínítear i nóta 29). Dá bharr sin, níl Uisce Éireann cuimsithe sa nóta sin.

### a) Ioncam

Seo a leanas an t-ioncam agus é roinnte de réir shuíomh geografach:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Éire | **450,693** | 434,253 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | **36,490** | 38,922 |
| **Iomlán** | **487,183** | 473,175 |

Áirítear le hioncam an Ghrúpa do 2018 de €487.2 milliún (2017: €473.2 milliún), ioncaim de €129.4 milliún (2017: €142.4 milliún), €61.4 milliún (2017: €57.5 milliún) agus €47.7 milliún (2017: €47.9 milliún) a tháinig chun cinn ó dhíolacháin leis na trí chustaiméir is mó de chuid an Ghrúpa.

### (b) Caiteachas Caipitiúil

| | BREISEANNA CAIPITIL LE RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH (NÓTA 11) | | BREISEANNA CAIPITIL LE SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE (NÓTA 12) | |
|---|---|---|---|---|
| | 2018 €'000 | 2017 €'000 | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
| Líonraí Gáis Éireann | **134,733** | 143,682 | **8,211** | 3,478 |
| Máthairchuideachta Ervia | **232** | - | **-** | - |
| **Iomlán** | **134,965** | 143,682 | **8,211** | 3,478 |

## 2. Faisnéis Rannóige (ar lean)

### (c) Sócmhainní neamhreatha de réir shuíomh geografach

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Éire | **2,166,981** | 2,183,351 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | **371,289** | 349,714 |
| **Iomlán** | **2,538,270** | 2,533,065 |

Cuimsíonn sócmhainní neamhreatha don chuspóir sin réadmhaoin, fearas, trealamh, sócmhainní doláimhsithe agus infháltais trádála agus eile. Eisítear ionstraimí airgeadais díorthacha.

Is roimh mhíreanna eisceachtúla a thugtar na méideanna sna táblaí thíos.

| | Líonraí Gáis Éireann (Torthaí Reachtúla) 2018 €'000 Nóta 1 | Comhdhlúthú agus Díothú 2018 €'000 | A<br>Líonraí Gáis Éireann (Torthaí Deighleoige) 2018 €'000 | Máthairchuideachta Ervia (Torthaí Reachtúla) 2018 €'000 | Comhdhlúthú agus Díothú 2018 €'000 Nóta 2 | B<br>Máthairchuideachta Ervia (Torthaí Deighleoige) 2018 €'000 | A + B = C<br>Grúpa Ervia (Torthaí Reachtúla) 2018 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 487,183 | - | 487,183 | - | - | - | 487,183 |
| Costais oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) | (186,311) | - | (186,311) | (6,094) | (65) | (6,159) | (192,470) |
| **Brabús/(caillteanas) oibriúcháin roimh amúchadh agus dhímheas (TRÚCDA)** | 300,872 | - | 300,872 | (6,094) | (65) | (6,159) | 294,713 |
| Dímheas agus amúchadh | (136,506) | 5,825 | (130,681) | (386) | - | (386) | (131,067) |
| **Brabús/(caillteanas) oibriúcháin** | 164,366 | 5,825 | 170,191 | (6,480) | (65) | (6,545) | 163,646 |
| Ioncam airgeadais | - | - | - | 54,189 | (54,189) | - | - |
| Costais airgeadais | (21,317) | - | (21,317) | (2,647) | - | (2,647) | (23,964) |
| **Glan(chostais)/ioncam airgeadais** | (21,317) | - | (21,317) | 51,542 | (54,189) | (2,647) | (23,964) |
| **Brabús/(caillteanas) roimh cháin ioncaim** | 143,049 | 5,825 | 148,874 | 45,062 | (54,254) | (9,192) | 139,682 |

## 2. Faisnéis Rannóige (ar lean)

| | Líonraí Gáis Éireann (Torthaí Reachtúla) 31–Noll–18 €'000 | Comhdhlúthú agus Díothú 31–Noll–18 €'000 Nóta 1 | A Líonraí Gáis Éireann (Torthaí Deighleoige) 31–Noll–18 €'000 | Máthairchuideachta Ervia (Torthaí Reachtúla) 31–Noll–18 €'000 | Comhdhlúthú agus Díothú 31–Noll–18 €'000 Nóta 3 | B Máthairchuideachta Ervia (Torthaí Deighleoige) 31–Noll–18 €'000 | A + B = C Grúpa Ervia (Torthaí Reachtúla) 31–Noll–18 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sócmhainní bonneagair | 2,596,330 | (66,060) | 2,530,270 | 8,000 | - | 8,000 | 2,538,270 |
| Sócmhainní eile | 236,163 | - | 236,163 | 891,245 | (844,335) | 46,910 | 283,073 |
| **Sócmhainní iomlána** | 2,832,493 | (66,060) | 2,766,433 | 899,245 | (844,335) | 54,910 | 2,821,343 |
| Iasachtaí | (1,191,826) | - | (1,191,826) | - | - | - | (1,191,826) |
| Oibleagáidí leasa scoir | - | - | - | (98,381) | - | (98,381) | (98,381) |
| Dliteanais eile | (634,539) | 10,488 | (624,051) | (29,506) | 162,899 | 133,393 | (490,658) |
| **Dliteanais iomlána** | (1,826,365) | 10,488 | (1,815,877) | (127,887) | 162,899 | 35,012 | (1,780,865) |
| **Glansócmhainní** | 1,006,128 | (55,572) | 950,556 | 771,358 | (681,436) | 89,922 | 1,040,478 |
| **Glanfhiachas** | (1,051,069) | - | (1,051,069) | 15,236 | - | 15,236 | (1,035,833) |

**Nóta 1:**

Bhí roinnt sócmhainní faoi réir dhiúscairt idirghrúpa d'eintitis laistigh de Ghrúpa Líonra Gáis Éireann ag luach margaidh le breithniú os cionn an ghlanluacha de réir na leabhar ar dháta an díolacháin. Ó dhearcadh Ghrúpa Ervia de, díothaíodh na gnóthachain neamhréadaithe idirghrúpa ar chomhdhlúthú nuair a díoladh na sócmhainní gaolmhara le heintitis laistigh de Ghrúpa Líonra Gáis Éireann agus, ina dhiaidh sin, díothaíodh an t-ardú dímheasa a aithníodh i ráitis airgeadais Ghrúpa Líonra Gáis Éireann ar chomhdhlúthú freisin (2018:€5.8 million). Ba é luach iompair na sócmhainní cuí a áiríodh i ráitis airgeadais Ghrúpa Líonra Gáis Éireann, atá faoi réir díothú ar chomhdhlúthú ar 31 Nollaig 2018 ná €66.1 milliún. Ba é an dliteanas cánach iarchurtha ar na sócmhainní sin, faoi réir díothú ar chomhdhlúthú, ná €10.5 milliún amhail an 31 Nollaig 2018.

**Nóta 2:**

Díothaítear an díbhinn idirghrúpa a fógraíodh ó Líonraí Gáis Éireann go dtí Máthairchuideachta Ervia de €54.2 milliún don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 ag leibhéal Ghrúpa Ervia.

**Nóta 3:**

Déantar sócmhainní Mháthairchuideachta Ervia, mar seo a leanas, a dhíothú nó a athaicmiú (a chúiteamh) ar chomhdhlúthú:

- Déantar infheistíocht Mháthairchuideachta Ervia de €681.4 milliún i Líonraí Gáis Éireann a dhíothú in aghaidh glansócmhainní (cothromas) Líonraí Gáis Éireann. Féach nóta 17 faoin Mháthairchuideachta.
- Déantar idirchuideachta Mháthairchuideachta Ervia de €160.0 milliún a fhaightear ó Líonraí Gáis Éireann a dhíothú in aghaidh an dliteanais chomhfhreagraigh i nGrúpa Líonraí Gáis Éireann. Féach nóta 9 faoin Mháthairchuideachta.
- Déantar sócmhainn cánach iarchurtha Mháthairchuideachta Ervia de €2.9 milliún a chúiteamh in aghaidh dliteanas cánach iarchurtha a aithnítear i nGrúpa Líonraí Gáis Éireann.

## 3. Ioncam

| | | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| Rialaithe | | **423,527** | 415,591 |
| Neamhrialaithe – conarthaí iompair | 28 | **29,309** | 30,744 |
| Neamhrialaithe – conarthaí nua naisc | 22 | **9,902** | 4,428 |
| Neamhrialaithe – eile | | **24,445** | 22,412 |
| **Iomlán** | | **487,183** | 473,175 |

# 4. Costais Oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh)

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Costas shochair fostaithe | **(86,081)** | (78,546) |
| Seirbhísí fruilithe agus conraithe | **(13,705)** | (14,021) |
| Costais ábhar, cothabhála agus fochonraitheora | **(55,541)** | (51,626) |
| Cíos, rátaí agus saoráidí | **(30,840)** | (28,616) |
| Speansais oibriúcháin eile | **(50,347)** | (43,573) |
| Athmhuirir ar ghnóthais neamhrialaithe (nóta 30) | **44,044** | 43,073 |
| **Iomlán** | **(192,470)** | (173,309) |

## Sonraítear costais oibriúcháin tar éis go ngearrtar muirir:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **(a) Luach saothair an iniúchóra** | | |
| – seirbhísí iniúchóireachta reachtúla | **(169)** | (154) |
| – seirbhísí dearbhaithe eile a bhaineann le hiniúchadh | **(70)** | (62) |
| – seirbhísí comhairleacha cánach | **-** | (6) |
| – seirbhísí neamh-iniúchóireachta eile | **-** | - |
| **Iomlán** | **(239)** | (222) |
| **(b) Luachanna saothair chomhaltaí boird** | | |
| – táillí | **(157)** | (157) |
| – luach saothair Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa* | **(302)** | (219) |
| **Iomlán** | **(459)** | (376) |

* Baineann sonraí luach saothair do 2017 le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin reatha an Ghrúpa agus leis an Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. D'éirigh iar-PhriomhOifigeach an Ghrúpa as oifig ar an 1 Meitheamh 2017 agus ceapadh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin reatha an Ghrúpa le bheith i bhfeidhm ón 31 Deireadh Fómhair 2017.

Tá sonraí faoi chostas cuimsitheach an phacáiste luach saothair de chuid iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa agus de chuid an Phríomhoifigigh reatha déanta suas mar seo a leanas:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **(b) (i) Príomhoifigeach Feidhmiúcháin reatha an Ghrúpa** | | |
| Tuarastal bunúsach Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa | **(225)** | (38) |
| Sochair ghearrthéarmacha eile | **(21)** | (5) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | **(56)** | (9) |
| **Iomlán** | **(302)** | (52) |
| **(b) (ii) Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa** | | |
| Tuarastal bunúsach Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa | **-** | (125) |
| Sochair ghearrthéarmacha eile | **-** | (11) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | **-** | (31) |
| **Iomlán** | **-** | (167) |

# 5. Sochair Fostaithe

## (a) Sochair chomhiomlána fhostaí

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | **(75,272)** | (69,591) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | **(17,913)** | (15,628) |
| Ranníocaíocht an fhostóra do leas sóisialach | **(8,120)** | (7,538) |
| | **(101,305)** | (92,757) |
| Párolla caipitlithe agus aistrithe eile párolla | **15,224** | 14,211 |
| **Costas sochair fostaithe a ghearrfar ar an gcuntas brabúis nó caillteanais** | **(86,081)** | (78,546) |

## (b) Sochair ghearrthéarmacha foirne

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | **(71,150)** | (65,779) |
| Ragobair | **(1,163)** | (1,170) |
| Liúntais | **(892)** | (899) |
| Eile | **(2,067)** | (1,743) |
| **Iomlán** | **(75,272)** | (69,591) |

Ba ionann meánlíon na bhfostaithe de chuid an Ghrúpa agus 981 sa bhliain 2018 (2017: 927). Féach nóta 24 le haghaidh sonraí faoi shochair fhoirceanta gearrtha in aghaidh na forála um athstruchtúrú.

# 6. Cúiteamh na bPríomhbhainisteoirí

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair fostaithe gearrthéarmacha | **(1,477)** | (1,397) |
| Sochair iarfhostaíochta | **(182)** | (361) |
| **Iomlán** | **(1,659)** | (1,758) |

Is iad na príomhbhainisteoirí Bord Ervia, POF Ervia agus a chuid tuarascálacha díreacha. Cionroinntear príomhchostais bhainistíochta ar eintitis ar leith laistigh de ghrúpa Ervia bunaithe ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Tá na costais atá nochta de chionroinnt glan ó chostais Uisce Éireann, atá ina ghnóthas neamhrialaithe.

# 7. Míreanna Eisceachtúla

Féach ar nóta 9 le haghaidh sonraí faoi chostais eisceachtúla arna dtabhú in 2018 agus 2017.

## 8. Dímheas agus Amúchadh

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas | **(131,353)** | (126,276) |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | **(5,424)** | (12,632) |
| Amúchadh deontas | **5,710** | 5,659 |
| **Iomlán** | **(131,067)** | (133,249) |

## 9. Glanchostais Airgeadais

| | | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Roimh mhíreanna eisceachtúla** | | | |
| Costais airgeadais | | | |
| Ús | | **(19,399)** | (20,394) |
| Ús caipitlithe | | **1,122** | 749 |
| Muirear maoinithe | | **(67)** | (93) |
| Glanús ar an nglandliteanas sochair sainithe | 21 | **(2,125)** | (2,204) |
| Costais airgeadais eile | | **(3,495)** | (3,355) |
| **Iomlán na gcostas airgeadais** | | **(23,964)** | (25,297) |
| **Míreanna eisceachtúla** | | | |
| Glanathruithe ar luach cóir díorthach maoinithe neamhainmnithe | (i) | **1,397** | 2,843 |
| Glanathruithe ar luach cóir ionstraimí airgeadais arna n-ainmniú mar fháluithe luacha chóir | (i) | **(79)** | 234 |
| Athrú ar mheastachán ar shreabhadh airgid ar chomaoin theagmhasach | (ii) | **-** | 4,253 |
| **Iomlán na míreanna eisceachtúla** | | **1,318** | 7,330 |
| **Iomlán** | | | |
| Ioncam airgeadais | | **1,397** | 7,330 |
| Costais airgeadais | | **(24,043)** | (25,297) |
| **Glanchostais airgeadais** | | **(22,646)** | (17,967) |

(i) Is éard atá iontu siúd ná atomhais a thagann chun cinn ar ionstraimí airgeadais a dtugtar cuntas ina leith amhail is dá mbeidís á gcoimeád le haghaidh trádála nó mar fháluithe chóirluacha i gcomhréir le polasaí cuntasaíochta an Ghrúpa. Tá tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a thagann laistigh de raon feidhme IFRS 9 leagtha amach i bpolasaí cuntasaíochta xi.

(ii) D'aithin an Grúpa gnóthachan atomhais neamhairgid de €4.3 milliún i rith 2017 mar gheall ar athruithe ar shreafaí airgid ionchais don todhchaí a bhaineann le comaoin theagmhasach a aithníodh roimhe sin.

## 10. Cáin

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Costas cánach reatha** | | |
| Cáin reatha | **(24,642)** | (22,635) |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | **2,241** | 776 |
| | **(22,401)** | (21,859) |
| **Creidmheas cánach iarchurtha** | | |
| Údarú agus freaschur difríochtaí sealadacha | **3,483** | 647 |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | **(32)** | (73) |
| | **3,451** | 574 |
| **Iomlán an chostais chánach ioncaim** | **(18,950)** | (21,285) |

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **An ráta cánach éifeachtach a idir-réiteach** | | |
| Brabús roimh cháin | **141,000** | 148,650 |
| Cáin gearrtha ag 12.5% (2017: 12.5%) | **(17,625)** | (18,581) |
| Speansais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach | **(1,968)** | (1,630) |
| Ioncam nach bhfuil inchánach | **490** | 1,022 |
| Brabúis ar gearradh cáin orthu ag rátaí níos airde | **(1,712)** | (2,046) |
| Éifeacht an athraithe ar an ráta cánach | **(376)** | (963) |
| Coigeartú malartaithe | **33** | 210 |
| Coigeartuithe ar an muirear cánach i dtaobh na mblianta roimhe seo | **2,208** | 703 |
| **Iomlán an chostais chánach ioncaim** | **(18,950)** | (21,285) |

Féach ar ráiteas an Ghrúpa faoi ioncam cuimsitheach eile ina bhfuil sonraí faoin tionchar cánach.

| | 31–NOLL–18 €'000 | 1831–NOLL–17 €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní agus dliteanais chánach reatha** | | |
| Dliteanais chánach reatha | **(2,502)** | (4,191) |

**Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha**

| | OIBLEAGÁID LEASA SCOIR €'000 | IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA €'000 | RÉADMHAOIN, GLÉASRA, TREALAMH AGUS SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE €'000 | ÚS €'000 | EILE €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir 2017** | 16,161 | 73 | (208,509) | (2,643) | 370 | (194,548) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | 1,071 | - | (260) | (49) | (188) | 574 |
| Aitheanta i gcothromas | (1,253) | 239 | - | - | - | (1,014) |
| Coigeartú malartaithe | - | - | 608 | (289) | - | 319 |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | 15,979 | 312 | (208,161) | (2,981) | 182 | (194,669) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | **1,212** | **-** | **987** | **1,330** | **(78)** | **3,451** |
| Aitheanta i gcothromas | **(4,893)** | **(115)** | **-** | **-** | **-** | **(5,008)** |
| Coigeartú malartaithe | **-** | **-** | **172** | **(76)** | **-** | **96** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **12,298** | **197** | **(207,002)** | **(1,727)** | **104** | **(196,130)** |

Níor aithníodh na sócmhainní cánach iarchurtha seo a leanas sa chlár comhardaithe toisc nach dócha go ndéanfar iad a aisghabháil go ceann i bhfad. Níl aon dáta éaga maidir le cathain is féidir sócmhainní cánach a úsáid.

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Caillteanais chaipitil | **3,600** | 3,600 |
| Caillteanais ar aghaidh | **-** | 42 |

# 11. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | TALAMH AGUS FOIRGNIMH €'000 | FEARAS, PÍBLÍNE AGUS INNEALRA €'000 | SÓCMHAINNÍ ATÁ Á DTÓGÁIL €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2017** | 88,869 | 4,029,398 | 63,177 | 4,181,444 |
| Breiseanna | - | 8,701 | 134,981 | 143,682 |
| Aistrithe sa bhliain | 442 | 86,328 | (86,770) | - |
| Diúscairtí | - | (5,004) | - | (5,004) |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | - | (8,960) | (50) | (9,010) |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | 89,311 | 4,110,463 | 111,338 | 4,311,112 |
| Breiseanna | **-** | **10,378** | **124,587** | **134,965** |
| Aistrithe sa bhliain | **28** | **203,893** | **(203,921)** | **-** |
| Diúscairtí | **-** | **(6,242)** | **-** | **(6,242)** |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | **-** | **(2,174)** | **(241)** | **(2,415)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **89,339** | **4,316,318** | **31,763** | **4,437,420** |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin** | | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2017** | (34,024) | (1,645,540) | - | (1,679,564) |
| Dímheas don bhliain | (1,831) | (124,445) | - | (126,276) |
| Diúscairtí | - | 4,959 | - | 4,959 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | - | 3,998 | - | 3,998 |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | (35,855) | (1,761,028) | - | (1,796,883) |
| Dímheas don bhliain | **(1,841)** | **(129,512)** | **-** | **(131,353)** |
| Diúscairtí | **-** | **6,215** | **-** | **6,215** |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | **-** | **1,257** | **-** | **1,257** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **(37,696)** | **(1,883,068)** | **-** | **(1,920,764)** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | 53,456 | 2,349,435 | 111,338 | 2,514,229 |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **51,643** | **2,433,250** | **31,763** | **2,516,656** |

I rith na bliana, rinne an Grúpa ús de €1.1 milliún a chaipitliú (2017: €0.7 milliún). Ba é an ráta caipitlithe ná 2.0% (2017: 2.2%). I rith na bliana freisin rinne an Grúpa €7.8 milliún de chostais phárolla a chaipitliú (2017: €9.3 milliún).

Chuaigh Líonra Gáis Éireann (IOM) Teoranta, fochomhlacht laistigh den Ghrúpa, isteach i socrú um maoiniú tionscadal in 2003. Déantar an t-iarmhéid gan íoc de €5.2 milliún ar an 31 Nollaig 2018 (2017: €7.8 milliún) ar an tsaoráid iasachta, nach bhfuil ach ceart cúitimh teoranta ag gabháil leis, a urrú le sócmhainní Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC (nóta 18).

| | 2018 €'MILLIÚN | 2017 €'MILLIÚN |
|---|---|---|
| **Gealltanais chaipitil** | | |
| Conraithe do | **40** | 44 |

## 12. Sócmhainní doláimhsithe

| | BOGEARRAÍ AGUS EILE €'000 | BOGEARRAÍ I MBUN FORBARTHA €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2017** | 128,627 | 8,035 | 136,662 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | - | 3,478 | 3,478 |
| Aistrithe sa bhliain | 5,450 | (5,450) | - |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | (25) | (37) | (62) |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | 134,052 | 6,026 | 140,078 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | **4** | **8,207** | **8,211** |
| Aistrithe sa bhliain | **7,087** | **(7,087)** | **-** |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | **(24)** | **4** | **(20)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **141,119** | **7,150** | **148,269** |
| **Caillteanais amúchta agus bearnúcháin** | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2017** | (108,632) | - | (108,632) |
| Amúchadh don bhliain | (12,632) | - | (12,632) |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | 22 | - | 22 |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | (121,242) | - | (121,242) |
| Amúchadh don bhliain | **(5,424)** | **-** | **(5,424)** |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | **11** | **-** | **11** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **(126,655)** | **-** | **(126,655)** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | 12,810 | 6,026 | 18,836 |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **14,464** | **7,150** | **21,614** |

I rith na bliana, chaipitligh an Grúpa an tsuim de €1.4 milliún i gcostais phárolla (2017: €1.6 milliún).

## 13. Fardal

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| **Stoc gáis agus ábhair innealtóireachta** | **1,675** | 1,059 |

In 2018 ba ionann méid iomlán na bhfardal a aithníodh sa ráiteas ioncaim agus €1.1 milliún (2017: €1.1 milliún). Níor díscríobhadh aon fhardail chuig glanluach inréadaithe in 2018 (2017: €nialas).

## 14. Trádáil agus infháltais eile

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais trádála | **9,486** | 45,332 |
| Infháltais trádála - neamhbhilleáilte | **40,856** | 43,555 |
| Réamhíocaíochtaí | **7,731** | 6,637 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais neamhrialaithe | **28,000** | 26,774 |
| Deontas infhaighte | **7,099** | - |
| Infháltais eile | **4,286** | 26,011 |
| **Iomlán** | **97,458** | 148,309 |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | | |
|---|---|---|
| Neamh-Reatha | **-** | - |
| Reatha | **97,458** | 148,309 |
| **Iomlán** | **97,458** | 148,309 |

Sonraítear infháltais trádála glan ó liúntais do bhearnúchán. Is ionann infháltais trádála go príomha agus infháltais i dtaobh ioncam córais a úsáid in Éirinn agus muirir as píbline tarchuir an Iarthuaiscirt agus an píbline thuaidh-theas i dTuaisceart Éireann a úsáid. Féach ar nóta 30 le haghaidh níos mó sonraí faoi iarmhéideanna le páirtithe gaolmhara.

### Riosca creidmheasa

Is ionann ioncam córais in Éirinn agus ioncam as Úsáid Dáileacháin Córais (DUoS) agus ioncam as Úsáid Tarchuir Córais (TUoS). Is iad na téarmaí creidmheasa le haghaidh DUoS agus TUoS ná deich lá gnó agus tá ocht gcinn is fiche de lastóirí seachtracha ann faoi láthair. Déanann an Grúpa ioncam TUoS agus DUoS a bhilleáil agus bailíonn siad é. Tá sonrasc le tabhairt do na lastóirí as an ioncam ceadaithe ar bhonn míosúil deich lá gnó tar éis dheireadh na míosa agus íocaíocht dlite deich lá gnó ó dháta an tsonraisc. I dtaobh ghnó an Líonra i dTuaisceart Éireann, tagann ioncam go príomha ó mhuirir as úsáid phíbline tarchuir an Iarthuaiscirt agus na píbline thuaidh-Theas. Is é an riarthóir a eisíonn sonraisc agus bíonn muirear úis laethúil le híoc i gcás nach ndéantar sonraisc a íoc. Déantar íocaíochtaí i dtaobh ceangal nua nó athruithe sula ndéantar an obair. Déantar riosca creidmheasa ar gach infháltas eile a bhainistiú trí mhonatóireacht agus bhainistíocht ar iarmhéideanna agus grinnscrúdú creidmheasa (más infheidhme).

Eisítear réamhíocaíochtaí, méideanna dlite ag gnóthais neamhrialaithe agus deontas infhaighte ón anailís ar nochtadh creidmheasa thíos. Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar an uasnochtadh do riosca creidmheasa le haghaidh infháltas trádála agus eile ar an dáta tuairiscithe:

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais trádála | **9,486** | 45,332 |
| Infháltais trádála - neamhbhilleáilte | **40,856** | 43,555 |
| Infháltais eile | **4,286** | 26,011 |
| Iomlán | **54,628** | 114,898 |

Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar an uasnochtadh do riosca creidmheasa le haghaidh infháltas trádála agus eile ar an dáta tuairisicthe de réir réigiúin gheografaigh:

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Éire | **47,309** | 106,624 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | **7,319** | 8,274 |
| **Iomlán** | **54,628** | 114,898 |

## 14. Trádáil agus infháltais eile (ar lean)

Seo a leanas mar a aosaítear infháltais trádála agus eile, glan ó bhearnúchán:

| | GLANINFHÁLTAS 31-NOLL-18 €'000 | GLANINFHÁLTAS 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Nach bhfuil thar téarma | **53,899** | 113,034 |
| 0 – 30 lá | **166** | 1,263 |
| 31 – 120 lá | **375** | 479 |
| > 120 lá | **188** | 122 |
| **Iomlán** | **54,628** | 114,898 |

Ba í seo a leanas an ghluaiseacht sa liúntas le haghaidh bearnúcháin maidir le hinfháltais trádála i rith na bliana:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir** | **(461)** | (315) |
| Caillteanas bearnúcháin aitheanta | **(33)** | (188) |
| Soláthar úsáidte | **30** | 42 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(464)** | (461) |

## 15. Airgead tirim agus Coibhéis Airgid

Coimeádtar airgead tirim agus coibhéis airgid chun críocha ceanglais leachtachta a chomhlíonadh.

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | **131,826** | 76,226 |
| **Iomlán** | **131,826** | 76,226 |

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir** | **76,226** | 87,915 |
| Méadú/(laghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid sa ráiteas faoi shreafaí airgid | **55,589** | (11,562) |
| Éifeacht luaineachtaí sna rátaí malairte ar airgead tirim arna shealbhú | **11** | (127) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **131,826** | 76,226 |

## 16. Taiscí Srianta

Cuimsítear i méideanna srianta méideanna arna gcoimeád i dtaobh socruithe tacaíochta creidmheasa agus taiscí slándála a bhaineann leis an líonra gáis.

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Reatha | **26,700** | 32,594 |
| **Iomlán** | **26,700** | 32,594 |

## 17. Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí

| | NÓTAÍ | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain | | **122,050** | 127,365 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 8 | **131,067** | 133,249 |
| Glanchostais airgeadais | 9 | **22,646** | 17,967 |
| Costas as sochair scoir | | **7,660** | 6,424 |
| Costas cáin ioncaim | 10 | **18,950** | 21,285 |
| | | **302,373** | 306,290 |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | | |
| Athrú ar fhardail | | **(616)** | 1,347 |
| Athruithe ar infháltais trádála agus eile | | **39,344** | (31,616) |
| Athruithe ar shuimeanna trádála iníochtha agus eile | | **11,880** | (5,974) |
| Athrú ar ioncam iarchurtha | | **(2,645)** | 2,069 |
| Athrú ar sholáthairtí | | **100** | (4,395) |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **350,436** | 267,721 |
| Ús íoctha | | **(22,006)** | (25,249) |
| Cáin ioncaim a íocadh | | **(26,623)** | (18,199) |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **301,807** | 224,273 |

## 18. Iasachtaí agus Fiachas Eile

Sa nóta seo tugtar eolas faoi théarmaí conarthacha iasachtaí úsmhara an Ghrúpa. Féach ar nóta 26 chun níos mó eolais a fháil faoi nochtadh an Ghrúpa do ráta úis, ráta malairte agus riosca leachtachta.

**Aibíocht iasachtaí agus fiachais eile de réir cineáil (táillí bainteacha san áireamh)**

| | BANNAÍ 31-NOLL-18 €'000 | IASACHTAÍ Ó INSTITIÚIDÍ AIRGEADAIS[1] 31-NOLL-18 €'000 | IOMLÁN 31-NOLL-18 €'000 | BANNAÍ 31-NOLL-17 €'000 | IASACHTAÍ Ó INSTITIÚIDÍ AIRGEADAIS[1] 31-NOLL-17 €'000 | IOMLÁN 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Níos lú ná bliain amháin | **-** | **(446,699)** | **(446,699)** | - | (101,288) | (101,288) |
| **Reatha** | **-** | **(446,699)** | **(446,699)** | - | (101,288) | (101,288) |
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | **-** | **(124,139)** | **(124,139)** | - | (463,747) | (463,747) |
| Níos mó ná cúig bliana | **(620,988)** | **-** | **(620,988)** | (620,466) | - | (620,466) |
| **Neamh-Reatha** | **(620,988)** | **(124,139)** | **(745,127)** | (620,466) | (463,747) | (1,084,213) |
| **Iomlán** | **(620,988)** | **(570,838)** | **(1,191,826)** | (620,466) | (565,035) | (1,185,501) |

1 nótaí láithrithe phríobháidigh san áireamh.

Áirítear le méid iomlán na n-iasachtaí fiachas ráta chomhlúthaigh de €453.1 milliún (2017: €444.5 milliún), fiachas nasctha le boilsciú de €5.2 milliún (2017: €7.8 milliún) agus fiachas ráta sheasta de €733.5 milliún (2017: €733.2 milliún) a tarraingíodh aníos ó iasachtóirí éagsúla. Tá an fiachas atá nasctha le boilsciú urraithe thar shócmhainní Líonraí Gáis Éireann (IOM), arb ionann é go príomha agus píblíne chun gás a tharchur go hOileán Mhanann. Tá na hioncaim ón bpíblíne seo innéacsaithe le Praghasinnéacs Tomhaltóirí an R.A. (UK RPI). Dá réir sin, chun riosca an bhoilscithe ísil a mhaolú, nasctar an fiachas sin leis an UK RPI freisin trí fhálú innéacsnasctha á úsáid.

Tá iasachtaí bainc atá ainmnithe i steirling cuimsithe in iasachtaí, agus úsáideadh iad mar fhálú d'infheistíocht an Ghrúpa i bhfochomhlacht ainmnithe i steirling sa Ríocht Aontaithe. Ba í suim ghlanluacha na n-iasachtaí ar an 31 Nollaig 2018 ná €111.3 milliún (2017: €112.5 milliún).

Coimeádtar iasachtaí áirithe le páirtithe gaolmhara, féach ar nóta 30 chun na sonraí iomlána a fháil faoi nochtuithe ag páirtí gaolmhar.

## 19. Anailís ar Ghlanfhiachas

Is ionann glanfhiachas agus iasachtaí, glan ó fháluithe chóirluacha arna n-aithint laistigh d'iasachtaí agus glan ó airgid tirim agus coibhéisí airgid.

| | | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|---|
| Iomlán na n-iasachtaí | 18 | **(1,191,826)** | (1,185,501) |
| Lúide fáluithe chóirluacha aitheanta laistigh d'iasachtaí | 26 | **24,167** | 15,578 |
| Lúide airgead tirim agus coibhéis airgid | 15 | **131,826** | 76,226 |
| **Glanfhiachas** | | **(1,035,833)** | (1,093,697) |

| | | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Réiteach glanfhiachais** | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir** | | **(1,093,697)** | (1,027,997) |
| Airgead tirim ó oibríochtaí | 17 | **350,436** | 267,721 |
| Ús íoctha | 17 | **(22,006)** | (25,249) |
| Cáin a íocadh | 17 | **(26,623)** | (18,199) |
| Glanchaiteachas caipitil | | **(117,840)** | (130,251) |
| Díbhinní íoctha | 20 | **(139,089)** | (148,440) |
| Míreanna airgid thirim eile | | **13,298** | (14,245) |
| Míreanna neamhairgid | | **(312)** | 2,963 |
| **Ar an 31 Nollaig** | | **(1,035,833)** | (1,093,697) |

## 20. Díbhinní

### Díbhinní fógartha

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Chuig an Státchiste | **144,189** | 148,440 |
| **Iomlán** | **144,189** | 148,440 |

### Díbhinn íoctha

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Díbhinn bhliantúil íoctha leis an Státchiste | **49,089** | 48,440 |
| Díbhinn speisialta ar dhíolachán an ghnó Fuinnimh íoctha leis an Státchiste | **90,000** | 100,000 |
| **Iomlán** | **139,089** | 148,440 |

Íocadh díbhinn €139.1 milliún (2017: €148.4 milliún) leis an Státchiste i rith na bliana tar éis comhaontú leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, chun €5.1 milliún a choinneáil siar, a dhlitear a íoc in 2023. Tá na díbhinní bliantúla bunaithe ar 45% (2017: 45%) de bhrabús na bliana roimhe sin roimh mhíreanna eisceachtúla, mar a threoraigh an scairshealbhóir. Áirítear le díbhinn 2018 a íocadh íocaíocht díbhinne speisialta breise de €90.0 milliún (2017: €100.0 milliún) tar éis an gnó Fuinnimh a dhíol in 2014.

## 21. Oibleagáidí leasa scoir

Oibríonn an Grúpa scéim sochair sainithe agus scéim ranníocaíochta sainithe.

### Scéim sochair sainithe

Oibríonn an Grúpa scéim pinsin sochair sainithe amháin in Éirinn atá maoinithe go seachtrach. Braitheann leibhéal na sochar ar fhad seirbhíse na gcomhaltaí agus ar a dtuarastal inphinsin nuair a imíonn siad ón scéim, i.e. scéim 'tuarastal deireanach'. De ghnáth, cuirtear méaduithe ar fáil do phinsin atá á n-íoc ar bhonn lánroghnach.

Is é an Bord Iontaobhaithe ar a bhfuil ionadaithe baill agus fostóra a riarann an scéim sochair sainithe. Tá an Bord Iontaobhaithe freagrach as an scéim a bhainistiú agus a rialáil, rud a chuimsíonn cloí leis na dlíthe agus na rialacháin ábhartha go léir. Coimeádtar sócmhainní na scéime ar leithligh ó shócmhainní an Ghrúpa i gcistí arna riar ag iontaobhaithe. Tá an scéim faoi réir luachálacha achtúireacha gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh an luacháil ba dheireanaí ar an scéim ranníocaíochta sainithe ag achtúire cáilithe ar an 1 Aibreán 2017. Tá an chéad luacháil achtúireach eile dlite ag dáta a atá éifeachtach an 1 Aibreán 2020.

Leis an scéim nochtar an Grúpa do roinnt rioscaí. Seo a leanas na rioscaí is suntasaí:

***Riosca luaineachta sócmhainne***

Déantar na dliteanais a ríomh ag úsáid ráta lascaine atá socraithe le tagairt do thorthaí bannaí. Mura bhfuil sócmhainní ag déanamh chomh maith agus a léireodh an toradh seo, d'fhéadfadh sé sin easnamh ní ba mhó a chruthú. Tá cuid shuntasach de shócmhainní fáis (gnáthscaireanna agus malairtí éagsúlaithe) ag an scéim a chruthaíonn luaineacht agus riosca sa ghearrthéarma, cé go bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh siad níos fearr ná bannaí corparáide san fhadtéarma.

***Athruithe ar riosca thorthaí banna***

Ardóidh laghdú ar thorthaí bhannaí corparáide an luach a chuirtear ar na dliteanais faoi choinne cuspóirí cuntasaíochta, cé go ndéanfaidh ardú ar luach aon sealúchas banna roinnt cúitimh ar seo.

***Riosca tuarastail***

Ós rud é gur scéim thuarastail dheireanaigh atá i gceist, d'fhéadfadh go mbeadh sochair níos airde ann mar gheall ar mhéaduithe níos mó ná a rabhthas ag súil leo sna boinn tuisceana. Déanann na boinn tuisceana a úsáidtear chun an tuarastal deireanach a fhortheilgean ionchorprú ar chomhpháirt a bhaineann le haois chomh maith le bun-ráta bunúsach mar liúntas i gcomhair incrimintí agus arduithe céime.

***Riosca boilscithe***

Tá oibleagáidí sochair sainithe na scéime nasctha le boilsciú (tá na sochair nasctha le harduithe ar thuarastal do chomhaltaí ghníomhacha, agus tá na sochair choinnithe nasctha ar bhonn lánroghnach le harduithe a thugtar ar phinsean iarscoir). Beidh dliteanais níos airde mar thoradh ar bhoilsciú atá níos airde ná mar atáthar ag súil leis. Tá thart ar cheathrú cuid den chiste infheistithe i mbannaí boilsciú-nasctha mar chomhoiriúint ar dhliteanais iarbhír mar sin.

***Riosca ionchais saoil***

Is iad formhór oibleagáidí na scéime ná sochair a chur ar fáil do shaol an chomhalta (agus a chleithiúnaithe), agus beidh ardú ar dhliteanais mar thoradh ar arduithe ar ionchas saoil.

## 21. Oibleagáidí leasa scoir (ar lean)

**Anailís ar shócmhainní an phlean agus an glandliteanas pinsin arna aithint ar an gclár comhardaithe**

| | 2018 €'000 | % | 2017 €'000 | % |
|---|---|---|---|---|
| **Infheistíochtaí luaite i margaí gníomhacha:** | | | | |
| Gnáthscaireanna | **168,679** | **40.4%** | 194,248 | 45.3% |
| – margaí forbartha | **150,951** | | 174,570 | |
| – margaí ag teacht chun cinn | **17,728** | | 19,678 | |
| Bannaí | **209,085** | **50.2%** | 198,608 | 46.2% |
| – Fiachas an Rialtais | **183,623** | | 181,148 | |
| – Fiachas nach fiachas rialtais é | **25,462** | | 17,460 | |
| Cistí infheistíochta | **29,618** | **7.1%** | 26,303 | 6.1% |
| Airgead | **972** | **0.2%** | 3,549 | 0.8% |
| **Infheistíochtaí neamhluaite:** | | | | |
| Réadmhaoin/foraoiseacht | **3,815** | **0.9%** | 3,883 | 0.9% |
| Gnáthscaireanna príobháideacha/caipiteal fiontair | **4,576** | **1.1%** | 2,980 | 0.7% |
| **Luach cóir iomlán shócmhainní an phlean ar an 31 Nollaig** | **416,745** | **100.0%** | 429,571 | 100.0% |
| Oibleagáid sochair sainithe | **(515,126)** | | (557,399) | |
| **Glandliteanas pinsin amhain an 31 Nollaig** | **(98,381)** | | (127,828) | |

**Straitéis Infheistíochta**

Tá straitéis infheistíochta tosaithe atá dírithe ar fhás comhaontaithe ag an nGrúpa agus na hIontaobhaithe (59% fás / 41% meaitseáil dliteanais).

**Anailís ar mhéideanna arna n-aithint sa ráiteas ioncaim i dtaobh an scéim pinsin sochair sainithe**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | **(14,024)** | (13,060) |
| Glanús ar an nglandliteanas sochair sainithe | **(2,125)** | (2,204) |
| Costas seirbhíse roimhe seo | **(1,388)** | (590) |
| Speansais riaracháin | **-** | - |
| **Costas iomlán pinsin arna aithint sa ráiteas ioncaim** | **(17,537)** | (15,854) |

**Anailís ar an mhéid arna mhuirearú ar sholáthairtí**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | **(397)** | (581) |
| Costas seirbhíse roimhe seo | **-** | (800) |
| **Méid arna mhuirearú ar sholáthairtí** | **(397)** | (1,381) |

**Athmhuirearú chuig gnóthais neamhrialaithe**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | **(1,034)** | (1,148) |
| Costas seirbhíse roimhe seo | **-** | (473) |
| **Athmhuirearú iomlán chuig gnóthais neamhrialaithe** | **(1,034)** | (1,621) |

**Atomhais arna n-aithint in ioncam cuimsitheach eile**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Toradh ar shócmhainní plean gan ioncam úis san áireamh | **(21,211)** | 18,043 |
| Gnóthachain taithí ar dhliteanais | **(3,737)** | 4,152 |
| Éifeachtaí na n-athruithe ar thoimhdí airgeadais | **64,095** | (12,172) |
| **Iomlán an ghnóthachan pinsin aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | **39,147** | 10,023 |

# 21. Oibleagáidí leasa scoir (ar lean)

**Gluaiseacht i luach cóir sócmhainní**

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Luach cóir oscailte shócmhainní an phlean** | **429,571** | 403,343 |
| Ioncam úis ar shócmhainní plean | **7,525** | 7,268 |
| Toradh ar shócmhainní plean (gan ioncam úis san áireamh) – gnóthachain/(caillteanais) | **(21,211)** | 18,043 |
| Ranníocaíochtaí ag fostóirí | **9,268** | 10,290 |
| Ranníocaíochtaí a rinne na comhaltaí | **3,487** | 3,488 |
| Sochair a íocadh | **(11,895)** | (12,861) |
| **Luach cóir deiridh shócmhainní an phlean** | **416,745** | 429,571 |

**Gluaiseacht i luach reatha na hoibleagáide sochair sainithe**

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Oibleagáid sochair sainithe oscailte** | **(557,399)** | (532,628) |
| Costas seirbhíse reatha | **(15,455)** | (14,789) |
| Costas seirbhíse roimhe seo | **(1,388)** | (1,863) |
| Costas úis | **(9,650)** | (9,472) |
| Ranníocaíochtaí a rinne na comhaltaí | **(3,487)** | (3,488) |
| Sochair a íocadh | **11,895** | 12,861 |
| Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha | **60,358** | (8,020) |
| **Oibleagáid sochair sainithe deiridh** | **(515,126)** | (557,399) |

Ba é meánfhad ualaithe na hoibleagáide sochair sainithe amhail an 31 Nollaig 2018 ná tuairim is 21 bhliain (2017: 21 bhliain). Measann an Grúpa go ranníocfaidh siad €8.4 milliún lena bplean pinsin in 2019.

**Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | **2.10%** | 1.75% |
| Toimhde maidir le boilsciú | **1.50%** | 1.70% |
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail* | **2.00%** | 2.20% |
| Ráta méadaithe ar íocaíocht pinsin | **1.50%** | 1.70% |

*Móide scála tuarastail le harduithe ardú céime a cheadú

Seo a leanas an meánionchas saoil don todhchaí a tógadh san áireamh sa luacháil, bunaithe ar dhul ar scor ag 65 bliana d'aois, le haghaidh fostaithe atá ar scor faoi láthair agus a rachaidh ar scor amach anseo:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Ag dul ar scor inniu** | | |
| Fir | **22.3** | 22.2 |
| Mná | **24.8** | 24.7 |
| **Dul ar scor in 25 bliain** | | |
| Fir | **25.3** | 25.2 |
| Mná | **27.4** | 27.3 |

## 21. Oibleagáidí leasa scoir (ar lean)

**Anailís leochaileachta le haghaidh phríomhbhoinn tuisceana a úsáidtear chun dliteanais scéime a thomhas**

Tá éiginnteachtaí nádúrtha ag baint leis na toimhdí airgeadais agus déimeagrafacha arna nglacadh agus an luach achtúireach á ríomh um oibleagáid sochair sainithe an Ghrúpa. Déanann an tábla seo a leanas anailís ar an tionchar measta a bheadh ar dhliteanais scéime ó athruithe a bhíonn mar thoradh ar phríomhbhoinn tuisceana achtúireacha.

| BONN TUISCEANA | ATHRÚ AR BHONN TUISCEANA | ÚS AR DHLITEANAIS NA SCÉIMEANNA |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | Méadú/laghdú ag 0.25% | Laghdú ag €25.7m/méadú ag €27.8m |
| Boilsciú praghsanna | Méadú/laghdú ag 0.25% | Laghdú ag €27.7m/méadú ag €26.0m |
| Tuarastal | Méadú/laghdú ag 0.25% | Laghdú ag €10.7m/méadú ag €10.3m |
| Mortlaíocht | Méadú/laghdú ag aon bhliain amháin | Laghdú ag €14.2m/méadú ag €14.5m |

### Scéim ranníocaíochta sainithe

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018, ranníoc Ervia €2.5 milliún, maidir le Scéim Ranníocaíochta Sainithe Ervia (2017: €1.9 milliún), thar ceann a chuid fostaithe, a rinneadh a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim.

## 22. Ioncam Iarchurtha

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir** | **(20,752)** | (18,310) |
| Faighte sa bhliain | **(3,594)** | (6,610) |
| Curtha chun sochar an ráiteas ioncaim | **6,239** | 4,168 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(18,107)** | (20,752) |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(9,716)** | (12,801) |
| Reatha | **(8,391)** | (7,951) |
| **Iomlán** | **(18,107)** | (20,752) |

Déantar ranníocaíochtaí custaiméara le ceangal a fhaightear roimh sholáthar seirbhísí a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha ar dtús. Ansin nuair atá na hoibreacha ceangail curtha i gcrích (oibleagáid feidhmíochta), aithnítear na ranníocaíochtaí mar ioncam sa ráiteas ioncaim.

## 23. Deontais Rialtais

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir** | **(77,705)** | (71,394) |
| Infhála sa bhliain | **(16,600)** | (13,274) |
| Amúchta sa bhliain | **5,710** | 5,659 |
| Curtha chun sochar an ráiteas ioncaim | **376** | 373 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | **207** | 931 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(88,012)** | (77,705) |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(81,554)** | (72,073) |
| Reatha | **(6,458)** | (5,632) |
| **Iomlán** | **(88,012)** | (77,705) |

In imthosca áirithe d'fhéadfadh deontais a bheith in-aisíoctha mura gcloífí leis na coinníollacha arna leagan síos sna comhaontuithe deontais.

Baineann deontais infhála do 2018 de €16.6 milliún (2017: €13.3 milliún) go príomha le maoiniú deontais ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Líonraí (INEA) don tionscadal um bonneagar nasctha. Tá roinnt coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú deontais seo fós ar siúl ag deireadh na bliana.

## 24. Soláthairtí

### Soláthairtí

| | ATHSTRUCHTÚRÚ €'000 | SOLÁTHAIRTÍ TIMPEALLACHTA €'000 | ÉILIMH FHÉINÁRACHAITHE €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2018** | **(214)** | **(5,884)** | **(6,694)** | **(12,792)** |
| Muirear maoinithe | **(2)** | **(65)** | **-** | **(67)** |
| Soláthairtí déanta i rith na bliana | **(266)** | **(415)** | **(855)** | **(1,536)** |
| Soláthairtí úsáidte i rith na bliana | **164** | **563** | **709** | **1,436** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **(318)** | **(5,801)** | **(6,840)** | **(12,959)** |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(7,201)** | (7,116) |
| Reatha | **(5,758)** | (5,676) |
| **Iomlán** | **(12,959)** | (12,792) |

**Athstruchtúrú**

I rith 2013, d'fhógair Grúpa Ervia clár deonach scarúna agus luathscoir le haghaidh fostaithe a chomhlíon critéir cháilitheacha áirithe. Rinne an Grúpa íocaíochtaí foirceanta agus íocaíochtaí pinsin gaolmhara de €0.164 milliún ar an gcomhiomlán i rith 2018 maidir le ceathrar fostaithe a d'éirigh as faoi théarmaí an chláir.

## 24. Soláthairtí (ar lean)

**Soláthairtí timpeallachta**

Cuimsítear sa soláthar deiridh bliana meastachán cuí ar an gcostas as dí-éilliú láithreán oidhreachta Oibreacha Gáis, oibleagáidí as leasú láithreán agus costais le tabhú agus rialacháin chomhshaoil chomh maith le hoibleagáidí inchiallaithe á gcomhlíonadh. Meastar go mbeidh an chuid is mó de na dliteanais sin glanta faoi 2020.

**Éilimh fhéinárachaithe**

Tá an Grúpa féinárachaithe i dtaobh éileamh áirithe as díobháil agus dochar. Is le haghaidh costas measta ar theagmhais a tharla suas go dtí 31 Nollaig 2018 atá soláthar dheireadh na bliana. Déantar íocaíochtaí de réir mar a shocraítear cásanna. Cuimsítear an muirear sa ráiteas ioncaim faoi chostais oibriúcháin. Mar gheall ar nádúr na n-éileamh sin níltear cinnte faoi dháta um shocrú ach measann an Grúpa go mbeidh an chuid is mó d'éilimh socraithe faoi 2021.

**Teagmhais**

Tá dliteanais teagmhasacha i dtaobh dheontais rialtais nochta i nóta 23.

I ngnáthchúrsa a chuid gnó, téann an Grúpa i mbun gealltanas áirithe chun tríú páirtithe i dtaobh oibleagáidí le comhlíonadh faoi shocruithe conarthacha. Déantar oibleagáidí chun tríú páirtithe a ráthú trí litreacha creidmheasa nó trí bhannaí feidhmíochta arna n-eisiúint ag institiúidí airgeadais. Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí €1.4 milliún (2017: €1.4 milliún) curtha ar fáil ag an nGrúpa mar ráthaíochtaí ag institiúidí airgeadais do thríú páirtithe. Ba é luach cóir na ráthaíochtaí ná €nialas ar an 31 Nollaig 2018 (2017: €nialas).

## 25. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha eile

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna trádála iníoctha | **(15,599)** | (8,006) |
| Fabhruithe | **(96,402)** | (85,379) |
| Nótaí gealltanais (nóta 29) | **-** | (6,874) |
| Suimeanna iníoctha eile | **(40,629)** | (40,490) |
| Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialta[1] | **(16,335)** | (9,693) |
| **Iomlán** | **(168,965)** | (150,442) |
| Anailísithe mar seo a leanas: | | |
| Neamh-reatha | **(6,916)** | (5,354) |
| Reatha | **(162,049)** | (145,088) |
| **Iomlán** | **(168,965)** | (150,442) |
| **[1]Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialta** | | |
| ÍMAT/ÁSPC/árachas sóisialta | **(1,658)** | (1,589) |
| CBL | **(14,677)** | (8,104) |
| **Iomlán** | **(16,335)** | (9,693) |

# 26. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

### Aicmithe cuntasaíochta agus luachanna córa

Comhcheanglaíonn an tábla seo a leanas eolas maidir le:

- aicmí ionstraimí airgeadais bunaithe ar a gcineál agus ar a saintréithe;
- suimeanna glanluacha na n-ionstraimí airgeadais;
- luachanna córa ionstraimí airgeadais (seachas ionstraimí airgeadais nuair atá an tsuim ghlanluacha anonn geall le bheith comhionann lena luach cóir); agus
- leibhéil ordlathais luachanna córa do shócmhainní airgeadais agus do dhliteanais airgeadais ar nochtadh luach cóir ina leith. Féach ar nóta 27 le haghaidh nochtuithe faoi IFRS 13 i dtaobh thomhas luachanna córa.

| | ORDLATHAS LUACHANNA CÓRA | FVTPL – NEAMHAINMNITHE €'000 | FVTPL – AINMNITHE €'000 | FVTOCI €'000 | COSTAS AMÚCHTA €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis | Leibhéal 2 | **-** | **26,922** | **(1,577)** | **-** | **25,345** |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | **69** | **-** | **-** | **-** | **69** |
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | | **-** | **-** | **-** | **89,727** | **89,727** |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | | **-** | **-** | **-** | **131,826** | **131,826** |
| Taiscí srianta | | **-** | **-** | **-** | **26,700** | **26,700** |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | **69** | **26,922** | **(1,577)** | **248,253** | **273,667** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile[1] | Leibhéal 2 | **-** | **(24,167)** | **-** | **(1,167,659)** | **(1,191,826)** |
| Ráta úis/nasctha le boilsciú díorthaigh | Leibhéal 2 | **(3,937)** | **-** | **-** | **-** | **(3,937)** |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | **(46)** | **-** | **-** | **-** | **(46)** |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | | **-** | **-** | **-** | **(168,965)** | **(168,965)** |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | **(3,983)** | **(24,167)** | **-** | **(1,336,624)** | **(1,364,774)** |
| **Glandliteanais/sócmhainní airgeadais** | | **(3,914)** | **2,755** | **(1,577)** | **(1,088,371)** | **(1,091,107)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis | Leibhéal 2 | - | 18,412 | (2,495) | - | 15,917 |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | 134 | - | - | - | 134 |
| Díorthaigh ráta úis/nasctha le boilsciú | Leibhéal 2 | 141 | - | - | - | 141 |
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | | - | - | - | 141,672 | 141,672 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | | - | - | - | 76,226 | 76,226 |
| Taiscí srianta | | - | - | - | 32,594 | 32,594 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | 275 | 18,412 | (2,495) | 250,492 | 266,684 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile[1] | Leibhéal 2 | - | (15,578) | - | (1,169,923) | (1,185,501) |
| Ráta úis/nasctha le boilsciú díorthaigh | Leibhéal 2 | (5,292) | - | - | - | (5,292) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | (294) | - | - | - | (294) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | | - | - | | (150,442) | (150,442) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | (5,586) | (15,578) | - | (1,320,365) | (1,341,529) |
| **Glan(dliteanais)/sócmhainní airgeadais** | | (5,311) | 2,834 | (2,495) | (1,069,873) | (1,074,845) |

1 Ba é luach cóir na n-iasachtaí agus na bhfiachais eile amhail an 31 Nollaig 2018 ná €1,206.0 milliún (2017: €1,206.1 milliún).

# 26. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

### Sócmhainní agus dliteanais díorthacha aitheanta mar fháluithe

Cuireann an Grúpa na critéir atá sainithe ag IFRS 9 (2017): IAS 39) i bhfeidhm chun díorthaigh a aicmiú mar fháluithe. Ní cháilíonn ach ionstraimí díorthacha atá lasmuigh den Ghrúpa le tógáil san áireamh um chuntasaíocht fhálaithe. Úsáideann an Grúpa na catagóirí seo a leanas le haghaidh fálaithe:

**(i) Fáluithe luacha chóir (FVTPL – ainmnithe)**

Déanann na hionstraimí sin fálú ar nochtadh athruithe ar luach cóir sócmhainne nó dliteanais arna thaifeadadh sa chlár comhardaithe, nó gealltanas daingean chun sócmhainn a cheannach nó a dhíol. Ba é cion neamhéifeachtach na bhfáluithe luacha chóir ná €0.1 milliún don bhliain 2018 (2017: €0.1 milliún). Ba é luach cóir na ndíorthach fálaithe i bhfálú luacha chóir sa chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2018 ná sócmhainn €26.9 milliún (2017: sócmhainn €18.4 milliún).

**(ii) Fáluithe ar an sreabhadh airgid (FVTOCI)**

Ba é luach cóir na ndíorthach fálaithe i bhfálú ar an sreabhadh airgid sa chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2018 ná dliteanas €1.6 milliún (2017: dliteanas €2.5 milliún). Déanann na hionstraimí sin fálú ar idirbhearta a bhfuil gach cosúlacht ar an scéal go dtarlóidh siad sa todhchaí áit a ndéantar an éagsúlacht i sreafaí airgid arna nginiúint ag an idirbheart a fhritháireamh ag athruithe ar luach an ionstraim fálaithe. Ba é an méid a athaicmíodh ó ghnáthscaireanna go brabús nó caillteanas mar thoradh ar neamhéifeachtacht ar fháluithe sreafa airgid i rith 2018 ná caillteanas €nialas (2017: €nialas). Ba ionann neamhéifeachtacht a d'eascair as fáluithe sreafa airgid a chlárú sa chuntas brabúis agus caillteanais in 2018 agus €nialas (2017: gnóthachan €0.1 milliún).

### Próifíl aibíochta na bhfáluithe ar an sreabhadh airgid

Seo a leanas na tréimhsí ina meastar go dtarlóidh fáluithe ar an sreabhadh airgid agus a mbeidh tionchar acu dá bharr sin ar bhrabús nó chaillteanas:

| | <1 BHLIAIN €'000 | 1-2 BHLIAIN €'000 | 2-5 BLIANA €'000 | <5 BLIANA €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | | | | | |
| Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis | **(1,210)** | **-** | **(367)** | **-** | **(1,577)** |
| **Díorthaigh ó fhálú ar an sreabhadh airgid** | **(1,210)** | **-** | **(367)** | **-** | **(1,577)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | | | | | |
| Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis | - | (1,087) | (1,408) | - | (2,495) |
| **Díorthaigh ó fhálú ar an sreabhadh airgid** | - | (1,087) | (1,408) | - | (2,495) |

### Bainistíocht riosca airgeadais

Bhunaigh an Grúpa polasaithe bainistithe riosca airgeadais chun na rioscaí atá ann don Ghrúpa a shainaithint agus a anailísiú, chun srianta agus rialúcháin riosca a leagan síos agus chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus a dhéanamh cinnte go gcloítear leis na teorainneacha atá leagtha síos. Déantar polasaithe agus córais bhainistithe riosca airgeadais a athbhreithniú go rialta chun go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí an Ghrúpa. Déanann an Grúpa iarracht, trína chaighdeáin agus a nósanna imeachta oiliúna, timpeallacht a fhorbairt ina bhfuil rialú an-eagraithe agus fiúntach, timpeallacht ina dtuigeann na fostaithe ar fad a róil agus a n-oibleagáidí.

Agus díorthaigh á n-úsáid, comhlíonann an Grúpa Ceanglais an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992 agus faoi Shonraíocht an Aire Airgeadais agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm trína ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar an gcomhlíonadh seo agus trína ndéantar é a thuairisciú don Bhord ar bhonn rialta.

Ní oibrítear feidhm ciste an Ghrúpa mar ionad brabúis agus déantar bainistíocht ar sheasaimh bhrabúis ar bhealach drogallach roimh rioscaí. Tá fáth gnó bailí taobh thiar de gach idirbheart ciste agus tá dianchosc ar sheasaimh amhantracha.

### (i) Riosca creidmheasa

Sainítear riosca creidmheasa mar an gcaillteanas iomlán a d'fhulaingeodh an Grúpa ar a chuid idirbheart gnó agus margaidh dá loicfeadh frithpháirtí agus dá mainneodh sé a chuid oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh. Cuimsítear leis sócmhainní arna gcoimeád le bainc agus institiúidí airgeadais, idirbhearta i ndáil le hionstraimí airgeadais díorthacha agus nochtuithe creidmheasa a thagann chun cinn ó chaidrimh trádála le custaiméirí. Is é cuspóir an bhainistithe riosca creidmheasa ná nochtuithe do riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha agus an toradh a bharrfheabhsú.

# 26. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Faoi chód oibriúcháin an líonra Gáis, b'fhéidir go mbeadh ar lastóirí Sláine Airgeadais a chur ar fáil do Líonra Gáis Éireann chun an Grúpa a chosaint in aghaidh neamhíocaíochta i leith shonraisc iompair Gáis. Coinnítear cistí a fuarthas agus a bhaineann leis ar éarlais agus áirítear iad laistigh den iarmhéid éarlaise teoranta. Féach ar nóta 16.

Is ionann suim ghlanluacha sócmhainní airgeadais agus an t-uasnochtadh creidmheasa. Ba é an t-uasnochtadh do riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe ná:

| | 31-NOLL-18<br>€'000 | 31-NOLL-17<br>€'000 |
|---|---|---|
| Trádáil agus infháltais eile (gan deontas infhála, réamhíocaíochtaí agus méideanna dlite ag gnóthais neamhrialaithe san áireamh) | **54,628** | 114,898 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | **131,826** | 76,226 |
| Taiscí srianta | **26,700** | 32,594 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **25,414** | 16,192 |
| **Iomlán** | **238,568** | 239,910 |

### (i) (a) Riosca creidmheasa bainteach le ciste

Oibríonn an Grúpa feidhm láraithe ciste, a ghlacann gníomhaíochtaí ciste uile an Ghrúpa mar chúram.

Déanann Ciste an Ghrúpa na rioscaí creidmheasa bainteach le ciste a bhainistiú trí húsáid a bhaint as teorannacha creidmheasa frithpháirtí, a thógann san áireamh, i measc fachtóirí ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Is é polasaí an Ghrúpa ná go gcuirtear airgead i dtaisce den chuid is mó le hinstitiúidí a choimeádann rátáil creidmheasa de ghrád infheistíochta. Déanann Ciste an Ghrúpa measúnú agus tomhas go rialta ar nochtuithe frithpháirtí a chiste. Áit a bhféadfadh go mbeadh an nochtadh ar ionstraimí díorthacha ábhartha do ghlanfhiúchas an Ghrúpa, smaoineoidh an Grúpa ar dhul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa.

### (i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil

Féach ar nóta 14 chun anailís a fheiceáil ar nochtadh an Ghrúpa do riosca creidmheasa bainteach le trádáil.

### (ii) Riosca cistithe agus leachtachta

Is é cur chuige an Ghrúpa i dtreo cistiú agus leachtacht a bhainistiú ná déanamh cinnte, chomh fada agus is féidir, go mbeidh leachtacht dhóthanach aige i gcónaí chun a chuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, ar ghnáthdhálaí agus dhálaí anáis, gan caillteanais do-ghlactha a thabhú ná an riosca go ndéanfaí dochar do cháil an Ghrúpa.

Forbraíonn agus coimeádann Ciste an Ghrúpa caidreamh le hinstitiúidí airgeadais chun a dtuiscint ar an ngnó a fhorbairt agus chun a dtiomantas fadtéarmach don ghnó a thógáil.  Déantar gach seirbhís baincéireachta agus ciste a fhoinsiú ag praghsanna iomaíocha. Tá Ceann Chiste an Ghrúpa, agus tacaíocht acu ó Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa agus bainisteoirí sinsearacha cuí eile, freagrach as caidrimh a bhainistiú agus a choimeád.

Tá Ciste an Ghrúpa freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag an nGrúpa ar dhóthain leachtachta chun a chinntiú go bhfuil an Grúpa in ann oibleagáidí a shocrú a thagann ó oibríochtaí ó lá go lá, oibleagáidí fiachais atá ag teacht in aibíocht agus eisíocíochtaí infheistíochta caipitil. Déantar comhthiomsú airgid agus déantar iarmhéideanna cuntais a ghlanluacháil áit is féidir chun ligin airgid tirim a íoslaghdú agus chun an nochtadh d'ús a íoslaghdú. Glacann Ciste an Ghrúpa cúram as réamhfhaisnéisiú airgid tirim agus pleanáil i gcomhar leis an nGrúpa ar bhonn rialta. Déantar nuashonrú ar shreafaí airgid tirim ar bhonn laethúil agus seachtainiúil agus baintear úsáid astu chun leachtacht a bhainistiú.

### (ii) (a) Maoiniú

Bhí seasamh maoinithe an Ghrúpa láidir arís in 2018. I mí na Nollag 2018, d' fhorghníomhaigh an Grúpa saoráid mhaoinithe €100.0 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, beidh an tsaoráid seo mar bhonn taca le hinfheistíocht leanúnach sa líonra gáis.

Is é polasaí an Ghrúpa ná féachaint chuig déanamh cinnte go bhfuil meascán d'fhoinsí maoinithe aige ar théarmaí agus choinníollacha inghlactha chun forbairt an ghnó a mhaoiniú agus chun oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Leanann an Grúpa ar aghaidh ag coimeád tuairisc chothrom aibíochta, chun an riosca aisíocaíochtaí buaice athmhaoinithe a choimeád chomh híseal agus is féidir. Ar an 31 Nollaig 2018, bhí €1,622.2 milliún de shaoráidí tiomanta ag an nGrúpa (2017: €1,525.6 milliún). Ba é luach na n-iasachtaí ar an 31 Nollaig 2018 ná €1,191.8 milliún (2017: €1,185.5 milliún).

## 26. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Eagraíonn an Grúpa a chuid saoráidí tiomanta ionas go gclúdóidh siad 120% de riachtanais réamh-mheasta lárnacha thar thréimhse aon-bhliain amháin. Eagraítear saoráidí le cúnaint chuí airgeadais agus oibriúcháin agus déantar cinnte go bhfuil dóthain solúbthachta ag an lucht bainistíochta agus a ngnó á oibriú acu.

Bogadh rátáil chreidmheasa an Ghrúpa go Líonraí Gáis Éireann in 2015. Tá Líonraí Gáis Éireann rátáilte mar A ag Standard & Poor's agus A3 ag Moody's Investor Services. Leis an rátáil chreidmheasa dhaingean sin cuirtear ar chumas na cuideachta rochtain a bheith acu ar rogha leathan d'fhoinsí maoinithe agus déantar cinnte gur féidir leis an nGrúpa maoiniú ar chostas íseal a ardú.

**(ii) (b) Barrachais airgid**

Is chun críocha laghdú a dhéanamh ar an leibhéal d'fhiachas go príomha a úsáidtear barrachais airgid. Ní ar bhonn córasach a chuireann an Grúpa cistí i dtaisce agus a thógann siad ar iasacht iad, cé go dtagann cúinsí chun cinn ó am go chéile áit go bhfuil gá le hairgead a choimeád i dtaisce nó a bhfuil sé ina bhuntáiste. Is féidir barrachais airgid a infheistiú sna nithe seo a leanas cé nach bhfuil siad teoranta dóibh Cuntais Taisce, Taiscí Ama, Páipéar Tráchtála, Billí Státchiste, Bannaí Rialtais, Cistí Margaidh Airgid agus Deimhnithe Taisce. Déanfaidh an Grúpa airgead barrachais a infheistiú in euro nó in airgeadra infheistíochtaí thar lear.

**(ii) (c) Nochtadh do riosca leachtachta**

Seo a leanas na haibíochtaí conarthacha ar dhliteanais airgeadais (agus sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis gan lascaine a bhaineann le hiasachtaí agus na glansreafaí airgid gan lascaine atá inchurtha i leith ionstraimí airgeadais. Cuimsíonn an nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthach a bhfuil ollsocraíocht airgid chomhuaineach ag gabháil leo, e.g. reámhchonarthaí i malairt eachtrach.

| | SUIM GHLANLUACHA €'000 | SREAFAÍ AIRGID CONARTHACHA €'000 | <1 BHLIAIN €'000 | 1-2 BHLIAIN €'000 | 2-5 BLIANA €'000 | <5 BLIANA €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | | | | | | |
| Iasachtaí | **(1,191,826)** | **(1,329,278)** | **(470,851)** | **(20,742)** | **(155,497)** | **(682,188)** |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | **(168,965)** | **(169,215)** | **(162,049)** | **(815)** | **(5,910)** | **(441)** |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(1,360,791)** | **(1,498,493)** | **(632,900)** | **(21,557)** | **(161,407)** | **(682,629)** |
| Díorthaigh ráta úis | **(3,937)** | **(4,062)** | **(1,941)** | **(2,121)** | **-** | **-** |
| Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis | **25,345** | **36,088** | **18,624** | **4,349** | **13,115** | **-** |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | **23** | **23** | **23** | **-** | **-** | **-** |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **21,431** | **32,049** | **16,706** | **2,228** | **13,115** | **-** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(1,339,360)** | **(1,466,444)** | **(616,194)** | **(19,329)** | **(148,292)** | **(682,629)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | | | | | | |
| Iasachtaí | (1,185,501) | (1,346,111) | (129,103) | (364,973) | (160,160) | (691,875) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | (150,442) | (150,442) | (145,088) | - | (5,354) | - |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | (1,335,943) | (1,496,553) | (274,191) | (364,973) | (165,514) | (691,875) |
| Díorthaigh ráta úis | (5,151) | (5,232) | (1,938) | (1,907) | (1,387) | - |
| Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis | 15,917 | 30,395 | 8,328 | 11,717 | 10,350 | - |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | (160) | (160) | (160) | - | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | 10,606 | 25,003 | 6,230 | 9,810 | 8,963 | - |
| **Glandliteanais airgeadais** | (1,325,337) | (1,471,550) | (267,961) | (355,163) | (156,551) | (691,875) |

### (iii) Riosca margaidh

Is é atá i riosca margaidh ná an fhéidearthacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar fhachtóirí margaidh ar luach shócmhainní airgeadais, dliteanais nó sreafaí airgid ionchais an Ghrúpa don todhchaí. Is é cuspóir an bhainistíthe riosca airgeadais ná nochtuithe do riosca margaidh a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha agus an toradh a bharrfheabhsú.

Tá Grúpa an Chiste freagrach as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí úis agus rátaí malairte airgeadra. Ceannaíonn agus díolann an Grúpa díorthaigh, agus freisin tabhaíonn sé dliteanais airgeadais, chun rioscaí margaidh a bhainistiú. Déantar gach idirbheart i gcomhréir leis na treoirlínte arna socrú ag an bPolasaí Ciste. Is gnách go bhféachann Grúpa an Chiste le cuntasaíocht fhálaithe a chur i bhfeidhm chun luaineacht ó thaobh brabúis nó caillteanais a láimhseáil.

## 26. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**(iii) (a) Riosca an ráta malairte**

Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go ndéantar cuid d'oibríochtaí an Ghrúpa in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha). Is é an cuspóir atá i gceist agus riosca ráta malairte á bhainistiú ná brabúsacht a chosaint agus tionchar na n-éagsúlachtaí ábhartha mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte a íoslaghdú.

Is féidir nochtadh do riosca an ráta malairte a achoimriú mar seo a leanas:

- **Fochuideachtaí a oibríonn in airgeadra eachtrach (steirling)**

Aistrítear go euro, ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe, sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadáil. Aistrítear torthaí na n-oibríochtaí eachtracha go euro ar mheánrátaí malairte don tréimhse, nuair is ionann iad agus meastúchán réasúnta ar na rátaí iarbhír arna dtabhú. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de ghnáthscaireanna (cúlchiste aistrithe). Déanann Ciste an Ghrúpa monatóireacht ar an riosca sin, agus má mheastar gur riosca ábhartha é, déanann siad fálú ar an riosca agus margaí malairte eachtraí á n-úsáid.

Aistrítear cistiú In-Ghrúpa d'fhochomhlachtaí airgeadra eachtraigh go Euro agus úsáid á baint as na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe. Tógtar an brabús/caillteanas a thagann chun cinn ar aistriú chistiú in-ghrúpa go fochomhlachtaí eachtracha chuig an ráiteas ioncaim. Tógtar an brabús/caillteanas a eascraíonn ó aistriú iasachtaí in airgeadra eachtrach, sa mhéid is go n-úsáidtear iad chun airgeadas a chur ar fáil do chistiú in-ghrúpa i bhfochomhlachtaí eachtracha nó fál a chur ar fáil ina choinne, chuig an ráiteas ioncaim. Is é an Polasaí ná na gluaiseachtaí ar an dá cheann díobh sin a mheaitseáil, an oiread is féidir agus idirbhearta airgeadra eachtraigh á n-úsáid.

- **Nochtadh d'idirbhearta**

Ó am go chéile déanann an Grúpa ceannacháin in airgeadraí eachtracha. Is é polasaí an Ghrúpa ná nochtadh na n-idirbheart sin a bhainistiú trí fhéachaint chuig glancheannacháin agus glandíolacháin arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha a mheaitseáil an oiread is féidir. Áit nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar nochtuithe a fhálú agus úsáid á baint as díorthaigh atá ceadaithe faoin bPolasaí Ciste. Déanfar nochtuithe a fhálú agus na rioscaí airgeadais agus an timpeallacht rialála á dtógáil san áireamh.

Is é Polasaí an Chiste freisin ná go ndéanfar measúnú ar gach nochtadh measta a sháraíonn méid coibhéiseach le €300,000 in airgeadraí eachtracha i dtaobh na rioscaí gnó agus, áit is cuí, déanfar fálú ar rioscaí airgeadra chun an seans go dtiocfadh drochéagsúlachtaí chun cinn ó ghluaiseachtaí airgeadra a íoslaghdú.

- **Fiachas in airgeadra eachtrach**

Tá Láithrithe Príobháideacha ag an nGrúpa atá ainmnithe i ndollair US agus a tiontaíodh go euro agus úsáid á baint as babhtálacha ráta úis airgeadra. Úsáidtear fiachas i steirling chun fálú a dhéanamh ar an infheistíocht i bhfochomhlacht atá ainmnithe i steirling. Féach ar nóta 18.

Mar thoradh ar na gníomhartha sin arna nglacadh ag an nGrúpa chun maolú a dhéanamh ar a íogaireacht bhunaidh go luaineachtaí sa ráta malairte, níl anailís íogaireachta curtha i láthair ag an nGrúpa toisc nach tábhachtach aon éagsúlacht fhéideartha.

**(iii) (b) Riosca rátaí úis**

Tagann riosca rátaí úis chun cinn ó athruithe ar rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dhliteanais an Ghrúpa agus ar leibhéal na muirear airgeadais. Is é cuspóir an Ghrúpa ná costas cobhsaí agus íseal fiachais a bhaint amach, agus rioscaí gnó go ginearálta á dtógáil san áireamh agus go háirithe an timpeallacht rialála um rialú praghsanna.

Clúdaíonn nochtadh an Ghrúpa do luaineachtaí i rátaí úis dhá chineál riosca:

(i) riosca go dtiocfadh athrú ar na sreafaí airgid a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta comhlúthach; agus
(ii) riosca go dtiocfadh athrú ar luach sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta seasta.

Is ar bhonn na bliana féilire a ndéanann an Grúpa monatóireacht ar nochtadh do riosca ráta úis. Is é beartas an Ghrúpa ná monatóireacht a dhéanamh ar sheasaimh maidir le nochtadh do rátaí úis oscailte, agus cruth reatha agus ionchais an chuar toraidh á thógáil san áireamh, agus é mar aidhm leas a bhaint as timpeallachtaí ráta úis ísil chun oibleagáidí ráta úis an Ghrúpa a shocrú agus cinnteacht a mhéadú maidir le próifíl an Ghrúpa ó thaobh speansais ráta úis. Baineann an Grúpa úsáid as roinnt modhanna, lena n-áirítear díorthaigh ráta úis chun an riosca ráta úis ar a phunann fiachas a bhainistiú.

# 26. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Seo a leanas mar a bhí an céatadán d'fhiachas ráta sheasta agus chomhdhlúthaigh an Ghrúpa ar an 31 Nollaig:

| | 2018 €'000 | 2018 % | 2017 €'000 | 2017 % |
|---|---|---|---|---|
| Ag rátaí seasta[1] | **(733,478)** | **61.6%** | (733,196) | 61.8% |
| Ag rátaí comhlúthacha | **(453,126)** | **38.0%** | (444,553) | 37.5% |
| Fiachas nasctha le boilsciú | **(5,222)** | **0.4%** | (7,752) | 0.7% |
| **Iomlán** | **(1,191,826)** | **100.0%** | (1,185,501) | 100.0% |

[1] agus malairtí san áireamh.

Bhí €622.2 milliún d'fhiachas ag ráta seasta ag an nGrúpa (gan malairtí ráta úis san áireamh) ar an 31 Nollaig 2018 (2017: €621.9 milliún).

Ar an 31 Nollaig 2018, bhí fiachas ag ráta seasta gan íoc de US$290 milliún ag an nGrúpa (2017: US$290 milliún) (€230.3 coibhéis milliúin (2017: €230.3 million)) in idirbheart Láithreachta Príobháidigh dhollair US a tugadh chun críche ar 31 Márta 2009. Chun fálú a dhéanamh ar na neamhchosaintí a bhaineann le ráta malairte do dollar US agus chun na bunrátaí úis a thiontú go euro comhlúthach, tá roinnt babhtálacha rátaí úis trasairgeadra ag an nGrúpa atá comhoiriúnach do phróifíl aibíochta an fhiachais sin. In 2017, rinneadh cuid den fhiachas seo a fhálú ina dhiaidh sin chun ráta comhlúthach úis an euro a thiontú go rátaí úis seasta. Ar an 31 Nollaig 2018, bhí babhtálacha ráta úis amuigh ag an nGrúpa le prionsabal bharúlach €111.2 milliún, a thosaigh in H2 2017 agus a aistríodh le haghaidh ceithre bliana ag meánráta de 0.004%.

Ar an 31 Nollaig 2018, ba é meánráta úis ualaithe an phunann fiachais sheasta ná 1.32% (2017: 1.32%) a chuimsigh 2 bhanna de €622.3 milliún agus punann bhabhtálacha ráta úis de €111.2 milliún.

Déantar rátaí úis ar iasachtaí ráta athraithigh a athshocrú ar bhonn tréimhsiúil ar feadh aon, trí nó sé mhí thar an ngnáthráta margaidh.

**Anailís ar shreabhadh airgid um fhiachas ráta chomhlúthaigh**

Is í aidhm bheartais agus phróisis an Ghrúpa chun riosca ráta úis a rialú agus a bhainistiú, mar atá leagtha amach thuas, ná laghdú a dhéanamh ar thionchar luaineachta gearrthéarmaí sa ráta úis ar thuilleamh an Ghrúpa. Mar sin féin, beidh tionchar ag athruithe fadtéarmacha ar rátaí úis ar thuilleamh an Ghrúpa.

Meastar go mbeadh tionchar ag gluaiseacht 50 bonnphointe i rátaí úis ar an 31 Nollaig ar bhrabús roimh chánachas de réir na méideanna arna dtaispeáint thíos, agus go mbeadh an t-athrú luacha chóir ar ioncam cuimsitheach eile mar a thaispeántar thíos:

| | BRABÚS ROIMH CHÁIN 31–NOLL–18 €'000 | BRABÚS ROIMH CHÁIN 31–NOLL–17 €'000 | IONCAM CUIMSITHEACH EILE 31–NOLL–18 €'000 | IONCAM CUIMSITHEACH EILE 31–NOLL–17 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| *Méadú 50 bp* | **3,442** | 4,379 | **-** | - |
| *Laghdú 50 bp* | **(3,908)** | (4,280) | **-** | - |

Glacadh na toimhdí seo a leanas i dtaobh na hainilíse íogaireachta thuas:

- fanann gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh ach go háirithe, mar an gcéanna;
- ní bhaineann ach le hionstraimí airgeadais díorthacha agus fiachas comhlúthach;
- glactar leis go bhfuil díorthaigh arna sainiú mar fháluithe sreafa airgid i gcoinne gluaiseachtaí i rátaí úis éifeachtach go hiomlán, arna dtaifeadadh go hiomlán laistigh de ghnáthscaireanna agus gan aon tionchar acu ar an ráiteas ioncaim;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha ach ar an ráiteas ioncaim amháin; agus
- déileáiltear leis an gcéim chomhlúthach d'aon mhalairt nó aon fhiachas ráta chomhlúthaigh amhail is nach mbeadh aon ráta úis socraithe cheana féin, mar sin bíonn tionchar ag athrú ar rátaí úis ar feadh 12 mhíosa don chion úis fhabhraithe de na ríomhaireachtaí íogaireachta.

A mhalairt de thionchar a bhíonn ag méadú/laghdú de 50 bonnphointe ar an ráiteas ioncaim, ach níl sé comhionann ó thaobh méide toisc go mbíonn tionchar freisin ag na hathruithe ráta ar anailís íogaireachta ar na cuair lascaine arna n-úsáid le haghaidh na sreafaí airgid ábhartha do dhíorthaigh ráta úis.

## 27. Tomhas Luach Cóir

Tá tomhas luachanna córa le haghaidh sócmhainní agus dliteanais airgeadais de dhíth ar roinnt pholasaithe chuntasaíochta agus faisnéisithe an Ghrúpa. Chun luach cóir shócmhainn nó dhliteanas á mheas úsáideann an Grúpa sonraí margaidh inbhraite a oiread agus atá siad ar fáil.

Déantar luachanna córa a chatagóiriú ar leibhéil éagsúla de réir ghrádú ar luach cóir bunaithe ar ionchuir a mbaintear úsáid astu sna teicníochtaí luachála seo a leanas;

- Leibhéal 1: Praghsanna a luadh (gan athrú) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanas go díreach mar an gcéanna.
- Leibhéal 2: ionchuir nach na praghsanna a luadh iad, a cuireadh san áireamh laistigh de Leibhéal 1, atá infheicthe le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, go díreach (is é sin praghsanna) nó go hindíreach (is é sin bunaithe ar phraghsanna).
- Leibhéal 3: ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cothrom sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil áirithe de ghrádú an luacha chothroim, ansin déantar an tomhas luacha chothroim a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna den ghrádú luacha chothroim mar an t-ionchur luacha chothroim is ísle atá suntasach don tomhas ina iomláine. Aithníonn an Grúpa aistrithe idir leibhéil d'ordlathas luacha chóir ag deireadh an tréimhse tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn.

### *(a) Luach cóir sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a thomhaistear ar luach cóir ar bhonn athfhillteach*

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na teicnící luachála a chuireann an Grúpa i bhfeidhm chun luach cóir a thomhas, i dteannta le haon ionchuir dobhraiteacha suntasacha.

| CINEÁL | TEICNÍC LUACHÁLA | INCHUR DOBHRAITEACHA SUNTASACHA |
|---|---|---|
| Conarthaí réamh-mhalairte<br><br>*(Féach ar nóta 26)* | Bíonn luach cóir conarthaí réamh-mhalairte ar aghaidh bunaithe ar a bpraghas luaite, má tá sé ar fáil.<br><br>Mura bhfuil praghas luaite ar fáil, meastar luach cóir mar an difríocht idir praghas ar aghaidh na conartha agus an praghas ar aghaidh reatha um aibíocht iarmharach na conartha.<br><br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |
| Babhtálacht ráta úis agus bábhtálacha trasairgeadra ráta úis<br><br>*(Féach ar nóta 26)* | Tógtar san áireamh i luach cóir na mbabhtálacha ráta úis agus na mbabhtálacha trasairgeadra ráta úis na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana.<br><br>Socraítear luach cóir na mbabhtálacha atá nasctha le boilsciú agus úsáid á baint as teicníc luachála a chuimsíonn iolraí margaidh agus anailís ar shreabhadh airgid lascainithe ina n-úsáidtear sreafaí airgid ionchais don todhchaí agus ráta lascaine a bhaineann leis an margadh.<br><br>Léiríonn luachanna córa riosca creidmheasa na hionstraime agus cuimsíonn siad coigeartuithe chun riosca creidmheasa eintiteas agus comhpháirtí an Ghrúpa a thógáil san áireamh nuair is cuí sin.<br><br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |
| Láithriú Priobháideach *(cuid an fhála chóirluacha)* *(Féach ar nóta 26)* | Déantar luach cóir an ráta fiachais seasta a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú ó na glanluachanna reatha agus úsáid á baint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe.<br><br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |

### *(b) Luach cóir dliteanas airgeadais nach ndéantar a thomhas ar luach cóir (ach tá nochtuithe luacha chóir de dhíth)*

Déantar luach cóir iasachtaí, arna dtomhas ag an gcostas amúchta, a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú ó na glanluachanna reatha agus úsáid á bhaint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe - Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2.

## 28. Léasanna Oibriúcháin

### Gealltanais maidir le Léasanna Oibriúcháin

Tá na léasaí oibriúcháin seo a leanas iníoctha ag an nGrúpa ar théarmaí na léasaí atá fágtha agus is gnách go mbaineann siad le talamh agus foirgnimh a ligean ar cíos. Níl aon srianta suntasacha ná neamhghnácha gearrtha ag téarmaí na léasaí oibriúcháin. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| **Méideanna iníoctha:** | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **(1,123)** | (1,123) |
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | **(4,339)** | (4,493) |
| I ndiaidh cúig bliana | **(10,832)** | (12,015) |
| **Iomlán** | **(16,294)** | (17,631) |

Ba iad na méideanna a cuireadh san áireamh sa ráiteas ioncaim i dtaobh socruithe léasa um thalamh agus fhoirgnimh ná €1.1 milliún (2017: €0.9 milliún).

### Ioncam ó Léas Oibriúcháin Amach Anseo

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| **Méideanna infhaighte:** | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **23,908** | 26,492 |
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | **79,885** | 85,899 |
| Níos mó ná cúig bliana | **106,574** | 125,359 |
| **Iomlán** | **210,367** | 237,750 |

Baineann ioncam léasa oibriúcháin an Ghrúpa don todhchaí le comhaontuithe a cheadaíonn do thríú páirtithe codanna den chóras Iompair Líonra Gáis a úsáid. I gcomhréir le polasaí cuntasaíochta an Ghrúpa, meastar gur tuilleadh gach fáltas ó na socruithe sin, mar chuid d'oibríochtaí lárnacha an Ghrúpa agus dá réir sin aithnítear an t-ioncam léasa mar ioncam sa ráiteas ioncaim. Tá próifíl thuas d'ioncam don todhchaí ó léasanna oibriúcháin nach féidir a chur ar ceal, a aithneofar mar ioncam sna blianta atá le teacht. Bíonn téarmaí neamhéagtha na léasanna idir 4 agus 13 bliana.

## 29. Fochuideachtaí

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag an nGrúpa ar 31 Nollaig 2018:

| AN CHUIDEACHTA | NÁDÚR AN GHNÓ | SCIAR AN GHRÚPA |
|---|---|---|
| 1 Aurora Telecom DAC | Nach bhfuil ag Trádáil | 100% |
| 2 Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC | Tarchur Gáis | 100% |
| 3 GNI (UK) Limited | Tarchur Gáis | 100% |
| 4 Líonraí Gáis Éireann | Tarchur Gáis | 100% |
| 5 Gaslink Independent System Operator DAC | Nach bhfuil ag Trádáil | 100% |
| **Gnóthas neamhrialaithe** | | |
| 6 Ervia ESOP Trustee DAC | Iontaobhaí don Phlean Scair-Úinéireacht Fostaithe | féach (a) thíos |
| 7 Uisce Éireann | Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce | féach (b) thíos |

| | |
|---|---|
| Is í oifig chláraithe do 1, 2 agus 4 go 6 ná: | Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. |
| Is í oifig chláraithe 3 ná: | 6 St. Andrew Street, 5th Floor, London, EC4A 3AE, An Ríocht Aontaithe. |
| Is í oifig chláraithe 7 ná: | Teach Colvill, 24/26 Sráid Thalbóid, Baile Átha Cliath 1, Éire. |

(a) Ervia ESOP Trustee DAC a chorprú mar iontaobhaí de chuid Iontaobhas Scair-Úinéireacht Fostaithe Ervia agus de chuid Scéim Roinnte Brabúis Faofa Ervia. Níl sé de chumas ná de cheart ag an nGrúpa sócmhainní ná lucht bainistíochta an ghrúpa a rialú. Déanann stiúrthóir gairmiúil neamhspleách cathaoirleacht ar an mBord Stiúrthóirí, tá ceathrar stiúrthóirí mar ionadaithe ar fhostaithe Ervia agus ceapann Ervia beirt stiúrthóirí. I gcomhréir le IFRS 10, níl ráitis airgeadais Ervia ESOP Trustee DAC comhdhlúite le torthaí an Ghrúpa.

Tagadh ar chomhaontú i Márta 2014 maidir le ceannach amach an 3.27% de stoc caipitil Ervia a bhí á choimeád ag an Iontaobhaí thar ceann thairbhithe ESOP. Sa chomhaontú rinneadh soláthar do shealbhú an stoic chaipitil go léir arna eisiúint go ESOT Ervia mar mhalairt ar nótaí gealltanais arna n-eisiúint ag Ervia le fuascailt le linn na tréimhse 2014 go 2018. Ní iompraíonn na nótaí gealltanais cúpón agus iad á n-eisiúint. Féach ar nóta 25.

(b) Ar an 31 Nollaig 2018, bhí aon scair vótála amháin ag an nGrúpa in Uisce Éireann, agus gan aon chearta eacnamaíocha inchurtha i leith na scaire sin. Bhí 325 scair Cheart Eacnamaíoch Uisce (CEE) in aghaidh an duine ag an Aire Airgeadais agus an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil araon (2017: 325) nach raibh aon chearta vótála ag gabháil leo ach a raibh na cearta eacnamaíocha go léir ag gabháil leo arbh ghá leo chun go mbainfí leas as gníomhaíochtaí Uisce Éireann.

Sonraítear in IFRS 10 "bíonn infheisteoir i gceannas ar institiúid infheistiúcháin nuair a dhéantar an t-infheisteoir a nochtú do thorthaí éagsúla a bhaineann lena phlé leis an institiúid infheistiúcháin, nó má bhíonn cearta aige i leith na dtorthaí sin, agus bíonn infheisteoir i gceannas ar institiúid infheistiúcháin nuair atá sé de chumas aige dul i bhfeidhm ar na torthaí sin de bharr an méid cumhachta atá aige i leith na hinstitiúide infheistiúcháin sin". Is ionann scair vótála amháin an Ghrúpa in Uisce Éireann agus ceart a bhí ann cheana féin ar an 31 Nollaig 2018 trína dtugtar cumhacht don Ghrúpa chun polasaithe airgeadais agus oibriúcháin Uisce Éireann a rialáil. Ós rud é nach féidir an chumhacht sin a úsáid chun torthaí éagsúla a bhaint amach, áfach, agus toisc nach bhfuil cearta ag an nGrúpa maidir le torthaí éagsúla Uisce Éireann ar an dáta sin, de réir mar a cheanglaítear ag IFRS 10, agus chun go gcomhlíonfaí na ceanglais IFRS, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# 30. Páirtithe Gaolmhara

Tá luachanna idirbhirt ioncaim/(speansais) na bpáirtithe gaolmhara le haghaidh 2018 agus 2017 sonraithe thíos:

| | | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Uisce Éireann** | (iv) | | |
| Costais maidir le hidirbhearta agus comhaontú seirbhísí tacaíochta | (iv) (a) | **44,044** | 43,073 |
| | | **44,044** | 43,073 |

Tá iarmhéideanna infhaighte/(iníoctha) na bpáirtithe gaolmhara sonraithe thíos:

| | | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|---|
| Uisce Éireann | (iv) | **28,000** | 26,774 |
| | | **28,000** | 26,774 |

**(i) Máthairghnóthas deiridh**

Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976. Tá Stát na hÉireann ina úinéir tairbhiúil 100% ar Ervia.

**(ii) Comhlachtaí urraithe ag an Rialtas**

Cosúil le go leor eintiteas eile, déileálann an Grúpa i ngnáthchúrsaí a ghnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, ar nós an Bord Soláthair Leictreachais, Eirgrid agus Údaráis Áitiúla.

**(iii) Bainc faoi úinéireacht Stát na hÉireann**

I ngnáthchúrsa a ghnó, déanann an Grúpa idirbhirt le bainc Éireannacha áirithe atá rialaithe go hiomlán nó i bpáirt ag Rialtas na hÉireann. Is de réir gnáth-théarmaí tráchtála a dhéantar gach ceann d'idirbhearta an Ghrúpa leis na bainc sin. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an nGrúpa le haon bhanc den sórt sin i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2018.

**(iv) Uisce Éireann**

Meastar gur páirtí gaolmhar de chuid an Ghrúpa é Uisce Éireann, ar bhunús phátrún na bhfíricí atá leagtha amach i nóta 29.

***(a) Costais maidir le hidirbhearta agus comhaontú seirbhísí tacaíochta***

Cuireann an Grúpa seirbhísí sna réimsí straitéis, rialachais, bainistíochta riosca, bainistíochta soláthair caipitil agus seirbhísí idirbhirt agus tacaíochta ar fáil d'Uisce Éireann trí Lárionad an Ghrúpa, réimsí na Mórthionscadal agus Seribhísí Gnó. Tá eagraíocht na Seirbhísí Gnó ceaptha seirbhísí idirbhirt agus tacaíochta a sholáthar sna réimsí Airgeadais, Soláthair, Saoráidí, AD agus TF. Déantar na costais a bhaineann leis an iasacht fostaithe a athmhuirearú go hUisce Éireann ar bhonn modha um ghnóthú iomlán costas agus ní thuilltear aon chorrlach. Ina theannta sin déantar Uisce Éireann a athmhuirearú as úsáid réadmhaoin an Ghrúpa.

***(b) Comhfhiontair***

I ngnáthchúrsaí a chuid ghnó, tarlaíonn idirbhearta idir Uisce Éireann agus an Grúpa i dtaobh a gcomhthionscadail fóntais. Ní chuireann na cuideachtaí aon fhorchostas ná corrlaigh i bhfeidhm, agus mar sin déantar costais arna dtabhú a athmhuirearú go díreach. Tá iarmhéideanna amuigh i dtaobh na n-idirbheart sin curtha san áireamh sa tábla thuas.

***(c) Costais phinsean***

Oibríonn an Grúpa scéim sochair sainithe pinsin. Glacann roinnt fostaithe de chuid Uisce Éireann páirt sa scéim sin. Tugtar cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. Aithníonn an Mháthairchuideachta, mar an bhfostóir urraithe don phlean, an glanchostas sochair sainithe, agus ní aithníonn Uisce Éireann ach an costas as ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain i dtaobh fhostaithe Uisce Éireann. Cuimsíonn costais seirbhísí reatha an Ghrúpa le haghaidh 2018 (mar atá leagtha amach i nóta 21 ) €1.0 milliún (2017: €1.1 milliún) atá comhionann le ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain i dtaobh fhostaithe Uisce Éireann. Níl na costais sin cuimsithe i gcostais sochair fhostaí an Ghrúpa.

## 30. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

**(v) Leasanna comhaltaí boird**

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag comhaltaí an Bhoird sa Mháthairchuideachta ag aon uair i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2018.

**(vi) Gnóthais fochuideachta**

Déanann ráitis airgeadais an Ghrúpa torthaí na Máthairchuideachta agus a cuid fochuideachtaí a chomhdhlúthú mar atá doiciméadaithe sna polasaithe cuntasaíochta. Tugtar liosta de na fochuideachtaí i nóta 29. Téitear i mbun idirbheart le páirtithe gaolmhara i ngnáthchúrsa an ghnó. Déantar díolacháin amach agus isteach, i dteannta le suimeanna iníoctha agus infháltais amach chuig agus isteach ó fhochuideachtaí, a dhíbirt agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú, i gcomhréir le IFRS 10.

## 31. Iartheagmhais

Níor tharla teagmhais eile ar bith idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais, arbh teagmhais iad arbh ghá na ráitis airgeadais a choigeartú nó nochtuithe breise a dhéanamh dá mbarr.

# Ráiteas Ioncaim Máthairchuideachta

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA 2018 €'000 | MÍREANNA EISCEACHTÚLA (LENA N-ÁIRÍTEAR ATOMHAIS ÁIRITHE) NÓTA 6 2018 €'000 | TAR ÉIS MÍREANNA EISCEACHTÚLA 2018 €'000 | ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA 2017 €'000 | MÍREANNA EISCEACHTÚLA (LENA N-ÁIRÍTEAR ATOMHAIS ÁIRITHE) NÓTA 6 2017 €'000 | TAR ÉIS MÍREANNA EISCEACHTÚLA 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | | | | | |
| Ioncam | | **-** | **-** | **-** | - | - | - |
| Costais oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) | 1 | **(6,094)** | **-** | **(6,094)** | (5,191) | - | (5,191) |
| **Caillteanas oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (TRÚCDA)** | | **(6,094)** | **-** | **(6,094)** | (5,191) | - | (5,191) |
| Dímheas agus amúchadh | 5 | **(386)** | **-** | **(386)** | (373) | - | (373) |
| **Caillteanas oibriúcháin** | | **(6,480)** | **-** | **(6,480)** | (5,564) | - | (5,564) |
| Ioncam airgeadais | 6 | **54,189** | **-** | **54,189** | 48,440 | 4,468 | 52,908 |
| Costais airgeadais | 6 | **(2,647)** | **(101)** | **(2,748)** | (2,695) | - | (2,695) |
| Glanioncam/(glanchostais) airgeadais | 6 | **51,542** | **(101)** | **51,441** | 45,745 | 4,468 | 50,213 |
| **Brabús/(caillteanas) roimh cháin ioncaim** | | **45,062** | **(101)** | **44,961** | 40,181 | 4,468 | 44,649 |
| Creidmheas/(speansas) cáinioncaim | 7 | **3,510** | **13** | **3,523** | 1,760 | (27) | 1,733 |
| **Brabús/(caillteanas) don bhliain** | | **48,572** | **(88)** | **48,484** | 41,941 | 4,441 | 46,382 |
| **Brabús/(caillteanas) inchurtha i leith:** | | | | | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | **48,572** | **(88)** | **48,484** | 41,941 | 4,441 | 46,382 |
| **Brabús/(caillteanas) don bhliain** | | **48,572** | **(88)** | **48,484** | 41,941 | 4,441 | 46,382 |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | 26 Márta 2019 Dáta Faofa

Nóta: Féach nóta 1(a) de ráitis airgeadais an Ghrúpa do shainmhínithe ar mhíreanna eisceachtúla (lena n-áirítear atomhas áirithe).

# Ráiteas na Máthairchuideachta ar Ioncam Cuimsitheach Eile

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| Brabús don bhliain | | **48,484** | 46,382 |
| Ioncam Cuimsitheach eile | | | |
| **Earraí nach mbeidh athaicmithe chuig an gcuntas brabúis ná caillteanais:** | | | |
| Gnóthachain achtúireacha ón bplean sochair sainithe | 12 | **39,147** | 10,023 |
| Speansas cánach iarchurtha maidir le hoibleagáidí sochair sainithe | 7 | **(4,893)** | (1,253) |
| **Iomlán na n-earraí nach mbeidh athaicmithe chuig an gcuntas brabúis ná caillteanais** | | **34,254** | 8,770 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim** | | **34,254** | 8,770 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **82,738** | 55,152 |
| **Ioncam Cuimsitheach iomlán inchurtha le:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | **82,738** | 55,152 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **82,738** | 55,152 |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | 26 Márta 2019<br>Dáta Faofa |
|---|---|---|

# Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta

amhail an 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 31–NOLL–18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Acmhainní Neamh-Reatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | **8,000** | 8,181 |
| Infheistíocht i ngnóthais fochuideachta | 17 | **681,436** | 681,436 |
| Trádáil agus infháltais eile | 9 | **5,100** | - |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 7 | **2,868** | 6,514 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **697,404** | 696,131 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | 9 | **186,605** | 272,610 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | 10 | **15,236** | 24,778 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 15 | **-** | 95 |
| Sócmhainní cánach reatha | 7 | **-** | 87 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **201,841** | 297,570 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **899,245** | 993,701 |
| **Gnáthscaireanna agus dliteanais** | | | |
| **Gnáthscaireanna** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | **(771,358)** | (832,809) |
| **Iomlán na ngnáthscaireanna inchurtha i leith shealbhóirí ghnáthscaireanna na Máthairchuideachta** | | **(771,358)** | (832,809) |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais Neamh-reatha** | | | |
| Oibleagáidí leasa scoir | 12 | **(98,381)** | (127,828) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | 14 | **(6,916)** | (5,354) |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **(105,297)** | (133,182) |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | 14 | **(22,481)** | (27,710) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 15 | **(6)** | - |
| Dliteanais chánach reatha | 7 | **(103)** | - |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(22,590)** | (27,710) |
| **Dliteanais iomlána** | | **(127,887)** | (160,892) |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **(899,245)** | (993,701) |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | 26 Márta 2019<br>Dáta Faofa |
|---|---|---|

# Ráiteas na Máthairchuideachta ar Athruithe sa Chothromas

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | TUILLEAMH COINNITHE €'000 |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2017** | (926,097) |
| Brabús don bhliain | (46,382) |
| Speansas cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháinioncaim | (8,770) |
| **Iomlán an speansais chuimsithigh don bhliain** | (55,152) |
| Díbhinní fógartha | 148,440 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2017** | (832,809) |
| Brabús don bhliain | **(48,484)** |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim | **(34,254)** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | **(82,738)** |
| Díbhinní fógartha | **144,189** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2018** | **(771,358)** |

Inchurtha go léir le húinéirí na Máthairchuideachta.

# Ráiteas na Máthairchuideachta ar Shreafaí Airgid

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 11 | **(9,708)** | 12,264 |
| **Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Fáltas/(íocaíocht) a bhaineann le díol na rannóige Fuinnimh | | **20,172** | (1,614) |
| Íocaíochtaí do réadmhaoin, fearas agus trealamh | | **(232)** | - |
| Díbhinní infhála | | **54,189** | 48,440 |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **74,129** | 46,826 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | | |
| Fuascailt nótaí gealltanais | | **(6,874)** | (9,001) |
| Aisíocaíochtaí iasachtaí fochuideachta | | **72,000** | 95,921 |
| Díbhinní íoctha | | **(139,089)** | (148,440) |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **(73,963)** | (61,520) |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid** | 10 | **(9,542)** | (2,430) |
| Airgead tirim agus cóibhéis airgid amhail an 1 Eanáir | 10 | **24,778** | 27,208 |
| **Airgead tirim agus coibhéis airgid amhail an 31 Nollaig** | 10 | **15,236** | 24,778 |

# Nótaí a Ghabhann le Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta


| | |
|---|---|
| 1. | Costais Oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) |
| 2. | Sochair Fostaithe |
| 3. | Cúiteamh na bPríomhbhainisteoirí |
| 4. | Míreanna eisceachtúla |
| 5. | Dímheas agus Amúchadh |
| 6. | Glanchostais airgeadais |
| 7. | Cáin |
| 8. | Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh |
| 9. | Trádáil agus infháltais eile |
| 10. | Airgead tirim agus Coibhéis Airgid |
| 11. | Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí |
| 12. | Oibleagáidí leasa scoir |
| 13. | Teagmhais |
| 14. | Trádáil agus suimeanna iníoctha eile |
| 15. | Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais |
| 16. | Léasanna Oibriúcháin |
| 17. | Fochuideachtaí |
| 18. | Páirtithe Gaolmhara |

# Nótaí a Ghabhann le Ráiteas Airgeadais na Máthairchuideachta

## 1. Costais Oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh)

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Costas shochair fostaithe | **(43,934)** | (37,294) |
| Seirbhísí fruilithe agus conraithe | **(4,940)** | (8,141) |
| Costais ábhar, cothabhála agus fochonraitheora | **(10,603)** | (11,638) |
| Cíos, rátaí agus saoráidí | **(1,356)** | (1,483) |
| Speansais oibriúcháin eile | **(12,030)** | (11,184) |
| Athmhuirearú chuig gnóthais neamhrialaithe | **44,044** | 43,073 |
| Athmhuirearú chuig fochuideachtaí | **22,725** | 21,476 |
| **Iomlán** | **(6,094)** | (5,191) |

Féach ar nóta 4 le haghaidh nochtuithe i dtaobh luachanna saothair Iniúchóir an Ghrúpa agus na mball den Bhord.

## 2. Sochair Fostaithe

### (a) Sochair chomhiomlána fostaithe

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | **(34,095)** | (28,784) |
| Sochair iarfhostaíochta– ranníocaíochtaí pinsin* | **(12,387)** | (10,061) |
| Ranníocaíocht an fhostóra do leas sóisialach | **(3,656)** | (3,111) |
| | **(50,138)** | (41,956) |
| Párolla caipitlithe agus aistrithe eile párolla | **6,204** | 4,662 |
| **Costas sochair fostaithe a ghearrfar ar an gcuntas brabúis nó caillteanais** | **(43,934)** | (37,294) |

### (b) Sochair ghearrthéarmacha foirne

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | **(32,756)** | (27,611) |
| Ragobair | **(31)** | (33) |
| Liúntais | **(194)** | (184) |
| Eile | **(1,114)** | (956) |
| **Iomlán** | **(34,095)** | (28,784) |

Ba é meánlíon na bhfostaithe de chuid na Máthairchuideachta ná 427 don bhliain 2018 (2017: 367).

*Cuimsítear costais phinsin neamhairgid nach bhfuil leithdháilte agus atá inchurtha i leith fostaithe nach fostaithe de chuid na Máthairchuideachta iad (i.e. fostaithe de chuid fochuideachtaí incháilithe agus gnóthas neamhrialaithe) a glacann páirt i scéim sochair sainithe Ervia.

## 3. Cúiteamh na bPríomhbhainisteoirí

Féach ar nóta 6 a ghabhann le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi chúiteamh phríomhbhainisteoirí an Ghrúpa.

## 4. Míreanna Eisceachtúla

Féach ar nóta 7 a ghabhann le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi chostais eisceachtúla arna dtabhú in 2018 agus 2017.

## 5. Dímheas agus Amúchadh

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas | **(386)** | (373) |
| **Iomlán** | **(386)** | (373) |

## 6. Glanchostais airgeadais

| | | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Roimh mhíreanna eisceachtúla** | | | |
| Ioncam Airgeadais | | | |
| Díbhinní infhála | | **54,189** | 48,440 |
| **Iomlán an ioncaim airgeadais** | | **54,189** | 48,440 |
| **Costais airgeadais** | | | |
| Glanús ar an nglandliteanas sochair sainithe | | **(2,125)** | (2,204) |
| Costais airgeadais eile | | **(522)** | (491) |
| **Iomlán na gcostas airgeadais** | | **(2,647)** | (2,695) |
| **Míreanna eisceachtúla** | | | |
| Glanathruithe ar luach cóir díorthach maoinithe neamhainmnithe | (i) | **(101)** | 215 |
| Athrú ar mheastachán ar shreabhadh airgid ar chomaoin theagmhasach | (ii) | **-** | 4,253 |
| **Iomlán na míreanna eisceachtúla** | | **(101)** | 4,468 |
| **Iomlán** | | | |
| Ioncam airgeadais | | **54,189** | 52,908 |
| Costais airgeadais | | **(2,748)** | (2,695) |
| **Glanioncam Airgeadais** | | **51,441** | 50,213 |

(i) Is é atá iontu siúd ná atomhais a thagann chun cinn ar ionstraimí airgeadais a dtugtar cuntas ina leith amhail is dá mbeidís á gcoimeád le haghaidh trádála nó mar fháluithe chóirluacha i gcomhréir le polasaí cuntasaíochta an Ghrúpa. Tá tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a thagann laistigh de raon feidhme IFRS 9 leagtha amach i bpolasaí cuntasaíochta xi.

(ii) Le linn 2017, d'aithin an Mháthairchuideachta gnóthachan atomhais neamhairgid de €4.3 milliún mar gheall ar athruithe ar shreafaí airgid ionchais don todhchaí a bhaineann le comaoin theagmhasach a aithníodh roimhe sin.. Féach ar nóta 27 le tuilleadh sonraí a fháil.

# 7. Cáin

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Creidmheas/(costas) reatha cánach** | | |
| Cáin reatha | **(285)** | (188) |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | **2,561** | 548 |
| | **2,276** | 360 |
| **Creidmheas cánach iarchurtha** | | |
| Údarú agus freaschur difríochtaí sealadacha | **1,247** | 1,373 |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | **-** | - |
| | **1,247** | 1,373 |
| **Iomlán creidmheas cánach ioncam** | **3,523** | 1,733 |

**An ráta cánach éifeachtach a idir-réiteach**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Brabús roimh cháin | **44,961** | 44,649 |
| Cáin gearrtha ag 12.5% (2017: 12.5%) | **(5,620)** | (5,581) |
| Speansais inasbhainte/(nach bhfuil inasbhainte) chun críocha cánach | **(106)** | 74 |
| Ioncam nach bhfuil inchánach | **6,773** | 6,587 |
| Brabúis ar gearradh cáin orthu ag rátaí níos airde | **(85)** | (86) |
| Coigeartú malartaithe | **-** | 191 |
| Coigeartuithe ar an muirear cánach i dtaobh na mblianta roimhe seo | **2,561** | 548 |
| **Iomlán creidmheas cánach ioncam** | **3,523** | 1,733 |

Féach ar ráiteas na Máthairchuideachta faoi ioncam cuimsitheach eile ina bhfuil sonraí faoin tionchar cánach.

**Sócmhainní agus dliteanais chánach reatha**

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach reatha** | **-** | 87 |
| **Dliteanais chánach reatha** | **(103)** | - |

**Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha**

| | OIBLEAGÁID LEASA SCOIR €'000 | RÉADMHAOIN, GLÉASRA, TREALAMH AGUS SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE €'000 | ÚS €'000 | EILE €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir 2017** | 16,161 | (192) | (9,833) | 258 | 6,394 |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | 1,071 | (3) | 381 | (76) | 1,373 |
| Aitheanta i gcothromas | (1,253) | - | - | - | (1,253) |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | 15,979 | (195) | (9,452) | 182 | 6,514 |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | **1,212** | **13** | **100** | **(78)** | **1,247** |
| Aitheanta i gcothromas | **(4,893)** | **-** | **-** | **-** | **(4,893)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **12,298** | **(182)** | **(9,352)** | **104** | **2,868** |

Níor aithníodh na sócmhainní cánach iarchurtha seo a leanas sa chlár comhardaithe toisc nach dócha go ndéanfar iad a aisghabháil go ceann i bhfad. Níl aon dáta éaga maidir le cathain is féidir sócmhainní cánach a úsáid.

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Caillteanais chaipitil | **3,600** | 3,600 |

## 8. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | TALAMH AGUS FOIRGNIMH €'000 | FEARAS, PÍBLÍNE AGUS INNEALRA €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2017** | 21,345 | 161 | 21,506 |
| Diúscairtí | - | (53) | (53) |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | 21,345 | 108 | 21,453 |
| Breiseanna | **-** | **232** | **232** |
| Diúscairtí | **-** | **(94)** | **(94)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **21,345** | **246** | **21,591** |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin** | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2017** | (12,852) | (88) | (12,940) |
| Dímheas don bhliain | (343) | (30) | (373) |
| Diúscairtí | - | 41 | 41 |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | (13,195) | (77) | (13,272) |
| Dímheas don bhliain | **(343)** | **(43)** | **(386)** |
| Diúscairtí | **-** | **67** | **67** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **(13,538)** | **(53)** | **(13,591)** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | 8,150 | 31 | 8,181 |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **7,807** | **193** | **8,000** |

**Gealltanais chaipitil**

| | 2018 €'MILLIÚN | 2017 €'MILLIÚN |
|---|---|---|
| Conraithe do | **3** | 9 |

## 9. Trádáil agus infháltais eile

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Méideanna dlite ó ghnóthais fhochuideachta | **160,031** | 225,680 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais neamhrialaithe | **27,408** | 23,382 |
| Réamhíocaíochtaí | **3,971** | 3,085 |
| Infháltais eile | **295** | 20,463 |
| **Iomlán** | **191,705** | 272,610 |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamh-reatha | **5,100** | - |
| Reatha | **186,605** | 272,610 |
| **Iomlán** | **191,705** | 272,610 |

Féach freisin ar nóta 18 le haghaidh níos mó sonraí faoi iarmhéideanna le fochuideachtaí agus gnóthais neamhrialaithe.

### Riosca creidmheasa

Déantar riosca creidmheasa ar infháltais eile a bhainistiú trí mhonatóireacht agus bhainistíocht ar iarmhéideanna agus grinnscrúdú creidmheasa (áit a bhaineann).

Eisítear réamhíocaíochtaí ná méideanna dlite ag fochuideachtaí/gnóthais neamhrialaithe ón anailís ar nochtadh creidmheasa thíos. Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar an uasnochtadh do riosca creidmheasa le haghaidh infháltas trádála agus eile ar an dáta tuairiscithe:

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais eile | **295** | 20,463 |
| **Iomlán** | **295** | 20,463 |

Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar an uasnochtadh do riosca creidmheasa le haghaidh infháltas trádála agus eile ar an dáta tuairisicthe de réir réigiúin gheografaigh:

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Éire | **295** | 20,463 |
| **Iomlán** | **295** | 20,463 |

Seo a leanas mar a aosaítear infháltais trádála agus eile, glan ó bhearnúchán:

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Nach bhfuil thar téarma | **295** | 20,463 |
| **Iomlán** | **295** | 20,463 |

## 10. Airgead tirim agus Coibhéis Airgid

Coimeádtar airgead tirim agus coibhéis airgid chun críocha ceanglais leachtachta a chomhlíonadh.

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | **15,236** | 24,778 |

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir** | **24,778** | 27,208 |
| Laghdú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid sa ráiteas faoi shreafaí airgid | **(9,542)** | (2,430) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **15,236** | 24,778 |

## 11. Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí

| | NÓTAÍ | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | | | |
| Brabús don bhliain | | **48,484** | 46,382 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 5 | **386** | 373 |
| Costas as sochair scoir | 12 | **7,660** | 6,424 |
| Glanioncam Airgeadais | 6 | **(51,441)** | (50,213) |
| Creidmheas cánach ioncaim | 7 | **(3,523)** | (1,733) |
| | | **1,566** | 1,233 |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | | |
| Athruithe ar infháltais trádála agus eile | | **(5,594)** | 929 |
| Athruithe ar suimeanna trádála iníoctha agus eile | | **(5,470)** | 3,110 |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **(9,498)** | 5,272 |
| Ús faighte/(íoctha) | | **(123)** | 1,057 |
| Cáin ioncaim a fuarthas/(íocadh) | | **(87)** | 5,935 |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **(9,708)** | 12,264 |

## 12. Oibleagáidí leasa scoir

Féach ar nóta 21 a ghabhann le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh nochtuithe maidir le hoibleagáidí leasa scoir an Ghrúpa.

## 13. Teagmhais

Níl aon dhliteanais theagmhasacha ábhartha ar eolas ag an gCuideachta ar gá a nochtadh.

## 14. Trádáil agus suimeanna iníoctha eile

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna trádála iníoctha | **(5,475)** | (2,485) |
| Fabhruithe | **(15,372)** | (15,810) |
| Nótaí gealltanais (Nóta 29) | **-** | (6,874) |
| Suimeanna iníoctha eile | **(7,831)** | (6,916) |
| Méideanna dlite d'fhochuideachtaí | **(85)** | (85) |
| Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialta[1] | **(634)** | (894) |
| **Iomlán** | **(29,397)** | (33,064) |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamh-reatha | **(6,916)** | (5,354) |
| Reatha | **(22,481)** | (27,710) |
| **Iomlán** | **(29,397)** | (33,064) |
| **[1]Creidiúnaithe cánachais agus árachais sóisialta** | | |
| ÍMAT/ÁSPC/árachas sóisialta | **(1,107)** | (917) |
| CBL | **473** | 23 |
| **Iomlán** | **(634)** | (894) |

# 15. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

Sa nóta seo tá eolas faoi ionstraimí airgeadais agus bainistíocht riosca airgeadais na Máthairchuideachta.

| | ORDLATHAS LUACHANNA CÓRA €'000 | FVTPL – NEAMHAINMNITHE €'000 | FVTPL – AINMNITHE €'000 | FVTOCI €'000 | COSTAS AMÚCHTA €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | | **-** | **-** | **-** | **187,734** | **187,734** |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | | **-** | **-** | **-** | **15,236** | **15,236** |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | **-** | **-** | **-** | **202,970** | **202,970** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | **(6)** | **-** | **-** | **-** | **(6)** |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | | **-** | **-** | **-** | **(29,397)** | **(29,397)** |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | **(6)** | **-** | **-** | **(29,397)** | **(29,403)** |
| **Glansócmhainní airgeadais** | | **(6)** | **-** | **-** | **173,573** | **173,567** |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | 95 | - | - | - | 95 |
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | | - | - | - | 269,525 | 269,525 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | | - | - | - | 24,778 | 24,778 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | 95 | - | - | 294,303 | 294,398 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | | - | - | - | (33,064) | (33,064) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | - | - | - | (33,064) | (33,064) |
| **Glansócmhainní airgeadais** | | 95 | - | - | 261,239 | 261,334 |

## Bainistíocht riosca airgeadais

Féach ar nóta 26 a ghabhann le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi pholasaithe bainistithe riosca airgeadais an Ghrúpa. Glacann an Mháthairchuideachta leis na cuspóirí, na polasaithe agus na próisis sin chomh maith.

### (i) Riosca creidmheasa

Is ionann suim ghlanluacha sócmhainní airgeadais agus an t-uasnochtadh creidmheasa. Ba é an t-uasnochtadh do riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe ná:

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí ná méideanna dlite ag fochuideachtaí/gnóthais neamhrialaithe san áireamh) | **295** | 20,463 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | **15,236** | 24,778 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | 95 |
| **Iomlán** | **15,531** | 45,336 |

### (i) (a) Riosca creidmheasa bainteach le ciste

Féach ar nóta 26 a ghabhann le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh anailíse ar pholasaithe an Ghrúpa maidir le riosca creidmheasa bainteach le ciste. Glacann an Mháthairchuideachta leis na cuspóirí, na polasaithe agus na próisis sin chomh maith.

### (i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil

Féach ar nóta 14 de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa chun anailís a fheiceáil de nochtadh na Máthairchuideachta do riosca creidmheasa bainteach le trádáil.

# 15. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/ Dliteanais Airgeadais (ar lean)

## (ii) Riosca leachtachta

Féach ar nóta 26 de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi spriocanna, pholasaithe agus phróisis an Ghrúpa chun riosca leachtacha a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca leachtachta a thomhas. Glacann an Mháthairchuideachta leis na cuspóirí, na polasaithe agus na próisis sin chomh maith.

Seo a leanas na haibíochtaí conarthacha ar dhliteanais airgeadais (agus sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis gan lascaine a bhaineann le hiasachtaí agus na glansreafaí airgid gan lascaine atá inchurtha i leith ionstraimí airgeadais. Cuimsíonn an nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthach a bhfuil ollsocraíocht airgid chomhuaineach ag gabháil leo, e.g. reámhchonarthaí i malairt eachtrach.

| | SUIM GHLANLUACHA €'000 | SREAFAÍ AIRGID CONARTHACHA €'000 | <1 BHLIAIN €'000 | 1-2 BHLIAIN €'000 | 2-5 BLIANA €'000 | <5 BLIANA €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | | | | | | |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | **(6)** | **(6)** | **(6)** | **-** | **-** | **-** |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **(6)** | **(6)** | **(6)** | **-** | **-** | **-** |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | **(29,397)** | **(29,647)** | **(22,481)** | **(815)** | **(5,910)** | **(441)** |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(29,397)** | **(29,647)** | **(22,481)** | **(815)** | **(5,910)** | **(441)** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(29,403)** | **(29,653)** | **(22,487)** | **(815)** | **(5,910)** | **(441)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | | | | | | |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | 95 | 95 | 95 | - | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | 95 | 95 | 95 | - | - | - |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | (33,064) | (33,007) | (27,653) | - | (5,354) | - |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | (33,064) | (33,007) | (27,653) | - | (5,354) | - |
| **Glandliteanais airgeadais** | (32,969) | (32,912) | (27,558) | - | (5,354) | - |

## (iii) Riosca margaidh

Féach ar nóta 26 de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi spriocanna, pholasaithe agus phróisis an Ghrúpa chun riosca margaidh a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca margaidh a thomhas. Glacann an Mháthairchuideachta leis na cuspóirí, na polasaithe agus na próisis sin chomh maith.

## (iii) (a) Riosca an ráta malairte

Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go bhféadfadh go ndéanfaí cuid d'idirbhearta na Máthairchuideachta in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha).

### Nochtadh d'idirbhearta

Ó am go chéile déanann an Mháthairchuideachta ceannacháin in airgeadraí eachtracha. Is é polasaí an Ghrúpa ná nochtadh na n-idirbheart sin a bhainistiú trí fhéachaint chuig ceannacháin agus díolacháin arna n-ainmniú in airgeadraí eachtrach a mheaitseáil an oiread is féidir. Áit nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar nochtuithe a fhálú agus úsáid á baint as díorthaigh atá ceadaithe faoi pholasaí ciste an Ghrúpa. Déanfar nochtuithe a fhálú agus na rioscaí gnó á gcur san áireamh.

Is é Polasaí Ciste an Ghrúpa freisin ná go ndéanfar measúnú ar gach nochtadh measta a sháraíonn méid coibhéiseach le €300,000 in airgeadraí eachtracha i dtaobh na rioscaí gnó agus, áit is cuí, déanfar fálú ar rioscaí airgeadra chun an seans go dtiocfadh drochéagsúlachtaí chun cinn ó ghluaiseachtaí airgeadra a íoslaghdú.

Mar thoradh ar na gníomhartha sin arna nglacadh ag an nGrúpa chun maolú a dhéanamh ar íogaireacht bhunaidh na Máthairchuideachta go luaineachtaí sa ráta malairte, níl anailís íogaireachta curtha i láthair ag an Máthairchuideachta toisc nach tábhachtach aon éagsúlacht fhéideartha.

## 16. Léasanna Oibriúcháin

Tá na gealltanais neamh-inchealaithe seo a leanas maidir le léasaí oibriúcháin iníoctha ag an Máthairchuideachta ar théarmaí na léasaí atá fágtha agus is gnách go mbaineann siad le háitribh oifige a ligean ar cíos. Níl aon srianta suntasacha ná neamhghnácha gearrtha ag téarmaí na léasaí oibriúcháin. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir. Ba iad na méideanna a cuireadh san áireamh sa ráiteas ioncaim i dtaobh socruithe léasa um thalamh agus fhoirgnimh ná €0.8 milliún (2017: €0.8 milliún).

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| **Méideanna iníoctha:** | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **(800)** | (800) |
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | **(3,200)** | (3,200) |
| I ndiaidh cúig bliana | **(7,800)** | (8,600) |
| **Iomlán** | **(11,800)** | (12,600) |

### Ioncam ó Léas Oibriúcháin Amach Anseo

| | 31-NOLL-18 €'000 | 31-NOLL-17 €'000 |
|---|---|---|
| **Méideanna infhaighte:** | | |
| Laistigh de bhliain amháin | - | 690 |
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | - | 1,380 |
| **Iomlán** | - | 2,070 |

Baineann ioncam ó léasaí oibriúcháin don todhchaí le hioncam léasa ó ligean ar cíos áitribh oifige. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

## 17. Fochuideachtaí

| | €'000 |
|---|---|
| **Costas** | |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | 681,436 |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **681,436** |
| **Suim ghlanluacha** | |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | 681,436 |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **681,436** |

Is é Líonra Gáis Éireann fochuideachta na Máthairchuideachta.

## 18. Páirtithe Gaolmhara

Tá luachanna idirbhirt ioncaim/(speansais) na bpáirtithe gaolmhara le haghaidh 2018 agus 2017 le haghaidh costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta sonraithe thíos:

| | | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Uisce Éireann | (iv) (a) | **44,044** | 43,073 |
| Fochuideachtaí | (vii) (a) | **22,725** | 21,476 |
| | | **66,769** | 64,549 |

Tá iarmhéideanna infhaighte/(iníoctha) na bpáirtithe gaolmhara sonraithe thíos:

| | 31-NOLL-18<br>€'000 | 31-NOLL-17<br>€'000 |
|---|---|---|
| Uisce Éireann | **27,408** | 23,382 |
| Fochuideachtaí | **159,946** | 225,595 |
| | **187,354** | 248,977 |

**(i) Máthairghnóthas deiridh**

Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976. Tá Stát na hÉireann ina úinéir tairbhiúil 100% ar Ervia.

**(ii) Comhlachtaí urraithe ag an Rialtas**

Cosúil le go leor eintiteas eile, déileálann an Mháthairchuideachta i ngnáthchúrsa a gnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, ar nós an Bord Soláthair Leictreachais, Eirgrid agus Údaráis Áitiúla.

**(iii) Bainc faoi úinéireacht Stát na hÉireann**

I ngnáthchúrsa a ghnó, déanann an Mháthairchuideachta idirbhearta le bainc Éireannacha áirithe atá rialaithe go hiomlán nó i bpáirt ag Rialtas na hÉireann. Is de réir gnáth-théarmaí tráchtála a dhéantar idirbhearta go léir an Ghrúpa leis na bainc sin. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an Máthairchuideachta le haon bhanc den sórt sin i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2018.

**(iv) Uisce Éireann**

Meastar gur páirtí gaolmhar de chuid na Máthairchuideachta é Uisce Éireann, ar bhunús phátrún na bhfíricí atá leagtha amach i nóta 29 de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa.

***(a) Costais maidir le hidirbhearta agus comhaontú seirbhísí tacaíochta***

Cuireann an Mháthairchuideachta seirbhísí sna réimsí straitéis, rialachais, bainistíochta riosca, bainistíochta soláthair caipitil agus seirbhísí idirbhirt agus tacaíochta ar fáil d'Uisce Éireann trí Lárionad an Ghrúpa, réimsí na Mórthionscadal agus Seribhísí Gnó. Tá eagraíocht na Seirbhísí Gnó ceaptha seirbhísí idirbhirt agus tacaíochta a sholáthar sna réimsí Airgeadais, Soláthair, Saoráidí, AD agus TF. Déantar na costais a bhaineann leis an iasacht fostaithe a athmhuirearú go hUisce Éireann ar bhonn modha um ghnóthú iomlán costas agus ní thuilltear aon chorrlach. Ina theannta sin déantar Uisce Éireann a athmhuirearú as úsáid réadmhaoin na Máthairchuideachta.

***(b) Costais phinsin***

Oibríonn an Mháthairchuideachta scéim sochar sainithe pinsin. Glacann roinnt fostaithe de chuid Uisce Éireann páirt sa scéim sin. Tugtar cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. Aithníonn an Mháthairchuideachta, mar an bhfostóir urraithe don phlean, an glanchostas sochair sainithe, agus ní aithníonn Uisce Éireann ach an costas as ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain i dtaobh fhostaithe Uisce Éireann. Cuimsíonn costais seirbhíse reatha na Máthairchuideachta le haghaidh 2018 (mar atá leagtha amach i nóta 21 a ghabhann le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa) € 1.0 milliún (2017: €1.1 milliún) atá comhionann le ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain i dtaobh fhostaithe Uisce Éireann. Rinneadh na costais sin a athmhuirearú go hUisce Éireann ar bhonn modha um ghnóthú iomlán costas agus níor tuilleadh aon chorrlach. Níl na costais sin cuimsithe i gcostais sochair fostaithe an Ghrúpa.

**(v) Líonraí Gáis Éireann**

Fuair an Mháthairchuideachta díbhinn bhliantúil de €49.1 milliún ó Líonra Gáis Éireann le linn 2018, agus tá an €5.1m atá fágtha infhála in 2023 (2017: €48.4 milliún).

## 18. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

**(vi) Leasanna comhaltaí boird**

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag comhaltaí an Bhoird sa Ghrúpa ag aon uair i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2018.

**(vii) Fochuideachtaí**

Ina theannta sin chuaigh an Mháthairchuideachta isteach in idirbhearta le fochuideachtaí i ngnáthchúrsa an ghnó mar seo a leanas:

***(vii) (a) Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta***

Féach ar (iv) (b) le haghaidh cur síos ar na seirbhísí arna gcur ar fáil d'fhochuideachtaí.

# Nótaí

ervia